**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0319/2023**

6.11.2023

*****I**
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

An Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Rapóirtéir don tuairim: Frédérique Ries

Rapóirtéir don tuairim ón gcoiste comhlachaithe de bhun Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta:
Patrizia Toia, an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh
Virginie Joron, an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún**

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

## CLÁR

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................168

ANNEX: LIST OF ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT ........................................................................................172

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH........................................................................................174

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA........................................................................................226

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE..265

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ..................................................386

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH......388

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE (COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0677),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0400/2022),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim an 27 Aibreán 2023 ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

– ag féachaint do na tuairimí réasúnaithe a thíolaic Seanad na Fraince agus Seanad na hIodáile, faoi chuimsiú Phrótacal Uimh. 2 maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, á mhaíomh nach gcomhlíonann an dréachtghníomh reachtach prionsabal na coimhdeachta,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra agus ón gCoiste um Thalmhaíocht,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0319/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

[1] IO C 228, 29.6.2023, lch. 114.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Bíonn pacáistíocht ag teastáil chun táirgí a chosaint agus chun gurb éasca iad a iompar ón áit a dtáirgtear iad go dtí an áit a n-úsáidtear nó a dtomhlaítear iad. Tá sé ríthábhachtach d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do tháirgí go ndéantar bacainní ar an margadh inmheánach do phacáistíocht a chosc. Bíonn rialacha ilroinnte agus ceanglais dhoiléire ina gcúis le costais bhreise d'oibreoirí eacnamaíocha. | (1) Bíonn pacáistíocht ***iomchuí*** ag teastáil chun táirgí a chosaint agus chun gurb éasca iad a iompar ón áit a dtáirgtear iad go dtí an áit a n-úsáidtear nó a dtomhlaítear iad Is rud ríthábhachtach d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do tháirgí bacainní ar an margadh inmheánach do phacáistíocht a chosc. Bíonn rialacha ilroinnte agus ceanglais dhoiléire ina gcúis le ***héiginnteacht agus*** costais bhreise d'oibreoirí eacnamaíocha. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Ina theannta sin, úsáideann an phacáistíocht méideanna móra óghábhar (is le haghaidh pacáistíochta a úsáidtear 40 % de na plaistigh agus 50 % den pháipéar san Aontas) agus is ionann í agus 36 % den dramhaíl sholadach chathrach[30]. Cruthaíonn leibhéil arda pacáistíochta a ghintear, agus a mhéadaíonn i gcónaí, chomh maith le leibhéil ísle athúsáide agus droch-athchúrsáil, bacainní suntasacha ar gheilleagar ciorclach ísealcharbóin a bhaint amach. Ar na cúiseanna sin, ba cheart leis an Rialachán seo rialacha a bhunú maidir le saolré iomlán na pacáistíochta a rannchuideoidh le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh trí bhearta náisiúnta a chomhchuibhiú, agus drochthionchair na pacáistíochta agus na dramhaíola ó phacáistíocht ar an | (2) Ina theannta sin, úsáideann an phacáistíocht méideanna móra óghábhar (is le haghaidh pacáistíochta a úsáidtear 40 % de na plaistigh agus 50 % den pháipéar san Aontas) agus is ionann í agus 36 % den dramhaíl sholadach chathrach[30]. Cruthaíonn leibhéil arda pacáistíochta a ghintear, agus a mhéadaíonn i gcónaí, chomh maith le leibhéil ísle athúsáide ***agus bhailiúcháin*** agus droch-athchúrsáil, bacainní suntasacha ar gheilleagar ciorclach ísealcharbóin a bhaint amach. Ar na cúiseanna sin, ba cheart leis an Rialachán seo rialacha a bhunú maidir le saolré iomlán na pacáistíochta a rannchuideoidh le feidhmiú éifeachtúil an mhargaidh inmheánaigh trí bhearta náisiúnta a chomhchuibhiú, agus drochthionchair na pacáistíochta agus na |

| | |
|---|---|
| gcomhshaol agus ar shláinte an duine a chosc agus a laghdú. Trí bhearta a leagan amach i gcomhréir le hordlathas na dramhaíola, ba cheart go rannchuideodh sé leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach. | dramhaíola ó phacáistíocht ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine a chosc agus a laghdú. Trí bhearta a leagan amach i gcomhréir le hordlathas na dramhaíola, ba cheart go rannchuideodh sé leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach. |
| __________________ | __________________ |
| [30] Eurostat, Staidreamh maidir le dramhaíl ó phacáistíocht: https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Packaging_waste_statistics | [30] Eurostat, Staidreamh maidir le dramhaíl ó phacáistíocht: https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Packaging_waste_statistics |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) I gcomhréir leis an gComhaontú Glas[33], tugtar gealltanas sa Phlean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach (CEAP)[34] go ndéanfar na ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le pacáistíocht a atreisiú d'fhonn an phacáistíocht go léir a dhéanamh in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte faoi 2030, agus bearta eile a bhreithniú chun laghdú ar an (ró)phacáistíocht agus ar an dramhphacáistíocht, dearadh ar mhaithe le hathúsáid agus in-athchúrsáilteacht pacáistíochta a spreagadh, ábhair phacáistíochta a shimpliú ***agus*** ceanglais maidir leis an gcion athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach a thabhairt isteach. Cuirtear de cheangal ar an gCoimisiún ***ann*** measúnú a dhéanamh ar a indéanta a bheidh lipéadú uile-Aontais lena n-éascaítear deighilt cheart na dramhphacáistíochta ag an bhfoinse. | (5) I gcomhréir leis an gComhaontú Glas[33], tugtar gealltanas sa Phlean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach (CEAP)[34] go ndéanfar na ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le pacáistíocht a atreisiú d'fhonn an phacáistíocht go léir a dhéanamh in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte faoi 2030, agus bearta eile a bhreithniú chun laghdú ar an (ró)phacáistíocht agus ar an dramhphacáistíocht, dearadh ar mhaithe le hathúsáid agus in-athchúrsáilteacht pacáistíochta a spreagadh, ábhair phacáistíochta a shimpliú***,*** ceanglais maidir leis an gcion athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach a thabhairt isteach***, agus measúnú a dhéanamh ar na ceanglais maidir leis an gcion athchúrsáilte a theastaíonn i gcás pacáistíocht a dhéantar as ábhair seachas plaisteach. Tugtar chun suntais ann gur den riachtanas laghdú ar an gcur amú bia agus féachtar le cuir chuige chiorclacha a spreagadh maidir le húsáid uisce agus*** cuirtear de cheangal ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar a indéanta a bheidh lipéadú uile-Aontais lena n-éascaítear deighilt cheart na |

dramhphacáistíochta ag an bhfoinse.

[33] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM%3A2019%3A640%3AFIN

[34] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM:2020:98:FIN&WT.mc_id=Twitter

[33] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM%3A2019%3A640%3AFIN

[34] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM:2020:98:FIN&WT.mc_id=Twitter

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Tá an Rialachán seo i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i [an treoir atá le teacht maidir le maíomhanna comhshaoil (2023/0085(COD))], agus i ... [an treoir atá le teacht maidir le tomhaltóirí a chumhachtú san aistriú chuig an ngeilleagar glas (2022/0092(COD))]. Tá mar aidhm leis roghanna substaintithe le haghaidh réitigh phacáistíochta níos inbhuanaithe a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Níor cheart mír, ar cuid dhílis de tháirge í agus ina riachtanas chun an táirge sin a choinneáil, chun feidhmiú mar thacaíocht dó nó chun é a chaomhnú ar feadh a shaolré agus i gcás ina mbeartaítear na heilimintí go léir a úsáid, a thomhailt nó a dhiúscairt i dteannta a chéile, níor cheart í a áireamh mar phacáistíocht ós rud é go bhfuil dlúthnasc idir a feidhmiúlacht agus í | (11) Níor cheart mír, ar cuid dhílis de tháirge í agus ina riachtanas chun an táirge sin a choinneáil, chun feidhmiú mar thacaíocht dó nó chun é a chaomhnú ar feadh a shaolré agus i gcás ina mbeartaítear na heilimintí go léir a úsáid, a thomhailt nó a dhiúscairt i dteannta a chéile, níor cheart í a áireamh mar phacáistíocht ós rud é go bhfuil dlúthnasc idir a feidhmiúlacht agus í |

a bheith ina cuid den táirge. Mar sin féin, i bhfianaise iompraíocht tomhaltóirí maidir le diúscairt málaí tae agus caife ***chomh maith le haonaid aonfhreastail de chuid córais caife nó tae,*** a dhiúscraítear in éineacht le hiarmhar an táirge de ghnáth, as a leanann éilliú sruthanna inmhúirínithe agus athchúrsála, ba cheart déileáil leis na míreanna sonracha sin mar phacáistíocht, áfach. Tá sé sin i gcomhréir leis an gcuspóir chun bailiú ar leithligh na bithdhramhaíola a mhéadú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 22 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41]. Thairis sin, chun comhleanúnachas a áirithiú maidir le hoibleagáidí airgeadais agus oibriúcháin deiridh ré, ba cheart na haonaid aonfhreastail go léir de chuid córais caifé nó tae a bhíonn ag teastáil chun caife nó tae a choinneáil a áireamh mar phacáistíocht freisin.

[41] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

a bheith ina cuid den táirge. Mar sin féin, i bhfianaise iompraíocht tomhaltóirí maidir le diúscairt málaí tae agus caife ***nó córas bog*** a dhiúscraítear ***tar éis a úsáide*** in éineacht le hiarmhar an táirge de ghnáth, as a leanann éilliú sruthanna inmhúirínithe agus athchúrsála, ba cheart déileáil leis na míreanna sonracha sin mar phacáistíocht, áfach. Tá sé sin i gcomhréir leis an gcuspóir chun bailiú ar leithligh na bithdhramhaíola a mhéadú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 22 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41]. Thairis sin, chun comhleanúnachas a áirithiú maidir le hoibleagáidí airgeadais agus oibriúcháin deiridh ré, ba cheart na haonaid aonfhreastail go léir de chuid córais caifé nó tae a bhíonn ag teastáil chun caife nó tae a choinneáil a áireamh mar phacáistíocht freisin.

[41] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) I gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola a leagtar amach in Airteagal 4(2) de Threoir 2008/98/CE, agus i gcomhréir le smaointeoireacht saolré chun an toradh foriomlán is fearr ó thaobh an chomhshaoil de a sholáthar, tá sé d'aidhm ag na bearta dá bhforáiltear faoin Rialachán seo laghdú i dtéarmaí toirte agus meáchain ar an méid pacáistíochta a chuirtear ar an margadh, agus giniúint dramhaíola ó phacáistíocht a chosc, go | (12) I gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola a leagtar amach in Airteagal 4(2) de Threoir 2008/98/CE, agus i gcomhréir le smaointeoireacht saolré chun an toradh foriomlán is fearr ó thaobh an chomhshaoil de a sholáthar, tá sé d'aidhm ag na bearta dá bhforáiltear faoin Rialachán seo laghdú i dtéarmaí toirte agus meáchain ar an méid pacáistíochta a chuirtear ar an margadh, agus giniúint dramhaíola ó phacáistíocht a chosc, go |

| | |
|---|---|
| háirithe trí íoslaghdú pacáistíochta, chun pacáistíocht nach gá a sheachaint, agus athúsáid pacáistíochta a mhéadú. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag na bearta úsáid ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht a mhéadú, go háirithe i bpacáistíocht phlaisteach, ina mbíonn an glacadh le hábhar athchúrsáilte an-íseal, ***chomh maith le*** rátaí athchúrsála ***níos airde*** don phacáistíocht go léir agus ***ardcháilíocht*** na n-amhábhar tánaisteach mar thoradh air sin agus cineálacha eile aisghabhála agus diúscartha deiridh a laghdú freisin. | háirithe trí íoslaghdú pacáistíochta, chun pacáistíocht nach gá a sheachaint, agus athúsáid pacáistíochta a mhéadú. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag na bearta úsáid ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht a mhéadú, go háirithe i bpacáistíocht phlaisteach ina mbíonn an glacadh le hábhar athchúrsáilte an-íseal, ***trí chórais athchúrsála ar ardchaighdeán a neartú, rud a mhéadóidh ar na*** rátaí athchúrsála don phacáistíocht go léir agus ***a fheabhsóidh cáilíocht*** na n-amhábhar tánaisteach a bheidh mar thoradh air sin**,** agus cineálacha eile aisghabhála agus diúscartha deiridh a laghdú freisin. |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) I gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola arb í diúscairt dramhaíola trí líonadh talún an rogha is lú tosaíochta, ba cheart na bearta dá bhforáiltear faoin Rialachán seo a chomhlánú le hathbhreithniú ar Threoir 1999/31/CE[1a] d'fhonn a bheith níos sciobtha i mbun líonadh talún le dramhphacáistíocht a chéimniú amach.*** <br> ___ <br> ***[1a] Treoir 1999/31/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 1999 maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L 182, 16.7.1999, lch. 1).*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart pacáistíocht a dhearadh, a | (13) Ba cheart pacáistíocht a dhearadh, a |

| | |
|---|---|
| mhonarú agus a thráchtálú ar bhealach a fhágann gur féidir í a athúsáid nó athchúrsáil ar ardcháilíocht a dhéanamh uirthi, agus chun a tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú le linn a saolré uile agus le linn shaolré na dtáirgí ar lena n-aghaidh a dearadh í. | mhonarú agus a thráchtálú ar bhealach a fhágann gur féidir í a athúsáid ***a mhéad uair is féidir*** nó athchúrsáil ar ardcháilíocht a dhéanamh uirthi, agus chun a tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú le linn a saolré uile agus le linn shaolré na dtáirgí ar lena n-aghaidh a dearadh í. ***Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a bheith ag an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí líon íosta uainíochtaí a bhunú le haghaidh pacáistíocht in-athúsáidte i gcatagóirí pacáistíochta sonracha.*** |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) Is fine mór iad substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFASanna) ina bhfuil níos mó ná 4 700 ceimiceán de dhéantús an duine de réir shainmhínithe ECFE 2018[1a]. Ó tháinig siad chun cinn ag deireadh na 1940idí, baineadh úsáid as PFASanna i réimse táirgí tomhaltais agus feidhmeanna tionsclaíocha atá ag dul i méid, ó phacáistiú bia, éadaí go leictreonaic, eitlíocht agus cúr comhraic dóiteáin. Úsáidtear iad as a gcumas sail agus uisce a éaradh, agus as a n-ardchobhsaíocht agus a bhfriotaíocht in aghaidh teochtaí arda, mar gheall ar a nasc carbóin-fluairín. Is é an nasc sin is cúis lena ndianmharthanacht sa chomhshaol freisin. Tá baint ag nochtadh do na PFASanna is mó a ndearnadh staidéar orthu le raon éifeachtaí díobhálacha sláinte[1b], lena n-áirítear galar tíoróideach, damáiste don ae, meáchan breithe laghdaithe, otracht, diaibéiteas, hipearcolaistéaróiléime agus freagairt laghdaithe ar ghnáthvacsaínithe, chomh*** |

***maith le baol méadaithe ailse cíche, duáin agus uiríocha.***

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15b) An 27 Bealtaine 2020, d'fhoilsigh an Danmhairg Ordú Uimh. 681 an 25 Bealtaine 2020 'Ordú Feidhmiúcháin maidir le hÁbhair Theagmhála Bia agus Cód Coiriúil um Shárú Gníomhartha gaolmhara de chuid an Aontais' ina hIris Oifigiúil (Lovtidende A) chun ceimiceáin PFASanna a thoirmeasc i bpáipéar a bhíonn i dteagmháil le bia agus in ábhair agus earraí adhmaid. Ag leanúint an tsampla sin, i bhfianaise na héigeandála sláinte agus comhshaoil de bharr PFASanna agus ag feitheamh le tuairim ECHA maidir le toirmeasc níos leithne ar PFASanna i gcás na pacáistíochta go léir agus i gcás earnálacha eile ar an bpáipéar go léir, níor cheart pacáistíocht chairtchláir bhia ina bhfuil PFASanna a chur ar mhargadh an Aontais.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15c) Is comhdhúil cheimiceach é bisfeanól A (RBA) a úsáidtear i monarú ábhar a bhíonn i dteagmháil le bia, amhail earraí boird inathúsáidte plaisteacha nó líneálacha le haghaidh cannaí, go príomha mar shraith chosantach. Is féidir le hiarmhair ó BPA aistriú isteach i mbia agus deoch agus a bheith á n-iongabháil ag tomhaltóirí. Is*** |

***féidir BPA ó fhoinsí seachas bia, lena n-áirítear páipéar teirmeach, cosmaidí agus deannach, a ionsú tríd an gcraiceann agus trí ionanálú.***

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15d) I dtuairim eolaíoch[1a] a foilsíodh i mí Eanáir 2015, agus i bhfianaise sonraí nua shonraigh grúpaí saineolaithe EFSA gur dócha go mbeadh éifeachtaí díobhálacha ar na duáin agus ar an ae as a bheith neamhchosanta ar bisfeanól A,. Thug na torthaí ar shaineolaithe EFSA laghdú suntasach a dhéanamh ar an leibhéal sábháilte BPA - ó 50 micreagram in aghaidh an chileagraim de mheáchan coirp sa lá ((µg/kg de mheáchan coirp/lá) go 4 µg/kg de mheáchan coirp/lá.*** |
| | ***[1a] https://www.efsa.europa.eu/en/efsajournal/pub/3978*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15e) Ag cur san áireamh a chontúirtí atá sé bisfeanól A a bheith i láthair agus an riosca go n-aistreofar isteach i mbia é, ba cheart láithreacht BPA a chuirtear le pacáistíocht d'aon ghnó a thoirmeasc sa phacáistíocht a thagann i dteagmháil le bia.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ***Leis*** an Rialachán seo ***níor cheart*** srianadh substaintí a chumasú bunaithe ar chúiseanna sábháilteachta ceimiceacha, nó ar chúiseanna a bhaineann le sábháilteacht bia, ***cé is moite de*** na srianta ar luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam heicsifhiúsach a bunaíodh cheana féin ar bhonn Threoir 94/62/CE agus ar cheart aghaidh a thabhairt orthu i gcónaí faoin Rialachán seo, ós rud é go dtugtar aghaidh ar na srianta sin faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais. ***Mar sin féin,*** ba cheart a fhágáil leis gur féidir srian a chur***, go príomha ar chúiseanna seachas sábháilteacht cheimiceach nó bia,*** ar shubstaintí atá i bpacáistíocht agus i gcomhpháirteanna pacáistíochta nó a úsáidtear ina bpróisis mhonaraíochta, a mbíonn tionchar diúltach acu ar inbhuanaitheacht na pacáistíochta, go háirithe maidir lena ciorclaíocht, ***i.e. athúsáid nó athchúrsáil***. | (19) ***Gan dochar do shrianadh PFASanna agus bisfeanól A, níor cheart leis*** an Rialachán seo srianadh substaintí a chumasú bunaithe ar chúiseanna sábháilteachta ceimiceacha, nó ar chúiseanna a bhaineann le sábháilteacht bia, ***ach amháin má tá riosca do-ghlactha ann do shláinte an duine nó don chomhshaol, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do*** na srianta ar luaidhe, caidmiam, mearcair agus cróimiam heicsifhiúsach a bunaíodh cheana féin ar bhonn Threoir 94/62/CE agus ar cheart aghaidh a thabhairt orthu i gcónaí faoin Rialachán sin, ós rud é go dtugtar aghaidh ar na srianta sin faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais. Ba cheart a fhágáil leis ***freisin*** gur féidir srian a chur ar shubstaintí atá i bpacáistíocht agus i gcomhpháirteanna pacáistíochta nó a úsáidtear ina bpróisis mhonaraíochta, a mbíonn tionchar diúltach acu ar inbhuanaitheacht na pacáistíochta, go háirithe maidir lena ciorclaíocht, ***go speisialta i gcás próisis athúsáide nó athchúrsála***. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Chun nuálaíocht i bpacáistíocht a spreagadh, is iomchuí a cheadú go dtabharfar teorainn ama breise 5 bliana do phacáistíocht, a léiríonn gnéithe nuálacha as a dtagann feabhas suntasach ar chroí-fheidhm na pacáistíochta agus a bhfuil sochair chomhshaoil inléirithe aici, chun na ceanglais in-athchúrsáilteachta a | (23) Chun nuálaíocht i bpacáistíocht a spreagadh, is iomchuí a cheadú go dtabharfar teorainn ama breise 5 bliana do phacáistíocht, a léiríonn gnéithe nuálacha as a dtagann feabhas suntasach ar chroí-fheidhm na pacáistíochta agus a bhfuil sochair chomhshaoil inléirithe aici, chun na ceanglais in-athchúrsáilteachta a |

| | |
|---|---|
| chomhlíonadh. Ba cheart na gnéithe nuálacha a mhíniú sa doiciméadacht theicniúil a ghabhann leis an bpacáistíocht. | chomhlíonadh. Ba cheart ***údar a bheith leis*** na gnéithe nuálacha, ***go háirithe maidir le húsáid ábhar nua nó nuálach agus ba cheart iad*** a mhíniú sa doiciméadacht theicniúil a ghabhann leis an bpacáistíocht. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Chun sláinte agus sábháilteacht an duine agus ainmhithe a chosaint, de bharr chineál na dtáirgí pacáistithe agus na gceanglas gaolmhar, is iomchuí nach mbeadh feidhm ag na ceanglais in-athchúrsáilteachta maidir le neasphacáistíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 1 de Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] agus in Airteagal 4(25) de Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51], atá i dteagmháil dhíreach leis an táirge íocshláinte, ***chomh maith le pacáistíocht*** phlaisteach atá íogair ó thaobh teagmhála de ar fheistí leighis a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52] ***agus*** ar na feistí leighis diagnóisice *in vitro* a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53]. Ba cheart feidhm a bheith ag na díolúintí sin go dtí an 1 Eanáir 2035. | (24) Chun sláinte agus sábháilteacht an duine agus ainmhithe a chosaint, de bharr chineál na dtáirgí pacáistithe agus na gceanglas gaolmhar, is iomchuí nach mbeadh feidhm ag na ceanglais in-athchúrsáilteachta maidir le neasphacáistíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 1 de Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] agus in Airteagal 4(25) de Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51], atá i dteagmháil dhíreach leis an táirge íocshláinte, ***ar phacáistíocht*** phlaisteach atá íogair ó thaobh teagmhála de ar fheistí leighis a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52], ar na feistí leighis diagnóisice *in vitro* a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53]***, ar phacáistíocht phlaisteach atá íogair ó thaobh teagmhála de le haghaidh bianna atá beartaithe do naíonáin agus do leanaí óga agus bia chun críoch speisialta míochaine a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53a] chomh maith le pacáistiú soláthairtí, comhpháirteanna, agus comhpháirteanna neasphacáistíochta le haghaidh monarú táirgí íocshláinte faoi Threoir 2001/83/CE agus le haghaidh táirgí íocshláinte tréidliachta faoi Rialachán (AE) 2019/6 i gcás inar gá don phacáistíocht sin*** |

***caighdeáin cháilíochta an táirge íocshláinte a chomhlíonadh***. Ba cheart feidhm a bheith ag na díolúintí sin go dtí an 1 Eanáir 2035.

---

[50] Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

[51] Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

[52] Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).

[53] Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha in vitro agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).

[50] Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

[51] Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

[52] Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).

[53] Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha in vitro agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).

***[53a] Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críoch speisialta míochaine, agus maidir le hionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoir 96/8/CE ón gCoimisiún, Treoir 1999/21/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún, Treoir 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir***

***2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).***

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Tá roinnt Ballstát i mbun gníomhaíochta chun in-athchúrsáilteacht na pacáistíochta a spreagadh trí tháillí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a mhodhnú; féadfaidh tionscnaimh den sórt sin a ghlactar ar an leibhéal náisiúnta éiginnteacht rialála a chruthú do na hoibreoirí eacnamaíocha, go háirithe i gcás ina soláthraíonn siad pacáistíocht i roinnt Ballstát. An tráth céanna, is ionstraim eacnamaíoch éifeachtach é modhnú táillí um fhreagracht leathnaithe táirgeora chun dearadh pacáistíochta níos inbhuanaithe a dhreasú chun pacáistíocht in-athchúrsáilte níos fearr a bhaint amach agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú ag an am céanna. Is gá, dá bhrí sin, na critéir maidir le modhnú na dtáillí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a chomhchuibhiú bunaithe ar an ngrád feidhmíochta in-athchúrsáilteachta a fhaightear trí mheasúnú a dhéanamh ar in-athchúrsáilteacht, agus gan méideanna iarbhír na dtáillí sin a shocrú. Ós rud é gur cheart baint a bheith ag na critéir leis na critéir maidir le hin-athchúrsáilteacht na pacáistíochta, is iomchuí cumhacht a thabhairt don Choimisiún critéir chomhchuibhithe den sórt sin a ghlacadh an tráth céanna lena mbunófar an dearadh mionsonraithe le haghaidh na gcritéar athchúrsála de réir catagóirí pacáistíochta. | (25) Tá roinnt Ballstát i mbun gníomhaíochta chun in-athchúrsáilteacht na pacáistíochta a spreagadh trí tháillí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a mhodhnú; féadfaidh tionscnaimh den sórt sin a ghlactar ar an leibhéal náisiúnta éiginnteacht rialála a chruthú do na hoibreoirí eacnamaíocha, go háirithe i gcás ina soláthraíonn siad pacáistíocht i roinnt Ballstát. An tráth céanna, is ionstraim eacnamaíoch éifeachtach é modhnú táillí um fhreagracht leathnaithe táirgeora chun dearadh pacáistíochta níos inbhuanaithe a dhreasú chun pacáistíocht in-athchúrsáilte níos fearr a bhaint amach agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú ag an am céanna. Is gá, dá bhrí sin, na critéir maidir le modhnú na dtáillí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a chomhchuibhiú bunaithe ar an ngrád feidhmíochta in-athchúrsáilteachta a fhaightear trí mheasúnú a dhéanamh ar in-athchúrsáilteacht, agus gan méideanna iarbhír na dtáillí sin a shocrú ***agus a áirithiú go gcuirfear táillí den sórt sin ar leataobh chun glanchostas bailithe, sórtála agus athchúrsála pacáistíochta a mhaoiniú***. Ós rud é gur cheart baint a bheith ag na critéir leis na critéir maidir le hin-athchúrsáilteacht na pacáistíochta, is iomchuí cumhacht a thabhairt don Choimisiún critéir chomhchuibhithe den sórt sin a ghlacadh an tráth céanna lena mbunófar an dearadh mionsonraithe le haghaidh na gcritéar athchúrsála de réir |

catagóirí pacáistíochta.

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe a áirithiú i gcomhréir le ceanglais i reachtaíocht an Aontais agus chun aon riosca do shlándáil an tsoláthair agus do shábháilteacht leigheasanna agus feistí leighis a sheachaint, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisiamh ón oibleagáid d'íosmhéid cion athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach le haghaidh neasphacáistíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 23, de Threoir 2001/83/CE agus in Airteagal 4, pointe 25, de Rialachán (AE) 2019/6, chomh maith le pacáistíocht phlaisteach atá íogair ó thaobh teagmhála de ar fheistí leighis a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/745 ***agus*** pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de ar fheistí leighis diagnóisice *in vitro* a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/746. Ba cheart feidhm a bheith ag an eisiamh seo freisin maidir le pacáistíocht sheachtrach táirgí íocshláinte don duine agus táirgí íocshláinte tréidliachta mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 24, de Threoir 2001/83/CE agus in Airteagal 4, pointe 26, de Rialachán (AE) 2019/6 i gcásanna ina gcaithfidh sí ceanglais shonracha a chomhlíonadh chun cáilíocht an táirge íocshláinte a chaomhnú. | (28) Chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe a áirithiú i gcomhréir le ceanglais i reachtaíocht an Aontais agus chun aon riosca do shlándáil an tsoláthair agus do shábháilteacht leigheasanna agus feistí leighis a sheachaint, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisiamh ón oibleagáid d'íosmhéid cion athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach le haghaidh neasphacáistíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 23, de Threoir 2001/83/CE agus in Airteagal 4, pointe 25, de Rialachán (AE) 2019/6, chomh maith le pacáistíocht phlaisteach atá íogair ó thaobh teagmhála de ar fheistí leighis a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/745***, le haghaidh*** pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de ar fheistí leighis diagnóisice *in vitro* a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/746 ***agus le haghaidh pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de ar bhianna a bheartaítear a úsáid do naíonáin agus do leanaí óga agus bia chun críocha speisialta míochaine a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013***. Ba cheart feidhm a bheith ag an eisiamh seo freisin maidir le pacáistíocht sheachtrach táirgí íocshláinte don duine agus táirgí íocshláinte tréidliachta mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 24, de Threoir 2001/83/CE agus in Airteagal 4, pointe 26, de Rialachán (AE) 2019/6 i gcásanna ina gcaithfidh sí ceanglais shonracha a chomhlíonadh chun cáilíocht an táirge íocshláinte a chaomhnú. ***Ar deireadh, ba cheart feidhm a bheith ag an eisiamh sin maidir le dúigh, greamacháin,*** |

***péinteanna, vearnaisí agus laicir a úsáidtear ar phacáistíocht agus le haghaidh aon pháirt phlaisteach ar lú í ná 5% de mheáchan iomlán an aonaid phacáistíochta uile.***

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28a) Chun na spriocanna a bhaint amach maidir le comhtháthú an chion athchúrsáilte dá dtagraítear sa Rialachán seo, ba chóir go bhfoilseodh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 31 Nollaig 2025, tuarascáil ina ndéantar measúnú féachaint an bhféadfaí spriocanna a leagan síos maidir le húsáid amhábhar plaisteach bithbhunaithe i bpacáistíocht chun an sprioc a bhaint amach suas go dtí uasmhéid 50%, bunaithe ar cheanglais inbhuanaitheachta.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Chun bacainní ar an margadh inmheánach a chosc agus cur chun feidhme éifeachtúil na n-oibleagáidí a áirithiú, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú go bhfuil íoschéatadán áirithe d'ábhar athchúrsáilte a aisghabhadh ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais ***sa chuid*** phlaisteach ***de gach aonad pacáistíochta***. | (29) Chun bacainní ar an margadh inmheánach a chosc agus chun cur chun feidhme éifeachtúil na n-oibleagáidí a áirithiú, ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú go bhfuil íoschéatadán áirithe d'ábhar athchúrsáilte a aisghabhadh ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais ***i bpacáistíocht*** phlaisteach***, ar meán de réir formáide, in aghaidh na monarchan monaraíochta, agus in aghaidh na bliana***. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) D’fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh cur chun feidhme na rialacha maidir le ríomh agus fíorú an sciar atá i láthair de chion athchúrsáilte a aisghabhadh ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais, in aghaidh ***an aonaid dramhaíola plaistí*** iarthomhaltais ***sa phacáistíocht,*** agus ***maidir le*** bunú formáide don doiciméadacht theicniúil, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún forálacha cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55]. | (31) D’fhonn coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme na rialacha maidir le ríomh agus fíorú an sciar atá i láthair de chion athchúrsáilte a aisghabhadh ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais, in aghaidh ***dramhaíl phlaisteach*** iarthomhaltais ***san fhormáid phacáistíochta, in aghaidh na monarchan monaraíochta, agus in aghaidh na bliana, i bhfianaise thionchar an phróisis athchúrsála ar an gcomhshaol*** agus bunú formáide don doiciméadacht theicniúil, ba cheart a thabhairt de chumhacht don Choimisiún forálacha cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55]. |
| [55] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). | [55] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) ***Chun na rioscaí a bhaineann le soláthar féideartha neamhleor de dhramhaíl phlaisteach shonrach le haghaidh athchúrsála a bhféadfadh praghsanna iomarcacha nó éifeachtaí*** | (33) Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil ***le leasú*** na spriocanna maidir le hábhar |

***díobhálacha ar shláinte, ar shábháilteacht agus ar an gcomhshaol a bheith mar thoradh air,*** ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil ***leis*** na spriocanna maidir le hábhar sainordaitheach athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach ***a leasú go sealadach***. Agus an bonn cirt le gníomh tarmligthe den sórt sin á mheas, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar iarrataí dea-réasúnaithe ó dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha.

sainordaitheach athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach. Agus an bonn cirt le gníomh tarmligthe den sórt sin á mheas, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar iarrataí dea-réasúnaithe ó dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha.

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(33a) Ba cheart margadh athchúrsála pacáistíochta an Aontais a neartú chun an ráta athchúrsála a fheabhsú, líonadh talún a sheachaint agus onnmhairiú dramhaíola chuig tríú tíortha a íoslaghdú. Ba cheart gur i gcomhar le gníomhaithe agus tionscail na hearnála a tharlódh acmhainneachtaí athchúrsála an Aontais, agus ba cheart í a bheith bunaithe ar shlabhra luacha rialáilte lenar féidir seiceálacha cáilíochta, dearbhú cáilíochta, deimhniú, lóistíocht agus praghsáil a dhéanamh.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Is minic a bhíonn an sruth dramhaíola ó bhithdhramhaíl éillithe le gnáthphlaistigh agus is minic a bhíonn na | (35) Is minic a bhíonn an sruth dramhaíola ó bhithdhramhaíl éillithe le gnáthphlaistigh agus is minic a bhíonn na |

| | |
|---|---|
| sruthanna athchúrsála ábhair éillithe le plaistigh inmhúirínithe. Mar thoradh ar an tras-éilliú sin cuirtear acmhainní amú, bíonn amhábhair thánaisteacha ar cháilíocht níos ísle agus ba cheart an tras-éilliú a chosc ag an bhfoinse. Toisc go bhfuil an bealach diúscartha ceart do phacáistíocht phlaisteach inmhúirínithe ag éirí níos mearbhlaí do thomhaltóirí, tá údar maith agus gá le rialacha soiléire agus comhchoiteanna a leagan síos maidir le húsáid pacáistíochta plaistí inmhúirínithe, gan sainordú a dhéanamh ach amháin nuair a thugann a úsáid leas soiléir don chomhshaol nó do shláinte an duine. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás ina gcuidíonn úsáid phacáistíochta inmhúirínithe le bailiú nó diúscairt na bithdhramhaíola. | sruthanna athchúrsála ábhair éillithe le plaistigh inmhúirínithe. Mar thoradh ar an tras-éilliú sin cuirtear acmhainní amú, bíonn amhábhair thánaisteacha ar cháilíocht níos ísle agus ba cheart an tras-éilliú a chosc ag an bhfoinse. Toisc go bhfuil an bealach diúscartha ceart do phacáistíocht phlaisteach inmhúirínithe ag éirí níos mearbhlaí do thomhaltóirí, tá údar maith agus gá le rialacha soiléire agus comhchoiteanna a leagan síos maidir le húsáid pacáistíochta plaistí inmhúirínithe, gan sainordú a dhéanamh ach amháin nuair a thugann a úsáid leas soiléir don chomhshaol nó do shláinte an duine. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás ina gcuidíonn úsáid phacáistíochta inmhúirínithe le bailiú nó diúscairt na bithdhramhaíola***, mar shampla i gcás táirgí ina bhfuil deighilt an-chasta idir an t-ábhar agus an phacáistíocht, amhail málaí tae nó podaí caife***. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Maidir le feidhmeanna pacáistíochta teoranta déanta as polaiméirí plaisteacha in-bhithmhillte, tá sochair comhshaoil inléirithe ann maidir le pacáistíocht inmhúirínithe a úsáid, a théann isteach i ngléasraí múirínithe, lena n-áirítear saoráidí don bhith-dhíghrádú anaeróbach faoi choinníollacha rialaithe. ***Thairis sin, sa chás ina bhfuil scéimeanna iomchuí bailithe dramhaíola agus bonneagair chóireála dramhaíola ar fáil i mBallstát, ba*** cheart ***solúbthacht theoranta a bheith ann maidir le cinneadh a dhéanamh faoinar cheart úsáid plaisteach inmhúirínithe do mhálaí siopadóireachta éadroma plaisteacha ina chríoch a shainordú*. *Chun nach mbeidh mearbhall ar thomhaltóirí maidir le diúscairt cheart*** | (36) Maidir le feidhmeanna pacáistíochta teoranta déanta as polaiméirí plaisteacha in-bhithmhillte, tá sochair comhshaoil inléirithe ann maidir le pacáistíocht inmhúirínithe a úsáid, a théann isteach i ngléasraí múirínithe, lena n-áirítear saoráidí don bhith-dhíghrádú anaeróbach faoi choinníollacha rialaithe. ***Ina theannta sin, níor*** cheart ***go mbeadh éilleáin sa mhúirín mar thoradh ar an dramhaíl in-bhithmhillte. Chun éascaíocht a dhéanamh ar*** úsáid ***pacáistíochta inmhúirínithe a chuidíonn le húsáid nó diúscairt na bithdhramhaíola, ba chóir ceanglais EN 13432 "Packaging - Requirements for packaging recoverable by composting and biodegradation - Test scheme and*** |

***agus i bhfianaise an tsochair comhshaoil a bhaineann le ciorclaíocht an charbóin, ba cheart*** úsáid ***a bhaint as gach pacáistíocht phlaisteach eile chun críche athchúrsála ábhair agus ba cheart a áirithiú le dearadh na pacáistíochta sin nach ndéanann sé difear d'in-athchúrsáilteacht sruthanna dramhaíola eile***.

***evaluation criteria for final acceptance of packaging" a athbhreithniú maidir le hamanna múirínithe, leibhéil incheadaithe éilleán agus sriantachtaí maidir le scaoileadh na micreaphlaisteach chun go bhféadfar na hábhair sin a phróiseáil i saoráidí cóireála bithdhramhaíola ar bhealach iomchuí. Rud eile de, ba chóir caighdeán comhchosúil don mhúiríniú baile a bhunú san Aontas.***

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Ba cheart an phacáistíocht a dhearadh sa chaoi go laghdófar a toirt agus a meáchan agus ag an am céanna go mbeidh ar a cumas na feidhmeanna pacáistíochta a chur i gcrích. Ba cheart do mhonaróir na pacáistíochta an phacáistíocht a mheasúnú in aghaidh na gcritéar feidhmíochta, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV den Rialachán seo iad. I bhfianaise chuspóir an Rialacháin seo chun giniúint pacáistíochta agus dramhphacáistíochta a laghdú agus ciorclaíocht na pacáistíochta ar fud an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, is iomchuí na critéir atá ann faoi láthair a shonrú tuilleadh agus iad a dhéanamh níos déine. Ba cheart, dá bhrí sin, liosta na gcritéar feidhmíochta pacáistíochta, mar a liostaítear sa chaighdeán comhchuibhithe EN 13428:2000[57] atá ann faoi láthair, a mhodhnú. Cé go bhfuil an mhargaíocht agus glacadh tomhaltóirí fós ábhartha maidir le dearadh pacáistíochta, níor cheart iad a bheith ina gcuid de chritéir feidhmíochta a thugann údar astu féin do mheáchan agus do thoirt bhreise phacáistíochta. Mar sin féin, níor cheart go mbainfeadh sé de shonraíochtaí táirge i gcás táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha | (40) Ba cheart an phacáistíocht a dhearadh sa chaoi go laghdófar a toirt agus a meáchan agus ag an am céanna go mbeidh ar a cumas na feidhmeanna pacáistíochta a chur i gcrích. Ba cheart do mhonaróir na pacáistíochta an phacáistíocht a mheasúnú in aghaidh na gcritéar feidhmíochta, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV den Rialachán seo iad. I bhfianaise chuspóir an Rialacháin seo chun giniúint pacáistíochta agus dramhphacáistíochta a laghdú agus ciorclaíocht na pacáistíochta ar fud an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú, is iomchuí na critéir atá ann faoi láthair a shonrú tuilleadh agus iad a dhéanamh níos déine. Ba cheart, dá bhrí sin, liosta na gcritéar feidhmíochta pacáistíochta, mar a liostaítear sa chaighdeán comhchuibhithe EN 13428:2000[57] atá ann faoi láthair, a mhodhnú. Cé go bhfuil an mhargaíocht agus glacadh tomhaltóirí fós ábhartha maidir le dearadh pacáistíochta, níor cheart iad a bheith ina gcuid de chritéir feidhmíochta a thugann údar astu féin do mheáchan agus do thoirt bhreise phacáistíochta. Mar sin féin, níor cheart go mbainfeadh sé de shonraíochtaí táirge i gcás táirgí ceardaíochta agus tionsclaíocha |

| | |
|---|---|
| agus bia agus talmhaíochta atá cláraithe agus faoi chosaint faoi scéim an Aontais um chosaint tásc geografach, mar chuid de chuspóir an Aontais an oidhreacht chultúrtha agus saineolas traidisiúnta a chosaint. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh in-athchúrsáilteacht, úsáid ábhar athchúrsáilte, agus athúsáid údar a thabhairt do mheáchan breise nó toirt bhreise sa phacáistíocht, agus ba cheart iad a chur leis na critéir feidhmíochta. Níor cheart pacáistíocht le ballaí dúbailte, íochtair bhréige agus tréithe eile a bhfuil sé d'aidhm acu toirt bhraite an táirge a mhéadú a chur ar an margadh, toisc nach gcomhlíonann sí an ceanglas maidir le híoslaghdú pacáistíochta. Ba cheart an riail chéanna a bheith i bhfeidhm maidir le pacáistíocht iomarcach nach bhfuil gá léi chun feidhmiúlacht na pacáistíochta a áirithiú. | agus bia agus talmhaíochta atá cláraithe agus faoi chosaint faoi scéim an Aontais um chosaint tásc geografach, mar chuid de chuspóir an Aontais an oidhreacht chultúrtha agus saineolas traidisiúnta a chosaint***, nó de dhearadh pacáistíochta atá faoi réir cosaint dhlíthiúil faoi Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle[57a]***. Ar an taobh eile, d'fhéadfadh in-athchúrsáilteacht, úsáid ábhar athchúrsáilte, agus athúsáid údar a thabhairt do mheáchan breise nó toirt bhreise sa phacáistíocht, agus ba cheart iad a chur leis na critéir feidhmíochta. Níor cheart pacáistíocht le ballaí dúbailte, íochtair bhréige agus tréithe eile a bhfuil sé d'aidhm acu toirt bhraite an táirge a mhéadú a chur ar an margadh, toisc nach gcomhlíonann sí an ceanglas maidir le híoslaghdú pacáistíochta. Ba cheart an riail chéanna a bheith i bhfeidhm maidir le pacáistíocht iomarcach nach bhfuil gá léi chun feidhmiúlacht na pacáistíochta a áirithiú. |
| ___________________ | ___________________ |
| [57] Pacáistíocht - Ceanglais a bhaineann go sonrach le monaraíocht agus comhdhéanamh - Cosc trí laghdú ag an bhfoinse. | [57] Pacáistíocht - Ceanglais a bhaineann go sonrach le monaraíocht agus comhdhéanamh - Cosc trí laghdú ag an bhfoinse.<br>***[57a] Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearaí Comhphobail (IO L 3, 5.1.2002, lch. 1).*** |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Is gá tomhaltóirí a chur ar an eolas agus a chur ar a gcumas dramhaíl ó phacáistíocht a dhiúscairt go hiomchuí***, lena n-áirítear málaí siopadóireachta*** | (44) Is gá tomhaltóirí a chur ar an eolas agus a chur ar a gcumas ***aon*** dramhaíl ó phacáistíocht a dhiúscairt go hiomchuí. Is é an bealach is iomchuí chun é sin a |

| | |
|---|---|
| ***plaisteacha éadroma agus an-éadroim inmhúirínithe***. Is é an bealach is iomchuí chun é sin a dhéanamh córas lipéadaithe comhchuibhithe a bhunú bunaithe ar chomhdhéanamh ábhar pacáistíochta chun dramhaíl a shórtáil, agus é a phéireáil le lipéid chomhfhreagracha ar ghabhdáin dramhaíola. | dhéanamh córas lipéadaithe comhchuibhithe a bhunú bunaithe ar chomhdhéanamh ábhar pacáistíochta chun dramhaíl a shórtáil, agus é a phéireáil le lipéid chomhfhreagracha ar ghabhdáin dramhaíola. ***Ba cheart an gá go mbeadh córas lipéadaithe comhchuibhithe den sórt sin aitheanta ag gach saoránach, beag beann ar a gcúinsí, amhail aois agus eolas ar theangacha, a bheith ina threoirghné don dearadh. D'fhéadfaí é a dhéanamh le picteagraim agus gan ach fíorbheagán foclaíochta a úsáid. D'íoslaghdófaí dá réir ar na costais aistriúcháin don fhoclaíocht a bhí in úsáid.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(44a) Is céim riachtanach í an tsórtáil chun ciorclaíocht níos fearr a chinntiú maidir le pacáistíocht. Ba cheart feabhsú an chumais sórtála a spreagadh, go háirithe trí nuálaíochtaí teicneolaíochta, chun gur féidir sórtáil ar chaighdeán níos fearr a dhéanamh, agus, ar an gcaoi sin, amhábhair ar cháilíocht níos fearr a chur ar fáil don athchúrsáil.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Chun tacú le cur chun feidhme chuspóirí an Rialacháin seo, ba cheart tomhaltóirí a chosaint ar fhaisnéis mhíthreorach agus mhearbhlach faoi shaintréithe na pacáistíochta agus faoin | (49) Chun tacú le cur chun feidhme chuspóirí an Rialacháin seo, ba cheart tomhaltóirí a chosaint ar fhaisnéis mhíthreorach agus mhearbhlach faoi shaintréithe na pacáistíochta agus faoin |

| | |
|---|---|
| gcóireáil iomchuí maidir le deireadh a saolré, a bhfuil lipéid chomhchuibhithe bunaithe ina leith faoin Rialachán seo. ***Ba cheart é a bheith indéanta pacáistíocht a áirítear sa scéim freagrachta leathnaithe táirgeora a shainaithint trí bhíthin siombail chreidiúnaithe ar fud chríoch an chórais sin. Ba cheart an tsiombail sin a bheith soiléir agus gan athbhrí do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí maidir le hin-athchúrsáilteacht na pacáistíochta. Chuige sin, d'fhéadfaí a mheas go bhféadfadh an tsiombail 'Ponc Glas', a úsáidtear i roinnt Ballstát chun a chur in iúl go bhfuil ranníocaíocht airgeadais déanta ag táirgeoir le córas náisiúnta um aisghabháil phacáistíochta[58], tomhaltóirí a chur amú agus go gceapfaidís maidir le pacáistíocht a raibh siombail den sórt sin uirthi gur pacáistíocht inathchúrsáilte i gcónaí í.*** | gcóireáil iomchuí maidir le deireadh a saolré, a bhfuil lipéid chomhchuibhithe bunaithe ina leith faoin Rialachán seo. |
| ___________________ | ___________________ |
| [58] https://www.pro-e.org/the-green-dot-trademark | [58] https://www.pro-e.org/the-green-dot-trademark |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 50 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(50a) Ba cheart grúpa saineolaithe a bhunú ina mbeidh rannpháirtíocht chothrom ag ionadaithe na mBallstát agus ag na páirtithe go léir a bhfuil baint acu le pacáistíocht. Ba cheart an "Fóram um Pacáistíocht" a thabhairt ar an ngrúpa agus ba cheart go rannchuideodh sé go háirithe chun ceanglais inbhuanaitheachta a ullmhú, a fhorbairt agus a shoiléiriú, chun athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá sásraí faireachais margaidh seanbhunaithe agus chun measúnú a dhéanamh ar aon bhearta féinrialála.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 60**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (60) Ní leor oibleagáidí maidir le dearadh pacáistíochta a leagan síos chun díriú ar an bhfadhb a bhaineann le róghiniúint dramhphacáistíochta. I gcás cineálacha áirithe pacáistíochta, ba cheart oibleagáidí chun an spás folamh a laghdú a chur ar oibreoirí eacnamaíocha i dtéarmaí an spás folamh a laghdú nuair a úsáidtear pacáistíocht den sórt sin. I gcás pacáistíocht ghrúpáilte, iompair agus ríomhthráchtála a úsáidtear chun táirgí a sholáthar do dháileoirí deiridh nó don úsáideoir deiridh, níor cheart an chiondáil spáis fholaimh a bheith níos mó ná 40 %. I gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, ba cheart go bhféadfaí oibreoirí eacnamaíocha a úsáideann pacáistíocht díolacháin mar phacáistíocht ríomhthráchtála a dhíolmhú ón oibleagáid sin. | (60) Ní leor oibleagáidí maidir le dearadh pacáistíochta a leagan síos chun díriú ar an bhfadhb a bhaineann le róghiniúint dramhphacáistíochta. I gcás cineálacha áirithe pacáistíochta, ba cheart oibleagáidí chun an spás folamh a laghdú a chur ar oibreoirí eacnamaíocha i dtéarmaí an spás folamh a laghdú nuair a úsáidtear pacáistíocht den sórt sin. I gcás pacáistíocht ghrúpáilte, iompair agus ríomhthráchtála a úsáidtear chun táirgí a sholáthar do dháileoirí deiridh nó don úsáideoir deiridh, níor cheart an chiondáil spáis fholaimh a bheith níos mó ná 40 %. I gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, ba cheart go bhféadfaí oibreoirí eacnamaíocha a úsáideann pacáistíocht díolacháin mar phacáistíocht ríomhthráchtála a dhíolmhú ón oibleagáid sin. ***Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pacáistíocht in-athúsáidte.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 65**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (65) Chun cosc dramhaíola a dhreasú, ba cheart coincheap nua maidir le ‘hathlíonadh’ a thabhairt isteach. Ba cheart athlíonadh a áireamh mar bheart sainiúil um chosc dramhaíola a chuirtear san áireamh agus a bhfuil gá leis chun na spriocanna ***athúsáide agus athlíonta*** a bhaint amach. ***Ní pacáistíocht de réir bhrí an Rialacháin*** seo iad ***coimeádáin ar leis an tomhaltóir iad, a bhfuil feidhm*** | (65) Chun cosc dramhaíola a dhreasú, ba cheart coincheap nua maidir le ‘hathlíonadh’ a thabhairt isteach. Ba cheart athlíonadh a áireamh mar bheart sainiúil um chosc dramhaíola a chuirtear san áireamh agus a bhfuil gá leis chun na spriocanna um ***chosc mar a leagtar amach sa Rialachán*** seo iad a bhaint amach. |

***phacáistíochta i gcomhthéacs athlíonta acu, áfach, amhail cupáin, mugaí, buidéil nó boscaí in-athúsáidte***.

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 66**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (66) I gcás ina dtugann oibreoirí eacnamaíocha an deis táirgí a cheannach trí athlíonadh, ba cheart dóibh a áirithiú go gcomhlíonann a stáisiúin athlíonacháin ceanglais áirithe chun sláinte agus sábháilteacht na dtomhaltóirí a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, i gcás ina n-úsáideann tomhaltóirí a gcoimeádáin féin, ba cheart do na hoibreoirí eacnamaíocha, dá bhrí sin, eolas a thabhairt faoi na coinníollacha a bhaineann le hathlíonadh agus le húsáid shábháilte na gcoimeádán sin. Chun athlíonadh a spreagadh, níor cheart d’oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht a sholáthar saor in aisce nó gan bheith ina cuid den chóras éarlaise agus aisíoca ag na stáisiúin athlíonacháin. | (66) I gcás ina dtugann oibreoirí eacnamaíocha an deis táirgí a cheannach trí athlíonadh, ba cheart dóibh a áirithiú go gcomhlíonann a stáisiúin athlíonacháin ceanglais áirithe chun sláinte agus sábháilteacht na dtomhaltóirí a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, i gcás ina n-úsáideann tomhaltóirí a gcoimeádáin féin, ba cheart do na hoibreoirí eacnamaíocha, dá bhrí sin, eolas a thabhairt faoi na coinníollacha a bhaineann le hathlíonadh agus le húsáid shábháilte na gcoimeádán sin. Chun athlíonadh a spreagadh, níor cheart d’oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht a sholáthar saor in aisce nó gan bheith ina cuid den chóras éarlaise agus aisíoca ag na stáisiúin athlíonacháin. ***Ba cheart gníomhaithe eacnamaíocha a dhíolmhú ó dhliteanas i leith fadhbanna sábháilteachta bia a d’fhéadfadh eascairt as coimeádáin a úsáid atá curtha ar fáil ag tomhaltóirí.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 67**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (67) Chun laghdú ar an cion gméadaitheach de phacáistíocht aon úsáide agus ar na méideanna méadaitheacha dramhphacáistíochta a ghintear, is gá spriocanna cainníochtúla athúsáide ***agus*** | (67) Chun laghdú ar an cion gméadaitheach de phacáistíocht aon úsáide agus ar na méideanna méadaitheacha dramhphacáistíochta a ghintear, is gá spriocanna cainníochtúla athúsáide a bhunú |

| | |
|---|---|
| ***athlíonacháin*** a bhunú maidir le pacáistíocht in earnálacha a measúnaíodh gurb iad na hearnálacha is mó iad a mbaineann acmhainn laghdaithe dramhphacáistíochta leo, is é sin bia agus deochanna beir leat, earraí bána móra agus pacáistíocht iompair. Rinneadh é sin a mheas bunaithe ar fhachtóirí amhail na córais athúsáide atá ann faoi láthair, an gá atá le pacáistíocht a úsáid agus an fhéidearthacht na ceanglais fheidhmiúla a chomhlíonadh maidir le coimeád, slacht, sláinte, sláinteachas agus sábháilteacht. Cuireadh difríochtaí na dtáirgí agus a gcóras táirgthe agus dáileacháin san áireamh freisin. Táthar ag dréim leis go dtacóidh leagan amach na spriocanna leis an nuálaíocht agus go méadófar cion na réiteach athúsáide agus athlíonacháin. Níor cheart ***úsáid pacáistíochta*** aon úsáide a cheadú le haghaidh bia agus deochanna a líontar agus a dtomhlaítear laistigh den áitreabh in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna (HORECA). | maidir le pacáistíocht in earnálacha a measúnaíodh gurb iad na hearnálacha is mó iad a mbaineann acmhainn laghdaithe dramhphacáistíochta leo, is é sin bia agus deochanna beir leat, earraí bána móra agus pacáistíocht iompair. Rinneadh é sin a mheas bunaithe ar fhachtóirí amhail na córais athúsáide atá ann faoi láthair, an gá atá le pacáistíocht a úsáid agus an fhéidearthacht na ceanglais fheidhmiúla a chomhlíonadh maidir le coimeád, slacht, sláinte, sláinteachas agus sábháilteacht. Cuireadh difríochtaí na dtáirgí agus a gcóras táirgthe agus dáileacháin san áireamh freisin. Táthar ag dréim leis go dtacóidh leagan amach na spriocanna leis an nuálaíocht agus go méadófar cion na réiteach athúsáide agus athlíonacháin. Níor cheart ***pacáistíocht*** aon úsáide a cheadú le haghaidh bia agus deochanna a líontar agus a dtomhlaítear laistigh den áitreabh in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna (HORECA). ***Ba chóir é bheith de rogha ag tomhaltóirí i gcónaí bia agus deochanna beir leat a cheannach i gcoimeádáin inathúsáidte nó dá gcuid féin ar choinníollacha nach lú fabhair ná bia agus deochanna a thairgtear i bpacáistíocht aon úsáide. Ba chóir d'oibreoirí eacnamaíocha a dhíolann bia agus deochanna beir leat an rogha a thairiscint do thomhaltóirí an bia nó na deochanna a cheannach i gcoimeádáin dá gcuid féin agus an rogha deochanna a cheannach i bpacáistíocht in-athúsáidte.*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 68**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (68) Chun a n-éifeachtacht a mhéadú agus chun cóir chomhionann oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú, ba cheart na spriocanna athúsáide ***agus athlíonacháin*** a chur ar na ***hoibreoirí eacnamaíocha***. ***I*** | (68) Chun a n-éifeachtacht a mhéadú agus chun cóir chomhionann oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú, ba cheart na spriocanna athúsáide a chur ar na ***dáileoirí críochnaitheacha***. Ba cheart na spriocanna |

***gcás spriocanna maidir le deochanna, ba cheart iad a chur ar na monaróirí freisin, toisc go bhfuil na gníomhaithe sin in ann na formáidí pacáistíochta a úsáidtear do na táirgí a thairgeann siad a rialú.*** Ba cheart na spriocanna a ríomh mar chéatadán de na díolacháin de phacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide ***nó trí athlíonadh*** nó, i gcás pacáistíocht iompair, mar chéatadán úsáidí. Ba cheart na spriocanna a bheith neodrach ó thaobh ábhair de. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na spriocanna athúsáide agus athlíonacháin, ba cheart an chumhacht chun gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh maidir leis an modheolaíocht chun iad a ríomh, a ***tharmligean chuig an gCoimisiún.***

a ríomh mar chéatadán de na díolacháin de phacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó, i gcás pacáistíocht iompair, mar chéatadán úsáidí. Ba cheart na spriocanna a bheith neodrach ó thaobh ábhair de. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na spriocanna athúsáide agus athlíonacháin, ba cheart an chumhacht chun gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh maidir leis an modheolaíocht chun iad a ríomh, a ***thabhairt don Choimisiún***.

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 71**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (71) Chun comhlíontacht na spriocanna athúsáide ***agus athlíonacháin*** a fhíorú, is gá go dtuairisceodh na hoibreoirí eacnamaíocha faoi seach do na húdaráis inniúla. Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha na sonraí ábhartha a thuairisciú do gach bliain féilire, ag tosú ón 1 Eanáir 2030. Ba cheart do na Ballstáit na sonraí sin a chur ar fáil go poiblí. | (71) Chun comhlíontacht na spriocanna athúsáide a fhíorú, is gá go dtuairisceodh na hoibreoirí eacnamaíocha faoi seach do na húdaráis inniúla. Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha na sonraí ábhartha a thuairisciú do gach bliain féilire, ag tosú ón 1 Eanáir 2030. Ba cheart do na Ballstáit na sonraí sin a chur ar fáil go poiblí. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 73 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(73a) Ós rud é go bhfuil riosca ard go*** |

| | |
|---|---|
| | ***ndéanfaí dramhaíl de mhálaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom agus go bhféadfaidís cur leis an truailliú muirí, ba cheart bearta a dhéanamh chun a gcur ar an margadh a shrianadh ach amháin i gcás úsáidí a bhfuil géarghá leo. Níor cheart na málaí plaisteacha sin a chur ar an margadh mar phacáistíocht le haghaidh bulc-earraí bia, ach amháin ar chúiseanna sláinteachais nó le haghaidh pacáistiú bulc-earraí fliucha amhail feoil amh, iasc nó táirgí déiríochta.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 74 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(74a) I gcás laghdú ar úsáid málaí siopadóireachta plaisteacha níor cheart málaí siopadóireachta páipéir a chur ina n-ionad. Ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún faireachán ar úsáid málaí siopadóireachta páipéir agus sprioc a mholadh, agus, i gcás inarb iomchuí, bearta chun laghdú ar thomhailt na málaí siopadóireachta páipéir.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 91**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (91) Chun an laghdú uaillmhianach agus marthanach ar ghiniúint na dramhphacáistíochta i gcoitinne a bhaint amach, ba cheart spriocanna a leagan síos le haghaidh laghdú na dramhphacáistíochta in aghaidh an duine a bheidh le baint amach faoi 2030. Chun an sprioc laghdú 5 % a bhaint amach in 2030 i gcomparáid le 2018, ba cheart gur dearbhlaghdú | (91) Chun an laghdú uaillmhianach agus marthanach ar ghiniúint na dramhphacáistíochta i gcoitinne a bhaint amach, ba cheart spriocanna a leagan síos le haghaidh laghdú na dramhphacáistíochta in aghaidh an duine a bheidh le baint amach faoi 2030. Chun an sprioc laghdú 5 % a bhaint amach in 2030 i gcomparáid le 2018, ba cheart gur dearbhlaghdú |

| | |
|---|---|
| foriomlán thart ar 19 % ar an meán a bheadh i gceist ar fud an Aontais in 2030 i gcomparáid le bonnlíne 2030. Ba cheart do na Ballstáit an dramhphacáistíocht a laghdú 10 % i gcomparáid le 2018, faoi 2035; meastar go gcuirfidh sé sin laghdú 29 % ar an dramhphacáistíocht i gcomparáid le bonnlíne 2030. Chun a áirithiú go leanfar de na hiarrachtaí laghdú a dhéanamh tar éis 2030, ba cheart sprioc 10 % de laghdú ó 2018 arb ionann é agus laghdú 29 % i gcomparáid leis an mbonnlíne a shocrú do 2035 agus, maidir le 2040 ba cheart laghdú 15 % ó 2018 a bhunú mar sprioc, arb ionann é agus laghdú 37 % i gcomparáid leis an mbonnlíne. | foriomlán thart ar 19 % ar an meán a bheadh i gceist ar fud an Aontais in 2030 i gcomparáid le bonnlíne 2030. Ba cheart do na Ballstáit an dramhphacáistíocht a laghdú 10 % i gcomparáid le 2018, faoi 2035; meastar go gcuirfidh sé sin laghdú 29 % ar an dramhphacáistíocht i gcomparáid le bonnlíne 2030. Chun a áirithiú go leanfar de na hiarrachtaí laghdú a dhéanamh tar éis 2030, ba cheart sprioc 10 % de laghdú ó 2018 arb ionann é agus laghdú 29 % i gcomparáid leis an mbonnlíne a shocrú do 2035 agus, maidir le 2040 ba cheart laghdú 15 % ó 2018 a bhunú mar sprioc, arb ionann é agus laghdú 37 % i gcomparáid leis an mbonnlíne. ***Maidir leis na Ballstáit a bhfuil córas difriúil bunaithe acu chun dramhaíl ó phacáistíocht tí a bhainistiú, ar thaobh amháin, agus chun dramhaíl ó phacáistíocht thionsclaíoch agus tráchtála a bhainistiú, ar an taobh eile, ba cheart an deis a bheith acu a sainiúlacht a choinneáil.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 91 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(91a) Mar chuid dá Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach, ghlac an Coimisiún Eorpach Teachtaireacht an 16 Eanáir 2018 maidir le Straitéis Eorpach le haghaidh Plaisteach i nGeilleagar Ciorclach chun truailliú muirí, astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ár spleáchas Eorpach ar bhreoslaí iontaise a laghdú. Agus tomhaltas plaisteach ag dul i méid, iarrtar sa straitéis ciorclaíocht níos fearr ar phlaistigh agus bearta coisctheacha éifeachtacha. I gcomhréir leis an straitéis sin, ba cheart an Rialachán seo a bheith ina ionstraim chun dul i ngleic le plaistigh dhromchlacha nach bhfuil gá leo, chun an treocht maidir le táirgeadh*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus tomhaltas plaisteach, go háirithe plaistigh aon úsáide, a mhalartú.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 92**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (92) Féadfaidh na Ballstáit na spriocanna sin a bhaint amach le hionstraimí eacnamaíocha agus bearta eile chun dreasachtaí a sholáthar maidir le hord na réiteach dramhaíola a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta a bheidh le cur chun feidhme trí scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora, agus bunú agus feidhmiú éifeachtach córas athúsáide a chur chun cinn agus oibreoirí eacnamaíocha a spreagadh chun tuilleadh féidearthachtaí athlíonacháin a chur ar fáil d’úsáideoirí deiridh. Ba cheart bearta den sórt sin a ghlacadh go comhuaineach agus i dteannta le bearta eile faoin Rialachán seo, bearta atá dírithe ar phacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú, amhail ceanglais maidir le híoslaghdú pacáistíochta, spriocanna athúsáide ***agus*** athlíonacháin, tairseacha méideanna agus bearta chun laghdú marthanach tomhailte málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma a bhaint amach. Féadfaidh Ballstát a chloíonn leis na rialacha ginearálta a leagtar síos sa Chonradh agus a chomhlíonann na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo, forálacha a théann níos faide ná na híoscheanglais a leagtar amach san Airteagal seo a ghlacadh. | (92) Féadfaidh na Ballstáit na spriocanna sin a bhaint amach le hionstraimí eacnamaíocha agus bearta eile chun dreasachtaí a sholáthar maidir le hord na réiteach dramhaíola a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta a bheidh le cur chun feidhme trí scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora, agus bunú agus feidhmiú éifeachtach córas athúsáide a chur chun cinn agus oibreoirí eacnamaíocha a spreagadh chun tuilleadh féidearthachtaí athlíonacháin a chur ar fáil d’úsáideoirí deiridh. Ba cheart bearta den sórt sin a ghlacadh go comhuaineach agus i dteannta le bearta eile faoin Rialachán seo, bearta atá dírithe ar phacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú, amhail ceanglais maidir le híoslaghdú pacáistíochta, spriocanna athúsáide***, oibleagáidí*** athlíonacháin, tairseacha méideanna agus bearta chun laghdú marthanach tomhailte málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma a bhaint amach. Féadfaidh Ballstát a chloíonn leis na rialacha ginearálta a leagtar síos sa Chonradh agus a chomhlíonann na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo, forálacha a théann níos faide ná na híoscheanglais a leagtar amach san Airteagal seo a ghlacadh. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 96**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (96) I gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a léirítear in Airteagal 191(2) den Chonradh, tá sé fíor-riachtanach go nglacfaidh na táirgeoirí a chuireann pacáistíocht agus táirgí pacáistithe ar mhargadh an Aontais freagracht as iad a bhainistiú ag deireadh a saolré. Ba cheart a mheabhrú nach mór scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora a bhunú, a ndéantar foráil dóibh i dTreoir 94/62/CE, faoin 31 Nollaig 2024, toisc gurb iad na modhanna is iomchuí chun é sin a bhaint amach agus d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith acu ar an gcomhshaol trí ghiniúint na dramhphacáistíochta a laghdú agus bailiú agus athchúrsáil na dramhaíola sin a mhéadú. Is iomaí éagothromaíocht atá ann maidir leis an mbealach a mbunaítear iad, lena n-éifeachtúlacht agus le raon feidhme fhreagracht na dtáirgeoirí. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag na rialacha, i ndáil le freagracht leathnaithe táirgeora a leagtar síos i dTreoir 2008/98/CE, maidir le scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora do tháirgeoirí pacáistíochta, agus ba cheart forálacha sonracha eile a chur leo i gcás inar gá agus inarb iomchuí. | 96 I gcomhréir leis an bprionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as a léirítear in Airteagal 191(2) den Chonradh, ***lena n-áirítear gníomhaithe ríomhthráchtála,*** tá sé fíor-riachtanach go nglacfaidh na táirgeoirí a chuireann pacáistíocht agus táirgí pacáistithe ar mhargadh an Aontais freagracht as a mbainistíocht ag deireadh a saolré. Ba cheart a mheabhrú nach mór scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora a bhunú, a ndéantar foráil dóibh i dTreoir 94/62/CE, faoin 31 Nollaig 2024, toisc gurb iad na modhanna is iomchuí chun é sin a bhaint amach agus d'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith acu ar an gcomhshaol trí ghiniúint na dramhphacáistíochta a laghdú agus bailiú agus athchúrsáil na dramhaíola sin a mhéadú. Is iomaí éagothromaíocht atá ann maidir leis an mbealach a mbunaítear iad, lena n-éifeachtúlacht agus le raon feidhme fhreagracht na dtáirgeoirí. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag na rialacha, i ndáil le freagracht leathnaithe táirgeora a leagtar síos i dTreoir 2008/98/CE, maidir le scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora do tháirgeoirí pacáistíochta, agus ba cheart forálacha sonracha eile a chur leo i gcás inar gá agus inarb iomchuí. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 98**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (98) Leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[68] rialacha maidir le hinrianaitheacht trádálaithe, rialacha ina bhfuil oibleagáidí sonracha do sholáthraithe ardáin ar líne a ligeann do thomhaltóirí cianchonarthaí a dhéanamh le táirgeoirí a thairgeann pacáistíocht do | (98) Leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[68] rialacha maidir le hinrianaitheacht trádálaithe, rialacha ina bhfuil oibleagáidí sonracha do sholáthraithe ardán ar líne a ligeann do thomhaltóirí cianchonarthaí a dhéanamh le táirgeoirí a thairgeann pacáistíocht do |

| | |
|---|---|
| thomhaltóirí atá lonnaithe san Aontas. Chun saorthairbhiú de bharr na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a chosc, ba cheart a shonrú conas ba cheart do na soláthraithe ardán ar líne sin na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh i ndáil le cláir na dtáirgeoirí pacáistíochta a bhunaítear de bhun an Rialacháin seo. Sa chomhthéacs sin, maidir le soláthraithe ardáin ar líne, a thagann faoi raon feidhme Roinn 4 de Chaibidil 3 de Rialachán (AE) 2022/2065, ardáin a chuireann ar chumas tomhaltóirí cianchonarthaí a dhéanamh le táirgeoirí, ba cheart dóibh faisnéis a fháil ó na táirgeoirí sin maidir leis an mbealach a gcomhlíonann siad na rialacha freagrachta leathnaithe táirgeora a leagtar amach sa Rialachán seo. Tá na rialacha maidir le hinrianaitheacht trádálaithe a dhíolann pacáistíocht ar líne faoi réir na rialachán forfheidhmiúcháin a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/2065. | thomhaltóirí atá lonnaithe san Aontas. Chun saorthairbhiú de bharr na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a chosc, ba cheart a shonrú conas ba cheart do na soláthraithe ardán ar líne sin na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh i ndáil le cláir na dtáirgeoirí pacáistíochta a bhunaítear de bhun an Rialacháin seo. Sa chomhthéacs sin, ba cheart soláthraithe ardán ar líne, a thagann faoi raon feidhme Roinn 4 de Chaibidil 3 de Rialachán (AE) 2022/2065, lena gceadaítear do thomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le táirgeoirí, ***a bheith faoi cheangal ag oibleagáidí áirithe is infheidhme maidir le táirgeoirí, ach amháin má chruthaíonn siad go bhfuil na hoibleagáidí sin comhlíonta cheana féin ag an tríú páirtí a n-éascaítear ciandíol nó cianseachadadh ina leith. Ina theannta sin,*** ba cheart dóibh faisnéis a fháil ó na táirgeoirí sin faoi chomhlíonadh na rialacha maidir le freagracht leathnaithe táirgeora a leagtar amach sa Rialachán sin. Tá na rialacha maidir le hinrianaitheacht trádálaithe a dhíolann pacáistíocht ar líne faoi réir na rialachán forfheidhmiúcháin a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/2065. |
| [66] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1). | [66] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1). |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 101 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(101a) Is céim ríthábhachtach é an phacáistíocht a bhailiú ar leithligh chun ciorclaíocht na pacáistíochta a áirithiú,*** |

| | |
|---|---|
| | ***agus chun margadh láidir d'amhábhair thánaisteacha a áirithiú. Is dreasacht é ráta bailithe éigeantach a bhunú chun córais bailithe éifeachtúla agus spriocdhírithe a fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta, agus, ar an gcaoi sin, cainníocht na dramhaíola atá sórtáilte agus a d'fhéadfaí a athchúrsáil a mhéadú.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 103 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(103a) Ba cheart éagsúlacht na gcóras éarlaise agus aisíoca arb ann dóibh san Eoraip a chur san áireamh sa Rialachán seo, agus a áirithiú nach gcuirfear bac ar fhorbairtí teicneolaíochta sna córais sin i gcás ina gcomhlíonann siad na coinníollacha agus na critéir chun rátaí bailithe a mhéadú agus athchúrsáil ar cháilíocht níos fearr a áirithiú. Mar shampla, le córas digiteach éarlaise agus aisíoca cuirtear córas cód QR ar fáil do thomhaltóirí, agus déantar an éarlais a aisíoc nuair a fhágtar an t-earra ag pointe bailithe ar leithligh sa bhaile nó ar an mbealach.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 107**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (107) Maidir le Ballstáit a bhaineann amach ráta bailithe ***de 90 %*** de na cineálacha pacáistíochta a ndírítear orthu gan córas éarlaise agus aisíoca ar feadh 2 bhliain féilire roimh theacht i bhfeidhm na hoibleagáide sin, féadfaidh siad a | 107 Maidir le Ballstáit a bhaineann amach ráta bailithe ***85 % ar a laghad*** de na cineálacha pacáistíochta a ndírítear orthu gan córas éarlaise agus aisíoca ar feadh 2 bhliain féilire roimh theacht i bhfeidhm na hoibleagáide sin, féadfaidh siad a |

iarraidh nach mbeadh orthu córas éarlaise agus aisíoca a bhunú.

iarraidh nach mbeadh orthu córas éarlaise agus aisíoca a bhunú.

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 108**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (108) Mar bheart sonrach chun giniúint dramhphacáistíochta a chosc, ba cheart do na Ballstáit na réitigh athúsáide agus athlíonacháin a chur chun cinn go gníomhach. Ba cheart dóibh tacú le bunú na gcóras athúsáide agus athlíonacháin agus faireachán a dhéanamh ar a bhfeidhmiú agus a gcomhlíonadh i ndáil leis na caighdeáin sláinteachais. Moltar do na Ballstáit bearta eile a dhéanamh freisin, amhail córais éarlaise agus aisíoca lena gcumhdaítear formáidí pacáistíochta in-athúsáidte a bhunú, trí bhíthin dreasachtaí eacnamaíocha a úsáid nó ceanglais a bhunú lena gceanglófar ar dháileoirí deiridh céatadán áirithe de tháirgí eile dá chuid, seachas na cinn a chumhdaítear faoi spriocanna athúsáide agus athlíonacháin, a chur ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte nó i bpacáistíocht is féidir a athlíonadh ar choinníoll nach gcruthófaí leis sin ilroinnt sa mhargadh aonair ná bacainní trádála. | (108) Mar bheart sonrach chun giniúint dramhphacáistíochta a chosc, ba cheart do na Ballstáit na réitigh athúsáide agus athlíonacháin a chur chun cinn go gníomhach. Ba cheart dóibh tacú le bunú na gcóras athúsáide agus athlíonacháin agus faireachán a dhéanamh ar a bhfeidhmiú agus a gcomhlíonadh i ndáil leis na caighdeáin sláinteachais. Moltar do na Ballstáit bearta eile a dhéanamh freisin, amhail córais éarlaise agus aisíoca lena gcumhdaítear formáidí pacáistíochta in-athúsáidte a bhunú, trí bhíthin dreasachtaí eacnamaíocha a úsáid nó ceanglais a bhunú lena gceanglófar ar dháileoirí deiridh céatadán áirithe de tháirgí eile dá chuid, seachas na cinn a chumhdaítear faoi spriocanna athúsáide agus ***oibleagáidí*** athlíonacháin, a chur ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte nó i bpacáistíocht is féidir a athlíonadh ar choinníoll nach gcruthófaí leis sin ilroinnt sa mhargadh aonair ná bacainní trádála. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 113 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(113a) Cé go bhfuil sé tábhachtach don Choimisiún na teicneolaíochtaí próiseála uile a chur san áireamh agus na gníomhartha tarmligthe lena mbunaítear na critéir in-athchúrsáilteachta, chomh*** |

| | |
|---|---|
| | ***maith leis na critéir maidir le hin-athchúrsáilteacht ar scála, á ndréachtú aige, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh an Coimisiún tuilleadh measúnaithe ar an mbreisluach a bhaineann le hathchúrsáil ceimiceán i gcás na gcodán sin nach féidir a phróiseáil le teicneolaíochtaí athchúrsála meicniúla. I gcomhthéacs na gcuspóirí a leagadh síos le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], ba cheart don Choimisiún an t-ídiú fuinnimh a bhaineann le teicneolaíochtaí nua, tomhailt uisce agus ábhar amú a chur san áireamh agus, i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar chreat reachtach an Aontais maidir le maíomhanna comhshaoil, maíomhanna míthreoracha comhshaoil a sheachaint, trí na feidhmeanna sin a theorannú do chur chuige fíorchiorclach, agus, mar shampla, cuir chuige chun ábhair a thiontú ina mbreosla a eisiamh.*** <br>__________________ <br>***[1a] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).*** |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 113 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(113b) Níor chóir go bhféadfadh oibreoir eacnamaíoch maíomhanna comhshaoil a dhéanamh maidir le pacáistíocht a chuirtear ar an margadh seachas i gcás ina ndéantar iad a shuí i gcomhréir leis an Treoir maidir le Maíomhanna Ghlasa.*** |

***I dtaca le hathchúrsáilteacht, le leibhéal an chion athchúrsáilte agus le hin-athúsáidteacht, níor cheart na maíomhanna sin a bheith inghlactha seachas i gcás airíonna pacáistíochta a sháraíonn na híoscheanglais is infheidhme a leagtar amach sa Rialachán seo.***

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 117 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(117a) Is gné thábhachtach é bailiú ar leithligh lasmuigh den áit chónaithe chun rátaí bailithe pacáistíochta a mhéadú, agus chun ciorclaíocht na pacáistíochta a fheabhsú. Ba cheart go bhféadfadh na Ballstáit agus gníomhaithe eacnamaíocha bearta sonracha a dhéanamh maidir le bailiú ar leithligh lasmuigh den áit chónaithe, agus iad in oiriúint do shuíomh agus do nósanna tomhaltóirí.*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 123**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (123) Tá forfheidhmiú éifeachtach na gceanglas inbhuanaitheachta fíor-riachtanach chun iomaíocht chóir a áirithiú agus chun a áirithiú go mbainfear amach na tairbhí a mheastar a thiocfaidh as an Rialachán seo agus an méid a mheastar a chuirfidh sé le cuspóirí aeráide, fuinnimh agus ciorclaíochta an Aontais a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[73] lena leagtar amach creat | (123) Tá forfheidhmiú éifeachtach na gceanglas inbhuanaitheachta fíor-riachtanach chun iomaíocht chóir a áirithiú agus chun a áirithiú go mbainfear amach na tairbhí a mheastar a thiocfaidh as an Rialachán seo agus an méid a mheastar a chuirfidh sé le cuspóirí aeráide, fuinnimh agus ciorclaíochta an Aontais a bhaint amach. Dá bhrí sin, ***ba cheart íoslíon seiceálacha a bhunú i gcás oibreoirí eacnamaíocha a chuireann pacáistíocht ar mhargadh an Aontais, agus*** ba cheart |

cothrománach le haghaidh faireachas margaidh ar tháirgí agus rialú táirgí a thagann isteach i margadh an Aontais maidir le pacáistíocht dá socraítear ceanglais inbhuanaitheachta de bhun an Rialacháin seo.

[73] Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[73] lena leagtar amach creat cothrománach le haghaidh faireachas margaidh ar tháirgí agus rialú táirgí a thagann isteach i margadh an Aontais maidir le pacáistíocht dá socraítear ceanglais inbhuanaitheachta de bhun an Rialacháin seo.

[73] Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 130**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (130) Maidir le pacáistíocht a thagann isteach i margadh an Aontais, ba cheart tús áite a thabhairt don chomhar sa mhargadh idir údaráis um fhaireachas margaidh agus oibreoirí eacnamaíocha. Dá bhrí sin, cé go bhféadfaidís a bheith bainteach le haon phacáistíocht a thagann isteach chuig margadh an Aontais, ba cheart idirghabhálacha na n-údarás a ainmnítear de bhun Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2019/1020 a bheith dírithe ar phacáistíocht, atá faoi réir na mbeart toirmisc a ghlacann údaráis um fhaireachas margaidh, go príomha. I gcás ina ndéanann siad bearta toirmisc den sórt sin, agus nach mbíonn siad teoranta don chríoch náisiúnta, ba cheart d’údaráis um fhaireachas margaidh na sonraí riachtanacha chun an phacáistíocht neamhchomhlíontach sin a shainaithint ag na teorainneacha, lena n- | (130) ***Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a choimirciú, agus chun go mbeidh cothrom na Féinne ann, is gá a áirithiú*** maidir le pacáistíocht ó thríú tíortha a thagann isteach i margadh an Aontais ***go mbeidh sí i gcomhréir leis an Rialachán seo, bíodh sí á hallmhairiú mar phacáistíocht neamhspleách nó i dtáirge pacáistithe. Is gá, go háirithe, a áirithiú gur chuir na monaróirí nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta i gcrích maidir leis an bpacáistíocht sin.*** Ba cheart tús áite a thabhairt don chomhar sa mhargadh idir údaráis um fhaireachas margaidh agus oibreoirí eacnamaíocha. Dá bhrí sin, cé go bhféadfaidís a bheith bainteach le haon phacáistíocht a thagann isteach chuig margadh an Aontais, ba cheart idirghabhálacha na n-údarás a ainmnítear de bhun Airteagal 25(1) de |

áirítear faisnéis maidir leis na táirgí pacáistithe agus na hoibreoirí eacnamaíocha, a chur in iúl do na húdaráis a ainmnítear maidir le rialuithe ar phacáistíocht a thagann isteach chuig margadh an Aontais chun cur chuige rioscabhunaithe a chumasú i ndáil le táirgí a thagann isteach chuig margadh an Aontais. Sna cásanna sin, déanfaidh lucht custaim a dhícheall an phacáistíocht sin a shainaithint agus stop a chur leis ag na teorainneacha.

Rialachán (AE) 2019/1020 a bheith dírithe ar phacáistíocht, atá faoi réir na mbeart toirmisc a ghlacann údaráis um fhaireachas margaidh, go príomha. I gcás ina ndéanann siad bearta toirmisc den sórt sin, agus nach mbíonn siad teoranta don chríoch náisiúnta, ba cheart d'údaráis um fhaireachas margaidh na sonraí riachtanacha chun an phacáistíocht neamhchomhlíontach sin a shainaithint ag na teorainneacha, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na táirgí pacáistithe agus na hoibreoirí eacnamaíocha, a chur in iúl do na húdaráis a ainmnítear maidir le rialuithe ar phacáistíocht a thagann isteach chuig margadh an Aontais chun cur chuige rioscabhunaithe a chumasú i ndáil le táirgí a thagann isteach chuig margadh an Aontais. Sna cásanna sin, déanfaidh lucht custaim a dhícheall an phacáistíocht sin a shainaithint agus stop a chur leis ag na teorainneacha.

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1– mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunaítear leis an Rialachán seo ceanglais le haghaidh shaolré iomlán na pacáistíochta a mhéid a bhaineann le hinbhuanaitheacht ó thaobh an chomhshaoil de agus le lipéadú, ionas gur féidir í a chur ar an margadh, agus le haghaidh freagracht leathnaithe táirgeora, bailiú, cóireáil agus athchúrsáil dramhphacáistíochta. | 1. Bunaítear leis an Rialachán seo ceanglais le haghaidh shaolré iomlán na pacáistíochta a mhéid a bhaineann le hinbhuanaitheacht ó thaobh comhshaoil de agus le lipéadú, ionas gur féidir í a chur ar an margadh, agus le haghaidh freagracht leathnaithe táirgeora, ***cosc, laghdú ar phacáistíocht neamhriachtanach, athúsáid nó athlíonadh pacáistíochta,*** bailiú, cóireáil agus athchúrsáil dramhphacáistíochta. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Leis an Rialachán seo, cuirtear leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, trí bhíthin bearta atá i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2008/98/CE a leagan síos. | 3. Leis an Rialachán seo, cuirtear leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach ***agus i dreo aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 ar a dhéanaí a bhforáiltear dó faoi Rialachán (AE) 2021/2119***, trí bhíthin bearta atá i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2008/98/CE a leagan síos ***agus trí chreat dlíthiúil tacúil a sholáthar lena dtugtar cinnteacht do thionsclaíocht na hEorpa maidir lena hinfheistíochtaí i dtreo ciorclaíocht pacáistíochta a bhaint amach***. |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tá feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do cheanglais rialála an Aontais maidir le pacáistíocht amhail iad sin a bhaineann le sábháilteacht, cáilíocht, cosaint na sláinte agus sláinteachas na dtáirgí pacáistithe, nó le ceanglais iompair, agus gan dochar d’fhorálacha Threoir 2008/98/CE a mhéid a bhaineann le bainistiú na dramhaíola guaisí. | 2. Tá feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do cheanglais rialála an Aontais maidir le pacáistíocht amhail iad sin a bhaineann le sábháilteacht, cáilíocht, cosaint na sláinte agus sláinteachas na dtáirgí pacáistithe, nó le ceanglais iompair, agus gan dochar d’fhorálacha Threoir 2008/98/CE a mhéid a bhaineann le bainistiú na dramhaíola guaisí ***agus, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Treoir sin, le bearta a bhaineann le hord na réiteach dramhaíola a bheith á bhfeidhmiú ag na Ballstáit, ar bearta iad trína bhféadfar an toradh comhshaoil is fearr a bhaint amach***. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) málaí tae nó caife ***atá riachtanach chun*** táirge tae nó caife ***a choinneáil*** agus a bhfuil sé beartaithe a úsáid agus a dhiúscairt in éineacht leis an táirge; | (f) málaí tae nó caife ***tréscaoilteacha nó córas bog iarúsáide agus aonaid aonfhreastail ina gcoinnítear*** táirge tae nó caife agus a bhfuil sé beartaithe a úsáid agus a dhiúscairt in éineacht leis an táirge; |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) aonad aonfhreastail caife nó tae atá riachtanach chun táirge caife nó tae a choinneáil agus a bhfuil sé beartaithe a úsáid agus a dhiúscairt in éineacht leis an táirge; | (g) aonad ***neamh-thréscaoilteach*** aonfhreastail caife nó tae atá riachtanach chun táirge caife nó tae a choinneáil agus a bhfuil sé beartaithe a úsáid agus a dhiúscairt in éineacht leis an táirge; |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) ciallaíonn 'pacáistíocht iompair' pacáistíocht a cheaptar chun láimhseáil agus iompar ***roinnt*** aonad díolacháin nó pacáistí grúpáilte a éascú, lena n-áirítear pacáistíocht ríomhthráchtála, ach gan coimeádáin bóthair, iarnróid, loinge ná aeir a bheith a áireamh, chun damáiste ó láimhseáil fhisiceach agus ón iompar a chosc; | (4) ciallaíonn 'pacáistíocht iompair' pacáistíocht a cheaptar chun láimhseáil agus iompar ***líon ar bith*** aonad díolacháin nó pacáistí grúpáilte a éascú, lena n-áirítear pacáistíocht ríomhthráchtála, ach gan coimeádáin bóthair, iarnróid, loinge ná aeir a bheith a áireamh, chun damáiste ***don táirge*** ó láimhseáil fhisiceach agus ón iompar a chosc; |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) ciallaíonn 'dáileoir deiridh' an dáileoir a sheachadann ar an úsáideoir deiridh táirgí pacáistithe nó táirgí ar féidir iad a cheannach trí athlíonadh; | (16) ciallaíonn 'dáileoir deiridh' an dáileoir a sheachadann ar an úsáideoir deiridh táirgí pacáistithe nó táirgí ar féidir iad a cheannach trí athlíonadh nó ***trí athúsáid***; |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ciallaíonn 'pacáistíocht ilchodach' aonad pacáistíochta atá comhdhéanta de dhá ábhar éagsúla nó níos mó, seachas ábhair a úsáidtear le haghaidh lipéad, dúntóirí agus séalú, nach féidir a scaradh de láimh agus ar aonad comhtháite amháin iad dá bhrí sin; | (19) ciallaíonn 'pacáistíocht ilchodach' aonad pacáistíochta atá comhdhéanta de dhá ábhar éagsúla nó níos mó, seachas ábhair a úsáidtear le haghaidh lipéad, ***péinteanna, dúch, greamachán laicear,*** dúntóirí agus séalú ***ar cuid de mheáchan an phríomhábhair pacáistíochta iad***, nach féidir a scaradh de láimh agus ar aonad comhtháite amháin iad dá bhrí sin; |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) ciallaíonn 'athúsáid' aon oibríocht lena n-úsáidtear pacáistíocht in-athúsáidte arís chun na críche céanna ar ceapadh di é; | (22) ciallaíonn 'athúsáid' aon oibríocht lena n-úsáidtear pacáistíocht in-athúsáidte arís ***roinnt uaireanta*** chun na críche céanna ar ceapadh di é ***agus atá indéanta mar thoradh ar lóistíocht leordhóthanach agus a chuirtear chun cinn le córais oiriúnacha dreasachta, trí scéim éarlaise de ghnáth***; |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) ciallaíonn 'córais athúsáide' socruithe eagraíochtúla, teicniúla ***/nó*** airgeadais, ***lena n-éascaítear an athúsáid*** i gcóras lúbiata nó i gcóras lúboscailte. Meastar gur cuid de 'chóras athúsáide' iad córais éarlaise agus aisíoca nuair a áirithítear leo go mbailítear pacáistíocht lena hathúsáid; | (26) ciallaíonn 'córais athúsáide' socruithe eagraíochtúla, teicniúla ***agus/nó*** airgeadais, ***mar aon le dreasachtaí, a thugann deis athúsáide*** i gcóras lúbiata nó i gcóras lúboscailte. Meastar gur cuid de 'chóras athúsáide' iad córais éarlaise agus aisíoca nuair a áirithítear leo go mbailítear pacáistíocht lena hathúsáid; |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) ciallaíonn 'athlíonadh' oibríocht ina líonann úsáideoir deiridh a choimeádán féin, a chomhlíonann an fheidhm phacáistíochta, le táirge nó roinnt táirgí a ***thairgeann an dáileoir*** deiridh ***i gcomhthéacs idirbheart tráchtála***; | (28) ciallaíonn 'athlíonadh' oibríocht ina líonann úsáideoir deiridh a choimeádán féin ***nó coimeádán arna chur ar fáil ag an bpointe díolacháin ag an dáileoir deiridh, ar coimeádán é*** a chomhlíonann an fheidhm phacáistíochta, le táirge nó roinnt táirgí a ***ceannaíodh trí dháileoir*** deiridh; |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) ciallaíonn 'dearadh le haghaidh athchúrsála' dearadh pacáistíochta, lena n-áirítear comhpháirteanna aonair pacáistíochta, chun a áirithiú gur féidir í a athchúrsáil i gcomhar le próisis bailiúcháin, sórtála agus athchúrsála úrscothacha; | (31) ciallaíonn 'dearadh le haghaidh athchúrsála' dearadh pacáistíochta, lena n-áirítear comhpháirteanna aonair pacáistíochta, chun a áirithiú gur féidir í a athchúrsáil i gcomhar le próisis bailiúcháin, sórtála agus athchúrsála úrscothacha***, ina dtugtar tús áite do phróisis athchúrsála mheicniúla***; |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 31 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(31a) ciallaíonn 'in-athchúrsáilteacht' measúnú ar a chomhoiriúnaí atá an phacáistíocht do bhainistiú dramhaíola agus dá próiseáil trí dhearadh, bunaithe ar bhailiú ar leithligh, sórtáil i sruthanna ar leithligh, athchúrsáil ar scála, agus ábhair athchúrsáilte a úsáid in ionad amhábhar príomhúil i bpacáistíocht nua;*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) ciallaíonn 'athchúrsáilte ar scála' ***go ndéantar an bailiú, an tsórtáil agus an athchúrsáil le bonneagar suiteáilte úrscothach agus*** trí phróisis ***úrscothacha, faoina gcumhdaítear 75 % ar a laghad de dhaonra an Aontais,*** lena n-áirítear dramhaíl ó phacáistíocht a onnmhairítear ón Aontas agus a chomhlíonann ceanglais Airteagal 47(5); | (32) ciallaíonn 'athchúrsáilte ar scála' ***acmhainneacht leordhóthanach a bheith ann chun an dramhphacáistíocht a bhailítear a threorú i dtreo sruthanna dramhaíola sainithe agus aitheanta*** trí phróisis ***thionsclaíocha sheanbhunaithe lena hathphróiseáil i gcórais iarbhír a cruthaíodh sa timpeallacht oibríochtúil,*** lena n-áirítear dramhaíl ó phacáistíocht a onnmhairítear ón Aontas agus a chomhlíonann ceanglais Airteagal 47(5); |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 32 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(32a) ciallaíonn 'athchúrsáil ardcháilíochta' aon oibríocht aisghabhála, mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (17), de Threoir*** |

***2008/98/CE, lena n-áirithítear go ndéantar cáilíocht ar leith na dramhaíola a bailíodh a chaomhnú nó a aisghabháil le linn na hoibríochta aisghabhála sin, ionas gur féidir í a athchúrsáil agus a úsáid ina dhiaidh sin ar an mbealach céanna nó in úsáid ghaolmhar, gan ach méid an-bheag cainníochta, cáilíochta nó feidhme a chailleadh;***

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) ciallaíonn 'comhpháirt chomhtháite' comhpháirt phacáistíochta a d'fhéadfadh a bheith difriúil le cuid phríomha an aonaid pacáistíochta, agus a bhféadfadh ábhar difriúil a bheith inti, ach gur cuid ríthábhachtach den aonad pacáistíochta agus dá fheidhm í agus nach gá a scaradh ón bpríomhphacáistíocht ***chun an táirge a thomhailt*** agus a dhiúscraítear an tráth céanna leis an aonad pacáistíochta de ghnáth, ach nach gá gur ar an gconair diúscartha chéanna a dhéanfaí sin | (34) ciallaíonn 'comhpháirt chomhtháite' comhpháirt phacáistíochta a d'fhéadfadh a bheith difriúil le cuid phríomha an aonaid pacáistíochta, agus a bhféadfadh ábhar difriúil a bheith inti, ach gur cuid ríthábhachtach den aonad pacáistíochta agus dá fheidhm í agus nach gá a scaradh ón bpríomhphacáistíocht agus a dhiúscraítear an tráth céanna leis an aonad pacáistíochta de ghnáth, ach nach gá gur ar an gconair diúscartha chéanna a dhéanfaí sin; |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) ciallaíonn 'comhpháirt ar leithligh' comhpháirt pacáistíochta atá difriúil le cuid phríomha an aonaid pacáistíochta, a bhféadfadh ábhar difriúil a bheith ann, comhpháirt nach mór í a bhaint ina hiomláine agus ar bhonn buan den phríomh-aonad pacáistíochta ***chun rochtain a fháil ar an táirge***, agus comhpháirt a dhiúscraítear roimh an aonad | (35) ciallaíonn 'comhpháirt ar leithligh' comhpháirt pacáistíochta atá difriúil le cuid phríomha an aonaid pacáistíochta, a bhféadfadh ábhar difriúil a bheith ann, comhpháirt nach mór í a bhaint ina hiomláine agus ar bhonn buan den phríomh-aonad pacáistíochta, agus comhpháirt a dhiúscraítear roimh an aonad pacáistíochta agus ar bhealach ar leithligh |

| | |
|---|---|
| pacáistíochta agus ar bhealach ar leithligh de ghnáth; | de ghnáth; |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) ciallaíonn 'pacáistíocht nuálach' cineál pacáistíochta a mhonaraítear le hábhair, próisis deartha nó próisis táirgthe nua, as a dtagann feabhas suntasach ar na feidhmeanna pacáistíochta, amhail coimeád, cosaint, láimhseáil, seachadadh ***nó cur i láthair*** táirgí, agus sochair chomhshaoil inléirithe, cé is moite de phacáistíocht a thagann as pacáistíocht atá ann cheana a mhodhnú chun cur i láthair na dtáirgí agus an margú a fheabhsú ***agus chun na críche sin amháin***; | (37) ciallaíonn 'pacáistíocht nuálach' cineál pacáistíochta a mhonaraítear le hábhair, próisis deartha nó próisis táirgthe nua ***agus nuálacha***, as a dtagann feabhas suntasach ar na feidhmeanna pacáistíochta, amhail coimeád, cosaint, láimhseáil, seachadadh táirgú, agus sochair chomhshaoil inléirithe ***i gcoitinne***, cé is moite den phacáistíocht a thagann as pacáistíocht atá ann cheana a mhodhnú chun cur i láthair na dtáirgí agus an margú a fheabhsú ***go príomha***; |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) ciallaíonn 'amhábhair thánaisteacha' ábhair a fuarthas trí phróisis athchúrsála agus ar féidir a úsáid in ionad bun-amhábhar; | (38) ciallaíonn 'amhábhair thánaisteacha' ábhair a fuarthas trí phróisis athchúrsála ***agus a ndearnadh an tseiceáil agus an tsórtáil riachtanach uile orthu*** agus ar féidir a úsáid in ionad amhábhair phríomhúla; |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) ciallaíonn 'pacáistíocht atá íogair ó | (40) ciallaíonn 'pacáistíocht atá íogair ó |

| | |
|---|---|
| thaobh teagmhála de' pacáistíocht a bhfuil sé beartaithe í a úsáid in aon fheidhmeanna pacáistíochta faoi raon feidhme na Rialachán a leanas: (CE) Uimh. 1831/2003, (CE) Uimh. 1935/2004,(CE) Uimh. 767/2009, (CE) Uimh. 2009/1223, (AE) 2017/745, (AE) 2017/746, (AE) 2019/4, (AE) 2019/6, Treoir 2001/83/CE, nó Treoir 2008/68/CE; | thaobh teagmhála de' pacáistíocht a bhfuil sé beartaithe í a úsáid in aon fheidhmeanna pacáistíochta faoi raon feidhme na Rialachán a leanas: (CE) Uimh. 1831/2003, (CE) Uimh. 1935/2004,(CE) Uimh. 767/2009, (CE) Uimh. 2009/1223, (AE) 2017/745, (AE) 2017/746, (AE) 2019/4, (AE) 2019/6, Treoir 2001/83/CE, ***Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a],*** nó Treoir 2008/68/CE;<br>__________________<br>***[1a] Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51).*** |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) ciallaíonn 'pacáistíocht inmhúirínithe' pacáistíocht ar féidir dianscaoileadh fisiceach, ceimiceach, teirmeach nó bitheolaíoch a dhéanamh uirthi ionas go ndianscaoiltear an chuid is mó den mhúirín críochnaithe sa deireadh ina dhé-ocsaíd charbóin, ina shalainn mhianracha, ina bhithmhais agus ina uisce, de réir Airteagal ***47(4)***, agus nach gcuireann bac ar an mbailiú ar leithligh agus ar an bpróiseas múirínithe nó ar an ngníomhaíocht mhúirínithe ina gcuirtear é faoi choinníollacha a rialaítear go tionsclaíoch; | (41) ciallaíonn 'pacáistíocht inmhúirínithe' pacáistíocht ar féidir dianscaoileadh fisiceach, ceimiceach, teirmeach nó bitheolaíoch a dhéanamh uirthi ionas go ndianscaoiltear an chuid is mó den mhúirín críochnaithe sa deireadh ina dhé-ocsaíd charbóin, ina shalainn mhianracha, ina bhithmhais agus ina uisce de réir Airteagal ***47(8)***, agus nach gcuireann bac ar an mbailiú ar leithligh nó ar an bpróiseas múirínithe ***nó díleá anaeróbach*** nó gníomhaíocht mhúirínithe ***nó díleá anaeróbach*** ina gcuirtear é faoi choinníollacha a rialaítear go tionsclaíoch***, i gcomhréir leis na caighdeáin is infheidhme a leagtar síos sna caighdeáin chomhchuibhithe Eorpacha EN 13432***. |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 41 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41b) ciallaíonn 'pacáistíocht inmhúirínithe sa bhaile' pacáistíocht atá in ann bithdhígrádú freisin faoi dhálaí neamhrialaithe i gcomparáid le saoráidí múirínithe ar scála tionsclaíoch agus gur daoine aonair príobháideacha a dhéanann í a mhúiríniú d'fhonn múirín a tháirgeadh dá n-úsáid féin.*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 41 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(41a) ciallaíonn 'plaisteach bithbhunaithe' plaisteach arb as bithmhais a dhéantar na hamhábhair atá ann[1a];*** |
| | ***[1a] Teachtaireacht le haghaidh creat beartais AE maidir le plaistigh bhithbhunaithe, inmhúirínithe agus in-bhithdhíghrádaithe, COM(2022), 682 final, 30/11/2022.*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 50**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (50) ciallaíonn 'éarlais' suim ***sheasta*** airgid, nach bhfuil mar chuid de phraghas an táirgthe phacáistithe nó líonta a bhailítear ón úsáideoir deiridh nuair a cheannaítear táirge pacáistithe nó líonta den sórt sin, a chumhdaítear faoi chóras | (50) ciallaíonn 'éarlais' suim ***shainithe*** airgid, nach bhfuil mar chuid de phraghas an táirgthe phacáistithe nó líonta a bhailítear ón úsáideoir deiridh nuair a cheannaítear an táirge pacáistithe nó líonta sin, a chumhdaítear faoi chóras éarlaise |

| | |
|---|---|
| éarlaise agus aisíoca i mBallstát faoi leith agus atá infhuascailte nuair a thugann an t-úsáideoir deiridh an phacáistíocht, lena ngabhann an éarlais, ar ais chuig pointe bailiúcháin a bhunaítear chun na críche sin; | agus aisíoca i mBallstát faoi leith agus atá infhuascailte nuair a thugann an t-úsáideoir deiridh***, nó aon duine eile,*** an phacáistíocht, lena ngabhann an éarlais, ar ais chuig pointe bailiúcháin a bhunaítear chun na críche sin; |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 51**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (51) ciallaíonn 'córas éarlaise agus aisíoca' córais, ina ngearrtar éarlais ar an úsáideoir deiridh nuair a cheannaítear táirge pacáistithe nó líonta a chumhdaítear faoin gcóras sin, éarlais a aisíoctar leis an úsáideoir deiridh nuair a thugtar an phacáistíocht, lena ngabhann an éarlais, ar ais chuig pointe bailiúcháin a bhunaítear chun na críche sin; | (51) ciallaíonn 'córas éarlaise agus aisíoca' córas, ina ngearrtar éarlais ar an úsáideoir deiridh nuair a cheannaítear táirge pacáistithe nó líonta a chumhdaítear faoin gcóras sin, éarlais a aisíoctar leis an úsáideoir deiridh nuair a thugtar an phacáistíocht, lena ngabhann an éarlais, ar ais chuig pointe bailiúcháin a bhunaítear chun na críche sin ***nó nuair a thaisctear i gceart í sa chineál gabhdán dramhaíola a chuirtear ar fáil chun na críche sin, sa bhaile nó i spásanna poiblí***; |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 57**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (57) ciallaíonn 'pacáistíocht lena mbaineann riosca' pacáistíocht a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don chomhshaol nó do leasanna poiblí eile a chosnaítear le ceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo nó de bhun an Rialacháin seo, seachas na cinn sin a liostaítear in Airteagal 56(1), mura gcomhlíonann sí an ceanglas sin; | (57) ciallaíonn 'pacáistíocht lena mbaineann riosca' pacáistíocht a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don chomhshaol***, don tsláinte,*** nó do leasanna poiblí eile a chosnaítear le ceanglas a leagtar amach sa Rialachán seo nó de bhun an Rialacháin seo, seachas na cinn sin a liostaítear in Airteagal 56(1), mura gcomhlíonann sí an ceanglas sin; |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. Anuas ar na ceanglais maidir le lipéadú a leagtar síos in Airteagal 11, féadfaidh Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le ceanglais eile maidir le lipéadú, chun an scéim freagrachta leathnaithe táirgeora nó córas éarlaise agus aisíoca atá difriúil leis na cinn siúd dá dtagraítear in Airteagal 44(1) a shainaithint.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfar pacáistíocht a mhonarú ar bhealach ionas go ndéanfar láithreacht agus tiúchan substaintí, ar ábhar imní iad, mar chomhábhair den ábhar pacáistíochta nó d’aon cheann de na comhpháirteanna pacáistíochta a íoslaghdú, lena n-áirítear i ndáil lena láithreacht in astaíochtaí agus aon toradh ar bhainistiú dramhaíola, amhail amhábhair thánaisteacha, luaith nó ábhar eile don diúscairt deiridh. | 1. Déanfar pacáistíocht a mhonarú ar bhealach ionas go ndéanfar láithreacht agus tiúchan substaintí, ar ábhar imní iad, mar chomhábhair den ábhar pacáistíochta nó d’aon cheann de na comhpháirteanna pacáistíochta a íoslaghdú, lena n-áirítear i ndáil lena láithreacht in astaíochtaí agus aon toradh ar bhainistiú dramhaíola, amhail amhábhair thánaisteacha, luaith nó ábhar eile don diúscairt deiridh***, agus an tionchar díobhálach ar an gcomhshaol de bharr micreaphlaisteach***. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Maidir le pacáistíocht teagmhála bia ina bhfuil substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFASanna) a cuireadh léi d’aon ghnó, ní chuirfear ar*** |

| | |
|---|---|
| | ***an margadh í ón ... [OP: Cuir isteach, le do thoil, an dáta = 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Maidir le pacáistíocht teagmhála bia ina bhfuil bisfeanól A (BPA, CAS 80-05-7) a cuireadh léi d'aon ghnó, ní chuirfear ar an margadh í ón ... [OP: Cuir isteach, le do thoil, an dáta = 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Léireofar comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i ***mír 2*** sa doiciméadacht theicniúil a tharraingeofar suas i gcomhréir le hIarscríbhinn VII. | 3. Léireofar comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i ***míreanna 1, 2, 2a agus 3*** sa doiciméadacht theicniúil a tharraingeofar suas i gcomhréir le hIarscríbhinn VII. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Maidir le ceanglais in-athchúrsáilteachta a bhunaítear i ngníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 6(5), ní chuirfidh siad*** srian ar shubstaintí a bheith i láthair i bpacáistíocht ná i gcomhpháirteanna | 4. ***Gan dochar do mhíreanna 2a agus 2b, ní chuirfidh ceanglais in-athchúrsáilteachta arna mbunú i ngníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun Airteagal 6(5)*** srian ar shubstaintí a bheith i bpacáistíocht nó i |

pacáistíochta ar chúiseanna a bhaineann le sábháilteacht cheimiceach ***go príomha***. Tabharfar aghaidh leo***, de réir mar is iomchuí,*** ar shubstaintí, ar údar imní iad, a ***dhéanann difear*** diúltach d'athúsáid agus d'athchúrsáil ábhar sa phacáistíocht ina bhfuil siad, agus sainaithneofar leo***, de réir mar is iomchuí,*** na substaintí sonracha lena mbaineann agus na critéir agus na srianta a ***ghabhann*** leo.

gcomhpháirteanna pacáistíochta ar chúiseanna a bhaineann ***go príomha*** le sábháilteacht cheimiceach***, mura bhfuil riosca do-ghlactha ann do shláinte an duine nó don chomhshaol a eascraíonn as úsáid substainte sa phacáistíocht nó le linn aon chéim dá saolré***. Tabharfar aghaidh leo ***freisin*** ar shubstaintí ar údar imní iad a ***bhfuil tionchar*** diúltach ***acu ar athúsáid, sórtáil agus athchúrsáil*** ábhar sa phacáistíocht ina bhfuil siad, agus sainaithneofar leo na substaintí sonracha lena mbaineann agus na critéir agus na srianta a ***bhaineann*** leo.

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh an phacáistíocht uile in-athchúrsáilte. | Beidh an phacáistíocht uile ***a chuirfear ar an margadh*** in-athchúrsáilte ***i gcomhréir le mír 2***. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) deartar í lena hathchúrsáil; | (a) deartar í lena hathchúrsáil***, mar a leagtar amach sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun mhír 4***; |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) ***féadtar í a athchúrsáil*** ar scála. | (e) ***beidh sí in-athchúrsáilte*** ar scála ***de réir na modheolaíochta a bunaíodh sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ag an gCoimisiún de bhun mhír 6***. |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm ag ***pointe (a) ón 1 Eanáir 2030*** agus beidh feidhm ag pointe (e) ***ón 1 Eanáir 2035***. | Beidh feidhm ag ***pointí (a) go (d) ó 36 mhí tar éis dháta foilsithe na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 4*** agus beidh feidhm ag pointe (e) ***ó 36 mhí tar éis dháta foilsithe na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 6***. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Ón 1 Eanáir 2030, comhlíonfaidh*** pacáistíocht in-athchúrsáilte na critéir don 'dearadh le haghaidh athchúrsála' mar a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun mhír 4 agus, ***ón 1 Eanáir 2035,*** comhlíonfaidh sí na ceanglais maidir le hin-athchúrsáilteacht ar scála a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun mhír 6. I gcás ina gcomhlíonann pacáistíocht den sórt sin na gníomhartha tarmligthe sin, measfar go gcomhlíonann sí mír 2, pointí (a) agus (e). | 3. ***Maidir le*** pacáistíocht in-athchúrsáilte***:*** |
| | ***(a)*** ***comhlíonfaidh sí*** na critéir don 'dearadh le haghaidh athchúrsála' mar a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun mhír 4 agus, ***tráth nach*** |

***déanaí ná 36 mhí tar éis dháta foislithe na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 4; agus***

***(b)*** comhlíonfaidh sí na ceanglais maidir le hin-athchúrsáilteacht ar scála a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun mhír 6 ***tráth nach déanaí ná 36 mhí tar éis dháta foilsithe na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 6, de bhreis ar phointe (a) den mhír seo***.

I gcás ina gcomhlíonann pacáistíocht den sórt sin na gníomhartha tarmligthe sin, measfar go gcomhlíonann sí mír 2, pointí (a) agus (e).

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Suífear an méid a leanas leis na critéir agus na ceanglais dá dtagraítear i mír 3:*** |
| | ***(a) an tslí chun toradh an mheasúnaithe in-athchúrsáilteachta a léiriú i ngráid feidhmíochta in-athchúrsáilteachta ó A go E, mar a leagtar amach i dTábla 3 d'Iarscríbhinn II, bunaithe ar chéatadán an aonaid pacáistíochta, ó thaobh meáchain de, atá in-athchúrsáilte de réir mhír 1;*** |
| | ***(b) critéir mhionsonraithe don 'dearadh le haghaidh athchúrsála' lena n-áirítear ceanglais shonracha le haghaidh athchúrsáil ardcháilíochta, i gcás inarb iomchuí, i gcás gach ábhair agus catagóire pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II;*** |
| | ***(c) tuairisc ar na coinníollacha comhlíontachta i ndáil leis na gráid feidhmíochta faoi seach i gcás gach*** |

***catagóire pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II;***

***(d) modhnú na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag táirgeoirí chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a chomhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 40, bunaithe ar ghrád feidhmíochta na pacáistíochta;***

***(e) an bealach chun measúnú a dhéanamh ar an in-athchúrsáilteacht ar scála i gcás gach catagóire pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II chun na gráid nuashonraithe feidhmíochta in-athchúrsáilteachta a bhunú.***

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún*** gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun critéir a bhunú don 'dearadh le haghaidh athchúrsála' agus do ghráid feidhmíochta athchúrsála, bunaithe ar na critéir agus na paraiméadair a liostaítear i ***dTábla*** 2 d'Iarscríbhinn II maidir le catagóirí pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 den Iarscríbhinn sin***, chomh maith le*** rialacha maidir le modhnú na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag táirgeoirí chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora, a leagtar amach in Airteagal 40(1), a chomhlíonadh, bunaithe ar an ngrád maidir le feidhmíocht athchúrsála na pacáistíochta, agus i gcás ***pacáistíocht phlaisteach,*** an céatadán de chion athchúrsáilte. ***Breithneofar faoi na critéir don 'dearadh le haghaidh athchúrsála' próisis bhailitúcháin, sórtála agus athchúrsála úrscothacha agus cumhdófar na comhpháirteanna*** | ***Faoin 1 Eanáir 2027, déanfaidh an Coimisiún tar éis dó dul i gcomhairle leis an bhFóram um Pacáistíocht a bunaíodh faoi Airteagal 12a agus ag cur san áireamh caighdeáin arna bhforbairt ag Eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú,*** gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun ***an méid a leanas a dhéanamh:*** |

***pacáistíochta uile leo.***

***(a)*** critéir a bhunú don 'dearadh le haghaidh athchúrsála' agus do ghráid feidhmíochta athchúrsála, bunaithe ar na critéir agus na paraiméadair a liostaítear i ***dTáblaí 2 agus 2a*** d'Iarscríbhinn II maidir le catagóirí pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 den Iarscríbhinn sin***; breithneofar faoi na critéir don 'dearadh le haghaidh athchúrsála' próisis bhailiúcháin, sórtála agus athchúrsála úrscothacha agus cumhdófar na comhpháirteanna pacáistíochta uile leo;***

***(b)*** rialacha ***a bhunú*** maidir le modhnú na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag táirgeoirí chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora, a leagtar amach in Airteagal 40(1), a chomhlíonadh, bunaithe ar an ngrád maidir le feidhmíocht athchúrsála na pacáistíochta, agus i gcás ***inarb iomchuí,*** an céatadán de chion athchúrsáilte.

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun Tábla 1 ***den Iarscríbhinn*** a leasú chun é a chur in oiriúint don fhorbairt eolaíoch agus theicniúil ar dhearadh ábhair agus táirgí, agus ar an mbonneagar bailiúcháin, sórtála agus athchúrsála. | Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun Tábla 1 ***d'Iarscríbhinn II*** a leasú chun é a chur in oiriúint don fhorbairt eolaíoch agus theicniúil ar dhearadh ábhair agus táirgí, agus ar an mbonneagar bailiúcháin, sórtála agus athchúrsála. |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ón 1 Eanáir 2030***, ní mheasfar pacáistíocht a bheith in-athchúrsáilte sa chás go gcomhfhreagraíonn sí do ghrád feidhmíochta E faoi na critéir don 'dearadh le haghaidh athchúrsála' a bunaíodh sa ghníomh tarmligthe a glacadh de bhun mhír 4 don chatagóir pacáistíochta lena mbaineann an phacáistíocht. | ***Ó 36 mhí tar éis dháta foilsithe na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 4***, ní mheasfar pacáistíocht a bheith in-athchúrsáilte sa chás go gcomhfhreagraíonn sí do ghrád feidhmíochta E faoi na critéir don 'dearadh le haghaidh athchúrsála' a bunaíodh sa ghníomh tarmligthe a glacadh de bhun mhír 4 don chatagóir pacáistíochta lena mbaineann an phacáistíocht. |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 5 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ó 96 mhí tar éis dháta foilsithe na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 4, ní mheasfar pacáistíocht a bheith in-athchúrsáilte sa chás go gcomhfhreagraíonn sí do ghrád feidhmíochta D faoi na critéir don 'dearadh le haghaidh athchúrsála' a bunaíodh sa ghníomh tarmligthe a glacadh de bhun mhír 4 don chatagóir pacáistíochta lena mbaineann an phacáistíocht.*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 5 – fomhír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ó 36 mhí tar éis dháta foilsithe na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 6, ní mheasfar pacáistíocht a bheith in-athchúrsáilte mura gcomhlíonann sí na ceanglais inchúrsáilteachta ar scála a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a*** |

| | |
|---|---|
| | ***glacadh de bhun mhír 6.*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Beidh na critéir sin bunaithe ar na paraiméadair mar a liostaítear iad i dTábla 2 d'Iarscríbhinn II ar a laghad.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Maidir le gach cineál pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II, bunóidh an Coimisiún an mhodheolaíocht ***chun measúnú a dhéanamh*** féachaint ar féidir an phacáistíocht a athchúrsáil ar scála. Beidh an measúnú sin bunaithe ar na heilimintí seo a leanas ar a laghad: | 6. ***Trath nach déanaí ná 60 mí tar éis dháta foilsithe na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 4 glacfaidh*** an Coimisiún ***gníomhartha tarmligthei i gcomhréir le hAirteagal 58 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh, maidir le gach cineál pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II, chun*** an mhodheolaíocht ***a bhunú*** féachaint ar féidir an phacáistíocht a athchúrsáil ar scála. Beidh an measúnú sin bunaithe ar na heilimintí seo a leanas ar a laghad: |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 6 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) méideanna dramhphacáistíochta a bhailítear ar leithligh, in aghaidh an ábhair pacáistíochta arna liostú i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II, san Aontas ina iomláine agus i ngach Ballstát; | (b) méideanna dramhphacáistíochta a bhailítear ar leithligh, in aghaidh an ábhair pacáistíochta arna liostú i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II, san Aontas ina iomláine agus i ngach Ballstát***, agus oibleagáidí na*** |

***mBallstát faoi Airteagal 43 den Rialachán seo á gcur san áireamh***;

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 6 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) acmhainneachtaí bonneagair atá suiteáilte le haghaidh sórtáil agus athchúrsáil san Aontas ina iomláine i gcás gach cineál pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II. | (d) acmhainneachtaí bonneagair atá suiteáilte le haghaidh sórtáil agus athchúrsáil san Aontas ina iomláine i gcás gach cineál pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II***, agus oibleagáidí na mBallstát faoi Airteagal 43 den Rialachán seo á gcur san áireamh***. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 6 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) ar fáil agus beidh rochtain éasca ag an bpobal orthu.*** |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***7. Suífear an méid a leanas leis na critéir agus na ceanglais dá dtagraítear i mír 3:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) an bealach chun toradh an mheasúnaithe in-athchúrsáilteachta a léiriú i ngráid feidhmíochta in-athchúrsáilteachta ó A go E, mar a thuairiscítear i dTábla 3 d'Iarscríbhinn II, bunaithe ar chéatadán*** | |

***an aonaid pacáistíochta, ó thaobh meáchain de, atá in-athchúrsáilte de réir mhír 1;***

***(b) critéir mhionsonraithe don 'dearadh le haghaidh athchúrsála' le haghaidh gach ábhair agus catagóire pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II;***

***(c) tuairisc ar na coinníollacha comhlíontachta i ndáil leis na gráid feidhmíochta faoi seach i gcás gach catagóire pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II;***

***(d) modhnú na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag táirgeoirí chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a chomhlíonadh dá dtagraítear in Airteagal 40, bunaithe ar ghrád feidhmíochta na pacáistíochta;***

***(e) an bealach chun measúnú a dhéanamh ar in-athchúrsáilteacht ar scála i gcás gach catagóire pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II chun na gráid nuashonraithe feidhmíochta in-athchúrsáilteachta a bhunú, ó 2035 amach.***

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. I gcás inar cruthaíodh é a bheith tairbhiúil don chomhshaol agus indéanta go teicniúil, féadfaidh Ballstáit, go háirithe trí dhearadh scéimeanna a bunaíodh i gcomhlíonadh Airteagal 44, tosaíocht a thabhairt d'athchúrsáil pacáistíochta chun gur féidir í a athchúrsáil agus a úsáid ina dhiaidh sin ar an mbealach céanna nó in úsáid ghaolmhar, gan ach méid an-bheag cainníochta, cáilíochta nó feidhme a chailleadh, trínar féidir le táirgeoirí atá*** |

| | |
|---|---|
| | ***faoi oibleagáid spriocanna a chomhlíonadh maidir le cion athchúrsáilte tairbhiú de rochtain chóir ar an ábhar a díorthaíodh ón bpacáistíocht athchúrsáilte.*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 8 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Léireofar comhlíonadh na gceanglas, a leagtar amach i míreanna 2 agus 3, sa doiciméadacht theicniúil a bhaineann leis an bpacáistíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII. | Léireofar comhlíonadh na gceanglas, a leagtar amach i míreanna 2 agus 3, sa doiciméadacht theicniúil a bhaineann leis an bpacáistíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII ***agus cuirfear na gnéithe seo a leanas san áireamh***: |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 8 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina bhfuil comhpháirteanna comhtháite in aonad pacáistíochta, áireofar na comhpháirteanna comhtháite uile sa mheasúnú ar chomhlíonadh na gcritéar maidir le 'dearadh le haghaidh athchúrsála' agus le comhlíonadh na gceanglas maidir le hin-athchúrsáilteacht ar scála. | ***(a)*** i gcás ina bhfuil comhpháirteanna comhtháite in aonad pacáistíochta, áireofar na comhpháirteanna comhtháite uile sa mheasúnú ar chomhlíonadh na gcritéar maidir le 'dearadh le haghaidh athchúrsála' agus le comhlíonadh na gceanglas maidir le hin-athchúrsáilteacht ar scála. |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 8 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina bhfuil comhpháirteanna ar leithligh in aonad pacáistíochta, déanfar an measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas | ***(b)*** i gcás ina bhfuil comhpháirteanna ar leithligh in aonad pacáistíochta, déanfar an measúnú ar chomhlíonadh na gceanglas |

| | |
|---|---|
| ‘dearadh le haghaidh athchúrsála’ agus comhlíonadh na gceanglas maidir le hin-athchúrsáilteacht ar scála ar leithligh i gcás gach comhpháirt ar leithligh. | ‘dearadh le haghaidh athchúrsála’ agus comhlíonadh na gceanglas maidir le hin-athchúrsáilteacht ar scála ar leithligh i gcás gach comhpháirt ar leithligh; ***i gcás inar féidir comhpháirt den aonad pacáistíochta a scaradh go furasta de láimh agus ina bhfuil treoracha soiléire ann don tomhaltóir, is cumasc de na measúnuithe le haghaidh gach comhphairt ar leith a bheidh san in-athchúrsáilteacht i gcoitinne;*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 8 – fomhír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh comhpháirteanna uile aonaid pacáistíochta comhoiriúnach leis na próisis bhailiúcháin, sórtála agus athchúrsála úrscothacha agus ní chuirfidh siad bac ar in-athchúrsáilteacht phríomhchuid an aonaid pacáistíochta. | ***(c)*** beidh comhpháirteanna uile aonaid pacáistíochta comhoiriúnach leis na próisis bhailiúcháin, sórtála agus athchúrsála úrscothacha agus ní chuirfidh siad bac ar in-athchúrsáilteacht phríomhchuid an aonaid pacáistíochta. |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 9 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ón 1 Eanáir 2030***, agus de mhaolú ar ***mhíreanna 2 agus 3,*** féadfar pacáistíocht nuálach a chur ar an margadh ar feadh uastréimhse 5 bliana tar éis dheireadh na bliana féilire ina gcuirfear ar an margadh í. | ***Ó 36 mhí tar éis dháta foilsithe na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i mír 4***, agus de mhaolú ar ***na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo,*** féadfar pacáistíocht nuálach a chur ar an margadh ar feadh uastréimhse 5 bliana tar éis dheireadh na bliana féilire ina gcuirfear ar an margadh í. |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 9 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar thionchar an mhaolaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar mhéid na pacáistíochta a chuirtear ar an margadh. Glacfaidh an Coimisiún togra reachtach, i gcás inarb iomchuí, d'fhonn an chéad fhomhír a leasú.*** |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 9 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***I gcás ina mbaintear úsáid as an maolú sin,*** beidh doiciméadacht theicniúil, dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII, ag gabháil le pacáistíocht nuálach lena léireofar a nuálaí atá sí agus go gcomhlíonann sí an sainmhíniú in Airteagal 3***(34)*** den Rialachán seo. | Beidh doiciméadacht theicniúil, dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII, ag gabháil le pacáistíocht nuálach lena léireofar a nuálaí atá sí***, an sochar comhshaoil i gcoitinne a bhaineann léi*** agus go gcomhlíonann sí an sainmhíniú in Airteagal 3***(37)*** den Rialachán seo. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 9 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tar éis na tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear i mír 8 ag gabháil le pacáistíocht den sórt sin. | Tar éis na tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear i mír 8 ag gabháil le pacáistíocht den sórt sin ***agus beidh na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo á gcomhlíonadh aici dá réir sin***. |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 10 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis an méid seo a leanas roimh an 31 Nollaig 2034: | 10. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis an méid seo a leanas ***go ceann 72 mhí tar éis dháta foilsithe an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 6***: |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 10 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) pacáistíocht ***phlaisteach*** atá íogair ó thaobh teagmhála de ar fheistí leighis a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2017/745; | (b) pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de ar fheistí leighis a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2017/745; |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 10 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) pacáistíocht ***phlaisteach*** atá íogair ó thaobh teagmhála de ar fheistí leighis diagnóisice *in vitro* a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2017/746. | (c) pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de ar fheistí leighis diagnóisice *in vitro* a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2017/746. |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 10 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de le haghaidh bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle*** |

| | |
|---|---|
| | ***leantach, bia gránachbhunaithe próiseáilte agus bia do naíonáin, agus bia chun críoch speisialta míochaine mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013.*** |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10a. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá le síneadh a chur leis an maolú arna bhunú faoi mhír 10. Cuirfear san áireamh sa mheasúnú sin na treoirlínte eolaíocha a bheidh ar fáil ó na húdaráis rialála ábhartha, staid an dul chun cinn eolaíoch agus theicniúil, agus infhaighteacht agus praghsanna ábhar athchúrsáilte. Ar an mbonn sin agus tar éis dó dul i gcomhairle le geallsealbhóirí ábhartha, déanfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh, más iomchuí.*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag táirgeoirí chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora dá dtagraítear in Airteagal 40 a chomhlíonadh, déanfar iad a mhodhnú ar bhonn an ghráid feidhmíochta in-athchúrsáilteachta, arna chinneadh i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i míreanna 4 agus 6 den Airteagal seo agus, a mhéid a bhaineann le pacáistíocht phlaisteach, i gcomhréir le hAirteagal 7(6) freisin. | 11. Na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag táirgeoirí chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora dá dtagraítear in Airteagal 40 a chomhlíonadh, déanfar iad a mhodhnú ar bhonn an ghráid feidhmíochta in-athchúrsáilteachta, arna chinneadh i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i míreanna 4 agus 6 den Airteagal seo agus, a mhéid a bhaineann le pacáistíocht phlaisteach, i gcomhréir le hAirteagal 7(6) freisin. ***Cuirfear*** |

***ranníocaíochtaí airgeadais i leataobh i gcomhréir le hAirteagal 8a de Threoir 2008/98/CE chun maoiniú a dhéanamh ar ghlanchostas bhonneagair bailithe agus sórtála an chineál pacáistíochta ar a n-íoctar é, de réir na gcatagóirí a leagtar síos in Iarscríbhinn II, Tábla 1.***

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 6a*** |
| | ***Pacáistíocht thámh*** |
| | ***Faoin 1 Eanáir 2029, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 21a chun an Rialachán seo a fhorlíonadh más gá chun déileáil le haon deacrachtaí a thagann chun cinn le linn forálacha an Rialacháin seo a chur i bhfeidhm, go háirithe, maidir le hábhair thámha pacáistíochta a gcuirtear cainníochtaí an-bheag díobh (i.e. thart ar 0,1 % de réir meáchain) ar an margadh san Aontas.*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ón 1 Eanáir 2030, beidh an céatadán íosta d’ábhar athchúrsáilte a leanas, arna aisghabháil ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais, sa chuid phlaisteach de phacáistíocht, in aghaidh ***an aonaid*** pacáistíochta: | 1. Ón 1 Eanáir 2030, beidh an céatadán íosta d’ábhar athchúrsáilte a leanas, arna aisghabháil ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais, sa chuid phlaisteach de phacáistíocht ***a chuirtear ar an margadh, murar neamhchomhlíonadh ceanglas sábháilteachta bia arna leagan síos ar leibhéal an Aontais a bheadh mar thoradh air,*** in aghaidh ***na formáide*** |

| | |
|---|---|
| | pacáistíochta ***dá dtagraítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II, arna ríomh mar mheán in aghaidh na monarchan monaraíochta, in aghaidh na bliana***: |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) 30 % i gcás pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de, a dhéantar de theireataláit phoileitléine (TPE), arb í sin an mhór-chomhpháirt; | (a) 30 % i gcás pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de, ***seachas buidéil dí aon úsáide,*** a dhéantar de theireataláit phoileitléine (TPE), arb í sin an mhór-chomhpháirt; |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***10*** % i gcás pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de a dhéantar d'ábhair phlaisteacha seachas TPE, taobh amuigh de bhuidéil dí ar táirgí plaisteacha aon úsáide iad; | (b) ***7,5*** % i gcás pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de a dhéantar d'ábhair phlaisteacha seachas TPE, taobh amuigh de bhuidéil dí ar táirgí plaisteacha aon úsáide iad; |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) 35 % i gcás ***pacáistíochta*** seachas an phacáistíocht dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c). | (d) 35 % i gcás ***pacáistíocht phlaisteach*** seachas an phacáistíocht dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c). |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ón 1 Eanáir 2040, beidh an céatadán íosta d'ábhar athchúrsáilte a leanas, arna aisghabháil ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais, sa chuid phlaisteach de phacáistíocht, in aghaidh ***an aonaid*** pacáistíochta: | 2. Ón 1 Eanáir 2040, beidh an céatadán íosta d'ábhar athchúrsáilte arna aisghabháil ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais, sa chuid phlaisteach de phacáistíocht, in aghaidh ***na formáide*** pacáistíochta ***dá dtagraítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II, in aghaidh na monarchan monaraíochta, in aghaidh na bliana***: |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) 25 % i gcás pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de a dhéantar d'ábhair phlaisteacha seachas TPE.*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Beidh oibreoirí eacnamaíocha díolmhaithe ón oibleagáid na spriocanna i míreanna 1 agus 2 a bhaint amach, le linn bliain féilire, más rud é go dtagann siad faoin sainmhíniú ar mhicrifhiontar a leagtar amach i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún[1a].*** |
| | ***[1a] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch.*** |

***36).***

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) pacáistíocht phlaisteach atá íogair ó thaobh teagmhála de ar fheistí leighis a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2017/745; | (b) pacáistíocht phlaisteach atá íogair ó thaobh teagmhála de ar fheistí leighis ***nó feistí atá beartaithe go heisiach don úsáid taighde agus feistí iniúchóireachta*** a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2017/745; |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de le haghaidh bia atá beartaithe do naíonáin agus leanaí óga, bia chun críoch speisialta míochaine agus pacáistíocht le haghaidh deochanna agus bia a úsáidtear de ghnáth le haghaidh leanaí óga mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013.*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) pacáistiú solathairtí, comhpháirteanna, agus comhpháirteanna neasphacáistíochta le haghaidh monarú táirgí íocshláinte faoi Threoir 2001/83/CE agus le haghaidh táirgí íocshláinte*** |

***tréidliachta faoi Rialachán (AE) 2019/6 sa chás go bhfuil gá leis an bpacáistíocht sin chun bheith i gcomhréir le caighdeáin cháilíochta an táirge íocshláinte***

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le pacáistíocht phlaisteach inmhúirínithe. | 4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 ná 2 ***maidir leis an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a)*** pacáistíocht phlaisteach inmhúirínithe***;*** |
| | ***(b) dúigh, greamacháin, péinteanna, vearnaisí agus laicir a úsáidtear ar phacáistíocht;*** |
| | ***(c) aon pháirt phlaisteach arb ionann í agus míos lú ná 5 % de mheáchan iomlán an aonaid pacáistíochta uile.*** |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh bonneagair chuimsitheacha bailithe agus sórtála i bhfeidhm chun an athchúrsáil a éascú agus chun a áirithiú go mbeidh bunábhar athchúrsála ar fáil.*** |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Léireofar comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i míreanna 1 agus 3*** san fhaisnéis theicniúil a bhaineann leis an bpacáistíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII. | 5. ***Léireoidh na hoibreoirí eacnamaíocha*** san fhaisnéis theicniúil a bhaineann leis an bpacáistíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII ***go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 agus 3 á gcomhlíonadh***. |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Faoin 31 Nollaig 2026, ***beidh de chumhacht ag an gCoimisiún*** gníomhartha ***cur chun feidhme*** a ghlacadh ***lena mbunófar an mhodheolaíocht*** chun céatadáin an chion athchúrsáilte a aisghabhtar ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais***, in aghaidh an aonaid pacáistíochta plaistí,*** a ríomh agus a fhíorú agus formáid na doiciméadachta teicniúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII. ***Déanfar na*** gníomhartha ***cur chun feidhme*** sin ***a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3)***. | 7. Faoin 31 Nollaig 2026, ***déanfaidh an Coimisiún*** gníomhartha ***tarmligthe*** a ghlacadh ***i gcomhréir le hAirteagal 58 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an modheolaíocht a bhunú*** chun céatadán an chion athchúrsáilte a aisghabhtar ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais a ríomh agus a fhíorú agus formáid na doiciméadachta teicniúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII ***a bhunú***. ***Cuirfear san áireamh sna*** gníomhartha ***tarmligthe*** sin ***tionchar an phróisis athchúrsála ar an gcomhshaol***. |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Amhail ón 1 Eanáir 2029, le ríomh agus fíorú chéatadán an chion athchúrsáilte i bpacáistíocht faoi mhír 1 comhlíonfar na rialacha a leagtar síos sa ghníomh ***cur chun feidhme*** dá dtagraítear i mír 7. | 8. Amhail ón 1 Eanáir 2029, le ríomh agus fíorú chéatadán an chion athchúrsáilte i bpacáistíocht faoi mhír 1 comhlíonfar na rialacha a leagtar síos sa ghníomh ***tarmligthe*** dá dtagraítear i mír 7. |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 9 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin 1 Eanáir 2028, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ***ngá le maoluithe ar an íoschéatadán a leagtar síos i mír 1, pointí b agus d, le haghaidh pacáistíocht phlaisteach shonrach, nó le hathbhreithniú ar an maolú a bhunaítear faoi mhír 3 le haghaidh*** pacáistíocht phlaisteach ***shonrach***. | Faoin 1 Eanáir 2032, déanfaidh an Coimisiúnú measúnú ar an ***staid maidir le húsáid ábhar pacáistíochta athchúrsáilte i bplaistigh, ag díriú ar easpa infhaighteachta na bplaisteach athchúrsáilte nó ar na héifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine nó ar shláinte ainmhithe, slándáil an tsoláthair bia nó an chomhshaoil, i gcás nach bhfuil teicneolaíochtaí athchúrsála oiriúnacha ar fáil chun*** pacáistíocht phlaisteach ***a athchúrsáil toisc nár údaraíodh iad faoi rialacha ábhartha an Aontais nó toisc nach gcuirtear i bhfeidhm go leordhóthanach iad sa chleachtas, nó nach bhfuil siad tíosach go leor ar acmhainní nó fuinnimh***. |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 9 – fomhír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) foráil a dhéanamh maidir le maoluithe ar raon feidhme, uainiú nó leibhéal an íoschéatadáin a leagtar síos i mír ***1, pointí b agus d, le haghaidh pacáistíocht phlaisteach shonrach, agus, de réir mar is iomchuí***, | (a) foráil a dhéanamh maidir le maoluithe ar raon feidhme, uainiú nó leibhéal an íoschéatadáin a leagtar síos i mír ***2***, |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 9 – fomhír 3 – pointe a a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(aa) na spriocanna a bunaíodh i míreanna 1 agus 2 a mhodhnú,*** |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 9 – fomhír 3**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***i gcás nach bhfuil teicneolaíochtaí athchúrsála oiriúnacha ar fáil chun pacáistíocht phlaisteach a athchúrsáil toisc nár údaraíodh iad faoi rialacha ábhartha an Aontais nó toisc nach gcuirtear i bhfeidhm go leordhóthanach iad sa chleachtas.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 10**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***10. I gcás ina mbeadh bonn cirt ann de bharr easpa infhaighteachta nó praghsanna iomarcacha ar phlaistigh athchúrsáilte shonracha a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe, do shlándáil an tsoláthair bia nó don chomhshaol, rud a d'fhágfadh go mbeadh comhlíonadh na gcéatadán íosta de chion athchúrsáilte a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 fíordheacair, beidh an an chumhacht ag an gCoimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun míreanna 1 agus 2 a leasú trí bhíthin na céatadáin íosta a choigeartú dá réir. Agus meastóireacht á déanamh ar an údar le coigeartú den sórt sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar iarrataí ó*** | ***scriosta*** |

***dhaoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha, iarrataí a mbeidh faisnéis ábhartha agus sonraí maidir le staid an mhargaidh i gcás na dramhaíola plaistí iarthomhaltais sin ag gabháil leo, chomh maith leis an bhfianaise is fearr a bhfuil fáil air maidir leis na rioscaí gaolmhara do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe, do shlándáil an tsoláthair bia agus don chomhshaol.***

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***11a. Faoin 31 Nollaig 2025 foilseoidh an Coimisiún tuarascáil á mheas an bhféadfaí spriocanna a leagan síos maidir le bunábhar plaisteach bithbhunaithe a úsáid sa phacáistíocht chun na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 7(1) agus (2) a chomhlíonadh.*** |
| | ***I gcás inarb iomchuí agus bunaithe ar an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh chun an méid a leanas a dhéanamh:*** |
| | ***(a) spriocanna a leagan síos maidir le bunábhar plaisteach bithbhunaithe a úsáid sa phacáistíocht;*** |
| | ***(b) ceanglais inbhuanaitheachta a leagan síos maidir le bunábhar plaisteach bithbhunaithe a bheith incháilithe chun rannchuidiú leis na spriocanna, agus na critéir inbhuanaitheachta atá leagtha síos faoi láthair in Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 á gcur san áireamh;*** |
| | ***(c) an fhéidearthacht a thabhairt isteach chun suas le huasmhéid 50 % de na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 7(1) agus (2) a chomhlíonadh trí bhunábhar plaisteach bithbhunaithe a*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***úsáid.*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin [OP: cuir isteach an dáta = ***24*** mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], maidir le pacáistíocht dá dtagraítear in Airteagal 3(1), ***pointí (f) agus (g)***, beidh lipéid ghreamaitheacha, a chuirtear ar thorthaí agus glasraí, ***agus málaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom*** inmhúirínithe faoi choinníollacha a rialófar go tionsclaíoch i saoráidí cóireála bithdhramhaíola. | 1. Faoin [OP: cuir isteach an dáta = ***36*** mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], maidir le pacáistíocht dá dtagraítear in Airteagal 3(1), ***pointe (f)***, beidh lipéid ghreamaitheacha, a chuirtear ar thorthaí agus glasraí, inmhúirínithe ***i ndáil le caighdeáin don mhúiríniú baile nó*** faoi choinníollacha a rialófar go tionsclaíoch i saoráidí cóireála bithdhramhaíola. |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
|  | ***1a. Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 36 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh málaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom a theastaíonn ar chúiseanna sláinteachais nó a chuirtear ar fáil mar phríomhphacáistíocht le haghaidh bia scaoilte i gcás inar cabhair é sin chun cur amú bia a chosc, beidh siad inmhúirínithe i ndálaí a rialaítear go tionsclaíoch i saoráidí cóireála bithdhramhaíola, agus dá bhrí sin ceadófar iad a bhailiú i ngabhdáin bhithdhramhaíola.*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina bhfuil fáil ar scéimeanna bailithe dramhaíola agus bonneagar cóireála dramhaíola iomchuí chun a áirithiú go dtéann an phacáistíocht dá dtagraítear i mír 1 isteach i sruth bainistithe dramhaíola orgánaí, ***tá de chumhacht ag*** na Ballstáit a cheangal nach gcuirfear málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma ar fáil ar a margadh den chéad uair ach amháin más féidir a léiriú ***gur monaraíodh*** na málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma sin***, ina n-iomláine, as polaiméir phlaisteacha in-bhithdhíghrádaithe atá*** inmhúirínithe ***faoi choinníollacha a rialaítear go tionsclaíoch***. | 2. I gcás ina bhfuil fáil ar scéimeanna bailithe dramhaíola agus bonneagar cóireála dramhaíola iomchuí chun a áirithiú go dtéann an phacáistíocht dá dtagraítear i mír 1 isteach i sruth bainistithe dramhaíola orgánaí, ***féadfaidh*** na Ballstáit ***a mbeidh Airteagal 22 de Threoir 2008/98/CE curtha chun feidhme acu*** a cheangal nach gcuirfear málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma ar fáil ar a margadh den chéad uair ach amháin más féidir a léiriú ***go bhfuil*** na málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma sin inmhúirínithe. |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = ***24*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beifear in ann pacáistíocht seachas an phacáistíocht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, lena n-áirítear pacáistíocht de pholaiméir phlaisteacha in-bhithdhíghrádaithe, a athchúrsáil gan difear a dhéanamh d'in-athchúrsáilteacht sruthanna dramhaíola eile. | 3. Faoin .. [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = ***36*** mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beifear in ann pacáistíocht seachas an phacáistíocht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, lena n-áirítear pacáistíocht de pholaiméir phlaisteacha in-bhithdhíghrádaithe ***agus d'ábhair in-bhithdhíghrádaithe eile***, a athchúrsáil***, i gcomhréir le hAirteagal 6, agus*** gan difear a dhéanamh d'in-athchúrsáilteacht sruthanna dramhaíola eile. |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. De mhaolú ar Airteagal 8(3), tá de chumhacht ag na Ballstáit a cheangal maidir leis an bpacáistíocht sin atá inmhúirínithe ina gcríoch go bhféadar í a phróiseáil faoi phróiseas an tsrutha bithdramhaíola.*** |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a leasú trí bhíthin cineálacha eile pacáistíochta a chur le cineálacha pacáistíochta a chumhdaítear faoi na míreanna sin i gcás ina bhfuil bonn cirt leis sin agus nuair is iomchuí de bharr forbairtí teicniúla agus rialála a dhéanann difear do dhiúscairt pacáistíochta inmhúirínithe agus faoi na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III. | 5. ***Tar éis dóibh dul i gcomhairle le grúpaí saineolaithe,*** tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun míreanna 1***, 1a*** agus 2 den Airteagal sin a leasú trí bhíthin cineálacha eile pacáistíochta a chur le cineálacha pacáistíochta a chumhdaítear faoi na míreanna sin i gcás ina bhfuil bonn cirt leis sin agus nuair is iomchuí de bharr forbairtí teicniúla agus rialála***, lena n-áirítear maidir le lipéadú maidir le hinmhúirínitheacht,*** a dhéanann difear do dhiúscairt pacáistíochta inmhúirínithe agus faoi na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III. |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Faoin 31 Bealtaine 2025, iarrfaidh an Coimisiún ar na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú an caighdeán comhchuibhithe maidir le "Ceanglais le haghaidh pacáistíocht atá in-aisghabhála*** |

***trí mhúiríniú agus bith-dhíghrádú – scéimeanna tástála agus critéir mheastóireachta" (EN 13432) a thabhairt cothrom le dáta.***

***Faoin 31 Bealtaine 2025, freisin, iarrfaidh an Coimisiún ar na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin chomhchuibhithe a ullmhú lena leagfar síos mionsonraithe teicniúla na gceanglas san Airteagal seo maidir le pacáistíocht a bheidh inmhúirínithe sa bhaile.***

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Dearfar*** pacáistíocht ionas go laghdófar a meáchan agus a toirt chuig an meáchan agus an toirt íosta is gá chun a ***feidhmiúlacht*** a áirithiú, agus ***ábhar déanta*** na pacáistíochta á ***chur*** san áireamh. | 1. ***Faoin 1 Eanáir 2030, beidh*** pacáistíocht ***á dearadh*** ionas go laghdófar a meáchan agus a toirt chuig an meáchan agus an toirt íosta is gá chun a ***feidhmeanna, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV, cuid 1 iad,*** a áirithiú, agus ***cruth*** na pacáistíochta ***agus an t-ábhar as a bhfuil sí déanta á gcur*** san áireamh. |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Pacáistíocht nach bhfuil gá léi chun aon cheann de na critéir feidhmíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a chomhlíonadh agus pacáistíocht a bhfuil saintréithe aici nach bhfuil de chuspóir leo ach cur le toirt bhraite an táirge, lena n-áirítear ballaí dúbailte, íochtair bhréige, agus sraitheanna nach bhfuil gá leo, ní chuirfear ar an margadh iad, ach amháin | 2. Pacáistíocht nach bhfuil gá léi chun aon cheann de na critéir feidhmíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a chomhlíonadh agus pacáistíocht a bhfuil saintréithe aici nach bhfuil de chuspóir leo ach cur le toirt bhraite an táirge, lena n-áirítear ballaí dúbailte, íochtair bhréige, agus sraitheanna nach bhfuil gá leo, ní chuirfear ar an margadh iad, ach amháin |

| | |
|---|---|
| má tá dearadh na pacáistíochta faoi réir tásca geografacha tionscnaimh ***a chosnaítear*** faoi reachtaíocht an Aontais. | má tá dearadh na pacáistíochta faoi réir tásca geografacha tionscnaimh faoi reachtaíocht an Aontais ***nó faoi réir cosaint dlí faoi Rialachán (CE) Uimh. 6/2002***. |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Faoin .. [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach, le do thoil, an dáta - 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], iarrfaidh an Coimisiún ar na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, de réir mar is iomchuí, caighdeáin chomhchuibhithe a ullmhú nó a thabhairt cothrom le dáta lena leagfar síos an mhodheolaíocht chun comhlíonadh na gceanglas maidir le híoslaghdú pacáistíochta faoin Rialachán seo a ríomh agus a thomhas. Maidir le formhór na gcineálacha agus na bhformáidí coitianta pacáistíochta, ba cheart go sonrófaí sna caighdeáin sin teorainneacha leordhóthanacha uasta meáchain agus toirte, agus, i gcás inarb iomchuí, tiús ballaí agus an spás folamh uasta.*** |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) aon toradh tástála, staidéir nó foinsí eile a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thoirt riachtanach íosta nó meáchan riachtanach íosta na pacáistíochta. | (c) aon toradh tástála, staidéir nó foinsí eile***, amhail samhaltú agus ionsamhlúchán,*** a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar thoirt riachtanach íosta nó meáchan riachtanach íosta na pacáistíochta. |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh micrea-chuideachtaí dá dtagraítear in Airteagal 22(3) díolmhaithe ón oibleagáid a leagtar amach sa mhír seo.*** |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Measfar pacáistíocht a chomhlíonann sí na coinníollacha a leanas a bheith in-athúsáidte: | 1. Measfar pacáistíocht ***a chuirtear ar an margadh agus*** a chomhlíonann na coinníollacha a leanas a bheith in-athúsáidte: |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) rinneadh í a cheapadh, a dhearadh agus a chur ar an margadh chun í a athúsáid ***nó a athlíonadh***; | (a) rinneadh í a cheapadh, a dhearadh agus a chur ar an margadh í chun í a athúsáid ***arís is arís eile***; |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) rinneadh í a cheapadh agus a dhearadh ionas go ndéanfadh sí a mhéad ***turas nó*** uainíochtaí ab fhéidir faoi ghnáthchoinníollacha intuartha úsáidte; | (b) rinneadh í a cheapadh agus a dhearadh ionas go ndéanfadh sí a mhéad uainíochtaí ab fhéidir faoi ghnáthchoinníollacha intuartha úsáidte; |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe h a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ha) comhlionann sí na ceanglais i dtaca le sláinte, sábháilteacht agus sláinteachas tomhaltóirí.*** |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a Faoin ... [OP: cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe lena socrófar íoslíon i gcás na n-uainíochtaí dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), maidir le pacáistíocht in-athúsáidte i gcás ábhair agus catagóirí pacáistíochta difriúla agus ábhartha.*** |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 10b*** |
| | ***An tAistriú Cóir*** |
| | ***Gach dhá bhliain ó 2025 ar aghaidh, déanfaidh na Ballstáit Measúnuithe Tionchair Fostaíochta (EIAnna) lena ndéantar meastóireacht ar thionchar na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo ar líon na bpost a cruthaíodh, a claochlaíodh, agus a díothaíodh, agus réamh-mheas scileanna agus*** |

|  |  |
|---|---|
|  | ***inniúlachtaí, dálaí oibre, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair, agus comhionannas inscne ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach araon sna hearnálacha uile a chumhdaítear faoin Rialachán seo agus iad a chur faoi bhráid an Choimisiúin agus Pharlaimint na hEorpa. Leagfar síos sna EIAnna mar a bheartaionn an Ballstát aghaidh a thabhairt, trí bhíthin bearta reachtacha agus neamhreachtacha lena n-áirítear infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha, ar na torthaí a fuarthas.***<br><br>***Sula gcuirtear na EIAnna faoi bhráid an Choimisiúin agus Pharlaimint na hEorpa, cuirfidh na Ballstáit na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta a dhéanann ionadaíocht ar oibrithe agus fostóirí, sna hearnálacha a chumhdaítear faoin Rialachán seo, ar an eolas faoi na EIAnna agus rachaidh siad i gcomhairle leo ina dtaobh.*** |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ón [OP: Cuir isteach an dáta = ***42*** mhí tar éis ***theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***, ***beidh pacáistíocht á marcáil*** le lipéad ar a mbeidh faisnéis faoina comhdhéanamh ábhair. Níl feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pacáistíocht iompair. Ach tá feidhm aici maidir le pacáistíocht ríomhthráchtála. | Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = ***24*** mhí tar éis ***ghlacadh na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5 agus i mír 6]***, ***déanfar an phacáistíocht a chuirtear ar an margadh a mharcáil*** le lipéad ar a mbeidh faisnéis faoina comhdhéanamh ábhair ***chun an tsórtáil a éascú don tomhaltóir***. ***Is picteagraim amháin a bheidh ar an lipéad, agus beidh siad sothuigthe, lena n-áirítear le haghaidh daoine faoi mhíchumas.*** Níl feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pacáistíocht iompair. Ach tá feidhm aici maidir le pacáistíocht ríomhthráchtála. |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***D'fhéadfadh cód QR a bheith curtha ar an bpacáistíocht chomh maith leis an lipéad, nó iompróir sonraí digiteacha de shórt eile, ina mbeidh faisnéis maidir le sprioc gach comhpháirte ar leith den phacáistíocht chun an tsórtáil a éascú don tomhaltóir.*** |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar pacáistíocht a bheidh faoi réir córas éarlaise agus aisíoca dá dtagraítear in Airteagal 44(1)***, anuas ar an bpacáistíocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír,*** a mharcáil le lipéad comhchuibhithe a bunaíodh sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha a glacadh de bhun mhír 5. | Déanfar pacáistíocht a bheidh faoi réir córas éarlaise agus aisíoca dá dtagraítear in Airteagal 44(1) a mharcáil le lipéad ***dathchódaithe*** a bunaíodh sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha a glacadh de bhun mhír 5. |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfar lipéid a bhaineann le córais éarlaise agus aisíoca a bunaíodh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo a úsáid in éineacht leis an lipéad comhchuibhithe go ceann 36 mhí tar éis ghlacadh an ghnímh cur chun feidhme de bhun mhír 5.*** |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ón [OP: Cuir isteach an dáta = ***48*** mí tar éis ***dháta*** theacht i bhfeidhm an ***Rialacháin seo***], beidh lipéad ar phacáistíocht maidir le hath-inúsáidteacht na pacáistíochta ***agus cód*** QR nó cineál eile iompróra sonraí digiteacha lena dtugtar tuilleadh faisnéise maidir le hath-inúsáidteacht na pacáistíochta lena n-áirítear infhaighteacht córais i gcomhair athúsáide agus pointí bailithe, agus lena n-éascaítear rianú na pacáistíochta agus ríomh na dturas agus na n-uainíochtaí. Ina theannta sin, beidh pacáistíocht díolacháin atá in-athúsáidte inaitheanta go soiléir agus éagsúil le pacáistíocht aon úsáide ag an díolphointe. | 2. Ón [OP: Cuir isteach an dáta = ***30*** mí tar éis theacht i bhfeidhm an ***ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5***], beidh lipéad ar phacáistíocht ***in-athúsáidte a chuirtear ar an margadh*** maidir le hath-inúsáidteacht na pacáistíochta. ***Féadfar tuilleadh faisnéise maidir le hath-inúsáidteacht a chur ar fáil trí chód*** QR nó cineál eile iompróra sonraí digiteacha lena dtugtar tuilleadh faisnéise maidir le hath-inúsáidteacht na pacáistíochta lena n-áirítear infhaighteacht córais i gcomhair athúsáide agus pointí bailithe, agus lena n-éascaítear rianú na pacáistíochta agus ríomh na dturas agus na n-uainíochtaí. Ina theannta sin, beidh pacáistíocht díolacháin atá in-athúsáidte inaitheanta go soiléir agus éagsúil le pacáistíocht aon úsáide ag an díolphointe. |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina marcáiltear aonad pacáistíochta arna chumhdach faoi Airteagal 7 le lipéad ina bhfuil faisnéis maidir le sciar an chion athchúrsáilte, comhlíonfaidh an lipéad sin na sonraíochtaí a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha de bhun Airteagal 11(5) agus bunófar é ar an modheolaíocht de bhun Airteagal 7(7). I gcás ina marcáiltear ***aonad pacáistíochta plaistí*** le lipéad ina bhfuil faisnéis maidir le sciar an chion phlaistigh bhithbhunaithe, comhlíonfaidh an lipéad sin na sonraíochtaí a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha de | 3. I gcás ina marcáiltear aonad pacáistíochta arna chumhach faoi Airteagal 7 le lipéad ina bhfuil faisnéis maidir le sciar an chion athchúrsáilte, comhlíonfaidh an lipéad sin ***agus i gcás inarb iomchuí an cód QR nó cineál eile iompróra sonraí digiteacha*** na sonraíochtaí a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha de bhun Airteagal 11(5) agus bunófar é ar an modheolaíocht de bhun Airteagal 7(7). I gcás ina marcáiltear ***pacáistíocht*** le lipéad ina bhfuil faisnéis maidir le sciar an chion phlaistigh bhithbhunaithe, comhlíonfaidh |

| | |
|---|---|
| bhun Airteagal 11(5). | an lipéad sin na sonraíochtaí a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha de bhun Airteagal 11(5). |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar lipéid dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 agus an cód QR nó cineál eile iompróra sonraí dá dtagraítear i ***mír*** 2, a chur, a phriontáil nó a ghreanadh go feiceálach, go hinléite agus ***go doscriosta*** ar an bpacáistíocht. Murab indéanta sin nó mura mbeidh údar leis mar gheall ar chineál nó ar mhéid na pacáistíochta, greamófar iad ar an bpacáistíocht ghrúpáilte. | Déanfar lipéid dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 agus***, i gcás inarb iomchuí,*** an cód QR nó cineál eile iompróra sonraí dá dtagraítear i ***míreanna 1 agus*** 2, a chur, a phriontáil nó a ghreanadh go feiceálach, go hinléite agus ***é inrochtana*** ar an bpacáistíocht. Murab indéanta sin nó mura mbeidh údar leis mar gheall ar chineál nó ar mhéid na pacáistíochta, greamófar iad ar an bpacáistíocht ghrúpáilte. |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 4 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás ina gcuirtear faisnéis ar fáil trí mheán leictreonach i gcomhréir le míreanna 2 go 3, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas:*** |
| | ***(a) ní bhaileofar sonraí pearsanta leordhóthanacha, ábhartha ach chun na críche teoranta rochtain a thabhairt don úsáideoir ar fhaisnéis ábhartha faoi chomhlíonadh dá dtagraítear i míreanna 2 go 3 den Airteagal seo i ndáil le hAirteagal 5(1) de Rialachán 2016/679/AE*** |
| | ***(b) ní thaispeánfar an fhaisnéis le faisnéis eile atá ceaptha chun críoch díolacháin nó margaíochta.*** |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Faoin [OP: Cuir isteach an dáta = 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun lipéad comhchuibhithe agus sonraíochtaí a bhunú le haghaidh na gceanglas maidir le lipéadú agus chun formáidí a bhunú le haghaidh lipéadú pacáistíochta dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 agus le haghaidh lipéadú gabhdán dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 12. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). | 5. Faoin [OP: Cuir isteach an dáta = 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun lipéad comhchuibhithe agus sonraíochtaí a bhunú le haghaidh na gceanglas maidir le lipéadú agus chun formáidí a bhunú***, lena n-áirítear sa chás gur trí mheán digiteach a sholáthraítear iad,*** le haghaidh lipéadú pacáistíochta dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 agus le haghaidh lipéadú gabhdán dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 12. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Faoin [OP: cuir isteach an dáta = ***24 mhí*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an mhodheolaíocht a bhunú le haghaidh comhdhéanamh ábhar na pacáistíochta dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint trí bhíthin teicneolaíochtaí digiteacha marcála. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). | 6. Faoin [OP: Cuir isteach dáta = ***18 mí*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an mhodheolaíocht a bhunú le haghaidh comhdhéanamh ábhar na pacáistíochta dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint trí bhíthin teicneolaíochtaí digiteacha marcála. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Gan dochar do cheanglais maidir le lipéid chomhchuibhithe eile de chuid an Aontais, ní dhéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha lipéid, marcanna, siombailí nó inscríbhinní a chur ar fáil nó ar taispeáint ar dócha go gcuirfear tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile ar míthreoir nó ar strae leo i dtaca leis na ceanglais inbhuanaitheachta le haghaidh pacáistíochta, saintréithe eile pacáistíochta nó roghanna maidir le bainistiú dramhphacáistíochta, ar leagadh síos lipéadú comhchuibhithe ina leith leis an Rialachán seo. | 7. Gan dochar do cheanglais maidir le lipéid chomhchuibhithe eile de chuid an Aontais, ní dhéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha lipéid, marcanna, siombailí nó inscríbhinní a chur ar fáil nó ar taispeáint ar dócha go gcuirfear tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile ar míthreoir nó ar strae leo i dtaca leis na ceanglais inbhuanaitheachta le haghaidh pacáistíochta, saintréithe eile pacáistíochta nó roghanna maidir le bainistiú dramhphacáistíochta, ar leagadh síos lipéadú comhchuibhithe ina leith leis an Rialachán seo. |
| | ***Ón... [OP: Cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún treoirlínte chun gnéithe ar dócha go gcuirfear tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile ar míthreoir nó ar strae leo a shoiléiriú.*** |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. ***Féadfar*** pacáistíocht a áirítear i scéim freagrachta leathnaithe táirgeora nó a chumhdaítear faoi chóras éarlaise agus aisíoca seachas an córas dá dtagraítear in Airteagal 44(1) a shainaithint trí shiombail chomhfhreagrach ar fud na críche ina bhfuil feidhm leis an scéim nó an córas sin. Beidh an tsiombail sin soiléir agus gan débhrí agus ní chuirfidh sí tomhaltóirí ná úsáideoirí ar míthreoir maidir le hin-athchúrsáilteacht nó ath-inúsáidteacht na pacáistíochta. | 8. ***Déanfar*** pacáistíocht a áirítear i scéim freagrachta leathnaithe táirgeora nó a chumhdaítear faoi chóras éarlaise agus aisíoca seachas an córas dá dtagraítear in Airteagal 44(1) a shainaithint trí shiombail chomhfhreagrach ar fud na críche ina bhfuil feidhm leis an scéim nó an córas sin. Beidh an tsiombail sin soiléir agus gan débhrí agus ní chuirfidh sí tomhaltóirí ná úsáideoirí ar míthreoir maidir le hin-athchúrsáilteacht nó ath-inúsáidteacht na pacáistíochta. |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8a. Féadfar pacáistíocht dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3, a mhonaraítear nó a allmhairítear roimh na spriocdhátaí dá dtagraítear sna míreanna sin, a mhargú go ceann 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm na gceanglas lipéadaithe a leagtar síos i míreanna 1, 2 agus 3.*** |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin ***1 Eanáir 2028,*** déanfar lipéid, lena gcumasófar bailiú ar leithligh gach codán ábharshonrach dramhphacáistíochta a bhfuil sé beartaithe é a dhiúscairt i ngabhdáin ar leithligh, a ghreamú, a phriontáil nó a ghreanadh go feiceálach, go hinléite agus go doscriosta ar gach gabhdán dramhaíola le haghaidh bailiú dramhphacáistíochta. | Faoin [OP: ***Cuir isteach, le do thoil, an dáta = 30 mí tar éis ghlacadh na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6]***, déanfar lipéid, lena gcumasófar bailiú ar leithligh gach codán ábharshonrach dramhphacáistíochta a bhfuil sé beartaithe é a dhiúscairt i ngabhdáin ar leithligh, a ghreamú, a phriontáil nó a ghreanadh go feiceálach, go hinléite agus go doscriosta ar gach gabhdán dramhaíola le haghaidh bailiú dramhphacáistíochta. |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 12a*** |
| | ***An Fóram um Pacáistíocht*** |

| | |
|---|---|
| | ***Áiritheoidh an Coimisiún, le linn dó a ghníomhaíochtaí a sheoladh, go mbeidh rannpháirtíocht chothrom ann d'ionadaithe ó na Ballstáit agus ó na páirtithe leasmhara uile a bhfuil baint acu le tionscal na pacáistíochta, lena n-áirítear ionadaithe thionscal na cóireála dramhaíola, monaróirí agus soláthraithe pacáistíochta, dáileoirí, miondíoltóirí, allmhaireoirí, FBManna, grúpaí cosanta comhshaoil agus eagraíochtaí tomhaltóirí. Rachfar i gcomhairle leis na páirtithe sin go háirithe chun na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme dá bhforáiltear sa Rialachán seo a ullmhú, chun na ceanglais inbhuanaitheachta a fhorbairt agus a mhionsonrú tuilleadh agus chun éifeachtacht na sásraí faireachais margaidh seanbhunaithe a scrúdú. Chuige sin, bunóidh an Coimisiún grúpa saineolaithe, dá ngairfear 'an Fóram um Pacáistíocht', a bhféadfaidh na páirtithe sin teacht le chéile ann.*** |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 12b*** |
| | ***Maíomhanna*** |
| | ***Féadfar maíomhanna comhshaoil mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2, pointe (a) de Threoir 2005/29/CE a dhéanamh i ndáil le pacáistíocht a chuirtear ar an margadh i gcás ina gcomhlíonann siad na ceanglais seo a leanas, agus sa chás sin amháin:*** |
| | ***(a) is i gcomhréir le [Airteagal 3 den Treoir maidir le Maíomhanna Ghlasa] a shuitear iad; sonrófar leo go háirithe cé acu an mbaineann siad leis an aonad pacáistíochta, le cuid den aonad*** |

| | |
|---|---|
| | ***pacáistíochta nó leis an bpacáistíocht go léir atá curtha ar na margadh ag an táirgeoir;*** |
| | ***(b) baineann siad le hairíonna pacáistíochta a sháraíonn na híoscheanglais is infheidhme a leagtar amach sa Rialachán seo.*** |
| | ***Léireofar comhlíonadh na gceanglas, a leagtar amach i bpointe (b) den Airteagal seo, sa doiciméadacht theicniúil a bhaineann leis an bpacáistíocht mar atá leagtha amach in Iarscríbhinn VII.*** |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) comhlíonann sé na ceanglais is infheidhme maidir le sláinteachas bia agus sábháilteacht tomhaltóirí.*** |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Maidir le táirgí íocshláinte, arna sainmhíniú i dTreoir 2001/83/CE, is é sealbhóir an údaraithe margaíochta a bheidh freagrach as an bhfaisnéis a sholáthraítear.*** |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 8 Déanfaidh monaróirí a mheasann, nó a bhfuil údar acu chun a chreidiúint, maidir le pacáistíocht atá curtha ar an margadh acu nach bhfuil sí i gcomhréir le ceann amháin nó níos mó de na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an phacáistíocht sin a thabhairt chun comhréireachta, chun an phacáistíocht a tharraingt siar nó chun í a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Déanfaidh na monaróirí an t-údarás um fhaireachas margaidh sa Bhallstát inar chuir siad an phacáistíocht ar fáil a chur ar an eolas láithreach faoin neamhchomhlíonadh amhrasta agus faoi aon bhearta ceartaitheacha a rinneadh. | 8. Déanfaidh monaróirí a mheasann, nó a bhfuil údar acu chun a chreidiúint, maidir le pacáistíocht atá curtha ar an margadh acu ***tar éis dhata theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*** nach bhfuil sí i gcomhréir le ceann amháin nó níos mó de na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an phacáistíocht sin a thabhairt chun comhréireachta, chun an phacáistíocht a tharraingt siar nó chun í a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Déanfaidh na monaróirí an t-údarás um fhaireachas margaidh sa Bhallstát inar chuir siad an phacáistíocht ar fáil a chur ar an eolas láithreach faoin neamhchomhlíonadh amhrasta agus faoi aon bhearta ceartaitheacha a rinneadh. |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***8a. De mhaolú ar mhír 8, maidir le pacáistíocht a chreidtear a bheith neamhchomhréireach leis na ceanglais is infheidhme, ní bheidh feidhm leis an oibleagáid í a thabhairt chun comhréireachta, a tharraingt siar nó a aisghairm más pacáistíocht in-athúsáidte í a cuireadh ar an margadh roimh theacht i bhfeidhm don Rialachán seo.*** |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta, soláthróidh monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht go léir a theastaíonn chun comhréireacht na pacáistíochta a léiriú, lena n-áirítear an doiciméadacht theicniúil, i dteanga, nó i dteangacha, a thuigfidh an t-údarás sin gan stró. Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin ***ar pháipéar nó*** i bhfoirm leictreonach. Cuirfear na doiciméid ábhartha ar fáil laistigh de 10 lá ón uair a gheofar iarraidh ón údarás náisiúnta. Rachaidh na monaróirí i gcomhar leis an údarás náisiúnta maidir le haon ghníomhaíocht a rinneadh chun aon chás maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 5 go 10 a réiteach. | 9. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta, soláthróidh monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht go léir a theastaíonn chun comhréireacht na pacáistíochta a léiriú, lena n-áirítear an doiciméadacht theicniúil, i dteanga, nó i dteangacha, a thuigfidh an t-údarás sin gan stró. Soláthrófar an fhaisnéis agus an doiciméadacht sin i bhfoirm leictreonach. Cuirfear na doiciméid ábhartha ar fáil laistigh de 10 lá ón uair a gheofar iarraidh ón údarás náisiúnta. Rachaidh na monaróirí i gcomhar leis an údarás náisiúnta maidir le haon ghníomhaíocht a rinneadh chun aon chás maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 5 go 10 a réiteach. |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9a. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 6 maidir le pacáistiocht iompair saincheaptha le haghaidh feistí leighis inchumraithe agus córais leighis inchumraithe a bheidh le húsáid i dtimpeallachtaí tionsclaíocha agus cúram sláinte.*** |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10a. Chun na hoibleagáidí a leagtar síos san Airteagal seo a chomhlíonadh,*** |

***féadfaidh na Ballstáit uirlisí a sholáthar chun tacú le hoibreoirí eacnamaíocha a allmhairíonn táirgí isteach i gcríoch an Aontais.***

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go bhfuil an táirgeoir, atá faoi réir na n-oibleagáidí maidir le freagracht leathnaithe táirgeora as an bpacáistíocht, cláraithe i gclár na dtáirgeoirí dá dtagraítear in Airteagal ***40*** | (a) go bhfuil an táirgeoir, atá faoi réir na n-oibleagáidí maidir le freagracht leathnaithe táirgeora as an bpacáistíocht, cláraithe i gclár na dtáirgeoirí dá dtagraítear in Airteagal ***39***; |

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní úsáidfidh an dáileoir aon fhaisnéis a nochtfaidh an monaróir chun aon chríocha eile seachas chun a fhíorú go bhfuil na ceanglais is infheidhme á gcomhlíonadh. Toirmiscfear mí-úsáid na faisnéise sin ag dáileoirí chun críocha tráchtála.*** |

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí comhlíonta, maidir le pacáistíocht a bhíonn á láimhseáil acu, nach ndéanfaidh na dálaí le linn trádstórála, láimhseála agus pacáistithe, seoladh a chur ar an | Áiritheoidh soláthraithe seirbhísí comhlíonta ***agus ardáin ar líne***, maidir le pacáistíocht a bhíonn á láimhseáil acu, nach ndéanfaidh na dálaí le linn trádstórála, láimhseála agus pacáistithe, seoladh a chur |

| | |
|---|---|
| bpacáistíocht nó í a chur chun bealaigh, comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 5 go 11 a chur i mbaol i ndáil leis an bpacáistíocht. | ar an bpacáistíocht nó í a chur chun bealaigh, comhlíonadh na gceanglas is infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11 a chur i mbaol i ndáil leis an bpacáistíocht. |

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 18a*** |
| | ***Oibleagáidí soláthraithe ardán ar líne*** |
| | ***Comhlíonfaidh soláthraithe ardán ar líne ceanglais ábhartha Rialachán (AE) 2022/2065 gan aon mhoill mhíchuí agus áiritheoidh siad go mbeidh próisis inmheánacha i bhfeidhm acu maidir le comhlíonadh.*** |

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Measfar allmhaireoir nó dáileoir a bheith ina mhonaróir chun críocha an Rialacháin seo, agus beidh siad faoi réir oibleagáidí an mhonaróra faoi Airteagal ***14***, i gcás ina gcuirfidh siad pacáistíocht ar an margadh faoina n-ainm nó faoina dtrádmharc féin, nó ina modhnóidh siad pacáistíocht a cuireadh ar an margadh cheana ar bhealach a d’fhéadfadh cur isteach ar cheanglais ábhartha an Rialacháin seo. | Measfar allmhaireoir nó dáileoir a bheith ina mhonaróir chun críocha an Rialacháin seo, agus beidh siad faoi réir oibleagáidí an mhonaróra faoi Airteagal ***13***, i gcás ina gcuirfidh siad pacáistíocht ar an margadh faoina n-ainm nó faoina dtrádmharc féin, nó ina modhnóidh siad pacáistíocht a cuireadh ar an margadh cheana ar bhealach a d’fhéadfadh cur isteach ar cheanglais ábhartha an Rialacháin seo. |

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn táirgí do dháileoir deiridh nó d'úsáideoir deiridh i bpacáistíocht ghrúpáilte, pacáistíocht iompair, nó pacáistíocht ríomhthráchtála nach mbeidh cóimheas an spáis fholaimh níos mó ná 40 % ar a mhéad. | 1. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn táirgí do dháileoir deiridh nó d'úsáideoir deiridh i bpacáistíocht ghrúpáilte, pacáistíocht iompair, nó pacáistíocht ríomhthráchtála nach mbeidh cóimheas an spáis fholaimh níos mó ná 40 % ar a mhéad ***i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos le Cuid 1 agus Cuid 2 d'Iarscríbhinn IV***. |

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Beidh oibreoirí eacnamaíocha a úsáideann pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide díolmhaithe ón oibleagáid a leagtar síos i mír 1.*** |

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear in Iarscríbhinn V. | 1. ***Faoin 31 Nollaig 2027 ar a dhéanaí,*** ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear in Iarscríbhinn V. |

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Féadfaidh na Ballstáit*** oibreoirí eacnamaíocha a dhíolmhú ó phointe 3 d'Iarscríbhinn V i gcás ina gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicrifhiontar i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún, de réir mar is infheidhme ar an [OP: Cuir isteach ***an*** dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***, agus*** i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil gan pacáistíocht a úsáid nó rochtain a fháil ar ***bhonneagar*** atá riachtanach d'fheidhmiú córais athúsáide. | 3. ***Déanfar*** oibreoirí eacnamaíocha a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm phointe 3 d'Iarscríbhinn V i gcás ina gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicrifhiontar i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún, de réir mar is infheidhme ar an [OP: Cuir isteach dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. ***Ina theannta sin, deonóidh na Ballstáit díolúine*** i gcás ***inar léiríodh*** nach bhfuil sé indéanta go teicniúil gan pacáistíocht a úsáid nó rochtain a fháil ar ***an mbonneagar*** atá riachtanach d'fheidhmiú córais athúsáide. |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun Iarscríbhinn V a leasú chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch leis an gcuspóir dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú. Agus na gníomhartha tarmligthe sin á nglacadh aige, breithneoidh an Coimisiún acmhainneacht na srianta maidir le húsáid formáidí sonracha pacáistíochta chun laghdú ar an dramhphacáistíocht a ghintear agus tionchar comhshaoil dearfach a áirithiú freisin, agus cuirfidh sé san áireamh infhaighteacht réitigh pacáistíochta malartacha a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa reachtaíocht is infheidhme maidir le pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de, chomh maith lena gcumas éilliú micribhitheolaíoch an táirge phacáistithe a sheachaint. | 4. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun Iarscríbhinn V a leasú chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch leis an gcuspóir dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú ***agus an toradh comhshaoil i gcoitinne a fheabhsú, rud a d'fhéadfadh a fhágáil gur mbeadh sruthanna dramhaíola sonracha ag imeacht ó ord na réiteach i gcás ina mbeidh údar leis mar thoradh ar mheasúnú saolré neamhspleách agus piar-athbhreithnithe***. Agus na gníomhartha tarmligthe sin á nglacadh aige, breithneoidh an Coimisiún acmhainneacht na srianta maidir le húsáid formáidí sonracha pacáistíochta chun laghdú ar an dramhphacáistíocht a ghintear agus tionchar comhshaoil dearfach a áirithiú freisin, agus cuirfidh sé san áireamh infhaighteacht réitigh pacáistíochta malartacha a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa |

| | |
|---|---|
| | reachtaíocht is infheidhme maidir le pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de, chomh maith lena gcumas éilliú micribhitheolaíoch an táirge phacáistithe a sheachaint. |

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22a*** |
| | ***Srian ar phacáistiú málaí plaisteacha an-éadrom a úsáid*** |
| | ***1. Ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha málaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom ar an margadh.*** |
| | ***2. Gan dochar d'Airteagal 8(1a), ní bheidh feidhm ag mír 1 den Airteagal seo maidir le málaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom a mbíonn gá leo ar chúiseanna sláinteachais nó a sholáthraítear mar phacáistíocht phríomha le haghaidh bia scaoilte i gcás ina gcabhraíonn sé chun cur amú bia a chosc.*** |

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 23 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha a chuireann pacáistíocht in-athúsáidte ar an margadh go bhfuil córas athúsáide a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 24 agus Iarscríbhinn VI i bhfeidhm don phacáistíocht sin. | 1. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha a chuireann pacáistíocht in-athúsáidte ar an margadh go bhfuil córas athúsáide a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 24 agus Iarscríbhinn VI i bhfeidhm don phacáistíocht sin***, lena n-áirítear dreasacht chun a áirithiú go mbailítear í***. ***Measfar an mhír seo a bheith comhlíonta maidir le córais le haghaidh*** |

| | |
|---|---|
| | ***athúsaide atá i bhfeidhm cheana féin sna Ballstáit.*** |

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 24 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann úsáid as pacáistíocht in-athúsáidte tríú páirtithe a ainmniú atá freagrach as córas frithpháirtithe athúsáide amháin nó níos mó. Áiritheoidh na tríú páirtithe a ceapadh go mbeidh na córais athúsáide, a bhfuil pacáistíocht in-athúsáidte ina cuid díobh, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i gCuid A d'Iarscríbhinn VI.***<br>***I gcás ina ndearna oibreoirí eacnamaíocha tríú páirtí a cheapadh dá dtagraítear i mír 2a, is iad na tríú páirtithe ag gníomhú thar a gceann a chomhlíonfaidh na hoibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo.*** |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha a chumasaíonn athlíonadh ***nach*** dtairgfear ***pacáistíocht saor in aisce*** do na húsáideoirí deiridh ag na stáisiúin athlíonta nó gur mar chuid de córas éarlaise agus aisíoca a chuirfear ar fáil í. | 3. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha a chumasaíonn athlíonadh***, i gcás ina*** dtairgfear ***mír pacáistíochta*** do na húsáideoirí deiridh ag na stáisiúin athlíonta***, nach gcuirfear ar fáil saor in aisce í*** nó gur mar chuid de chóras éarlaise agus aisíoca a chuirfear ar fáil í. |

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha diúltú coimeádán a chuireann an t-úsáideoir deiridh ar fáil a athlíonadh, mura gcomhlíonann an t-úsáideoir deiridh na ceanglais a chuir an t-oibreoir eacnamaíoch in iúl i gcomhréir le mír 1. | 4. Féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha diúltú coimeádán a chuireann an t-úsáideoir deiridh ar fáil a athlíonadh, mura gcomhlíonann an t-úsáideoir deiridh na ceanglais a chuir an t-oibreoir eacnamaíoch in iúl i gcomhréir le mír 1***, go háirithe má mheasann siad go bhfuil sé míshláinteach nó mí-oiriúnach don bhia nó don deoch atá á díol***.<br>***Ní bheidh aon dliteanas ar oibreoirí eacnamaíocha i leith sláinteachais nó fadhbanna sábháilteachta bia a d'fhéadfadh eascairt as úsáid coimeádán arna soláthar ag an tomhaltóir deiridh.*** |

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Ón 1 Eanáir 2030, déanfaidh dáileoirí deiridh a bhfuil limistéar breis is 400m² acu, agus na limistéir stórála agus seolta go léir á bhfágáil as an áireamh, tréaniarracht 10% dá limistéar díolacháin a chur i leataobh le haghaidh stáisiúin athlíonta i gcomhair táirgí bia agus neamhbhia.*** |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Spriocanna athúsáide ***agus athlíonacháin*** | Spriocanna athúsáide |

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Ón 1 Eanáir 2030, áiritheoidh oibreoirí*** eacnamaíocha a chuireann mórfhearais tí a liostaítear i bpointe ***2*** d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2012/19/AE ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit go mbeidh ***90 %*** de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht iompair in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide. | 1. ***Maidir le hoibreoirí*** eacnamaíocha a chuireann mórfhearais tí a liostaítear i bpointe ***1*** d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2012/19/AE ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit ***:*** |
| | ***(a) áiritheoidh siad ón 1 Eanáir 2030,*** go mbeidh ***50 %*** de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht iompair in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide***;*** |
| | ***(b) féachfaidh siad lena áirithiú, ón 1 Eanáir 2040, go mbeidh 90 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht iompair in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide***. |

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Maidir leis an dáileoir deiridh a chuireann pacáistíocht díolacháin le haghaidh deochanna fuara nó teo, a líontar isteach i gcoimeádán ag an díolphointe le haghaidh 'beir leat', ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit, áiritheoidh sé an méid seo a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) ón 1 Eanáir 2030, go mbeidh 20 % de na deochanna sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú;*** | |

***(b) ón 1 Eanáir 2040, go mbeidh 80 % de na deochanna sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú.***

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Maidir le dáileoir deiridh a dhéanann a ghníomhaíocht ghnó in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna agus a chuireann ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit pacáistíocht díolacháin le haghaidh bia réamhullmhaithe beir leat a bheartaítear le haghaidh tomhaltas láithreach gan gá a bheith le haon ullmhú breise, agus a itear de ghnáth díreach as an gcoimeádán, áiritheoidh sé an méid a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) ón 1 Eanáir 2030, go mbeidh 10 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú;*** | |
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, go mbeidh 40 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú.*** | |

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. I gcás ina gcuirfidh dáileoir deiridh deochanna neamh-mheisciúla i bpacáistíocht díolacháin ar fáil ar an margadh déanfaidh sé an méid a leanas:*** |

***(a) áiritheoidh sé, laistigh de chríoch Ballstáit, ón 1 Eanáir 2030, go mbeidh 20 % ar a laghad de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide;***

***(b) féachfaidh sé lena áirithiú ón 1 Eanáir 2040 go mbeidh 35 % ar a laghad de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide;***

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. I gcás ina gcuirfidh dáileoir deiridh deochanna meisciúla, seachas fíon agus fíonta súilíneacha, ar fáil i bpacáistíocht díolacháin ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit, déanfaidh sé an méid a leanas:*** |
| | ***(a) áiritheoidh sé ón 1 Eanáir 2030 go mbeidh 10 % ar a laghad de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide;*** |
| | ***(b) féachfaidh sé lena áirithiú ón 1 Eanáir 2040, go mbeidh 25 % ar a laghad de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide;*** |
| | ***(c) déanfaidh sé na spriocanna dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den mhír seo a chomhlíonadh ar bhealach faoina rannchuideoidh catagóir eile deochanna meisciúla, mar a shainmhínítear i dTreoir 92/83/CE ón gComhairle, go cothrom leis an sprioc maidir le hathúsáid;*** |
| | ***(d) áiritheoidh sé go rannchuideoidh brandaí in úinéireacht an dáileora deiridh go cothrom leis an sprioc maidir le hathúsáid;*** |
| | ***(e) fágfaidh sé de sholúbthacht ag monaróirí spriocanna athúsáide a bhaint*** |

| | |
|---|---|
| | ***amach ar fud a bpunainne.*** |

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Áiritheoidh an monaróir agus an dáileoir deiridh a chuireann ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch an Bhallstáit pacáistíocht díolacháin deochanna meisciúla i bhfoirm beorach, deochanna meisciúla carbónáitithe, deochanna coipthe nach fíon, táirgí fíona cumhraithe agus fíon torthaí iad, táirgí de bhun deochanna biotáilleacha, fíon, nó deochanna coipthe eile measctha le deochanna, deoch shóide, ceirtlis nó sú, an méid a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) ón 1 Eanáir 2030, go mbeidh 10 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú;*** | |
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, go mbeidh 25 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú.*** | |

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. Déanfaidh an monaróir agus an dáileoir deiridh a chuireann deochanna meisciúla i bhfoirm fíona, cé is moite d'fhíon súilíneach, ar fáil i bpacáistíocht díolacháin ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit an méid a leanas a áirithiú:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) ón 1 Eanáir 2030, go mbeidh 5 %*** | |

***de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú;***

***(b) ón 1 Eanáir 2040, go mbeidh 15 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú.***

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***6. Áiritheoidh an monaróir agus an dáileoir deiridh, a chuireann ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch an Bhallstáit i bpacáistíocht díolacháin deochanna neamh-mheisciúla i bhfoirm uisce, uisce a bhfuil siúcra curtha leis, uisce a bhfuil ábhar milsiúcháin breise eile curtha leis nó uisce blaistithe, deochanna boga, líomanáid, tae oighrithe agus deochanna den sórt sin atá díreach réidh lena n-ól, fíorshú, sú nó úrfhíon torthaí nó glasraí agus caoineoga gan bhainne agus deochanna neamh-mheisciúla ina bhfuil saill bhainne, an méid a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) ón 1 Eanáir 2030, go mbeidh 10 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú;*** | |
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, go mbeidh 25 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú.*** | |

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 7 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. ***Áiritheoidh*** oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht iompair i bhfoirm pailléad, cliathbhoscaí plaisteacha, boscaí plaisteacha infhillte, buicéid ***agus*** drumaí chun earraí a iompar nó a phacáil i ndálaí seachas dá ndéantar foráil faoi mhíreanna ***12 agus 13***, an méid a leanas: | 7. ***Déanfaidh*** oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht iompair ***nó pacáistíocht díolacháin nach n-úsáidtear ach chun earraí a iompar laistigh de chríoch an Aontais*** i bhfoirm pailléad, cliathbhoscaí plaisteacha, boscaí plaisteacha infhillte, buicéid ***nó*** drumaí chun earraí a iompar nó a phacáil i ndálaí seachas dá ndéantar foráil faoi mhíreanna ***5 agus 6***, an méid a leanas: |

**Leasú 206**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 7 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ón 1 Eanáir 2030, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide í 30 % den phacáistíocht sin a úsáidtear; | (a) ***a áirithiú*** ón 1 Eanáir 2030, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide í 30 % ***ar a laghad*** den phacáistíocht sin a úsáidtear; |

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 7 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ón 1 Eanáir 2040, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide í 90 % den phacáistíocht sin a úsáidtear. | (b) ***féachaint lena áirithiú*** ón 1 Eanáir 2040, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide í 90 % ***ar a laghad*** den phacáistíocht sin a úsáidtear. |

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 8 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. ***Áiritheoidh*** oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht iompair chun ábhar neamhbhia a iompar agus a sheachadadh a chuirtear ar fáil ar an margadh den chéad uair trí ríomhthráchtáil, an méid a leanas: | 8. ***Déanfaidh*** oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht iompair ***laistigh de chríoch an Aontais*** chun ábhar neamhbhia a iompar agus a sheachadadh a chuirtear ar fáil ar an margadh den chéad uair trí ríomhthráchtáil, an méid a leanas: |

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 8 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ón 1 Eanáir 2030, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide í 10 % den phacáistíocht sin a úsáidtear; | (a) ***a áirithiú*** ón 1 Eanáir 2030, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide í 10 % ***ar a laghad*** den phacáistíocht sin a úsáidtear; |

**Leasú 210**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 8 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ón 1 Eanáir 2040, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide í 50 % den phacáistíocht sin a úsáidtear; | (b) ***féachaint lena áirithiú*** ón 1 Eanáir 2040, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide í 50 % ***ar a laghad*** den phacáistíocht sin a úsáidtear. |

**Leasú 211**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 9 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. ***Áiritheoidh*** oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht iompair ***i bhfoirm cumhdach*** pailéid agus | 9. ***Déanfaidh*** oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht iompair ***lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do*** |

strapaí chun táirgí a chuirtear ar phailéid a chobhsú agus a chosaint agus iad á n-iompar, an méid a leanas:

***chumhdach*** pailéid agus strapaí ***laistigh de chríoch an Aontais*** chun táirgí a chuirtear ar phailéid a chobhsú agus a chosaint agus iad á n-iompar, an méid a leanas:

**Leasú 212**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 9 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ón 1 Eanáir 2030, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide í 10 % den phacáistíocht sin a úsáidtear; | (a) ***a áirithiú*** ón 1 Eanáir 2030, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide í 10 % ***ar a laghad*** den phacáistíocht sin a úsáidtear; |

**Leasú 213**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 9 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ón 1 Eanáir 2040, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide í 30 % den phacáistíocht sin a úsáidtear le haghaidh iompair; | (b) ***féachaint lena áirithiú*** ón 1 Eanáir 2040, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide í 30 % ***ar a laghad*** den phacáistíocht sin a úsáidtear le haghaidh iompair. |

**Leasú 214**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 10 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. ***Áiritheoidh*** oibreoirí eacnamaíocha a úsáideann pacáistíocht ghrúpáilte i bhfoirm boscaí, seachas cairtchlár, a úsáidtear lasmuigh den phacáistíocht díolacháin chun líon áirithe táirgí a ghrúpáil chun aonad stoc-choimeád a chruthú, an méid a leanas: | 10. ***Déanfaidh*** oibreoirí eacnamaíocha***, lena n-áirítear ardáin ar líne,*** a úsáideann pacáistíocht ghrúpáilte i bhfoirm boscaí, seachas cairtchlár, a úsáidtear lasmuigh den phacáistíocht díolacháin chun líon áirithe táirgí a ghrúpáil chun aonad stoc-choimeád nó ***aonad dáileacháin*** a chruthú, an méid a leanas: |

**Leasú 215**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 10 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ón 1 Eanáir 2030, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide í 10 % den phacáistíocht sin a úsáidtear; | (a) ***a áirithiú*** ón 1 Eanáir 2030, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide í 10 % ***ar a laghad*** den phacáistíocht sin a úsáidtear; |

**Leasú 216**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 10 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ón 1 Eanáir 2040, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide í 25 % den phacáistíocht sin a d'úsáid siad. | (b) ***féachaint lena áirithiú*** ón 1 Eanáir 2040, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide í 30 % ***ar a laghad*** den phacáistíocht sin a d'úsáid siad. |

**Leasú 217**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Ríomhfar spriocanna a leagtar síos ***i míreanna 1 go 10*** do thréimhse a mhairfidh bliain féilire. | 11. Ríomhfar spriocanna a leagtar síos ***san Airteagal seo*** do thréimhse a mhairfidh bliain féilire. |

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 12 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Beidh*** pacáistíocht iompair a bheidh in úsáid ag oibreoir eacnamaíoch ***in-athúsáidte i gcás ina n-úsáidtear í*** chun táirgí a iompar: | ***Faoin 1 Eanáir 2030, is*** pacáistíocht ***in-athúsáidte a bheidh in 95 % den phacáistíocht*** iompair a bheidh in úsáid ag oibreoir eacnamaíoch ***sa chás gur*** chun táirgí a iompar ***a úsáidtear í***: |

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 13 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Is pacáistíocht iompair in-athúsáidte amháin a bheidh in úsáid ag oibreoirí eacnamaíocha a sheachadann táirgí chuig oibreoir eacnamaíoch eile laistigh den Bhallstát céanna, chun na táirgí sin a iompar. | ***Ón 1 Eanáir 2030,*** is pacáistíocht iompair in-athúsáidte amháin a bheidh in úsáid ag oibreoirí eacnamaíocha***, lena n-áirítear ardáin ar líne,*** a sheachadann táirgí chuig oibreoir eacnamaíoch eile laistigh den Bhallstát céanna, chun na táirgí sin a iompar. |

**Leasú 220**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 14 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 14. Beidh oibreoirí eacnamaíocha díolmhaithe ón oibleagáid chun na spriocanna ***i míreanna 2 go 10*** a bhaint amach, le linn bliain féilire, más rud é: | 14. Beidh oibreoirí eacnamaíocha díolmhaithe ón oibleagáid chun na spriocanna ***san Airteagal seo*** a bhaint amach, le linn bliain féilire, más rud é: |

**Leasú 221**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 15. Beidh oibreoirí eacnamaíocha díolmhaithe ón oibleagáid na spriocanna i | 15. Beidh oibreoirí eacnamaíocha díolmhaithe ón oibleagáid na spriocanna i |

| | |
|---|---|
| míreanna ***2 go 6*** a bhaint amach, le linn bliain féilire, más rud é go bhfuil limistéar díolacháin acu nach mó ná 100 $m^2$, lena n-áirítear freisin na limistéir stórála agus seolta go léir. | míreanna ***3a agus 3b*** a bhaint amach, le linn bliain féilire, más rud é go bhfuil limistéar díolacháin acu nach mó ná 100 $m^2$, lena n-áirítear freisin na limistéir stórála agus seolta go léir. |

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 16. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun na nithe seo a leanas a bhunú: | 16. ***Chun na sonraí agus na fobairtí eolaíocha agus eacnamaíocha is déanaí a chur san áireamh, agus an toradh comhshaoil i gcoitinne a fheabhsú, rud a d'fhéadfadh a cheangal go n-imeodh sruthanna sonracha dramhaíola ó ord na réiteach dramhaíola i gcás ina mbeadh údar leis de bharr measúnú saolré neamhspleách agas piarmheasúnaithe,*** tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58, chun an Rialachán sin a fhorlíonadh chun na nithe seo a leanas a bhunú: |

**Leasú 223**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) spriocanna le haghaidh táirgí eile seachas na cinn a chumhdaítear le mhíreanna 1 go 6 den Airteagal seo agus le haghaidh formáidí pacáistíochta eile seachas na cinn i míreanna 7 go 10, bunaithe ar an taithí dhearfach a fuarthas ó bhearta a bhí glactha ag Ballstáit faoi Airteagal 45(2), | (a) spriocanna le haghaidh táirgí seachas na cinn a chumhdaítear le míreanna 1 go 6 den Airteagal seo agus le haghaidh formáidí pacáistíochta seachas na cinn i míreanna 7 go 10, bunaithe ar an taithí dhearfach a fuarthas ó bhearta a bhí glactha ag Ballstáit faoi Airteagal 45(2)***, agus béim ar leith á leagan ar earnálacha na ndeochanna fuara agus na ndeochanna teo beir leat, bia beir leat, na nglantach, an tsláinteachais, béilí*** |

***réamhullmhaithe agus bia peataí,***

**Leasú 224**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) díolúintí d'oibreoirí eacnamaíocha sa bhreis ar na cinn a liostaítear ***i bpointí (a) go (c) de mhír 14 den*** Airteagal seo, | (b) díolúintí d'oibreoirí eacnamaíocha sa bhreis ar na cinn a liostaítear ***san Airteagal seo, mar thoradh ar shrianta eacnamaíocha ar leith in earnáil áirithe a bhain le comhlíonadh spriocanna a leagtar amach san*** Airteagal seo, |

**Leasú 225**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) díolúintí i gcás formáidí pacáistíochta sonracha a chumhdaítear faoi na spriocanna a leagtar síos i míreanna 2 go 6 den Airteagal seo i gcás ***fadhbanna sláinteachais, sábháilteachta bia nó comhshaoil*** a chuireann cosc ar ***na spriocanna sin a bhaint amach***. | (c) díolúintí i gcás formáidí pacáistíochta sonracha a chumhdaítear faoi na spriocanna a leagtar síos i míreanna 2 go 6 den Airteagal seo i gcás ***sláinteachas, sábháilteacht bia nó a ghuaisí atá an táirge, rud*** a chuireann cosc ar ***an athúsáid***. |

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 17. Faoin [OP: Cuir isteach an dáta = 8 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]**,** déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcás maidir le hathúsáid pacáistíochta ***agus, ar an mbonn sin, déanfaidh sé measúnú ar a oiriúnaí a bheadh sé bearta a bhunú,*** na spriocanna a | 17. Faoin [OP: Cuir isteach an dáta = 8 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcás maidir le hathúsáid pacáistíochta. ***Le linn dó tionchar na spriocanna maidir le hathúsáid pacáistíochta a mheasúnú,*** |

leagtar síos san Airteagal seo ***a athbhreithniú, agus*** spriocanna nua***maidir le hathúsáid agus athlíonadh pacáistíochta*** a leagan síos***, agus i gcás inar gá, togra reachtach a thíolacadh***.

***déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an laghdú dramhphacáistíochta a fuarthas mar thoradh ar an méid seo a leanas ar a laghad: spriocanna athúsaide 2030, laghdú astaíochtaí $CO_2$, laghdú ar an gcur amú bia, laghdú ar na méideanna ogh-amhábhair a bhí in úsáid, úsáid uisce agus fuinnimh, truailliú uisce agus úsáid glantach agus díghalrán.***

***Déanfaidh an Coimisiún measúnu freisin ar fhorbairt na dramhphacáistíochta cairtchláir agus a tionchair ar an gcomhshaol agus éifeachtaí de bharr ionadú ábhar a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar dhíolúintí ábhartha in Airteagal 22 in éineacht le hIarscríbhinn V, agus Airteagal 26, míreanna 7, 10, 12 agus 13. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh ina ndéanfar an méid a leanas:***

***(a)*** ***na spriocanna do 2040*** a leagtar síos san Airteagal seo ***a mhodhnú nó a dheimhniú***

***(b)*** ***i gcás inar gá,*** spriocanna nua a leagan síos ***don athúsáid in earnálacha eile agus maidir le formáidí agus ábhair phacáistíochta eile***.

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***17a. Ón 1 Eanáir 2030, maidir le gach formáid pacáistíochta in-athúsáidte arna eisiúint ag dáileoirí i gcríoch Ballstáit i gcomhréir le míreanna 3a agus 3b, déanfaidh an dáileoir deiridh sin í a ghlacadh ar ais.*** |

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Rialacha maidir le baint amach na spriocanna athúsáide ***agus athlíonta*** a ríomh | Rialacha maidir le baint amach na spriocanna athúsáide a ríomh |

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun baint amach na spriocanna a leagtar amach in Airteagal ***26(2) go (6)*** a léiriú, déanfaidh an dáileoir deiridh, nó an monaróir, de réir mar is iomchuí, a chuireann táirgí den sórt sin ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit, na nithe a leanas a ríomh, i gcomhair gach sprioc ar leithligh: | 2. Chun baint amach na spriocanna a leagtar amach in Airteagal ***26(3a) agus (3b)*** a léiriú, déanfaidh an dáileoir deiridh, nó an monaróir, de réir mar is iomchuí, a chuireann táirgí den sórt sin ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit, na nithe a leanas a ríomh, i gcomhair gach sprioc ar leithligh: |

**Leasú 230**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) líon na n-aonad díolacháin de dheochanna agus bia i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide a cuireadh ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit i mbliain féilire; | (a) líon na n-aonad díolacháin ***coibhéiseach*** de dheochanna agus bia i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide a cuireadh ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit i mbliain féilire; |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) líon na n-aonad díolacháin de dheochanna agus bia a cuireadh ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit i mbliain féilire trí athlíonadh;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 232**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) líon na n-aonad díolacháin de dheochanna agus de bhia a cuireadh ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit i mbliain féilire ar mhodhanna eile seachas iad sin dá dtagraítear i ***bpointí (a) agus (b)***. | (c) Líon na n-aonad díolacháin ***coibhéiseach a díoladh*** de dheochanna agus de bhia a cuireadh ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit i mbliain féilire ar mhodhanna eile seachas iad sin dá dtagraítear i ***bpointe (a)***. |

**Leasú 233**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) líon na n-aonad coibhéiseach de gach formáid phacáistíochta a liostaítear in Airteagal ***26(7) go (10)*** ar pacáistíocht in-athúsáidte iad laistigh de chóras athúsáide a bhí in úsáid acu i mbliain féilire; | (a) líon na n-aonad coibhéiseach de gach formáid phacáistíochta a liostaítear in Airteagal ***26(6) agus (7)*** ar pacáistíocht in-athúsáidte iad laistigh de chóras athúsáide a bhí in úsáid acu i mbliain féilire; |

**Leasú 234**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) líon na n-aonad coibhéiseach de gach formáid phacáistíochta a liostaítear in Airteagal ***26(7) go (10)***, seachas na cinn a | (b) líon na n-aonad coibhéiseach de gach formáid phacáistíochta a liostaítear in Airteagal ***26(6) agus (7)***, seachas na cinn a |

| | |
|---|---|
| léirítear i bpointe (a), a bhí in úsáid acu i mbliain féilire. | léirítear i bpointe (a), a bhí in úsáid acu i mbliain féilire. |

**Leasú 235**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin 31 Nollaig ***2028***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha ***cur chun feidhme*** lena mbunófar rialacha ríomha mionsonraithe agus modheolaíocht mhionsonraithe maidir leis na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 26. | Faoin 31 Nollaig ***2027***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha ***tarmligthe*** lena mbunófar rialacha ríomha mionsonraithe agus modheolaíocht mhionsonraithe maidir leis na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 26. |

**Leasú 236**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Déanfar an gníomh cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3).*** | ***scriosta*** |

**Leasú 237**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 4 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh feidhm leis an oibleagáid chun a léiriú gur baineadh amach na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 26 ón 1 Eanáir 2030 nó [18 mí] tar éis dháta theacht i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i bhfomhír 1, cibé dáta is déanaí.*** |

**Leasú 238**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tuairisciú do na húdaráis inniúla maidir le spriocanna athúsáide ***agus athlíonta*** | Tuairisciú do na húdaráis inniúla maidir le spriocanna athúsáide |

**Leasú 239**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Faoin ... [OP: cuir isteach an dáta = 24 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún faireachlann Eorpach um athúsáid a bhunú. Beidh an fhaireachlann freagrach as an méid a leanas: faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na mbeart a leagtar síos sa Rialachán seo, sonraí a bhailiú maidir le cleachtais athúsáide, agus cuidiú le forbairt dea-chleachtas i réimse na hathúsáide.*** |

**Leasú 240**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 28a*** |
| | ***An oibleagáid atá ar an earnáil beir leat maidir le hathlíonadh*** |
| | ***1. Faoin ... [OP: Cuir isteach, le do thoil, an dáta - 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]:*** |
| | ***(a) déanfaidh an dáileoir deiridh a dhéanann a ghníomhaíocht ghnó in*** |

***earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna ("HORECA") agus a chuireann ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit, i bpacáistíocht díolacháin, deochanna fuara nó teo a líontar isteach i gcoimeádán ag an díolphointe beir leat, córas a chur ar fáil do thomhaltóirí chun a gcoimeádán féin a thabhairt leo le líonadh;***

***(b) déanfaidh an dáileoir deiridh a dhéanann a ghníomhaíocht ghnó in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna agus a chuireann ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit, i bpacáistíocht díolacháin, bia réamhullmhaithe beir leat atá ceaptha a ithe láithreach gan aon ullmhú breise ag teastáil, agus a itear de ghnáth as an gcoimeádán, córas a chur ar fáil do thomhaltóirí chun a gcoimeádán féin a thabhairt leo le líonadh.***

***2. Déanfaidh na dáileoirí deiridh dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) na hearraí a líontar isteach sa choimeádán a thug an tomhaltóir leis a thairgeadh ar phraghas níos ísle agus faoi dhálaí nach lú fabhar ná san aonad díolacháin ina bhfuil na hearraí céanna agus pacáistíocht aon úsáide.***

***Cuirfidh na dáileoirí deiridh in iúl do na tomhaltóirí deiridh ag an díolphointe, trí bhíthin cláir faisnéise nó comharthaí sofheicthe agus inléite, gur féidir na hearraí a fháil i gcoimeádán in-athlíonta a thugann an tomhaltóir leis.***

**Leasú 241**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 28 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 28b*** |
| | ***Tairiscint athúsáide i gcás earnáil na*** |

| | |
|---|---|
| | ***ndeochanna beir leat*** |
| | ***1. Faoin ... [OP: Cuir isteach an dáta, le do thoil = 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an dáileoir deiridh a dhéanann a ghníomhaíocht ghnó in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna (“HORECA”) agus a chuireann ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit, i bpacáistíocht díolacháin, deochanna fuara nó teo a líontar isteach i gcoimeádán ag an díolphointe beir leat pacáistíocht laistigh de chóras athúsáide a chur ar fáil do thomhaltóirí mar rogha.*** |
| | ***2. Cuirfidh na dáileoirí deiridh in iúl do na tomhaltóirí deiridh ag an díolphointe, trí bhíthin cláir faisnéise nó comharthaí sofheicthe agus inléite, gur féidir na hearraí a fháil i bpacáistíocht in-athúsáide.*** |
| | ***3. Tairgfidh na dáileoirí deiridh na hearraí a líontar isteach i bpacaistíocht in-athúsáidte ar phraghas nach airde agus faoi dhálaí nach lú fabhar ná san aonad díolacháin ina bhfuil na hearraí céanna agus pacáistíocht aon úsáide.*** |
| | ***4. Beidh na dáileoirí deiridh díolmhaithe ó fheidhmiú an Airteagail seo i gcás ina dtagann siad faoin sainmhíniú ar mhicrifhiontar a leagtar amach i Moladh 2003/361/AE ón gCoimisiún.*** |

**Leasú 242**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Féadfaidh*** bearta a bheidh le glacadh ag na Ballstáit chun an sprioc a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach ***a bheith éagsúil ag brath ar thionchar*** na málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma ar an gcomhshaol nuair a dhéantar iad a | 2. ***Sna bearta*** a bheidh le glacadh ag na Ballstáit chun an sprioc a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach ***cuirfear san áireamh tionchar*** na málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma ar an gcomhshaol nuair a dhéantar iad a tháirgeadh, a |

| | |
|---|---|
| tháirgeadh, a athchúrsáil nó a dhiúscairt, agus ***ar*** a n-airíonna múirínithe, a marthanacht nó an úsáid shonrach a bheartaítear dóibh. Féadfar a áireamh le bearta den sórt sin, de mhaolú ar Airteagal 4, srianta margaithe, ar choinníoll go bhfuil siad comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. | athchúrsáil nó a dhiúscairt, agus a n-airíonna múirínithe, a marthanacht nó an úsáid shonrach a bheartaítear dóibh. Féadfar a áireamh le bearta den sórt sin, de mhaolú ar Airteagal 4, srianta margaithe, ar choinníoll go bhfuil siad comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. |

**Leasú 243**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Faoin 31 Nollaig 2027, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a ullmhú ar an ngá le húsáid málaí siopadóireachta páipéir a laghdú agus a indéanta a bheadh sé agus, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a thíolacadh ina leagfar amach spriocanna chun laghdú ar mhálaí siopadóireachta páipéir agus bearta chun na spriocanna sin a bhaint amach.*** |

**Leasú 244**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Rialóidh údaráis inniúla cruinneas 10% ar a laghad de na dearbhuithe comhréireachta in aghaidh na bliana, arna measúnú ar bhonn randamach agus déanfaidh siad na bearta is gá chun aghaidh a thabhairt ar an neamhchomhlíonadh, amhail táirgí neamhchomhlíontacha a tharraingt siar ón margadh.***<br><br>***Gan dochar do na seiceálacha arna mbeartú roimh ré de bhun mhír 1, déanfaidh údaráis inniúla na seiceálacha de bhun mhír 1 nuair a gheobhaidh siad*** |

***faisnéis ábhartha nó nuair a chuirfear faisnéis ábhartha in iúl dóibh, lena n-áirítear faisnéis bunaithe ar ábhair imní réasúnaithe arna soláthar ag tríú páirtithe, maidir le neamhchomhlíonadh féideartha i gcás an Rialacháin seo.***

***Déanfar na seiceálacha gan réamhrabhadh a thabhairt don oibreoir eacnamaíoch, seachas i gcás inar gá réamhfhógra a thabhairt don oibreoir nó don trádálaí chun éifeachtacht na seiceálacha sin a áirithiú.***

***Coimeádfaidh na húdaráis inniúla taifid ar na seiceálacha, á léiriú iontu, go háirithe, cineál agus torthaí na seiceálacha, agus na bearta a rinneadh i gcás neamhchomhlíonadh. Coimeádfar taifid ar na seiceálacha uile ar feadh 10 mbliana ar a laghad.***

***Áireofar taifid ar sheiceálacha a dhéanfar faoin Rialachán seo agus tuarascálacha orthu agus ar thorthaí na seiceálacha mar fhaisnéis chomhshaoil chun críocha Threoir 2003/4/CE agus cuirfear ar fáil go poiblí iad arna iarraidh sin.***

**Leasú 245**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Déanfaidh gach Ballstát na laghduithe a leanas ar an dramhphacáistíocht phlaisteach a ghintear in aghaidh an duine, i gcomparáid leis an dramhphacáistíocht phlaisteach a gineadh in aghaidh an duine in 2018 arna tuarisciú don Choimisiún i gcomhréir le Cinneadh 2005/270/CE ón gCoimisiún:*** |
| | ***(a) 10 % faoi 2030;*** |
| | ***(b) 15 % faoi 2035;*** |

| | |
|---|---|
| | ***(c) 20 % faoin 2040.*** |

**Leasú 246**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Gan dochar do mhíreanna 1 agus 1a, maidir le Ballstáit a bhfuil déchóras bunaithe acu chun dramhphacáistíocht a bhainistiú, córas amháin le haghaidh dramhphacáistíocht tí agus an córas eile le haghaidh dramhphacáistíocht tionsclaíochta agus tráchtála, d'fhéadfadh sé go mbeadh an deis acu a sainiúlacht a choinneáil.*** |

**Leasú 247**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Cuirfidh*** na Ballstáit bearta chun feidhme ***arb é is aidhm dóibh giniúint dramhaíola ó phacáistíocht*** a chosc ***agus tionchar na pacáistíochta ar an gcomhshaol a íoslaghdú***. | 2. ***Déanfaidh*** na Ballstáit ***na*** bearta ***inbhuanaitheachta breise is gá a chur*** chun feidhme ***agus a ghlacadh chun laghdú uaillmhianach agus seasmhach ar an dramhphacáistíocht a ghintear ina aghaidh an duine a bhaint amach, i gcomhréir le cuspóirí ginearálta bheartas an Aontais um dhramhaíl, go háirithe dramhaíl*** a chosc***, agus chun na spriocanna a leagtar amach san Airteagal seo a bhaint amach***. |

**Leasú 248**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***2a. Chun críoch mhír 2, áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh custaiméirí i mbialanna, i gceaintíní, i mbeáir, i gcaiféanna agus i seirbhísí lónadóireachta a iarraidh go dtabharfar uisce buacaire dóibh saor in aisce nó ar tháille seirbhíse íseal.*** |

**Leasú 249**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Chun críoch mhír 2, féadfaidh na Ballstáit ionstraimí eacnamaíocha agus bearta eile ***a úsáid*** chun dreasachtaí a sholáthar chun ord na réiteach dramhaíola a chur i bhfeidhm, amhail bearta dá dtagraítear in Iarscríbhinní IV agus IVa a ghabhann le Treoir 2008/98/CE, nó ionstraimí agus bearta iomchuí eile, lena n-áirítear dreasachtaí trí scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora agus ceanglais ar thairgeoirí nó ar eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí chun pleananna maidir le cosc dramhaíola a ghlacadh. Beidh bearta den sórt sin comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, agus déanfar iad a dhearadh ionas go ndéanfar bacainní ar thrádáil nó saobhadh iomaíochta a sheachaint i gcomhréir leis an gConradh. | 3. Chun críoch mhír 2, féadfaidh na Ballstáit ***bearta a thionscnamh lena n-áireofaí, ach gan a bheith teoranta d'úsáid*** ionstraimí eacnamaíocha agus bearta eile chun dreasachtaí a sholáthar chun ord na réiteach dramhaíola a chur i bhfeidhm, amhail bearta dá dtagraítear in Iarscríbhinní IV agus IVa a ghabhann le Treoir 2008/98/CE, nó ionstraimí agus bearta iomchuí eile, lena n-áirítear dreasachtaí trí scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora agus ceanglais ar thairgeoirí nó ar eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí chun pleananna maidir le cosc dramhaíola a ghlacadh. Beidh bearta den sórt sin comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, agus déanfar iad a dhearadh ionas go ndéanfar bacainní ar thrádáil nó saobhadh iomaíochta a sheachaint i gcomhréir leis an gConradh ***agus le hAirteagal 4 den Rialachán seo***. |

**Leasú 250**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Faoin [OP: Cuir isteach an dáta = | 4. Faoin [OP: Cuir isteach an dáta = |

| | |
|---|---|
| ***8 mbliana*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na spriocanna a leagtar síos i ***mír 1***. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, lena ngabhfaidh, i gcás inarb iomchuí i dtuairim an Choimisiúin, togra reachtach. | ***5 bliana*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar na spriocanna a leagtar síos i ***míreanna 1 agus 1a, agus measúnú ar an ngá le spriocanna sonracha maidir le páipéar agus cairtchlár, gloine, miotal agus ábhar comhchodach a áireamh***. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, lena ngabhfaidh, i gcás inarb iomchuí i dtuairim an Choimisiúin, togra reachtach. |

**Leasú 251**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Soláthrófar leis an gclár naisc chuig suíomhanna gréasáin cláir náisiúnta eile táirgeoirí chun clárú táirgeoirí nó clárú ionadaithe ***ceaptha*** do fhreagracht leathnaithe táirgeora a éascú sna Ballstáit go léir. | Soláthrófar leis an gclár naisc chuig suíomhanna gréasáin cláir náisiúnta eile táirgeoirí chun clárú táirgeoirí nó clárú ionadaithe ***údaraithe*** do fhreagracht leathnaithe táirgeora a éascú sna Ballstáit go léir. ***Beidh beidh rochtain éasca ar an gclár agus í saor in aisce ar líne don phobal.*** |

**Leasú 252**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cuirfear d'oibleagáid ar tháirgeoirí clárú leis an gclár táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1. Chuige sin, cuirfidh siad isteach iarratas ar chlárú i ngach Ballstát ina gcuireann siad pacáistíocht ar fáil ar an margadh den chéad uair. I gcás ina mbeidh eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí ceaptha ag táirgeoir dá dtagraítear in Airteagal 41(1), comhlíonfaidh an eagraíocht sin na hoibleagáidí a leagtar | 2. Cuirfear d'oibleagáid ar tháirgeoirí clárú leis an gclár táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1. Chuige sin, cuirfidh siad isteach iarratas ar chlárú i ngach Ballstát ina gcuireann siad pacáistíocht ar fáil ar an margadh den chéad uair. I gcás ina mbeidh eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí ceaptha ag táirgeoir dá dtagraítear in Airteagal 41(1), comhlíonfaidh an eagraíocht sin na hoibleagáidí a leagtar |

| | |
|---|---|
| amach san Airteagal seo***,*** mura ***sonraíonn an Ballstát ina mbunaítear an clár a mhalairt***. | amach san Airteagal seo. ***Beidh micrifhiontair díolmhaithe ó oibleagáidí na míre seo*** mura ***ndearna siad eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí a cheapadh.*** |

**Leasú 253**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní chuirfidh táirgeoirí pacáistíocht ar fáil ar mhargadh Ballstáit, mura bhfuil siad féin, nó, i gcás inarb infheidhme, mura bhfuil a n-ionadaí ***ceaptha*** um fhreagracht leathnaithe táirgeora, cláraithe sa Bhallstát sin. | 4. Ní chuirfidh táirgeoirí pacáistíocht ar fáil ar mhargadh Ballstáit, mura bhfuil siad féin, nó, i gcás inarb infheidhme, ***i gcomhréir le hAirteagal 40,*** mura bhfuil a n-ionadaí ***údaraithe*** um fhreagracht leathnaithe táirgeora, cláraithe sa Bhallstát sin. |

**Leasú 254**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. I gcás ina ndéanann ionadaí ***ceaptha*** um fhreagracht leathnaithe táirgeora ionadaíocht thar ceann breis agus táirgeoir amháin, i dteannta na faisnéise atá le soláthar de bhun mhír 5, soláthróidh sé ainm agus sonraí teagmhála ar leithligh gach ceann de na táirgeoirí ionadaithe. | 6. I gcás ina ndéanann ionadaí ***údaraithe*** um fhreagracht leathnaithe táirgeora ionadaíocht thar ceann breis agus táirgeoir amháin, i dteannta na faisnéise atá le soláthar de bhun mhír 5, soláthróidh sé ainm agus sonraí teagmhála ar leithligh gach ceann de na táirgeoirí ionadaithe. |

**Leasú 255**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. ***I gcás nach bhfuil*** an fhaisnéis ***atá*** i gclár na dtáirgeoirí inrochtana don phobal, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh | 10. ***Beidh*** an fhaisnéis i gclár na dtáirgeoirí inrochtana don phobal***.*** Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh |

| | |
|---|---|
| rochtain saor in aisce ar an bhfaisnéis sa chlár ag soláthraithe ardán ar líne a chuireann ar chumas tomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le táirgeoirí. | rochtain***, lena n-áirítear rochtain ar líne,*** saor in aisce***,*** ar an bhfaisnéis sa chlár***, lena n-áirítear trí shleachta den chlár digiteach,*** ag ***soláthraithe seirbhísí comhlíonta agus*** soláthraithe ardán ar líne a chuireann ar chumas tomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le táirgeoirí. ***Mar sin féin, maidir le faisnéis atá íogair ó thaobh tráchtála de coinneofar faoi rún í, i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais agus an dlí náisiúnta ábhartha. Beidh liosta na dtáirgeoirí cláraithe inléite, insortáilte agus inchuardaithe ag meaisín, agus urramófar leis caighdeáin oscailte don úsáid ó thriú páirtithe.*** |

**Leasú 256**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh freagracht leathnaithe táirgeora ar tháirgeoirí ***pacáistíochta*** as an bpacáistíocht a chuireann siad ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit, faoi na scéimeanna a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 8a de Threoir 2008/98/CE agus leis an Roinn seo. | 1. Beidh freagracht leathnaithe táirgeora ar tháirgeoirí as an bpacáistíocht a chuireann siad ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit, faoi na scéimeanna a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 8a de Threoir 2008/98/CE agus leis an Roinn seo. |

**Leasú 257**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ceapfaidh táirgeoir, trí shainordú i scríbhinn, ionadaí ***ceaptha*** um fhreagracht leathnaithe táirgeora i ngach Ballstát faoi seach, seachas sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe, i gcás ina gcuireann sé pacáistíocht ar fáil den chéad uair. | 2. Ceapfaidh táirgeoir, trí shainordú i scríbhinn, ionadaí ***údaraithe*** um fhreagracht leathnaithe táirgeora i ngach Ballstát faoi seach, seachas sa Bhallstát ina bhfuil sé bunaithe, i gcás ina gcuireann sé pacáistíocht ar fáil den chéad uair. |

**Leasú 258**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Déanfaidh soláthraithe*** ardán ar líne, a thagann faoi ***raon feidhme*** Roinn 4 de Chaibidil 3 de Rialachán (AE) 2022/2065, lena gcuirtear ar chumas tomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le táirgeoirí, ***an fhaisnéis a leanas a fháil ó na*** táirgeoirí a thairgeann pacáistíocht do thomhaltóirí atá lonnaithe san Aontas: | 3. ***Ceanglófar ar sholáthraithe*** ardán ar líne, a thagann faoi Roinn 4 de Chaibidil 3 de Rialachán (AE) 2022/2065, lena gcuirtear ar chumas tomhaltóirí cianchonarthaí a thabhairt i gcrích le táirgeoirí***, agus le soláthraithe seirbhísí comhlíonta, na ceanglais maidir le freagracht leathnaithe táirgeora dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a chomhlíonadh, mura féidir leo a chruthú go bhfuil*** táirgeoirí a thairgeann pacáistíocht do thomhaltóirí atá lonnaithe san Aontas***, ag comhlíonadh na gceanglas sin tríd an méid seo a leanas a fháil***: |

**Leasú 259**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***féindeimhniúchán ón táirgeoir ina ngabhann sé air féin gan a thairiscint ach pacáistíocht a chomhlíonann na ceanglais*** um fhreagracht leathnaithe táirgeora dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo sa Bhallstát ina bhfuil an tomhaltóir lonnaithe. | (b) ***faisnéis maidir le comhlíonadh na gceanglas*** um fhreagracht leathnaithe táirgeora dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo sa Bhallstát ina bhfuil an tomhaltóir lonnaithe. |

**Leasú 260**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás ina ndíolann táirgeoirí a dtáirgí tríd an margadh ar líne agus nach bhfuil siad cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 39(2), féadfaidh an margadh ar líne inar tairgeadh na táirgí lena ndíol na hoibleagáidí faoi Airteagal 39(7) a chomhlíonadh i leith na dtáirgeoirí sin ar bhonn comhchoiteann.*** |

**Leasú 261**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a fháil agus sula gceadaítear don táirgeoir lena mbaineann a sheirbhísí a úsáid, déanfaidh soláthraí na n-ardán ar líne agus na soláthraithe seirbhíse comhlíonta a mheasúnú an bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) iontaofa agus iomlán.*** |

**Leasú 262**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Áiritheoidh Ballstáit go gcumhdóidh na táirgeoirí na costais de bhun na bhforálacha um fhreagracht leathnaithe táirgeora i dTreoracha 2008/98/CE agus 94/62/CE agus, a mhéid nár áiríodh iad cheana, go gcumhdóidh siad ar a laghad costais an bhailithe dramhaíola le haghaidh na dtáirgí sin a dhiúscraítear i gcórais bhailithe phoiblí, lena n-áirítear an bonneagar agus oibriú an bhonneagair, agus iompar agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***cóireáil na dramhaíola sin ina dhiaidh sin.*** |
| | ***Bunófar na costais a bheidh le cumhdach ar bhealach trédhearcach agus cost-éifeachtúil. Beidh na costais ghlanta bruscair teoranta do ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag na húdaráis phoiblí nó thar a gceann. Déanfar modheolaíocht an ríomha a fhorbairt ar bhealach lena mbeifear in ann na costais ghlanta bruscair a bhunú ar bhealach comhréireach ar bhonn na bhformáidí pacáistíochta ar mó an seans go ndéanfar bruscar díobh nó nach mbaileofar ar leithligh iad.*** |

**Leasú 263**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 41 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Más rud é, ar chríoch Ballstáit, go bhfuil ileagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí údaraithe chun oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a chomhlíonadh thar ceann táirgeoirí, áiritheoidh an Ballstát go gcumhdóidh na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, agus iad á nglacadh le chéile, críoch iomlán an Bhallstáit a mhéid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagail 42(3), 43 agus 44. Cuirfidh na Ballstáit ar iontaoibh an údaráis inniúil nó ceapfaidh siad tríú páirtí neamhspleách chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáid na n-eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí ar bhealach comhordaithe. | 2. Más rud é, ar chríoch Ballstáit, go bhfuil ileagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí údaraithe chun oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeora a chomhlíonadh thar ceann táirgeoirí, áiritheoidh an Ballstát go gcumhdóidh na heagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí ***agus eagraíochtaí nár chuir eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí ar iontaoibh***, agus iad á nglacadh le chéile, críoch iomlán an Bhallstáit a mhéid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí i gcomhréir le hAirteagail 42(3), 43 agus 44. Cuirfidh na Ballstáit ar iontaoibh an údaráis inniúil nó ceapfaidh siad tríú páirtí neamhspleách chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáid na n-eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí ar bhealach comhordaithe. |

**Leasú 264**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 42 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gur leor na bearta atá curtha i bhfeidhm ag an táirgeoir nó ag an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí chun go bhféadfar an dramhphacáistíocht a aischur ***nó*** a bhailiú gcomhréir le hAirteagal 43(1) agus (2) agus Airteagal 44, saor in aisce, ar mhinicíocht i gcomhréir leis an limistéar agus le méid na dramhphacáistíochta a chumhdaítear, i ndáil le méid agus cineálacha pacáistíochta arna gcur ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit ag an táirgeoir nó na táirgeoirí sin a ngníomhaíonn an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí thar a gceann; | (b) gur leor na bearta atá curtha i bhfeidhm ag an táirgeoir nó ag an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí chun go bhféadfar an dramhphacáistíocht go léir a aischur***,*** a bhailiú***, a iompar agus a chóireáil*** i gcomhréir le hAirteagal 43(1) agus (2) agus Airteagal 44, saor in aisce, ar mhinicíocht i gcomhréir leis an limistéar agus le méid na dramhphacáistíochta a chumhdaítear, i ndáil le méid agus cineálacha pacáistíochta arna gcur ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit ag an táirgeoir nó na táirgeoirí sin a ngníomhaíonn an eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí thar a gceann; |

**Leasú 265**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar córais chun foráil a dhéanamh maidir le haischur agus bailiú ar leithligh na dramhphacáistíochta go léir ó na húsáideoirí deiridh chun a áirithiú go ndéanfar cóireáil uirthi i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 13 de Threoir 2008/98/CE, agus chun ullmhú na dramhaíola i gcomhair athúsáide agus athchúrsáil ardcháilíochta a éascú. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar córais ***agus bonneagair*** chun foráil a dhéanamh maidir le haischur agus bailiú ar leithligh na dramhphacáistíochta go léir ó na húsáideoirí deiridh chun a áirithiú go ndéanfar cóireáil uirthi i gcomhréir le hAirteagail 4***, 10*** agus 13 de Threoir 2008/98/CE, agus chun ullmhú na dramhaíola i gcomhair athúsáide agus athchúrsáil ardcháilíochta a éascú. |

**Leasú 266**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Chun athchúrsáil ardcháilíochta a éascú, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh córas i bhfeidhm chun rochtain shábháilte agus chothromasach a chur ar fáil ar amhábhair athchúrsáilte lena n-úsáid i bhfeidhmeanna ina gcaomhnófar nó ina n-aisghabhfar saincháilíocht an ábhair athchúrsáilte ionas gur féidir é a athchúrsáil tuilleadh agus é a úsáid ar an mbealach céanna agus le haghaidh úsaid ghaolmhar, gan ach méid an-bheag cainníochta, cáilíochta nó feidhme a chailleadh.*** |

**Leasú 267**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh na Ballstáit maoluithe ar ***mhír*** 1 a cheadú ar choinníoll nach ndéanann bailiú pacáistíochta nó codán dramhphacáistíochta i dteannta a chéile nó in éineacht le dramhaíl eile difear ***d'acmhainneacht*** na pacáistíochta sin nó na gcodán sin de dhramhphacáistíocht dul faoi ullmhú i gcomhair athúsáide, athchúrsála nó oibríochtaí aisghabhála eile i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 13 de Threoir 2008/98/CE agus go ngintear aschur ó na hoibríochtaí sin a bheidh ar cháilíocht a bheidh inchurtha leis an aschur a fhaightear trí bhailiú ar leithligh. | 2. Féadfaidh na Ballstáit maoluithe ***ar an oibleagáid aischuir agus bailiú dramhaíola ar leithligh i mír*** 1 a cheadú ***le haghaidh cineálacha áirithe dramhaíola*** ar choinníoll nach ndéanann bailiú pacáistíochta nó codán dramhphacáistíochta i dteannta a chéile nó in éineacht le dramhaíl eile difear ***do chumas*** na pacáistíochta sin nó na gcodán dramhphacáistíochta sin dul faoi ullmhú i gcomhair athúsáide, athchúrsála nó oibríochtaí aisghabhála eile i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 13 de Threoir 2008/98/CE agus go ngintear aschur ó na hoibríochtaí sin a bheidh ar cháilíocht a bheidh inchurtha leis an aschur a fhaightear trí bhailiú ar leithligh. |

**Leasú 268**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 3 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) a bheith oscailte don rochtain ar shonraí, maidir le tuairisciú i dtéarmaí meáchan agus costas bainistithe sreafaí dramhphacáistíochta, iad cothrom le dáta agus arna gcur ar fáil trí bhíthin na nithe a leanas:*** |
| | ***(i) suíomh gréasáin nó modhanna eile cumarsáide leictreonaí, i dteanga oifigiúil an Bhallstáit lena mbaineann;*** |
| | ***(ii) tuarascálacha poiblí i dteanga oifigiúil an Bhallstáit lena mbaineann.*** |
| | ***Beidh pointe (ca) gan dochar d'fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó do dhlíthe cosanta sonraí.*** |

**Leasú 269**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Faoin 1 Eanáir 2029, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear córais bhailithe ar leithligh ar bun i spásanna poiblí a bheidh leordhóthanach do na codáin éagsúla ábhar dramhphacáistíochta.*** |

**Leasú 270**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *5.* ***De mhaolú ar an oibleagáid maidir le bailiú ar leithligh dramhaíola i mír 3, féadfar cineálacha áirithe dramhphacáistíochta a bhailiú i dteannta a chéile i gcás nach ndéanfaidh an bailiú sin difear dá gcumas dul faoi oibríochtaí athchúrsála agus go mbeidh aschur na n-*** | ***scriosta*** |

***oibríochtaí sin ar cháilíocht a bheidh inchurtha leis an aschur a bhaintear amach trí bhailiú ar leithligh.***

**Leasú 271**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Ón 1 Eanáir 2030, féadfaidh na Ballstáit a áirithiú maidir le dramhphacáistíocht nach mbailítear ar leithligh, go ndéanfar í a shórtáil roimh dhiúscairt nó roimh oibríochtaí aisghabhála fuinnimh chun pacáistíocht a dearadh don athchúrsáil a bhaint.*** |

**Leasú 272**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 43a*** |
| | ***Bailiú éigeantach ar leithligh*** |
| | ***1. Faoin 1 Eanáir 2029, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar bailiú ar leithligh de réir meáchain i gcás 90 % de na hábhair a liostaítear in Airteagal 46, in aon bhliain ar leith.*** |
| | ***D'fhéadfaí an cuspóir dá dtagraítear sa chéad fhomhír a bhaint amach trí na bearta uile dá dtagraítear sa Rialachán seo, agus trí bhearta um bailiú ar leithligh lasmuigh den bhaile.*** |
| | ***2. Le mír 1, forlíonfar na spriocanna um bailiú ar leithligh a leagtar síos le haghaidh buidéil phlaisteacha aon úsáide a chumhdaítear le hAirteagal 9 de Threoir (AE) 2019/904.*** |

**Leasú 273**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) bhuidéil deochanna aon úsáide ag a bhfuil toilleadh suas le trí lítear; agus | (a) buidéil deochanna aon úsáide ag a bhfuil toilleadh ***0,1 lítear*** suas le trí lítear; agus |

**Leasú 274**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) coimeádáin deochanna miotail aon úsáide ag a bhfuil toilleadh suas le trí lítear. | (b) coimeádáin deochanna miotail aon úsáide ag a bhfuil toilleadh ***0,1 lítear*** suas le trí lítear; |

**Leasú 275**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Gan dochar do mhír 1 den Airteagal seo, beidh ***Ballstát*** díolmhaithe ón oibleagáid faoi mhír 1 ***faoi*** na coinníollacha seo a leanas: | 3. Gan dochar do mhír 1 den Airteagal sin, beidh ***na Ballstáit*** díolmhaithe ón oibleagáid faoi mhír 1 ***ar choinníoll go gcomhlíonfar ceann amháin ar a laghad de*** na coinníollacha seo a leanas: |

**Leasú 276**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go bhfuil ráta bailithe ar leithligh na | (a) go bhfuil ráta bailithe ar leithligh na |

formáide pacáistíochta faoi seach, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 43(3) agus (4) agus mar a thuairiscítear don Choimisiún faoi Airteagal 50(1) pointe (c) ***os cionn 90 %*** de réir mheáchan na pacáistíochta sin a cuireadh ar an margadh ar chríoch an Bhallstáit sin sna blianta féilire 2026 agus 2027. I gcás nár cuireadh tuairisciú den sórt sin faoi bhráid an Choimisiúin go fóill, cuirfidh an Ballstát réasúnú réasúnta ar fáil, bunaithe ar shonraí náisiúnta bailíochtaithe, agus tuairisc ar na bearta a cuireadh chun feidhme, gur comhlíonadh na coinníollacha don díolúine a leagtar amach sa mhír seo;

formáide pacáistíochta faoi seach, mar a cheanglaítear faoi Airteagal 43(3) agus (4) agus mar a thuairiscítear don Choimisiún faoi Airteagal 50(1) pointe (c) ***cothrom le, nó níos mó ná 85 %*** de réir mheáchan na pacáistíochta sin a cuireadh ar an margadh ar chríoch an Bhallstáit sin sna blianta féilire 2026 agus 2027. I gcás nár cuireadh tuairisciú den sórt sin faoi bhráid an Choimisiúin go fóill, cuirfidh an Ballstát réasúnú réasúnta ar fáil, bunaithe ar shonraí náisiúnta bailíochtaithe, agus tuairisc ar na bearta a cuireadh chun feidhme, gur comhlíonadh na coinníollacha don díolúine a leagtar amach sa mhír seo;

**Leasú 277**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) 24 mhí ar a dhéanaí roimh an spriocdháta a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo, tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún faoina iarraidh ar dhíolúine agus cuirfidh sé isteach plean cur chun feidhme ina léirítear straitéis lena ngabhann gníomhaíochtaí nithiúla, lena n-áirítear amlíne a áiritheoidh go mbainfear an ráta bailithe ar leithligh ***90 %*** de réir mheáchan na pacáistíochta, dá dtagraítear i ***mír 1***. | (b) 24 mhí ar a dhéanaí roimh an spriocdháta a leagtar síos i mír 1 den Airteagal sin, tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún faoina iarraidh ar dhíolúine agus cuirfidh sé isteach plean cur chun feidhme ina léirítear straitéis lena ngabhann gníomhaíochtaí nithiúla lena n-áirítear amlíne a áiritheoidh go mbainfear an ráta bailithe ar leithligh de réir mheáchan na pacáistíochta dá dtagraítear i ***bpointe (a) de mhír 3a***. |

**Leasú 278**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Féadfaidh Ballstát a chloíonn leis na rialacha ginearálta a leagtar síos sa Chonradh agus a chomhlíonann na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo, | 7. Féadfaidh Ballstát a chloíonn leis na rialacha ginearálta a leagtar síos sa Chonradh agus a chomhlíonann na forálacha a leagtar amach sa Rialachán seo, |

| | |
|---|---|
| forálacha a théann níos faide ná na híoscheanglais a leagtar amach san Airteagal seo ***a ghlacadh***. | forálacha ***a ghlacadh*** a théann níos faide ná na híoscheanglais a leagtar amach san Airteagal seo ***agus a thugann deis pacáistíocht le haghaidh táirgí eile a chur san áireamh***. |

**Leasú 279**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit bearta chun bunú córas athúsáide pacáistíochta agus bunú córas athlíonta a ***spreagadh*** ar bhealach nach ndéanann dochar don chomhshaol. Comhlíonfaidh na córais sin na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 24 agus 25 agus Iarscríbhinn VI den Rialachán seo agus ní chuirfidh siad isteach ar shláinteachas bia ná ar shábháilteacht tomhaltóirí. | 1. ***Faoin 31 Nollaig, 2028,*** déanfaidh na Ballstáit bearta chun bunú córas athúsáide pacáistíochta ***a mbeidh dreasachtaí leordhóthanacha ann le haghaidh aischuir*** agus bunú córas athlíonta a ***áirithiú*** ar bhealach nach ndéanann dochar don chomhshaol. Comhlíonfaidh na córais sin na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 24 agus 25 agus Iarscríbhinn VI den Rialachán seo agus ní chuirfidh siad isteach ar shláinteachas bia ná ar shábháilteacht tomhaltóirí. |

**Leasú 280**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ceanglais ar dháileoirí deiridh céatadán áirithe de tháirgí eile, seachas iad siúd a chumhdaítear le spriocanna a leagtar síos in Airteagal 26, a chur ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh ar choinníoll nach saobhadh an mhargaidh inmheánaigh nó bacainní trádála i gcás táirgí ó Bhallstáit eile a bheidh mar thoradh air. | (c) ceanglais ***ar mhonaróirí agus*** ar dháileoirí deiridh céatadán áirithe de tháirgí eile, seachas iad siúd a chumhdaítear le spriocanna a leagtar síos in Airteagal 26, a chur ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh ar choinníoll nach saobhadh an mhargaidh inmheánaigh nó bacainní trádála i gcás táirgí ó Bhallstáit eile a bheidh mar thoradh air. |

**Leasú 281**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Iarrfaidh an Coimisiún ar eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin dheonacha a fhorbairt le haghaidh pacáistíocht in-athúsáidte, chun na saintréithe a theastaíonn le haghaidh imlonnú córas athúsáide dea-dheartha a chur chun cinn. Díreofar sna caighdeáin sin ar dhearadh, lipéadú, glanadh agus inrianaitheacht pacáistíochta in-athúsáidte, i measc gnéithe eile. Tacóidh an Coimisiún le forbairt agus scaipeadh na gcaighdeán sin.*** |

**Leasú 282**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 45 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfidh scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora agus scéimeanna éarlaise sciar íosta dá mbuiséid ar fáil chun maoiniú a dhéanamh ar ghníomhartha um laghdú agus um chosc agus ar bhonneagar le haghaidh imlonnú córas athúsáide.*** |

**Leasú 283**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 46 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Gan dochar do mhír 1, pointe (a), féadfaidh Ballstát na sprioc-amanna a leagtar amach i mír 1, pointí ***(b)(i)*** go (vi), | 2. Gan dochar do mhír 1, pointe (a), ***agus á aithint go bhfuil pointe tosaigh difriúil ann do gach Ballstát i ndáil leis*** |

| | |
|---|---|
| a chur siar suas le 5 bliana, faoi na coinníollacha seo a leanas: | ***an sprioc shonrach a sainíodh maidir le gach ábhar ar leith,*** féadfaidh Ballstát na sprioc-amanna a leagtar amach i mír 1, pointí ***(b) (i)*** go (vi), a chur siar suas le 5 bliana, faoi na coinníollacha seo a leanas: |

**Leasú 284**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. Ní dhéanfar dramhphacáistíocht arna honnmhairiú amach as an Aontas a ríomh mar ábhar atá athchúrsáilte ag an mBallstát inar bailíodh í ach amháin, más amhlaidh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 1013/2006, gur féidir leis an onnmhaireoir a chruthú go gcomhlíonann an loingsiú dramhaíola ceanglais an Rialacháin seo agus go ndearnadh athchúrsáil na dramhphacáistíochta lasmuigh den Aontas faoi dhálaí atá nach mór comhionann leo siúd a fhorordaítear le reachtaíocht ábhartha an Aontais.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 285**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Más rud é nach dramhaíl a thuilleadh iad na hábhair dhramhphacáistíochta de thoradh oibríocht ***ullmhúcháin sula ndéantar iad a athphróiseáil, féadfar na hábhair sin a áireamh mar ábhar athchúrsáilte ar choinníoll go bhfuil na hábhair sin beartaithe lena n-athphróiseáil*** ina dtáirgí, ina n-ábhair nó ina substaintí ***ina dhiaidh sin, a bheidh le húsaid*** chun na gcríoch bunaidh nó chun críoch eile. Ní áireofar | 9. Más rud é nach dramhaíl a thuilleadh iad na hábhair dhramhphacáistíochta de thoradh ar oibríocht ***aisghabhála lena ndéantar ábhair dhramhaíola a athphróiseáil*** ina dtáirgí, ina n-ábhair nó ina substaintí chun na gcríoch bunaidh nó chun críoch eile***, féadfar iad a áireamh ina n-ábhar athchúrsáilte***. Ní áireofar mar ábhair athchúrsáilte, áfach, ábhair deiridh dramhaíola atá le húsáid mar bhreoslaí nó |

mar ábhair athchúrsáilte, áfach, ábhair deiridh dramhaíola atá le húsáid mar bhreoslaí nó trí mhodhanna eile chun fuinneamh a ghiniúint, nó atá le loscadh, le haislíonadh nó le cur i líonadh talún.

trí mhodhanna eile chun fuinneamh a ghiniúint, nó atá le loscadh, le haislíonadh nó le cur i líonadh talún.

**Leasú 286**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 12. Ní dhéanfar dramhaíl ó phacáistíocht arna honnmhairiú ón Aontas a ríomh mar ábhar atá athchúrsáilte ag an mBallstát inar bailíodh í ach amháin, má chomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i mír 3 agus más amhlaidh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 1013/2006, ***gur féidir leis an onnmhaireoir a chruthú*** go gcomhlíonann an loingsiú dramhaíola ceanglais an Rialacháin sin agus go ndearnadh athchóireáil na dramhphacáistíochta lasmuigh den Aontas faoi dhálaí atá nach mór comhionann leo siúd a fhorordaítear le dlí comhshaoil ábhartha an Aontais. | 12. Ní dhéanfar dramhaíl ó phacáistíocht arna honnmhairiú ón Aontas a ríomh mar ábhar atá athchúrsáilte ag an mBallstát inar bailíodh í ach amháin, má chomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i mír 3 agus más amhlaidh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 1013/2006, ***go gcuireann an t-onnmhaireoir fianaise dhoiciméadach ar fáil arna formheas ag údarás inniúil sa spriocthír*** go gcomhlíonann an loingsiú dramhaíola ceanglais an Rialacháin sin agus go ndearnadh athchóireáil na dramhphacáistíocht\ lasmuigh den Aontas faoi dhálaí atá nach mór comhionann leo siúd a fhorordaítear le dlí comhshaoil ábhartha an Aontais. |

**Leasú 287**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) na hairíonna múirínithe agus na roghanna iomchuí um bainistiú dramhaíola maidir le pacáistíocht inmhúirínithe. | (f) na hairíonna múirínithe agus na roghanna iomchuí um bainistiú dramhaíola maidir le pacáistíocht inmhúirínithe, ***lena n-áirítear faisnéis do thomhaltóirí nach bhfuil pacáistíocht inmhúirínithe atá inmhúirínithe faoi dhálaí arna rialú go tionsclaíoch le caitheamh sa mhúirín baile nó san fhiadhúlra***. |

**Leasú 288**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) tomhaltas bliantúil málaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom, málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma ***agus*** málaí siopadóireachta plaisteacha tiubha in aghaidh an duine, ar leithligh le haghaidh gach catagóire; | (b) tomhaltas bliantúil málaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom, málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma***,*** málaí siopadóireachta plaisteacha tiubha***, malaí siopadóireachta plaisteacha an-tiubh agus malaí siopadóireachta páipéir*** in aghaidh an duine, ar leithligh le haghaidh gach catagóire; |

**Leasú 289**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tuairisceoidh na Ballstáit ***na sonraí seo a leanas maidir le gach ábhar agus cineál pacáistíochta mar a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn IX*** le haghaidh gach bliain féilire: | 2. Tuairisceoidh na Ballstáit le haghaidh gach bliana féilire ***sonraí maidir leis an méid seo a leanas***: |

**Leasú 290**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) na méideanna pacáistíochta a chuirtear ar an margadh le haghaidh gach cineáil agus ábhair pacáistíochta mar a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn ***IX***; | (a) na méideanna pacáistíochta a chuirtear ar an margadh le haghaidh gach cineáil agus ábhair pacáistíochta mar a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn ***II***; |

**Leasú 291**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) na méideanna dramhphacáistíochta a bhailítear ar leithligh le haghaidh gach ábhair pacáistíochta mar a liostaítear i dTábla ***1*** in Iarscríbhinn ***IX***; | (b) na méideanna dramhphacáistíochta a bhailítear ar leithligh le haghaidh gach ábhair pacáistíochta mar a liostaítear i dTábla ***3*** in Iarscríbhinn ***XII***; |

**Leasú 292**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 50 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) na rátaí athchúrsála; | (c) na rátaí athchúrsála ***dramhphacáistíochta mar a liostaítear iad i dTábla 4 d'Iarscríbhinn XII***; |

**Leasú 293**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 51 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Beidh rochtain ag an bpobal i gcoitinne ar na bunachair sonraí maidir le pacáistíocht i bhformáid oscailte a d'fhéadfaí a léamh le meaisín agus lena n-áiritheofar idir-inoibritheacht agus athúsáid sonraí.*** |

**Leasú 294**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gan dochar d'Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2019/1020, i gcás ina bhfuil cúis leormhaith ag údaráis um fhaireachas | Gan dochar d'Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2019/1020, i gcás ina bhfuil cúis leormhaith ag údaráis um fhaireachas |

| | |
|---|---|
| margaidh Ballstáit amháin chun a chreidiúint go mbaineann riosca don chomhshaol nó do shláinte an duine le pacáistíocht a chumhdaítear leis an Rialachán seo, déanfaidh siad meastóireacht i ndáil leis an bpacáistíocht lena mbaineann lena gcumhdófar gach ceanglas ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo. Comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha leis na húdaráis um fhaireachas margaidh de réir mar is gá. | margaidh Ballstáit amháin chun a chreidiúint go mbaineann riosca don chomhshaol nó do shláinte an duine ***nó do shláinte ainmhithe*** le pacáistíocht a chumhdaítear leis an Rialachán seo, déanfaidh siad meastóireacht ***gan mhoill mhíchuí*** i ndáil leis an bpacáistíocht lena mbaineann lena gcumhdófar gach ceanglas ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo. Comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha leis na húdaráis um fhaireachas margaidh de réir mar is gá. |

**Leasú 295**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír ***4*** a chur in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020 agus cuimseofar inti na sonraí uile atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun an phacáistíocht neamhchomhlíontach, ionad tionscnaimh na pacáistíochta, cineál an neamhchomhlíonta a líomhnaítear agus an riosca a bhaineann leis, cineál agus fad na mbeart náisiúnta a rinneadh agus na hargóintí a léirigh an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha a shainaithint agus, i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal ***54(1)***. Tabharfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh le fios más ceachtar díobh seo a leanas is cúis leis an neamhchomhlíonadh: | 6. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i mír ***5*** a chur in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020 agus cuimseofar inti na sonraí uile atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun an phacáistíocht neamhchomhlíontach, ionad tionscnaimh na pacáistíochta, cineál an neamhchomhlíonta a líomhnaítear agus an riosca a bhaineann leis, cineál agus fad na mbeart náisiúnta a rinneadh agus na hargóintí a léirigh an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha a shainaithint agus, i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal ***55(1)***. Tabharfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh le fios más ceachtar díobh seo a leanas is cúis leis an neamhchomhlíonadh: |

**Leasú 296**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 53 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Más rud é, tar éis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal ***52(3) agus (4)*** a chur i gcrích, go ndéantar agóidí in aghaidh beart arna ghlacadh ag Ballstát, nó i gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil beart náisiúnta contrártha do reachtaíocht an Aontais, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle gan mhoill leis na Ballstáit agus leis an oibreoir eacnamaíoch nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha agus déanfar meastóireacht ar an mbeart náisiúnta. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta sin, déanfaidh an Coimisiún cinneadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme cé acu an bhfuil nó nach bhfuil údar leis an mbeart náisiúnta. | Más rud é, tar éis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal ***52(5) agus (6)*** a chur i gcrích, go ndéantar agóidí in aghaidh beart arna ghlacadh ag Ballstát, nó i gcás ina measann an Coimisiún go bhfuil beart náisiúnta contrártha do reachtaíocht an Aontais, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle gan mhoill leis na Ballstáit agus leis an oibreoir eacnamaíoch nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha agus déanfar meastóireacht ar an mbeart náisiúnta. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta sin, déanfaidh an Coimisiún cinneadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme cé acu an bhfuil nó nach bhfuil údar leis an mbeart náisiúnta. |

**Leasú 297**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Más rud é, tar éis meastóireacht arna déanamh faoi Airteagal 52, go bhfaighidh Ballstát amach, cé go gcomhlíonann pacáistíocht na ceanglais infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, go mbaineann riosca léi don chomhshaol nó do shláinte an duine, cuirfidh sé de cheangal, gan mhoill, ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart iomchuí a dhéanamh, laistigh de thréimhse réasúnta arna forordú ag na húdaráis um fhaireachas margaidh agus ar cóimhéid le cineál an riosca, chun a áirithiú nach mbainfidh an riosca sin leis an bpacáistíocht lena mbaineann a thuilleadh nuair a chuirtear ar an margadh í, chun an phacáistíocht a tharraingt siar ón margadh nó chun í a aisghairm. | 1. Más rud é, tar éis meastóireacht arna déanamh faoi Airteagal 52, go bhfaighidh Ballstát amach, cé go gcomhlíonann pacáistíocht na ceanglais infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, go mbaineann riosca léi don chomhshaol nó do shláinte an duine ***agus do shláinte ainmhithe***, cuirfidh sé de cheangal, gan mhoill, ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart iomchuí a dhéanamh, laistigh de thréimhse réasúnta arna forordú ag na húdaráis um fhaireachas margaidh agus ar cóimhéid le cineál an riosca, chun a áirithiú nach mbainfidh an riosca sin leis an bpacáistíocht lena mbaineann a thuilleadh nuair a chuirtear ar an margadh í, chun an phacáistíocht a tharraingt siar ón margadh nó chun í a aisghairm. |

**Leasú 298**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 55 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Úsáidfidh na húdaráis arna n-ainmniú de bhun Airteagal 25(1) de Rialachán (AE) 2019/1020 an fhaisnéis a cuireadh in iúl de bhun mhír 1 den Rialachán seo chun a n-anailís riosca a dhéanamh faoi Airteagal 25(3) de Rialachán (AE) 2019/1020.*** |

**Leasú 299**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – pointe k a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ka) nach gcomhlíontar na ceanglais maidir le pacáistíocht in-athchúrsáilte;*** |

**Leasú 300**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 56 – mír 1 – pointe k b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(kb) nach gcomhlíontar na ceanglais maidir le cion íosta ábhair athchúrsáilte i gcás pacáistíochta;*** |

**Leasú 301**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 58 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá |

| | |
|---|---|
| dtagraítear in Airteagal 5(5), Airteagal 6(4), Airteagal 6(6), ***Airteagal 7(9), Airteagal 7(10), Airteagal 7(11),*** Airteagal 8(5), Airteagal 22(4), Airteagal 26(16) agus Airteagal 57(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***10 mbliana*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. | dtagraítear in Airteagal 5(5), Airteagal 6(4), Airteagal 6(6), ***Airteagal 7(7)***, ***Airteagal 7(9)***, Airteagal 8(5), Airteagal 22(4), Airteagal 26(16)***, Airteagal 27(4)*** agus Airteagal 57(3) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***5 bliana*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse. |

**Leasú 302**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 58 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(5), Airteagal 6(4), Airteagal 6(6), ***Airteagal 7(9), Airteagal 7(10), Airteagal 7(11)***, Airteagal 8(5), Airteagal 22(4), Airteagal 26(16) agus Airteagal 57(3) a chúlghairm tráth ar bith. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(5), Airteagal 6(4), Airteagal 6(6), ***Airteagal 7(7), Airteagal 7(9)***, Airteagal 8(5), Airteagal 22(4), Airteagal 22(16), ***Airteagal 27(4)*** agus Airteagal 57(3) a chúlghairm tráth ar bith. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 303**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 58 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Sula nglacfaidh sé gníomh | 4. Sula nglacfaidh sé gníomh |

| | |
|---|---|
| tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. | tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin ***leis an bhFóram um Pacáistíocht agus*** le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. |

**Leasú 304**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 58 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(5), Airteagal 6(4), Airteagal 6(6), ***Airteagal 7(9), Airteagal 7(10), Airteagal 7(11)***, Airteagal 8(5), Airteagal 22(4), Airteagal 26(16) agus Airteagal 57(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 5(5), Airteagal 6(4), Airteagal 6(6), ***Airteagal 7(7), Airteagal 7(9)***, Airteagal 8(5), Airteagal 22(4), Airteagal 26(16), ***Airteagal 27(4)*** agus Airteagal 57(3) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Leasú 305**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin [OP: Cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is | 1. Faoin [OP: Cuir isteach an dáta = 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is |

infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. ***Mura gcomhlíontar ceanglais Airteagail 21 go 26 gearrfar smachtbhanna trí fhíneáil riaracháin a fhorchur ar an oibreoir eacnamaíoch*** ábhartha***.***

infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. ***I gcomhréir le Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a], cuirfidh na Ballstáit na rialacha agus na bearta sin in iúl don Chomisiún, agus cuirfidh siad in iúl gan mhoill aon leasuithe ina dhiaidh sin a dhéanann difear dóibh.*** Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

***D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh sna pionóis sin:***

***(a) fíneálacha atá ar comhréir leis an damáiste don chomhshaol agus le luach na dtráchtearraí*** ábhartha ***nó na dtáirgí ábhartha lena mbaineann, agus leibhéal na bhfíneálacha sin a ríomh ar bhealach a áirithíonn go mbainfear na tairbhí eacnamaíocha a eascraíonn as na sáruithe sin go praiticiúil díobh siúd atá freagrach astu, agus leibhéal na bhfíneálacha sin a mhéadú de réir a chéile as sáruithe leantacha;***

***(b) coigistiú ioncaim atá gnóthaithe ag an monaróir, táirgeoir, soláthróir, dáileoir, allmhaireoir, ag ionadaithe údaraithe, nó ionadaithe ceaptha um fhreagracht leathnaithe táirgeora as idirbheart a bhain leis na táirgí ábhartha lena mbaineann;***

***(c) eisiamh sealadach ar feadh uastréimhse nach faide ná 12 mhí ó phróisis soláthair phoiblí agus ó rochtain ar chistiú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháltais;***

***(d) toirmeasc sealadach ar tháirgí ábhartha a chur ar an margadh, nó a chur ar fáil ar an margadh, nó a onnmhairiú, i gcás sárú tromchúiseach nó sáruithe leantacha;***

*[1a] **Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).***

**Leasú 306**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 62a*** |
| | ***Rochtain ar an gCeartas*** |
| | ***1. Maidir le haon duine nádúrtha nó dlítheanach ag a mbeidh leas leordhóthanach, arna chinneadh i gcomhréir leis na córais náisiúnta atá ann cheana maidir le leigheasanna dlí, lena n-áirítear i gcás ina gcomhlíonann daoine den sórt sin na critéir, más ann dóibh, a leagtar síos sa dlí náisiúnta lena n-áirítear daoine a thíolaic ábhar imní a bhfuil bunús leis i gcomhréir le hAirteagal 62a, beidh rochtain ag an duine nádúrtha nó dlítheanach sin ar nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht chinntí, ghníomhartha nó neamhghníomhartha na n-údarás inniúil faoin Rialachán seo.*** |
| | ***2. Beidh an Rialachán seo gan dochar d'fhorálacha an dlí náisiúnta lena rialaítear an rochtain ar an gceartas agus do na forálacha sin lena gceanglaítear go ndéantar triail a bhaint as gach nós imeachta athbhreithnithe riaracháin sula rachfar i muinín imeachtaí breithiúnacha.*** |

**Leasú 307**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 62 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 62b*** |
| | ***Iarraidh ar ghníomhaíocht*** |
| | ***1. Beidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha a ndéanfaidh sárú ar an Rialachán seo difear dóibh nó ar móide don sárú sin difear a dhéanamh dóibh, nó a bhfuil leas leordhóthanach acu sa phróiseas cinnteoireachta maidir leis an gcomhshaol i leith sárú ar an Rialachán seo, i dteideal a iarraidh ar na húdaráis inniúla gníomhaíocht a dhéanamh faoin Rialachán seo i dtaca leis an sárú sin nó i dtaca le garbhaol de shárú den sórt sin.*** |
| | ***An leas atá ag aon eagraíocht neamhrialtasach a dhéanann cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn agus a chomhlíonann na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1367/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [15], measfar gur leas leordhóthanach é an leas sin chun críocha na chéad fhomhíre.*** |
| | ***2. Beidh ag gabháil le hiarraidh ar ghníomhaíocht an fhaisnéis agus na sonraí ábhartha chun tacú leis an iarraidh sin.*** |
| | ***3. I gcás ina léirítear leis an iarraidh ar ghníomhaíocht agus leis an bhfaisnéis agus na sonraí atá ag gabháil léi go ndealraíonn sé gur tharla sárú ar an Rialachán seo, nó go bhfuil garbhaol de shárú den sórt sin ann, déanfaidh na húdaráis inniúla aon iarrataí den sórt sin ar ghníomhaíocht agus aon fhaisnéis agus aon sonraí a bhreithniú. Sna himthosca sin, tabharfaidh na húdaráis inniúla deis don oibreoir eacnamaíoch lena mbaineann a dtuairimí a nochtadh i dtaca leis an iarraidh ar ghníomhaíocht agus i dtaca leis an bhfaisnéis agus na sonraí a bheidh ag gabháil léi.*** |

| | |
|---|---|
| | ***4. Déanfaidh na húdaráis inniúla, gan mhoill agus i gcomhréir le forálacha ábhartha dlí an Aontais, na daoine a chuir iarraidh isteach de bhun mhír 1 a chur ar an eolas faoin gcinneadh atá déanta acu glacadh leis an iarraidh ar ghníomhaíocht nó diúltú di, agus luafaidh siad na cúiseanna leis an gcinneadh sin.*** |
| | ***5. I gcás ina nglacann an t-údarás inniúil leis an iarraidh ar ghníomhaíocht, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Choimisiún. Déanfaidh an Coimisiún measúnú féachaint an ndearnadh sárú ar an Rialachán a théann níos faide ná an Ballstát lena mbaineann. I gcás ina bhfaigheann sé go bhfuil sárú ann a théann níos faide ná an Ballstát lena mbaineann, déanfaidh sé gníomhaíocht leordhóthanach chun a áirithiú go gcomhlíontar an Rialachán.*** |

**Leasú 308**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 64 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Leanfaidh feidhm de bheith ag Airteagal 8(2) de Threoir 94/62/CE go dtí [OP: Cuir isteach an dáta = ***42 mhí tar éis dháta*** theacht i bhfeidhm an ***Rialacháin seo***]: | (a) Leanfaidh feidhm de bheith ag Airteagal 8(2) de Threoir 94/62/CE go dtí [OP: Cuir isteach an dáta = ***30*** mí tar éis theacht i bhfeidhm an ***ghnímh cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 11(5)***]; |

**Leasú 309**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 64 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) Leanfaidh feidhm de bheith ag Airteagal 9(1) agus (2) de Threoir 94/62/CE maidir leis na ceanglais*** |

| | |
|---|---|
| | ***bhunriachtanacha de bhun Iarscríbhinn II, pointe 1, an chéad fhleasc go dtí an 31 Nollaig 2029;*** |

**Leasú 310**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Capsúil córais deochanna (e.g. caife***, cacó, bainne***) | ***Málaí tae nó caife agus podaí,*** capsúil córais deochanna (e.g. ***aonaid aonfhreastail i gcás tae nó*** caife) |

**Leasú 311**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Boscaí a úsáidtear le haghaidh tiúbaí taos fiacla*** |

**Leasú 312**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 44 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Greamáin le haghaidh lipéadú bonn*** |

**Leasú 313**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Tábla 1 – ró 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2 | Gloine | Pacáistíocht ilchodach, ar gloine a | Buidéil, crúscaí, flagúin, potaí cosmaidí, tobáin | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | formhór | | |

*Leasú*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2 | Gloine | Pacáistíocht ilchodach, ar gloine a formhór | Buidéil, crúscaí, flagúin, potaí cosmaidí, tobáin***, cannaí aerasóil*** | |

**Leasú 314**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Tábla 1 – ró 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4 | Páipéar/cairtchlár | Pacáistíocht ilchodach ar páipéar/cairtchlár a formhór | Lena n-áirítear cartáin deochanna, plátaí agus cupáin, i.e. páipéar/cárta lannach plaisteach nó miotalaithe, cairtchlár leachtach, páipéar/cairtchlár le líneálaigh/fuinneoga plaisteacha | |

*Leasú*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 4 | Páipéar/cairtchlár | Pacáistíocht ilchodach ar páipéar/cairtchlár a formhór | Lena n-áirítear cartáin deochanna ***agus cartáin eile***, plátaí agus cupáin, i.e. páipéar/cárta lannach plaisteach nó miotalaithe, cairtchlár leachtach, páipéar/cairtchlár le | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | línéalaigh/fuinn eoga plaisteacha | |

**Leasú 315**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Tábla 1 – ró 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 5 | Miotal | Cruach | Formáidí pacáistíochta dochta (aerasóil, cannaí, stáin phéinte, boscaí, etc.) a dhéantar de chruach, lena n-áirítear stánphláta | |

*Leasú*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 5 | Miotal | Cruach | Formáidí pacáistíochta dochta (***cannaí*** aerasóil, cannaí, stáin phéinte, boscaí, etc.) a dhéantar de chruach, lena n-áirítear stánphláta | |

**Leasú 316**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Tábla 1 – ró 11 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ***(11a)*** | ***Plaisteach*** | ***TPE – docht*** | ***Buidéil agus flaigíní*** | ***Bán teimhneach*** |

**Leasú 317**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Tábla 1 – ró 12**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 12 | Plaisteach | TPE – docht | Pacáistíocht dhocht seachas buidéil agus flaigíní (lena n-áirítear potaí, tobáin agus tráidirí) | Trédhearcach |

*Leasú*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 12 | Plaisteach | TPE – docht | Pacáistíocht dhocht seachas buidéil agus flaigíní (lena n-áirítear potaí, tobáin agus tráidirí) | Trédhearcach |

**Leasú 318**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Tábla 1 – ró 26 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ***(26a)*** | ***Plaisteach*** | ***Plaistigh dhochta a úsáidtear le haghaidh pacáistíocht thionsclaíoch*** | ***IBCanna, drumaí*** | |

**Leasú 319**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Tábla 1 – ró 27 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| ***(27a)*** | ***Plaisteach*** | ***Plaistigh sholúbtha a úsáidtear le haghaidh pacáistíocht thionsclaíoch*** | ***FIBCaanna, málaí*** | |

**Leasú 320**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – table 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| Grád Feidhmíochta In-athchúrsáilteachta | Measúnú in-athchúrsáilteachta in aghaidh an aonaid, de réir meáchain |
|---|---|
| Grád A | níos airde ná 95 % nó cothrom leis |
| Grád B | níos airde ná 90 % nó cothrom leis |
| Grád C | níos airde ná 80 % nó cothrom leis |
| Grád D | níos airde ná 70 % nó cothrom leis |
| Grád E | faoi bhun 70 % |

*Leasú*

| Grád Feidhmíochta In-athchúrsáilteachta | Measúnú in-athchúrsáilteachta in aghaidh an aonaid, de réir meáchain |
|---|---|
| Grád A | ***níos airde ná 95 % nó cothrom leis - ardleibhéal comhoiriúnachta le dearadh le haghaidh athchúrsála***<br>***Ba cheart go bhféadfaí an phacáistíocht a athchúrsáil arís is arís eile agus go mbeadh sí go hiomlán comhoiriúnach leis na critéir don dearadh le haghaidh athchúrsála. Tá an t-amhábhar tánaisteach a ghintear ar chaighdeán inchomparáide chun scéim lúb ábhair iata a chothú.*** |
| Grád B | ***níos airde ná 90 % nó cothrom leis - Ardleibhéal nó meánleibhéal comhoiriúnachta le dearadh le haghaidh athchúrsála***<br>***D'fhéadfadh roinnt mioncheisteanna in-athchúrsáilteachta a bheith ag baint leis an bpacáistíocht a dhéanann miondifear do cháilíocht an amhábhair thánaistigh a ghintear. Mar sin féin, d'oirfeadh formhór an amhábhair thánaistigh a ghintear ón*** |

| | |
|---|---|
| | ***bpacáistíocht sin chun lúb ábhair iata a chothú**.* |
| Grád C | ***níos airde ná 80 % nó cothrom leis - meánleibhéal comhoiriúnachta le dearadh le haghaidh athchúrsála***<br>***Baineann roinnt saincheisteanna in-athchúrsáilteachta leis an bpacáistíocht a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do cháilíocht na n-amhábhar tánaisteach a ghintear agus a bheith ina gcúis le caillteanas ábhar le linn athchúrsála.*** |
| Grád D | ***níos airde ná 70 % nó cothrom leis - Meánleibhéal nó leibhéal íseal comhoiriúnachta le dearadh le haghaidh athchúrsála***<br>***Baineann saincheisteanna suntasacha dearaidh leis an bpacáistíocht a dhéanann an-difear dá hin-athchúrsáilteacht nó a chiallíonn go mbeidh caillteanas mór ábhar ann le linn athchúrsála.*** |
| Grád E | ***faoi bhun 70 % - leibhéal íseal comhoiriúnachta le dearadh le haghaidh athchúrsála***<br>***Níl pacáistíocht in-athchúrsáilte í mar gheall ar shaincheisteanna dearaidh agus níor cheart í a chur ar an margadh.*** |

**Leasú 321**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn II – Tábla 2 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

***Paraiméadair a bheidh le cur san áireamh agus critéir á mbunú don dearadh le hagaidh athchúrsáil faoi Airteagal 6***

| |
|---|
| ***1. Breiseáin*** |
| ***2. Lipéid/clúdaigh*** |
| ***3. Córais dúnta agus páirteanna beaga*** |
| ***4. Greamacháin*** |
| ***5. Dúigh/Priontáil*** |
| ***6. Dathanna*** |
| ***7. Comhdhéanamh ábhar*** |
| ***8. Bacainní/ bratuithe*** |
| ***9. Iarmhair táirgí/ éascaíocht an fholmhaithe*** |

| *10. Éascaíocht na díchóimeála (gné dearaidh den phacáistíocht)* |
|---|

**Leasú 322**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Coinníollacha le cur san áireamh agus úsáid formáide pacáistíochta inmhúirínithe á sainordú: | Coinníollacha le cur san áireamh agus úsáid formáide pacáistíochta inmhúirínithe á sainordú ***nó á tionscnamh***: |

**Leasú 323**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) is de chineál in-bhithdhíghrádaithe í***, rud a fhágann*** gur féidir leis an bpacáistíocht dul faoi dhianscaoileadh fisiciúil, ceimiceach, teirmeach nó bitheolaíoch, lena n-áirítear bith-dhíghrádú anaeróbach, as a dtagann ar deireadh tiontú i ndé-ocsaíd charbóin ***nó meatán,*** in éagmais ocsaigine, ***salainn mhianracha, bithmhaise agus uisce,*** | (c) is de chineál ***chomh*** hin-bhithdhíghrádaithe ***sin*** í gur féidir leis an bpacáistíocht dul faoi dhianscaoileadh fisiciúil, ceimiceach, teirmeach nó bitheolaíoch, lena n-áirítear bith-dhíghrádú anaeróbach, as a dtagann ar deireadh tiontú i ndé-ocsaíd charbóin ***agus uisce, bithmhais mhiocróbach nua, salainn mhianracha, agus,*** in éagmais ocsaigine, ***meatán,*** |

**Leasú 324**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) lena húsáid laghdaítear go suntasach ar éilliú múirín le pacáistíocht neamh-inmhúirínithe***;*** agus | (e) lena húsáid laghdaítear go suntasach ar éilliú múirín le pacáistíocht neamh-inmhúirínithe agus ***ní chruthaítear aon fhadhbanna i bpróiseáil bithdhramhaíola***; |

**Leasú 325**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – Cuid I – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cosaint táirge: leis an dearadh pacáistíochta áiritheofar cosaint an táirge ó thaobh pacáistíochta nó líonadh de go dtí an úsáid deiridh, d’fhonn cosc a chur le damáiste, caillteanas nó meathlú suntasach don táirge nó leis an gcur amú. Is é is féidir a bheith i gceist le ceanglais cosaint ar dhamáiste meicniúil nó ceimiceach, ar chreathadh, comhbhrú, bogthaise, solas, ocsaigin, ionfhabhtú micribhitheolaíoch, lotnaidí, meathlú ar thréithe orgánaileipteacha etc. agus is féidir go n-áireofar orthu tagairtí do reachtaíocht shonrach lena leagtar amach ceanglais maidir le cáilíocht táirgí. | 1. Cosaint táirge: leis an dearadh pacáistíochta áiritheofar cosaint an táirge ó thaobh pacáistíochta nó líonadh de go dtí an úsáid deiridh, d’fhonn cosc a chur le damáiste, caillteanas nó meathlú suntasach don táirge nó leis an gcur amú. Is é is féidir a bheith i gceist le ceanglais cosaint ar dhamáiste meicniúil nó ceimiceach, ar chreathadh, comhbhrú, bogthaise, solas, ocsaigin, ionfhabhtú micribhitheolaíoch, lotnaidí, meathlú ar thréithe orgánaileipteacha etc. agus is féidir go n-áireofar orthu tagairtí do reachtaíocht shonrach lena leagtar amach ceanglais maidir le cáilíocht táirgí. ***Is féidir forálacha riachtanacha frithchrioscaíola, frithghadaíochta agus frith-ghóchumtha a bheith san áireamh sna bearta cosanta.*** |

**Leasú 326**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – Cuid I– pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ceanglais dlí: áiritheofar leis an dearadh pacáistíochta gur féidir leis an bpacáistíocht agus leis an táirge pacáistithe an reachtaíocht is infheidhme a chomhlíonadh. | 6. Ceanglais dlí: áiritheofar leis an dearadh pacáistíochta gur féidir leis an bpacáistíocht agus leis an táirge pacáistithe an reachtaíocht is infheidhme a chomhlíonadh ***lena n-áirítear an chosaint do thásca geografacha a chosnaítear faoi reachtaíocht an Aontais nó an chosaint dlí faoi Rialachán (CE) Uimh. 6/2002***. |

**Leasú 327**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – Cuid II – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) le haghaidh gach critéir feidhmíochta a liostaítear i gCuid I, liosta de cheanglais dearaidh lena gcuirtear cosc le laghdú breise ar mheáchan nó méid na pacáistíochta gan an fheidhmiúlacht phacáistíochta a chur i mbaol, lena n-áirítear sábháilteacht agus sláinteachas, le haghaidh an táirge phacáistithe, na pacáistíochta agus an úsáideora. Tabharfar tuairisc ar an modh a úsáidtear chun na ceanglais dearaidh sin a shainaithint, agus tabharfar míniú ar na cúiseanna lena gcuirtear cosc le meáchan nó méid na pacáistíochta a laghdú a thuilleadh. Scrúdófar na deiseanna laghdúcháin go léir a bhaineann le hábhar pacáistíochta ar leith. Ní ***bheidh sé leordhóthanach*** ábhar pacáistíochta amháin a chur in ionad ábhar pacáistíochta eile; | (a) le haghaidh gach critéir feidhmíochta a liostaítear i gCuid I, liosta de cheanglais dearaidh lena gcuirtear cosc le laghdú breise ar mheáchan nó méid na pacáistíochta gan an fheidhmiúlacht phacáistíochta a chur i mbaol, lena n-áirítear sábháilteacht agus sláinteachas, le haghaidh an táirge phacáistithe, na pacáistíochta agus an úsáideora. Tabharfar tuairisc ar an modh a úsáidtear chun na ceanglais dearaidh sin a shainaithint, agus tabharfar míniú ar na cúiseanna lena gcuirtear cosc le meáchan nó méid na pacáistíochta a laghdú a thuilleadh. Scrúdófar na deiseanna laghdúcháin go léir a bhaineann le hábhar pacáistíochta ar leith***, amhail aon chiseal iomarcach nach gcomhlíonann feidhm phacáistíochta a laghdú***. Ní ***mheasfar gur leor*** ábhar pacáistíochta amháin a chur in ionad ábhar pacáistíochta eile; |

**Leasú 328**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – ró 1**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Pacáistíocht ghrúpáilte phlaisteach aon úsáide | Pacáistíocht phlaisteach a úsáidtear ***ar an leibhéal miondíola*** chun grúpáil a dhéanamh ar earraí a dhíoltar i gcannaí, stáin, potaí, tobáin agus pacáistí a dheartar mar phacáistíocht áise chun a chumasú ***d'úsáideoirí deiridh*** níos mó ná táirge amháin a cheannach nó chun iad a spreagadh chun é sin a dhéanamh. Eisiatar leis sin pacáistíocht ghrúpáilte a bhfuil gá léi chun an láimhseáil sa dáileadh a éascú. | Scannáin chomhthiomsaithe, crapchlúdach |

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Pacáistíocht ghrúpáilte phlaisteach aon úsáide | Pacáistíocht phlaisteach a úsáidtear ***ag an díolphointe*** chun grúpáil a dhéanamh ar earraí a dhíoltar i mbuidéil, gcannaí, stáin, potaí, tobáin agus pacáistí a dheartar mar | Scannáin chomhthiomsaithe, crapchlúdach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | phacáistíocht áise chun a chumasú ***do thomhaltóirí*** níos mó ná táirge amháin a cheannach nó chun iad a spreagadh chun é sin a dhéanamh. Eisiatar leis sin pacáistíocht ghrúpáilte a bhfuil gá léi chun an láimhseáil sa dáileadh ***gnólacht le gnólacht*** a éascú. | |

**Leasú 329**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – ró 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2. | Pacáistíocht phlaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide ***nó pacáistíocht aon úsáide eile*** le haghaidh torthaí agus glasraí úra | Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh níos lú ná ***1,5*** kg de thorthaí agus glasraí úra, mura léir gur gá caillteanas uisce nó caillteanas borrthachta, guaiseacha micribhitheolaíocha nó suaití fisiciúla a sheachaint. | Eangacha, málaí, tráidirí, coimeádáin |

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2. | Pacáistíocht phlaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide le haghaidh torthaí agus glasraí úra | Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh níos lú ná ***1*** kg de thorthaí agus glasraí úra, mura léir gur gá caillteanas uisce***, glasú,*** nó caillteanas borrthachta, guaiseacha micribhitheolaíocha nó suaití fisiciúla a sheachaint***, nó mura bhfuil na táirgí sin faoi réir sonrúchán tiosncnaimh faoi chosaint (STFC) agus tásca geografacha faoi chosaint (PGI) faoi reachtaíocht an Aontais***. ***Déanfaidh an Coimisiún liosta na dtáirgí lena mbaineann a bhunú i gcomhairle leis na Ballstáit agus tar éis dó tuairim na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Bia a fháil tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Cuirfidh sé rioscaí trochlaithe agus cur amú bia, nuair a dhíoltar na táirgí sin ar an mórchóir, san aireamh .*** | Eangacha, málaí, tráidirí, coimeádáin |

**Leasú 330**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – ró 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | Plaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile | Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh bianna agus deochanna a líontar agus a thomhlaítear laistigh den áitreabh san earnáil HORECA, lena n-áirítear na limistéir itheacháin uile laistigh d'áit ghnó agus lasmuigh di, a bhíonn breac le táblaí agus stólta, limistéir sheasaimh agus limistéir itheacháin arna dtairiscint ag oibreoirí eacnamaíocha éagsúla i gcomhpháirt nó ag tríú páirtí do na húsáideoirí deiridh chun críche tomhaltas bia agus deochanna | Tráidirí, plátaí agus cupáin indiúscartha, málaí, scragall, boscaí |

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | Plaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile | Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh bianna agus deochanna a líontar agus a dtomhlaítear laistigh den áitreabh san earnáil HORECA, lena n-áirítear na limistéir itheacháin uile laistigh d'áit ghnó agus lasmuigh di, a bhíonn breac le táblaí agus stólta, limistéir sheasaimh agus limistéir itheacháin arna dtairiscint ag oibreoirí eacnamaíocha éagsúla i gcomphháirt nó ag tríú páirtí do na húsáideoirí deiridh chun críche tomhaltas bia agus deochanna**,** ***mura léir gur gá pacáistíocht aon úsáide a úsáid i bhfianaise easpa rochtana ar na bonneagair riachtanacha chun córas athúsáide a oibriú mar is ceart*** . | Tráidirí, plátaí agus cupáin indiúscartha, málaí, scragall, boscaí |

**Leasú 331**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – ró 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4. | Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh tarsann, leasaitheach, | Pacáistíocht aon úsáide in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna, ina mbíonn riar nó díol duine amháin, a úsáidtear le haghaidh tarsann, leasaitheach, anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin, | Saicíní, tobáin, tráidirí, boscaí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin san earnáil HORECA | seachas an phacáistíocht sin arna soláthar in éineacht le bia réamhullmhaithe beir leat atá beartaithe lena chaitheamh láithreach gan aon ullmhú breise ag teastáil | |

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4. | Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh tarsann, leasaitheach, anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin san earnáil HORECA | Pacáistíocht aon úsáide in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna, ina mbíonn riar nó díol duine amháin, a úsáidtear le haghaidh tarsann, leasaitheach, anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin, seachas ***sna cásanna a leanas:***<br>***(a)*** an phacáistíocht sin arna soláthar in éineacht le bia réamhullmhaithe beir leat atá beartaithe lena chaitheamh láithreach gan aon ullmhú breise ag teastáil;<br>***(b) in ionaid inar gá freastal agus seirbhís a chur in oiriúint don duine aonair, amhail ospidéil, clinicí agus tithe altranais;***<br>***(c) i gcás feirmeacha agus gnólachtaí talmhaíochta a dhéanann gníomhaíochtaí díolacháin go díreach i margaí feirmeoirí arna rialáil ag an dlí náisiúnta nó réigiúnach*** | Saicíní, tobáin, tráidirí, boscaí |

**Leasú 332**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – ró 5**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5. | Mionphacáistíocht óstáin aon úsáide | Le haghaidh cosmaidí, táirgí sláinteachais agus earraí níocháin faoi bhun ***50 ml*** i gcás táirgí leachtacha nó faoi bhun 100 g i gcás táirgí neamhleachtacha | Buidéil seampú, buidéil lóise láimhe agus coirp, saicíní timpeall mionbharraí gallúnaí |

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| 5. | Mionphacáistíocht ***phlaisteach*** óstáin | Le haghaidh cosmaidí ***mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de*** | Buidéil seampú, |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | aon úsáide | ***Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009***, táirgí sláinteachais agus earraí níocháin faoi bhun ***100 ml*** i gcás táirgí leachtacha nó faoi bhun 100 g i gcás táirgí neamhleachtacha | buidéil lóise láimhe agus coirp, saicíní timpeall mionbharraí gallúnaí |

**Leasú 333**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – ró 5 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***(5a)*** | ***Pacáistíocht phlaisteach aon úsáide in aerfoirt*** | ***Le haghaidh cásanna taistil agus málaí*** | ***Crapchlúdach*** |

**Leasú 334**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – ró 5 b (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***(5b)*** | ***Pacáistíocht thánaisteach nach den riachtanas í chun na critéir feidhmíochta in Iarscríbhinn IV a chomhlíonadh*** | ***Le haghaidh cosmaidí, seachas cumhráin, táirgí sláinteachas agus earraí níocháin*** | ***Boscaí le haghaidh taos fiacla agus uachtar*** |

**Leasú 335**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – Cuid A – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

***Beidh córais lúboscailte a bunaíodh roimh theacht i bhfeidhm don Rialachán seo díolmhaithe ó na ceanglais faoi Chuid A, 1. (a), (b), (c), (d), (f), agus (g).***

**Leasú 336**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – cuid B – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1 Leis an bpróiseas athriochtaithe ní chruthófar rioscaí do shláinte agus sábháilteacht na ndaoine sin atá freagrach as agus ***féachfar lena*** thionchar ar an gcomhshaol a ***laghdú***. Oibreofar é i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme maidir le hábhair atá íogair ó thaobh teagmhála de. | 1 Leis an bpróiseas athriochtaithe ní chruthófar rioscaí do shláinte agus sábháilteacht na ndaoine sin atá freagrach as agus ***déanfar*** a thionchar ar an gcomhshaol a ***íoslaghdú***. Oibreofar é i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme maidir le hábhair atá íogair ó thaobh teagmhála de***, dramhaíl agus astaíochtaí tionsclaíocha***. |

**Leasú 337**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn VI – cuid C- pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) bíonn feiste ***meáite*** iontu ***lenar féidir coimeádán an úsáideora*** deiridh ***a mheá*** | (b) bíonn feiste ***tomhais*** iontu ***lena gcuirtear an t-úsáideoir*** deiridh ***ar an eolas faoin gcainníocht bheacht atá ceannaithe*** |

**Leasú 338**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn X – mír 2 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) úsáidtear ***1 % ar a laghad*** de láimhdeachas bliantúil an oibreora córais (seachas éarlaisí) d'fheachtais feasachta pobail maidir ***leis an bhfaisnéis i ndáil le*** | (j) úsáidtear ***cuid*** de láimhdeachas bliantúil an oibreora córais d'fheachtais feasachta pobail maidir ***le bainistiú dramhphacáistíochta***; |

***dramhaíl ó phacáistíocht a bhainistiú***;

**Leasú 339**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn X – mír 2 – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(la) Cuirfidh na Ballstáit san áireamh na tosca dá dtagraítear i bpointí (l) (ii), (iii), (iv) agus (v) nuair a chuirtear córas digiteach éarlaise agus aisíoca ar bun agus nuair nach n-eagraítear é ar leibhéal na ndáileoirí deiridh;*** |

**Leasú 340**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn X – mír 2 – pointe o**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (o) bíonn lipéadú soiléir ar an bpacáistíocht uile ***a ngabhann éarlais léi***, ionas gur féidir leis na húsáideoirí deiridh a aithint gan stró nach mór an phacáistíocht sin a aischur; | (o) bíonn lipéadú soiléir ar an bpacáistíocht uile ***atá le bailiú le córas DRS***, ionas gur féidir leis na húsáideoirí deiridh a aithint gan stró nach mór an phacáistíocht sin a aischur. |

**Leasú 341**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn X – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De bhreis ar na híoscheanglais, féadfaidh na Ballstáit ceanglais bhreise a shocrú, de réir mar is iomchuí, chun comhlíonadh chuspóirí an Rialacháin seo a áirithiú, go háirithe chun íonacht na dramhaíola pacáistíochta bailithe a mhéadú, bruscar a laghdú nó cuspóirí eile geilleagair chiorclaigh a chur chun cinn. | De bhreis ar na híoscheanglais, féadfaidh na Ballstáit ceanglais bhreise a shocrú, de réir mar is iomchuí, chun comhlíonadh chuspóirí an Rialacháin sin a áirithiú, go háirithe chun íonacht na dramhaíola pacáistíochta bailithe a mhéadú, bruscar a laghdú nó cuspóirí eile geilleagair chiorclaigh a chur chun cinn ***amhail a áirithiú go mbeidh rochtain shábháilte*** |

***agus chothrom ar bhunábhair athchúrsáilte lena n-úsáid i bhfeidhmeanna a thugann deis ar in-athchúrsáilteacht bhreise agus gur féidir iad a athúsáid ar an mbealach céanna nó don chatagóir chéanna táirgí, nó do chatagóir táirgí atá cosúil leis an táirge, óna dtagann sé***.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Ó tháirgeadh go tomhaltas, bíonn táirge i bpacáistíocht chun é a choinneáil agus a chosaint, agus an phacáistíocht féin deartha chun an tomhaltóir a mhealladh agus chun eolas a thabhairt dó. Is den riachtanas pacáistíocht (mura bunriachtanas í). Is cuid thábhachtach de gheilleagar na hEorpa í earnáil na pacáistíochta, agus in 2018 ghin sí láimhdeachas EUR 355 billiún san Aontas.

Mar thoradh ar chleachtais nua tomhaltais, is foinse shíormhéadaitheach dramhaíola í freisin: d'ardaigh méid na dramhaíola a ghintear san Aontas ó 66 mhilliún tona in 2009 go dtí 78,5 milliún tona in 2019. In 2020, gineadh 177 kg dramhaíola ó phacáistíocht in aghaidh an tsaoránaigh Eorpaigh, figiúr a ardóidh 19 % go 209 kg in 2030 más amhlaidh nach ndéantar rud ar bith.
Is iad páipéar agus cairtchlár an dramhphacáistíocht is coitianta (41 %), ina ndiaidh sin plaisteach (19.5 %), gloine (19 %), adhmad (15 %), miotal (5 %) agus alúmanam. Is iad plaisteach (+ 27 %) agus páipéar agus cairtchlár (+ 25 %) an dá chineál dramhaíola is mó fás ó 2009.

Ina theannta sin, is príomhúsáideoir óghábhair í an phacáistíocht (is le haghaidh pacáistíochta a úsáidtear 40 % de phlaistigh agus 50 % den pháipéar san Aontas ), agus is ionann í agus 36 % den dramhaíl sholadach chathrach.

Sa bhreis ar na hábhair imní comhshaoil sin, tá cineálacha éagsúla cur chuige rialála náisiúnta ann, mar aon le feidhmíocht mhíchothrom ar an leibhéal náisiúnta, a chuireann bac ar fheidhmiú optamach an mhargaidh inmheánaigh. Cé go ndéantar 64 % den phacáistíocht a athchúrsáil ar an leibhéal Eorpach (Eurostat 2020)[2], tá éagothromaíochtaí náisiúnta ann fós, ó 40 % sa Rómáin agus i Málta agus 80 % sa Bheilg, agus is é 70 % an sprioc Eorpach do 2030.

Tugann na cúiseanna sin údar le bogadh ar aghaidh leis an togra seo le haghaidh Rialachán maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, a foilsíodh an 30 Samhain 2022 mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, arb é is aidhm dó neodracht carbóin a bhaint amach faoi 2050.

### I. Togra ón gCoimisiún maidir le geilleagar ciorclach don phacáistíocht

Agus ord na réiteach dramhaíola á chur i bhfeidhm ina iomláine, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

- pacáistíocht nach bhfuil gá léi a laghdú trí chosc a chur ar phacáistíocht áirithe in earnáil HORECA, agus a chur de cheangal ar na Ballstáit freisin an dramhaíl a laghdú 5 % in 2030, 10 % in 2035 agus 15 % in 2040, tríd an bpacáistíocht a íoslaghdú de réir meáchain agus toirte, agus sábháilteacht agus feidhmiúlacht a choinneáil ag an am céanna.
- athúsáid na pacáistíochta, trí spriocanna athúsáide agus athlíonacháin a thabhairt isteach den chéad uair i dtéacs AE;
- athchúrsáil níos fearr agus níos éifeachtúla, cuspóirí éagsúla a leagan síos, lena n-

[2] https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/cei_wm020/default/bar

áirítear go mbeadh cion athchúrsáilte i ngach cineál pacáistíochta plaistí agus go mbeidh 100 % den phacáistíocht in-athchúrsáilte faoi 2030.

Is mian leis an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh freisin:

– feabhas a chur ar rátaí bailithe pacáistíochta trí chórais éigeantacha éarlaise agus aisíoca a thabhairt isteach do bhuidéil phlaisteacha agus do channaí alúmanaim;
– an Fhreagracht Leathnaithe Táirgeora (EPR) a leathnú chuig gach cineál pacáistíochta, agus an ranníocaíocht airgeadais a choigeartú dá réir.

Cé go n-aontaíonn an rapóirtéir le huaillmhian an Choimisiúin maidir le geilleagar ciorclaíochta Eorpach a dhaingniú agus gur mhaith léi dul níos faide leis an uaillmhian sin, creideann sí go bhfuil imní fós ann faoi éifeachtacht na mbeart atáthar á moladh, agus freagairtí iomchuí ag teastáil ina leith.

**II. Tosaíochtaí an Rapóirtéara**

1. Truailliú plaisteach

Tá plaisteach fós á tháirgeadh ar scála ollmhór. In éagmais beart, meastar go dtiocfaidh ardú 46 % ar mhéid na dramhaíola faoi 2030, agus ardú 61 % faoi 2040. Dá bhrí sin, is ábhar iontais é nach bhfuil bearta níos uaillmhianaí sa togra ón gCoimisiún chun an táirgeadh dramhaíola a laghdú, go háirithe i bhfianaise baint a bheith ag an Aontas Eorpach le conradh idirnáisiúnta a dhréachtú i gcoinne truailliú plaisteach[3], conradh a bheidh le glacadh in 2024.

Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir tabhairt faoi bhunús na faidhbe:

– trí spriocanna a leagan síos maidir le cion athchúrsáilte na pacáistíochta plaistí a bheidh le baint amach faoi 2030 (amhail na bearta a rinneadh maidir le plaistigh aon úsáide[4] i gcás buidéil TPE);
– trí spriocanna sonracha a leagan síos maidir le laghdú dramhaíola i gcás pacáistíocht phlaisteach:10 % faoi 2030, 15 % in 2035 agus 20 % in 2040.
– trí líon na málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma (tiús idir 15 agus 50 miocrón) agus málaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom (tiús níos lú ná 15 miocrón) a theorannú. Tarraingíonn an rapóirtéir ar shonraí a chuir Eurostat ar fáil i mí na Samhna 2022[5]: cé go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil dea-thoradh ar reachtaíocht 2015 an Aontais maidir le málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma, tá tomhaltas na málaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom, áfach, ag dul i méid i gcónaí. Is léir go bhfuil bearta ceartaitheacha ag teastáil sa chás seo.

2. Bailiú éigeantach ar leithligh i gcás pacáistíochta

Molann an Rapóirtéir sprioc 90 % a leagan síos maidir le bailiú ar leithligh do 2029 i ndáil le gach cineál pacáistíochta a chumhdaítear leis an togra reachtach, agus ní do bhuidéil

[3] https://wedocs.unep.org/bitstream/handle/20.500.11822/39812/OEWG_PP_1_INF_1_UNEA%20resolution.pdf
[4] Treoir (AE) 2019/904 maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol
[5] https://ec.europa.eu/eurostat/en/web/products-eurostat-news/-/ddn-20221116-1

deochanna phlaisteacha amháin a thuilleadh, dá bhforáiltear sa Treoir maidir le SUP. Is é an aidhm atá ann borradh a chur faoi rátaí athchúrsála agus faoi ábhar athchúrsáilte, i gcomhréir lenar iarr na hearnálacha lena mbaineann.

3. PFASanna

Maidir le PFASanna, a úsáidtear go forleathan chun pacáistiú a dhéanamh dódhíonach nó uiscedhíonach, go háirithe pacáistiú bia, beidh siad faoi réir srianta nua san athbhreithniú REACH a dhéanfar amach anseo ar bhonn togra atá curtha síos ag ceithre Bhallstát agus an Iorua. Ba mhaith leis an Rapóirtéir an deis a thapú chun toirmeasc a chur ar PFASanna i bpacáistíocht bia páipéir agus cairtchláir láithreach bonn, mar a rinne an Danmhairg in 2020 agus mar atá an Bheilg ar tí a dhéanamh.

4. Nuálaíocht inbhuanaithe

Tacaíonn an Rapóirtéir leis na bearta a mhol an Coimisiún chun an nuálaíocht a spreagadh. Ba mhaith léi dul níos faide áfach agus na croí-ábahir bhuartha sin a ionchorprú ar fud an téacs:

- go gcuirfear tagairt dhigiteach leis de rogha ar thagairt chaighdeánach;
- go ndéanfar bithmhais inbhuanaithe a chur chun cinn mar phríomhacmhainn chun geilleagar na bplaisteach a 'dí-iontaisliú';
- agus go gcuirfear isteach sainmhíniú nua ar 'pholaiméir nuálach' de thionscnamh bitheolaíoch, nach bhfuil micreacháithníní marthanacha polaiméirí sintéiseacha ann ná nach ngintear iad le linn bith-dhíghrádaithe.

5. Sásraí athúsáide

Is mian leis an Rapóirtéir úsáid níos fearr a bhaint as dea-chleachtais náisiúnta (tá spriocanna athúsáide maidir le pacáistíocht leagtha síos cheana féin ag sé Bhallstát), chun athmhachnamh domhain a dhéanamh ar an gcóras atá molta ag an gCoimisiún, bunaithe ar cheithre thogra láidre:

- Idirdhealú a dhéanamh idir spriocanna athúsáide agus athlíonacháin;
- Spriocanna athúsáide d'earnáil an bhia agus na ndeochanna 'beir leat' a bhaint faoin reachtaíocht atá ann faoi láthair. Molann an rapóirtéir an oibleagáid a thiteann ar earnáil HORECA a aistriú mar chuid de chóras athlíonacháin (B2C-Gnó go Tomhaltóir).
- Freagracht as spriocanna athúsáide i dtionscal na ndeochanna a shannadh don dáileoir deiridh. Molann an rapóirtéir go mbainfí leas as cleachtais náisiúnta (dlíthe le déanaí sa Spáinn agus san Ostair) ina n-áirítear spriocanna éigeantacha athúsáide don dáileoir deiridh amháin agus spriocanna táscacha don mhonaróir.
- A iarraidh ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh, faoi 2028, maidir le hearnálacha nua a bhfuil acmhainneacht shuntasach acu a chur san áireamh sa chóras athúsáide: bia agus deochanna beir leat, glantaigh, sláinteachas, pacáistiú béilí ullmhaithe, beatha do pheataí.

6. Micrifhiontair

Déanann an Coimisiún foráil do mhaolú ar bhearta athúsáide do mhicrifhiontair (níos lú ná 10 bhfostaí agus láimhdeachas bliantúil nach mó ná EUR 2 mhilliún), agus é sin a fhágáil faoi

dhiscréid na mBallstát, a mbeidh saoirse acu cineálacha áirithe pacáistíochta a thoirmeasc, amhail pacáistíocht aon úsáide in earnáil na lónadóireachta.
Chun an staid do na gníomhaithe beaga eacnamaíocha sin a shoiléiriú, chun difríochtaí sa chaoi a dhéileáiltear le Ballstáit ar leith agus an t-ualach iomarcach riaracháin agus eacnamaíoch a sheachaint, ba mhaith leis an rapóirtéir an maolú sin a chur i bhfeidhm ag an leibhéal Eorpach.

7. Deimhneacht dhlíthiúil

Tá ról ríthábhachtach ag earnáil na pacáistíochta maidir le hathruithe a thabhairt isteach agus táthar á iarraidh uirthi ceanglais an rialacháin a ionchorprú, a ghlacadh agus a oiriúnú de réir mar is gá, gan aon fhorléargas a fháil ar na critéir atá le húsáid. Déanann an rapóirtéir tagairt anseo don tsraith nach beag gníomhartha tarmligthe a mbaineann an Coimisiún leas astu, ar mian léi a theorannú trí na ceanglais fhíor-riachtanacha a ionchorprú sa Rialachán. Is mian léi freisin sraith spriocdhátaí a réamh-mheas ar mhaithe leis an cuspóir céanna, deimhneacht dhlíthiúil, rud atá riachtanach chun go n-éireoidh leis an bhforbairt (réabhlóideach) seo.

8. Gníomhaithe ríomhthráchtála a chur san áireamh

I gcomhréir le reachtaíocht na Gearmáine agus na Fraince, is mian leis an rapóirtéir go mbeadh soláthraithe seirbhíse ar líne faoi cheangal ag na hoibleagáidí céanna EPR (freagracht leathnaithe táirgeora) atá ar tháirgeoirí, mar a shainmhínítear sa Rialachán.

Ní mór go ndéanfadh an creat rialála nua seo tréimhse shoiléir a leagan síos dóibh siúd go léir lena mbaineann. Ciallaíonn sé sin a áirithiú go n-ionchorprófar prionsabail láidre sa reachtaíocht, amhail urraim d’ord na réiteach dramhaíola, iomaíocht chóir agus nuálaíocht inbhuanaithe.
Tá gach rud le gnóthú ag an Aontas, ag tosú lena acmhainní a rialú níos fearr agus straitéis Eorpach um phacáistiú a thabhairt isteach a bheidh dea-eagraithe agus iomaíoch, agus a dhéanfaidh leas an chomhshaoil agus na sochaí.

## ANNEX: LIST OF ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

The following list is drawn up on a purely voluntary basis under the exclusive responsibility of the rapporteur. The rapporteur has received input from the following entities or persons in the preparation of the draft report:

| Entity and/or person |
|---|
| A.I.S.E - European association representing cleaning, detergents and household maintenance products |
| APEAL - Association of European Producers of Steel for Packaging |
| Ball Beverage Packaging Europe |
| Bio-Plastics Europe |
| CHEP & Brambles - Marketer of reusable pallets |
| CITEO - French organisation in charge of recycling household packaging and graphic paper |
| Comeos |
| Director-General DG Environment - Dr Florika Fink-Hooijer |
| Directorate-General for the Environment : Directorate B – Circular Economy<br>Mr Aurel Ciobanu-Dordea (Director for Circular Economy),<br>Mr Mattia Pellegrini (Head of Unit ENV.B3 “From Waste to Resources”),<br>Ms Maja Desgrees du Lou (policy officer),<br>Mr Wolfgang Trunk (policy officer),<br>Mr Ioannis Antonopoulos (policy officer),<br>Ms Alina Palade from (inter-institutional relations unit and our EP coordinator) |
| Eastman Chemical Company |
| EEB (European Environment Bureau) |
| EPPA (European Paper Packaging Alliance) |
| EURIC (European Recycling Industries' Confederation ) |
| European Commission - Commissioner for Environment Virginijus Sinkevičius |
| Europen (European Organisation for Packaging and the Environment aisbl) |
| EXPRA (Extended Producer Responsibility Alliance) |
| FEAD - European Waste Management Association |
| FEFCO (European Federation of Corrugated Board Manufacturers) |
| FEVE - European Container Glass Federation |
| FEVIA - Belgian food industry federation |
| FIEB (Fédération royale de l'Industrie des Eaux et Boissons rafraîchissante ASBL) |
| Flexible Plastics Initiative (Ferrero, Mars, Mondelez, Nestlé, Pepsico, Unilever) |
| Fost Plus - Waste management |
| Futerro S.A. |

| |
|---|
| GSK  (GlaxoSmithKline Pharmaceuticals s.a/n.v) |
| HOTREC (Association of Hotels, Restaurants, Pubs and Cafes and similar establishments in Europe) |
| Huhtamaki - Food packaging supplies and materials |
| Indufed - Paper, Cardboard, Glass |
| McDonald's |
| Metal Packaging Europe |
| The Minderoo Foundation |
| Mineral Water |
| Municipal Waste Europe |
| Neste |
| Nestlé - Zone Europe |
| New ERA - New Reuse Alliance |
| Belgian permanent representation to the EU |
| French permanent representation to the EU |
| Plastics Europe |
| Polymateria |
| Reloop |
| Rethink Plastic Alliance - alliance of leading European NGOs |
| Spirits Europe |
| Ms. Terhi Lehtonen - State Secretary at Ministry for the Environment, Finland |
| Sulapac Ltd |
| Syctom - public service in charge of household waste management |
| Tetra Pack & Alliance for Beverage Cartons and the Environment |
| The Brewers of Europe AISBL |
| Uber Eats |
| UNESDA - Soft Drink Europe |
| Zero Waste  Europe |

19.7.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THIONSCLAÍOCHT, UM THAIGHDE AGUS UM FHUINNEAMH

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

ar an togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Patrizia Toia

## RÉASÚNÚ GEARR

Ar dháta tíolactha na dréacht-tuairime, níl inniúlachtaí Choiste ITRE soiléir go fóill. D’fhéadfadh sé gur gá, dá bhrí sin, cuid de na tograí a athbhreithniú nó iad a fhorlíonadh tuilleadh.

**Moltaí Rapóirtéir ITRE**

Pacáistíocht nuálach — molann an Rapóirtéir an sainmhíniú a shonrú tuilleadh agus an maolú ar oibleagáidí in-athchúrsáilteachta a fhadú go 7 mbliana, i gcomparáid leis na 5 bliana a mhol an Coimisiún.

Saorghluaiseacht — chun ilroinnt an mhargaidh aonair a chosc a bhféachtar lena chruthú leis an togra seo le haghaidh Rialacháin, níor cheart go mbeadh Ballstáit aonair in ann ceanglais bhreise maidir le lipéadú pacáistíochta a thabhairt isteach.

Cumhachtaí a tharmligean chuig an gCoimisiún — leis an togra le haghaidh rialacháin, déantar cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún maidir le roinnt gnéithe ilghnéitheacha. Creideann an Rapóirtéir gur cheart é a chur de chúram ar chomhlachtaí Eorpacha um chaighdeánú (CEN) na critéir maidir le dearadh le haghaidh athchúrsála a leagan síos. Os a choinne sin, ba cheart do na comhreachtóirí athbhreithniú a dhéanamh ar na srianta ar úsáidí pacáistíochta áirithe agus, dá bhrí sin, ba cheart an gnáthnós imeachta reachtach a chur i bhfeidhm maidir leis an gcúram sin.

Ceanglais maidir le hábhar athchúrsáilte — cé go n-aontaíonn an rapóirtéir leis an leibhéal uaillmhéine a leagtar síos sa togra ón gCoimisiún agus sna spriocanna atá beartaithe maidir le hábhar athchúrsáilte, ní hamháin nach mór soiléireacht a thabhairt do ghnólachtaí maidir le cé chomh fada is a thógfaidh sé reachtaíocht theicniúil agus thánaisteach agus caighdeáin chomhchoiteanna a bhunú, ach ní mór freisin tréimhse shoiléir a thabhairt dóibh ina mbeifear ag súil go gcomhlíonfaidh siad na spriocanna maidir le hábhar athchúrsáilte. Dá bhrí sin, molann an rapóirtéir go dtabharfaí isteach spriocdhátaí chun gníomhartha tarmligthe agus cur

chun feidhme agus caighdeáin CEN a ghlacadh, agus go dtabharfaí 5 bliana do chuideachtaí chun iad a chomhlíonadh.

Ar an dara dul síos, measann an Rapóirtéir gur cheart ceanglais maidir le hábhar athchúrsáilte a shocrú mar mheán ar phunann iomlán gach táirgeora seachas ar an aonad pacáistithe aonair agus nár cheart eilimintí neamhstruchtúracha pacáistithe, amhail greamacháin, dúigh agus bratuithe, a bheith faoi réir na gceanglas sin.

Ar deireadh, ba cheart córais tosaíochta maidir le rochtain ar ábhar athchúrsáilte a thabhairt isteach d'oibreoirí nach mór dóibh na ceanglais maidir le hábhar athchúrsáilte a chomhlíonadh don phacáistíocht a chuireann siad ar an margadh.

Bonneagar — mar atá faoi láthair, ní féidir le gach bonneagar sórtála le haghaidh dramhaíl ó phacáistíocht gach cineál pacáistíochta a shórtáil, fiú i gcás roinnt de na cineálacha a bhfuil ceanglais maidir le hábhar athchúrsáilte á moladh sa togra ón gCoimisiún ina leith. Dá bhrí sin, ní mór dlús a chur leis an infheistíocht i bhforbairt bonneagair. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfar na ranníocaíochtaí a íocann oibreoirí faoi scéimeanna freagrachta leathnaithe táirgeora a dhíriú go príomha ar bhonneagar bailithe, sórtála agus athchúrsála a fhorbairt.

Fóram pacáistíochta — tá an rapóirtéir ag iarraidh go mbunófaí fóram comhairliúcháin inar féidir le hionadaithe na mBallstát agus leis na geallsealbhóirí ábhartha uile a bheith rannpháirteach ar bhealach cothrom agus inar féidir leo cabhrú chun na gníomhartha tarmligthe agus na gníomhartha cur chun feidhme a mhúnlú. Léirítear sa smaoineamh sin an méid a mhol an Coimisiún féin sa togra le haghaidh rialachán éicidhearthóireachta.

Srianta ar úsáid formáidí pacáistíochta áirithe — creideann an rapóirtéir nach gá go mbeadh tairbhí comhshaoil ag roinnt de na srianta a mhol an Coimisiún agus go mbaineann siad le táirgí atá in-athchúrsáilte agus athchúrsáilte faoi láthair agus gur cheart, dá bhrí sin, iad a bhaint.

Spriocanna athúsáide — aontaíonn an rapóirtéir le struchtúr foriomlán an togra ón gCoimisiún agus aithníonn sé an luach a d'fhéadfadh a bheith ag pacáistíocht áirithe a athúsáid i roinnt earnálacha agus feidhmeanna. Mar sin féin, níor cheart spriocanna athúsáide níos uaillmhianaí do 2040 a leagan síos go dtí go mbeidh anailís saolré chríochnúil déanta ar na réitigh atá ar fáil, agus ceanglais sláinte, sláinteachais agus sábháilteachta á gcur san áireamh.

Ba cheart cur i bhfeidhm na spriocanna athúsáide a socraíodh do 2030 a bheith faoi réir réamhanailís den chineál sin freisin agus ba cheart é a bheith teoranta do Bhallstáit nach bhfuil 90 % de bhailiú ar leithligh bainte amach acu.
Is díol sásaimh don Rapóirtéir an maolú a thug an Coimisiún isteach d'oibreoirí a bhfuil limistéar díolacháin nach mó ná 100 m² acu, lena n-áirítear limistéir stórála agus loingseoireachta, ach creideann sé gur cheart an figiúr sin a mhéadú go 200 m² chun imthosca gnólachtaí beaga a léiriú ar bhealach níos fearr.

Scéimeanna bailithe ar leithligh agus scéimeanna éarlaise agus aisíoca — d'fhonn a áirithiú go mbeidh ábhar athchúrsáilte ar fáil lena úsáid i bpacáistíocht eile, molann an rapóirtéir go dtabharfaí isteach sprioc maidir le bailiú ar leithligh, is é sin 90 % den dramhaíl ón bpacáistíocht ar fad le haghaidh 2030. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart an bonneagar bailithe is

gá a bhunú i spásanna poiblí agus in áitribh na ndáileoirí deiridh araon. Is uirlis iad scéimeanna éarlaise atá ar fáil do na Ballstáit chun cabhrú leo na spriocanna bailithe ar leithligh agus athchúrsála a bhaint amach.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Is gá tomhaltóirí a chur ar an eolas agus a chur ar a gcumas dramhaíl ó phacáistíocht a dhiúscairt go hiomchuí, lena n-áirítear málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma agus ***an-éadroim*** inmhúirínithe. Is é an bealach is iomchuí chun é sin a dhéanamh córas lipéadaithe comhchuibhithe a bhunú bunaithe ar chomhdhéanamh ábhar pacáistíochta chun dramhaíl a shórtáil, agus é a phéireáil le lipéid chomhfhreagracha ar ghabhdáin dramhaíola. | (44) Is gá tomhaltóirí a chur ar an eolas ***ar bhealach atá éasca a thuiscint*** agus a chur ar a gcumas dramhaíl ó phacáistíocht a dhiúscairt go hiomchuí, lena n-áirítear málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma agus ***an-éadrom*** inmhúirínithe. Is é an bealach is iomchuí chun é sin a dhéanamh córas lipéadaithe comhchuibhithe a bhunú bunaithe ar chomhdhéanamh ábhar pacáistíochta chun dramhaíl a shórtáil, agus é a phéireáil le lipéid chomhfhreagracha ar ghabhdáin dramhaíola. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) Chun cuidiú le tomhaltóirí dramhaíl ó phacáistíocht a shórtáil agus a dhiúscairt, ba cheart córas siombailí comhchuibhithe a thabhairt isteach agus a cheangal ar | (45) Chun cuidiú le tomhaltóirí dramhaíl ó phacáistíocht a shórtáil agus a dhiúscairt, ba cheart córas siombailí comhchuibhithe a thabhairt isteach agus a cheangal ar |

| | |
|---|---|
| phacáistíocht agus ar ghabhdáin dramhaíola araon, rud a ligfeadh do thomhaltóirí na siombailí a mheaitseáil chun críoch diúscartha. Ba cheart do na siombailí a fhágáil gur féidir bainistiú dramhaíola iomchuí a dhéanamh mar ba cheart faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí leis faoi airíonna múirínithe pacáistíochta den sórt sin, go háirithe ionas nach gcuirfear tomhaltóirí amú mar nach bhfuil an phacáistíocht inmhúirínithe oiriúnach mar atá lena múiríniú sa bhaile. Ba cheart leis an gcur chuige sin feabhas a chur ar bhailiú ar leithligh dramhaíola ó phacáistíocht, rud a fhágfaidh go n-athchúrsálfar dramhaíl ó phacáistíocht ar cháilíocht níos airde, agus go dtabharfar isteach leibhéal comhchuibhithe na gcóras bailithe dramhaíola ó phacáistíocht ar an margadh inmheánach. Is gá freisin na siombailí atá bainteach leis na córais ***shainordaitheacha*** éarlaise agus aisíoca a chomhchuibhiú. Ós rud é nach mbailítear trí chórais bailithe dramhaíola cathrach í, níor cheart úsáid na siombailí sin a bheith sainordaitheach do phacáistíocht iompair cé is moite den phacáistíocht ríomhthráchtála. | phacáistíocht agus ar ghabhdáin dramhaíola araon, rud a ligfeadh do thomhaltóirí na siombailí a mheaitseáil chun críoch diúscartha. Ba cheart do na siombailí a fhágáil gur féidir bainistiú dramhaíola iomchuí a dhéanamh mar ba cheart faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí leis faoi airíonna múirínithe pacáistíochta den sórt sin, go háirithe ionas nach gcuirfear tomhaltóirí amú mar nach bhfuil an phacáistíocht inmhúirínithe oiriúnach mar atá lena múiríniú sa bhaile. Ba cheart leis an gcur chuige sin feabhas a chur ar bhailiú ar leithligh dramhaíola ó phacáistíocht, rud a fhágfaidh go n-athchúrsálfar dramhaíl ó phacáistíocht ar cháilíocht níos airde, agus go dtabharfar isteach leibhéal comhchuibhithe na gcóras bailithe dramhaíola ó phacáistíocht ar an margadh inmheánach. Is gá freisin na siombailí atá bainteach leis na córais éarlaise agus aisíoca a chomhchuibhiú. Ós rud é nach mbailítear trí chórais bailithe dramhaíola cathrach í, níor cheart úsáid na siombailí sin a bheith sainordaitheach do phacáistíocht iompair cé is moite den phacáistíocht ríomhthráchtála. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) Níor cheart é a bheith sainordaitheach ábhar athchúrsáilte a lipéadú i bpacáistíocht toisc nach bhfuil an fhaisnéis sin ríthábhachtach chun cóireáil cheart dheireadh shaolré na pacáistíochta a áirithiú. Beidh sé de cheangal ar mhonaróirí spriocanna maidir le hábhar athchúrsáilte a bhaint amach faoin Rialachán seo, áfach, agus ***d'fhéadfadh sé gur mhaith leo*** an fhaisnéis sin a thaispeáint ar a bpacáistíocht chun | (46) Níor cheart é a bheith sainordaitheach ábhar athchúrsáilte a lipéadú i bpacáistíocht toisc nach bhfuil an fhaisnéis sin ríthábhachtach chun cóireáil cheart dheireadh shaolré na pacáistíochta a áirithiú. Beidh sé de cheangal ar mhonaróirí spriocanna maidir le hábhar athchúrsáilte a bhaint amach faoin Rialachán seo, áfach, agus ***moltar go láidir dóibh*** an fhaisnéis sin a thaispeáint ar a bpacáistíocht chun tomhaltóirí a chur ar an |

| | |
|---|---|
| tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi. Chun a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis sin in iúl ar bhealach comhchuibhithe ar fud an Aontais, ba cheart lipéad a thaispeánann an t-ábhar athchúrsáilte a chomhchuibhiú. | eolas faoi. Chun a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis sin in iúl ar bhealach comhchuibhithe ar fud an Aontais, ba cheart lipéad a thaispeánann an t-ábhar athchúrsáilte a chomhchuibhiú. |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 70**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (70) D'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach d'oibreoirí eacnamaíocha níos lú spriocanna athúsáide agus athlíonacháin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart oibreoirí eacnamaíocha áirithe a dhíolmhú ón oibleagáid na spriocanna le haghaidh athúsáid pacáistíochta a chomhlíonadh má chuireann siad níos lú ná toirt áirithe phacáistíochta ar an margadh, nó má chomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicrifhiontar faoi Mholadh 2003/361 ón gCoimisiún[60] , nó má tá an limistéar díolacháin, lena n-áirítear gach limistéar stórála agus seolta, faoi theorainn dromchla áirithe acu. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun ***spriocanna athúsáide agus athlíonacháin a bhunú do tháirgí eile, chun*** díolúintí breise a leagan síos d'oibreoirí eacnamaíocha eile ***nó chun formáidí sonracha pacáistíochta a chumhdaítear leis na spriocanna athúsáide nó athlíonacháin a dhíolmhú i gcás fadhbanna tromchúiseacha sláinteachais, sábháilteachta bia nó comhshaoil a chuireann cosc ar bhaint amach na spriocanna sin***. | (70) D'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach d'oibreoirí eacnamaíocha níos lú spriocanna athúsáide agus athlíonacháin a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart oibreoirí eacnamaíocha áirithe a dhíolmhú ón oibleagáid na spriocanna le haghaidh athúsáid pacáistíochta a chomhlíonadh má chuireann siad níos lú ná toirt áirithe phacáistíochta ar an margadh, nó má chomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicrifhiontar faoi Mholadh 2003/361 ón gCoimisiún[60] , nó má tá an limistéar díolacháin, lena n-áirítear gach limistéar stórála agus seolta, faoi theorainn dromchla áirithe acu. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun díolúintí breise a leagan síos d'oibreoirí eacnamaíocha eile. |
| [60] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a | [60] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a |

| | |
|---|---|
| shainmhíniú (fógartha faoi dhoiciméad C(2003) 1422) (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36). | shainmhíniú (fógartha faoi dhoiciméad C(2003) 1422) (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36). |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 137**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (137) Is gá foráil a dhéanamh maidir le ham leordhóthanach a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, agus do na Ballstáit chun an bonneagar rialacháin is gá a bhunú chun é a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí dáta ar réasúnta é go mbeidh bailchríoch curtha ar na hullmhúcháin sin. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar éascú chomhlíontacht FBManna i ndáil lena n-oibleagáidí agus a gceanglais faoin Rialachán seo, lena n-áirítear le treoraíocht a bheidh an Coimisiún le ***soláthair*** chun comhlíontacht oibreoirí eacnamaíocha a éascú, agus aird faoi leith á tabhairt ar FBManna. | (137) Is gá foráil a dhéanamh maidir le ham leordhóthanach a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, agus do na Ballstáit chun an bonneagar rialacháin is gá a bhunú chun é a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí dáta ar réasúnta é go mbeidh bailchríoch curtha ar na hullmhúcháin sin. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar éascú chomhlíontacht FBManna ***agus micrifhiontar*** i ndáil lena n-oibleagáidí agus a gceanglais faoin Rialachán seo, lena n-áirítear le treoraíocht a bheidh an Coimisiún le ***soláthar*** chun comhlíontacht oibreoirí eacnamaíocha a éascú, agus aird faoi leith á tabhairt ar FBManna ***agus ar mhicrifhiontair***. |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) ciallaíonn 'pacáistíocht phlaisteach' pacáistíocht atá déanta go hiomlán nó den chuid is mó as plaisteach;*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) ciallaíonn 'pacáistíocht nuálach' ***cineál pacáistíochta*** a mhonaraítear le hábhair nua, próisis deartha nó próisis táirgthe, as a dtagann feabhas suntasach ar fheidhmeanna pacáistíochta, amhail coimeád, cosaint, láimhseáil, seachadadh ***nó cur i láthair*** táirgí, agus feabhas suntasach ar shochair chomhshaoil, cé is moite den phacáistíocht a thagann as modhnú pacáistíochta reatha chun cur i láthair na dtáirgí agus margaíocht a fheabhsú agus chun na críche sin amháin; | (37) ciallaíonn 'pacáistíocht nuálach' ***pacáistíocht*** a mhonaraítear le hábhair nua ***agus nuálacha nó as polaiméirí***, próisis deartha nó próisis táirgthe, as a dtagann feabhas suntasach ar fheidhmeanna pacáistíochta, amhail coimeád, cosaint, láimhseáil, seachadadh táirgí, agus feabhas suntasach ar shochair chomhshaoil, ***amhail ag deireadh na saolré,*** cé is moite den phacáistíocht a thagann as modhnú pacáistíochta reatha chun cur i láthair na dtáirgí agus margaíocht a fheabhsú agus chun na críche sin amháin; |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***I gcás ina roghnaíonn*** na Ballstáit ***ceanglais inbhuanaitheachta náisiúnta nó ceanglais faisnéise, de bhreis ar na cinn siúd*** a ***leagtar síos sa Rialachán seo, a choinneáil ar bun nó a thabhairt isteach, ní thiocfaidh na ceanglais sin salach ar na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo agus, maidir le pacáistíocht a*** chomhlíonann na ceanglais faoin Rialachán seo a chur ar an margadh***, ní thoirmiscfidh Ballstáit é sin, ní chuirfidh siad srian leis sin ná ní chuirfidh siad isteach air sin*** ar chúiseanna a bhaineann le neamhchomhlíonadh na gceanglas náisiúnta ***sin***. | 4. ***Ní chuirfidh*** na Ballstáit ***toirmeasc, srian ná bac ar phacáistíocht*** a chomhlíonann na ceanglais faoin Rialachán seo a chur ar an margadh ar chúiseanna a bhaineann le neamhchomhlíonadh na gceanglas náisiúnta. |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Anuas ar na ceanglais maidir le lipéadú a leagtar síos in Airteagal 11, féadfaidh Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le ceanglais eile maidir le lipéadú, chun ***an scéim freagrachta leathnaithe táirgeora nó*** córas éarlaise agus aisíoca ***atá difriúil leis na cinn siúd*** dá dtagraítear in Airteagal 44(1) a shainaithint. | 5. Anuas ar na ceanglais maidir le lipéadú a leagtar síos in Airteagal 11, féadfaidh Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le ceanglais eile maidir le lipéadú, chun córas éarlaise agus aisíoca***, cé is moite díobh sin*** dá dtagraítear in Airteagal 44(1)***,*** a shainaithint. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Maidir le táirgí íocshláinte, mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (2) de Threoir 2001/83/CE, a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh an dáta cur i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 65 den Rialachán seo nó roimh dháta theacht i bhfeidhm beart sonrach, agus nach ndearnadh iad a athphacáistiú ná a athlipéadú tar éis na ndátaí sin, féadfar leanúint dá gcur ar fáil ar an margadh go dtí a ndáta éaga gan ceangal a bheith orthu na rialacha sonracha a leagtar síos in Airteagail 6, 7, 11 agus 13 a chomhlíonadh.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh an phacáistíocht uile in-athchúrsáilte. | 1. Beidh an phacáistíocht uile in-athchúrsáilte ***i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo***. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm ag ***pointe*** (a) ***ón 1 Eanáir 2030*** agus beidh feidhm ag ***pointe*** (e) ***ón 1 Eanáir 2035***. | Beidh feidhm ag ***pointe*** (a) ***5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 4*** agus ***tráth nach luaithe ná an 1 Eanáir 2030. Beidh feidhm ag pointe*** (e) ***5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe dá dtagraítear i mír 6 agus tráth nach luaithe ná 5 bliana tar éis chur i bhfeidhm phointe (a)***. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Ón 1 Eanáir 2030***, comhlíonfaidh pacáistíocht in-athchúrsáilte na critéir ***'dearadh le haghaidh athchúrsála'*** mar a leagtar síos ***sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun mhír 4 agus***, ***ón 1 Eanáir 2035,*** comhlíonfaidh ***sé*** na ceanglais ***maidir le hin-athchúrsáilteacht ar an mórchóir*** a leagtar síos ***sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun mhír 6***. I gcás ina gcomhlíonann pacáistíocht den sórt sin na ***gníomhartha tarmligthe*** sin, measfar go gcomhlíonann sí mír 2, pointí (a) agus (e). | 3. ***Cúig bliana tar éis fhoilsiú an chaighdeáin chomhchuibhithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh arna fhorbairt ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú dá dtagraítear i mír 4 agus tráth nach luaithe ná an 1 Eanáir 2030***, comhlíonfaidh pacáistíocht in-athchúrsáilte na critéir ***deartha maidir le hathchúrsáil*** mar a leagtar síos ***sa chaighdeán comhchuibhithe sin. Cúig bliana tar éis fhoilsiú an chaighdeáin chomhchuibhithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh arna fhorbairt ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú dá dtagraítear i mír 6 agus tráth nach luaithe ná 5 bliana tar éis chur i bhfeidhm phointe (a) de mhír 2***, comhlíonfaidh ***pacáistíocht in-athchúrsáilte freisin*** na ceanglais ***in-athchúrsáilte ar scála mar*** a leagtar síos ***sa chaighdeán comhchuibhithe sin***. I gcás |

ina gcomhlíonann pacáistíocht den sórt sin na ***caighdeáin*** sin, measfar go gcomhlíonann sí mír 2, pointí (a) agus (e).

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58*** chun ***an Rialachán seo a fhorlíonadh chun critéir* '**dearadh ***le haghaidh athchúrsála'*** a bhunú***, chomh maith le gráid maidir le feidhmíocht*** athchúrsála bunaithe ar na critéir agus na paraiméadair a liostaítear i dTábla 2 d'Iarscríbhinn II ***maidir le catagóirí*** pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 den Iarscríbhinn sin, ***chomh maith le rialacha*** maidir le ***modhnú ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc le táirgeoirí chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí***, a leagtar ***amach in Airteagal 40(1), a chomhlíonadh, bunaithe ar an ngrád maidir le feidhmíocht athchúrsála na pacáistíochta, agus an céatadán d'ábhar athchúrsáilte i gcás pacáistíochta plaistí. Cumhdófar faoi na critéir 'dearadh le haghaidh athchúrsála' próisis bhailiúcháin, sórtála agus athchúrsála úrscothacha agus cumhdófar leis na comhpháirteanna pacáistíochta uile.*** | ***Iarrfaidh an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú caighdeáin chomhchuibhithe a fhorbairt, faoin 31 Nollaig 2025 ar a dhéanaí,*** chun dearadh a bhunú ***do chritéir*** athchúrsála ***agus do ghráid feidhmíochta athchúrsála*** bunaithe ar na critéir agus na paraiméadair a liostaítear i dTábla 2 d'Iarscríbhinn II ***do chatagóirí*** pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 den Iarscríbhinn sin***. Ó dháta foilsithe na dtagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh***, maidir le ***pacáistíocht atá i gcomhréir leis na caighdeáin sin***, ***toimhdeofar go bhfuil sí i gcomhréir leis an gceanglas*** a leagtar ***síos i mír 1.*** |
| | ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun rialacha a bhunú maidir le modhnú ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc le táirgeoirí chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí, a leagtar amach in Airteagal 40(1), a chomhlíonadh, bunaithe ar an ngrád*** |

***maidir le feidhmíocht athchúrsála na pacáistíochta, agus an céatadán d'ábhar athchúrsáilte i gcás pacáistíocht phlaisteach. Cumhdófar faoi na critéir 'dearadh le haghaidh athchúrsála' próisis bhailiúcháin, sórtála agus athchúrsála úrscothacha agus cumhdófar leis na comhpháirteanna pacáistíochta uile.***

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun Tábla 1 ***den Iarscríbhinn*** a leasú chun é a chur in oiriúint don fhorbairt eolaíoch agus theicniúil ar dhearadh ábhair agus táirgí, agus bonneagar bailiúcháin, sórtála agus athchúrsála. | Tugtar de chumhacht don Choimisiún***, i ndlúthchomhar leis na geallsealbhóirí,*** gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun Tábla 1 ***d'Iarscríbhinn II*** a leasú chun é a chur in oiriúint don fhorbairt eolaíoch agus theicniúil ar dhearadh ábhair agus táirgí, agus bonneagar bailiúcháin, sórtála agus athchúrsála. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ón 1 Eanáir 2030***, ní mheasfar ***go mbeidh*** pacáistíocht in-athchúrsáilte má chomhfhreagraíonn ***sé*** do ghrád feidhmíochta E ***faoi na critéir '***dearadh ***le haghaidh*** athchúrsála***' a bhunaítear sa ghníomh tarmligthe a glacadh de bhun mhír 4*** don chatagóir ***pacáistíochta*** lena mbaineann an phacáistíocht. | ***Cúig bliana tar éis fhoilsiú an chaighdeáin chomhchuibhithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh***, ***ar caighdeán é a d'fhorbair an Coiste Eorpach um Chaighdeánú lena leagtar síos na critéir maidir le dearadh le haghaidh athchúrsála de bhun mhír 4 agus tráth nach luaithe ná an 1 Eanáir 2030,*** ní mheasfar pacáistíocht ***a bheith*** in-athchúrsáilte má chomhfhreagraíonn ***sí*** do ghrád feidhmíochta E ***faoin*** dearadh ***do chritéir*** athchúrsála ***arna mbunú sna*** |

***caighdeáin sin*** don chatagóir ***phacáistíochta*** lena mbaineann an phacáistíocht.

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. ***Maidir*** le gach cineál pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II, ***bunóidh an Coimisiún an mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh*** ar ***cé acu is féidir nó nach féidir pacáistíocht a athchúrsáil ar*** scála. Beidh an measúnú sin bunaithe, ar a laghad, ar na heilimintí seo a leanas: | 6. ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir*** le ***hAirteagal 58 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun an mhodheolaíocht a bhunú, le haghaidh*** gach cineál pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II, ***chun a mheas an bhfuil an phacáistíocht in-athchúrsáilte*** ar scála. Beidh an measúnú sin bunaithe, ar a laghad, ar na heilimintí seo a leanas: |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. I gcás ina gcruthófar go bhfuil sé tairbhiúil ó thaobh an chomhshaoil de agus ina bhfuil sé indéanta go teicniúil, déanfaidh na Ballstáit, go háirithe trí scéimeanna arna mbunú i gcomhréir le hAirteagail 40 agus 44, tús áite a thabhairt d'athchúrsáil pacáistíochta i gcórais lúbiata, ina dtairbheoidh táirgeoirí a bhfuil spriocanna maidir le hábhar athchúrsáilte le baint amach acu de rochtain fhabhrach ar an ábhar a dhíorthaítear ón bpacáistíocht athchúrsáilte.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 9 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ón 1 Eanáir 2030, agus de mhaolú ar ***mhíreanna 2 agus 3***, féadfar pacáistíocht nuálach a chur ar an margadh ar feadh tréimhse uasta de 5 bliana tar éis dheireadh na bliana féilire ina gcuirfear ar an margadh í. | Ón 1 Eanáir 2030, agus de mhaolú ar ***cheanglais an airteagail sin***, féadfar pacáistíocht nuálach a chur ar an margadh ar feadh tréimhse uasta de 5 bliana tar éis dheireadh na bliana féilire ina gcuirfear ar an margadh í. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 9 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina mbaintear úsáid as an maolú sin, beidh doiciméadacht theicniúil, dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII, ag gabháil leis an bpacáistíocht nuálach sin lena léireofar a nuálaí atá sí agus lena léireofar go gcomhlíonann sí an sainmhíniú in Airteagal 3(***34***) den Rialachán seo. | I gcás ina mbaintear úsáid as an maolú sin, beidh doiciméadacht theicniúil, dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII, ag gabháil leis an bpacáistíocht nuálach sin lena léireofar a nuálaí atá sí agus lena léireofar go gcomhlíonann sí an sainmhíniú in Airteagal 3(***37***) den Rialachán seo. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 9 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tar éis na tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear i mír 8 ag gabháil le pacáistíocht den sórt sin. | Tar éis na tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír, beidh doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear i mír 8 ag gabháil le pacáistíocht den sórt sin. |
| | ***Beidh sé d'aidhm ag na Ballstáit ar bhonn leanúnach feabhas a chur ar bhonneagair bhailiúcháin agus sórtála le haghaidh pacáistíocht nuálach lena*** |

***ngabhann tairbhí comhshaoil a bhfuiltear ag súil leo.***

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 10 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) aon phacáistíocht iompair in-athúsáidte a cuireadh ar an margadh roimh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag táirgeoirí chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí dá dtagraítear in Airteagal 40 a chomhlíonadh, déanfar iad a mhodhnú ar bhonn an ghráid feidhmíochta in-athchúrsáilteachta, a chinntear i gcomhréir ***leis na gníomhartha tarmligthe*** dá dtagraítear i míreanna 4 agus 6 den Airteagal seo agus, a mhéid a bhaineann le pacáistíocht phlaisteach, i gcomhréir le hAirteagal 7(6) freisin. | 11. Na ranníocaíochtaí airgeadais atá le híoc ag táirgeoirí chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí dá dtagraítear in Airteagal 40 a chomhlíonadh, déanfar iad a mhodhnú ar bhonn an ghráid feidhmíochta in-athchúrsáilteachta, a chinntear i gcomhréir ***le caighdeáin CEN*** dá dtagraítear i míreanna 4 agus 6 den Airteagal seo agus, a mhéid a bhaineann le pacáistíocht phlaisteach, i gcomhréir le hAirteagal 7(6) freisin. ***Cuirfear ranníocaíochtaí airgeadais i leataobh chun maoiniú a dhéanamh ar ghlanchostas na mbonneagar bailithe agus sórtála den chineál pacáistíochta a n-íoctar as, de réir na gcineálacha a leagtar síos in Iarscríbhinn II, Tábla 1.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ón 1 Eanáir 2030, beidh an céatadán íosta d’ábhar athchúrsáilte a leanas, a bheidh aisghafa ó dhramhaíl ***plaisteach*** iarthomhaltais, ***sa chuid*** phlaisteach ***de phacáistíocht, in aghaidh an aonaid pacáistíochta:*** | 1. Ón 1 Eanáir 2030, beidh an céatadán íosta d’ábhar athchúrsáilte a leanas, a bheidh aisghafa ó dhramhaíl ***phlaisteach*** iarthomhaltais, ***i bpacáistíocht*** phlaisteach***. Déanfar spriocanna a ríomh mar mheán na pacáistíochta plaistí a chuireann táirgeoir ar mhargadh an Aontais.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) 30 % i gcás ***pacáistíochta*** teagmhála ***íogaire de theireataláit*** phoileitléine (TPE)***, agus é sin an mhór-chomhphháirt***; | (a) 30 % i gcás ***pacáistíocht phlaisteach atá íogair ó thaobh*** teagmhála ***de agus déanta as teireataláit*** phoileitléine (TPE) ***den mhórchuid***; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) 10 % i gcás ***pacáistíochta*** teagmhála ***íogaire d’***ábhair phlaisteacha seachas TPE, seachas buidéil deochanna ar táirgí plaisteacha aon úsáide iad; | (b) 10 % i gcás ***pacáistíocht phlaisteach atá íogair ó thaobh*** teagmhála ***de agus déanta as*** ábhair phlaisteacha seachas TPE, seachas buidéil deochanna ar táirgí plaisteacha aon úsáide iad; |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) 35 % i gcás ***pacáistíochta*** seachas an phacáistíocht dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c). | (d) 35 % i gcás ***pacáistíocht phlaisteach*** seachas an phacáistíocht dá dtagraítear i bpointí (a), (b) agus (c). |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ón 1 Eanáir 2040, beidh an céatadán íosta d’ábhar athchúrsáilte a leanas, a bheidh aisghafa ó dhramhaíl ***plaisteach*** iarthomhaltais, ***sa chuid*** phlaisteach ***de phacáistíocht, in aghaidh an aonaid pacáistíochta:*** | 2. Ón 1 Eanáir 2040, beidh an céatadán íosta d’ábhar athchúrsáilte a leanas, a bheidh aisghafa ó dhramhaíl ***phlaisteach*** iarthomhaltais, ***i bpacáistíocht*** phlaisteach***. Déanfar spriocanna a ríomh mar mheán na pacáistíochta plaistí a chuireann táirgeoir ar mhargadh an Aontais.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh bonneagar cuimsitheach bailithe agus sórtála i bhfeidhm chun a ráthú go mbeidh ábhar athchúrsáilte ar fáil.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Faoin ***31 Nollaig 2026***, beidh an chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha | 7. Faoin ***31 Nollaig 2025***, beidh an chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha |

| | |
|---|---|
| cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar an mhodheolaíocht le haghaidh ríomh agus dheimhniú an chéatadáin d'ábhar athchúrsáilte a aisghabhtar ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais, ***in aghaidh an aonaid pacáistíochta plaistí***, agus formáid na doiciméadachta teicniúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). | cur chun feidhme a ghlacadh lena mbunófar an mhodheolaíocht le haghaidh ríomh agus dheimhniú an chéatadáin d'ábhar athchúrsáilte a aisghabhtar ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais, ***mar mheán den phacáistíocht phlaisteach a chuireann táirgeoir ar mhargadh an Aontais***, agus formáid na doiciméadachta teicniúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Ón 1 Eanáir 2029, comhlíonfar le ríomh agus deimhniú an chéatadáin d'ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht faoi mhír 1 na rialacha a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7. | 8. Ón 1 Eanáir 2029, comhlíonfar le ríomh agus deimhniú an chéatadáin d'ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht ***phlaisteach*** faoi mhír 1 na rialacha a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 7. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 9 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin ***1 Eanáir 2028***, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá le haghaidh maoluithe ar an gcéatadán íosta a leagtar síos i mír 1, pointí b agus d, le haghaidh pacáistíocht phlaisteach shonrach, nó le haghaidh athbhreithniú ar an maolú a bhunaítear faoi ***mhír 3*** le haghaidh pacáistíocht phlaisteach shonrach. | Faoin ***31 Nollaig 2025***, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá le haghaidh maoluithe ar an gcéatadán íosta a leagtar síos i mír 1, pointí b agus d, le haghaidh pacáistíocht phlaisteach shonrach, nó le haghaidh athbhreithniú ar an maolú a bhunaítear faoi ***mhír 3*** le haghaidh pacáistíocht phlaisteach shonrach. |
| | ***Faoin 31 Nollaig 2035, déanfaidh an*** |

| | |
|---|---|
| | ***Coimisiún measúnú ar an ngá atá le maoluithe ar an gcéatadán íosta a leagtar síos i mír 2, pointí a, b agus c le haghaidh pacáistíocht phlaisteach shonrach, nó le hathbhreithniú ar an maolú a bhunaítear faoi mhír 3 le haghaidh pacáistíocht phlaisteach shonrach.*** |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 9 – fomhír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) foráil a dhéanamh maidir le maoluithe ar raon feidhme, uainiú nó leibhéal céatadáin íosta a leagtar síos i mír 1, ***pointí b*** agus d, le haghaidh pacáistíocht phlaisteach shonrach, agus, de réir mar is iomchuí, | (a) foráil a dhéanamh maidir le maoluithe ar raon feidhme, uainiú nó leibhéal céatadáin íosta a leagtar síos i mír 1, ***pointí b*** agus d, ***agus i mír 2, pointí a, b agus c*** le haghaidh pacáistíocht phlaisteach shonrach, agus, de réir mar is iomchuí, |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***11a. Faoin 31 Nollaig 2025, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhféidearthacht spriocanna maidir le bunábhair bhithbhunaithe athchúrsáilte a thabhairt isteach le haghaidh pacáistíocht phlaisteach, i bhfianaise an méid a d'fhéadfaidís rannchuidiú leis na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 7(1) agus (2) a bhaint amach;*** |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: ***Faoin [Oifig na bhFoilseachán:*** cuir isteach an dáta = 24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], maidir le pacáistíocht dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (f) agus (g), beidh lipéid ghreamaitheacha, a chuirfear ar thorthaí agus glasraí, agus málaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom inmhúirínithe faoi choinníollacha a rialófar go tionsclaíoch i saoráidí cóireála bithdhramhaíola. | 1. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], maidir le pacáistíocht dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (f) agus (g), beidh lipéid ghreamaitheacha, a chuirfear ar thorthaí agus glasraí, agus málaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom inmhúirínithe faoi choinníollacha a rialófar go tionsclaíoch i saoráidí cóireála bithdhramhaíola ***agus, dá bhrí sin, ceadófar iad a bhailiú i ngabhdáin bhithdhramhaíola, i gcomhréir leis an gcaighdeán EN 13432 'Pacáistiú — Ceanglais le haghaidh pacáistíocht is inghnóthaithe trí mhúiríniú agus bithdhíghrádú — Scéim tástála agus critéir mheastóireachta le haghaidh glacadh deiridh le pacáistíocht'***. |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás inarb iomchuí, tá scéimeanna bailithe dramhaíola agus bonneagar cóireála dramhaíola le fáil chun a áirithiú go dtéann ***an phacáistíocht dá dtagraítear i mír 1*** isteach i sruth bainistíochta dramhaíola orgánaí, tá an chumhacht ag na Ballstáit a éileamh nach gcuirfear málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma ar fáil ar a margadh den chéad uair ach amháin más féidir a léiriú ***gur monaraíodh*** na málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma sin***, ina n-iomláine, as polaiméir phlaisteacha in-bhithdhíghrádaithe atá*** inmhúirínithe faoi choinníollacha a rialaítear go tionsclaíoch. | 2. I gcás inarb iomchuí, tá scéimeanna bailithe dramhaíola agus bonneagar cóireála dramhaíola le fáil chun a áirithiú go dtéann ***pacáistíocht inmhúirínithe*** isteach i sruth bainistíochta dramhaíola orgánaí, tá an chumhacht ag na Ballstáit a éileamh nach gcuirfear málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma***, agus aon phacáistíocht eile a chomhlíonann na ceanglais a liostaítear in Iarscríbhinn III,*** ar fáil ar a margadh den chéad uair ach amháin más féidir a léiriú ***go bhfuil*** na málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma sin ***agus pacáistíocht eile*** inmhúirínithe faoi choinníollacha a rialaítear go tionsclaíoch. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beifear in ann pacáistíocht seachas an phacáistíocht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, ***lena n-áirítear pacáistíocht de pholaiméir phlaisteacha in-bhithdhíghrádaithe, a athchúrsáil gan difear a dhéanamh d'in-athchúrsáilteacht sruthanna dramhaíola eile***. | 3. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beifear in ann pacáistíocht ***inmhúirínithe*** seachas an phacáistíocht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, ***agus a lipéadaítear mar phacáistíocht inmhúirínithe a chur ar an margadh má chomhlíonann sí na critéir a liostaítear in Iarscríbhinn III***. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a leasú trí bhíthin cineálacha eile pacáistíochta a chur le cineálacha pacáistíochta a chumhdaítear faoi na míreanna sin nuair a bhíonn bonn cirt leis sin agus nuair is iomchuí de bharr forbairtí teicniúla agus rialála a dhéanann difear do dhiúscairt pacáistíochta inmhúirínithe agus faoi na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Iarrfaidh an Coimisiún ar na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2025, an caighdeán comhchuibhithe a thabhairt cothrom le dáta maidir leis na ceanglais le haghaidh pacáistíocht is inghnóthaithe trí mhúiríniú agus bith-dhíghrádú - scéimeanna tástála agus critéir mheastóireachta. Breithneofar leis an gcaighdeán sin, i gcomhréir leis na forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha agus leis an reachtaíocht ábhartha, na hamanna cuí múirínithe, cáilíocht an aschuir agus leibhéil inghlactha éillithe amhairc.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5b. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhféidearthacht cineálacha eile pacáistíochta a chur leis na cineálacha pacáistíochta a chumhdaítear le míreanna 1agus 2 nuair a bhíonn bonn cirt leis sin agus nuair is iomchuí de bharr forbairtí teicniúla agus rialála a dhéanann difear do dhiúscairt pacáistíochta inmhúirínithe agus faoi na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ngabhfaidh togra reachtach, más iomchuí.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 42 mhí*** tar éis ***theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfear lipéad ar phacáistíocht ina mbeidh*** faisnéis ***maidir lena comhdhéanamh ábhair***. Níl feidhm ag an oibleagáid ***sin*** maidir le pacáistíocht iompair. Ach tá feidhm aici maidir le pacáistíocht ríomhthráchtála. | ***Déanfar pacáistiú a chuirtear ar an margadh ó 30 mí*** tar éis ***ghlacadh na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6 a mharcáil le lipéad comhchuibhithe ar a bhfuil*** faisnéis ***faoi cheann scríbe gach comhpháirte ar leith den phacáistíocht, chun faisnéis aonfhoirmeach agus intuigthe chomh maith le sórtáil tomhaltóirí a éascú***. Níl feidhm ag an oibleagáid ***seo*** maidir le pacáistíocht iompair ***ná pacáistíocht a chumhdaítear le córas éarlaise nó aisíoca***. Ach tá feidhm aici maidir le pacáistíocht ríomhthráchtála. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Marcálfar pacáistíocht faoi réir córais éarlaise agus aisíoca dá dtagraítear in Airteagal 44(1)***, anuas ar an bpacáistíocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír,*** le lipéad comhchuibhithe a ***chuireadh*** ar bun sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha a ***ghlacadh*** de bhun mhír 5. | Marcálfar pacáistíocht faoi réir córais éarlaise agus aisíoca dá dtagraítear in Airteagal 44(1) le lipéad comhchuibhithe a ***cuireadh*** ar bun sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha a ***glacadh*** de bhun mhír 5. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 2. ***Ón [OP: Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 48 mí*** tar éis ***dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***, beidh lipéad ***ar phacáistíocht*** maidir le ***hath-inúsáidteachta*** na pacáistíochta agus cód QR nó cineál eile d'iompróir sonraí digiteacha lena dtugtar tuilleadh faisnéise maidir le ***hath-inúsáidteachta*** na pacáistíochta lena n-áirítear infhaighteacht de ***chóras i gcomhar*** athúsáide agus pointí bailithe, agus lena n-éascaítear rianú a dhéanamh ar an bpacáistíocht agus na turais agus ***na huainíochta*** a ríomh. Ina theannta sin, beidh pacáistíocht díolacháin atá in-athúsáidte inaitheanta go soiléir agus éagsúil le pacáistíocht aon úsáide ag an díolphointe. | 2. ***Ar phacáistíocht in-athúsáidte a chuirtear ar an margadh ó 36 mhí*** tar éis ***ghlacadh na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5***, beidh lipéad maidir le ***hath-inúsáidteacht*** na pacáistíochta agus cód QR nó cineál eile d'iompróir sonraí digiteacha lena dtugtar tuilleadh faisnéise maidir le ***hath-inúsáidteacht*** na pacáistíochta lena n-áirítear infhaighteacht de ***córais i gcomhair*** athúsáide agus ***infhaighteacht*** pointí bailithe, agus lena n-éascaítear rianú a dhéanamh ar an bpacáistíocht agus na turais agus ***an uainíocht*** a ríomh. Ina theannta sin, beidh pacáistíocht díolacháin atá in-athúsáidte inaitheanta go soiléir agus éagsúil le pacáistíocht aon úsáide ag an díolphointe. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 4 – fomhír 1**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Déanfar lipéid dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 agus an cód QR nó cineál iompróra sonraí eile dá dtagraítear i mír 2, a chur, a phriontáil nó a ghreanadh go sofheicthe, go hinléite agus go ***doscriosta*** ar an bpacáistíocht. Murab indéanta sin nó nach mbeidh údar leis sin mar gheall ar chineál nó ar mhéid na pacáistíochta, greamófar ar an bpacáistíocht ghrúpáilte iad. | Déanfar lipéid dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 agus an cód QR nó cineál iompróra sonraí eile dá dtagraítear i mír 2, a chur, a phriontáil nó a ghreanadh go sofheicthe, go hinléite agus go ***daingean*** ar an bpacáistíocht***, ionas nach féidir é a scriosadh go héasca***. Murab indéanta sin nó nach mbeidh údar leis sin mar gheall ar chineál nó ar mhéid na pacáistíochta, greamófar ar an bpacáistíocht ghrúpáilte iad. |
| | ***I gcás nach féidir é sin a dhéanamh nó nach bhfuil údar leis mar gheall ar chineál agus méid na pacáistíochta nó i gcás ina bhfuil sé ábhartha foráil a dhéanamh maidir le rochtain neamh-idirdhealaitheach ar fhaisnéis ó ghrúpaí leochaileacha, go háirithe daoine*** |

| | |
|---|---|
| | ***lagamhairc, soláthrófar lipéid dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3 trí chód aonair atá inléite go leictreonach nó trí chineál eile iompróra sonraí.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina n-éilítear le reachtaíocht an Aontais faisnéis maidir leis an táirge pacáistithe atá le cur ar fáil trí mheán sonraí, bainfear úsáid as aon iompróir sonraí amháin chun an fhaisnéis a éilítear a chur ar fáil le haghaidh an táirge phacáistithe agus le haghaidh na pacáistíochta. | I gcás ina n-éilítear le reachtaíocht an Aontais faisnéis maidir leis an táirge pacáistithe atá le cur ar fáil trí mheán sonraí, bainfear úsáid as aon iompróir sonraí amháin chun an fhaisnéis a éilítear a chur ar fáil le haghaidh an táirge phacáistithe agus le haghaidh na pacáistíochta. ***Féadfaidh an t-iompróir sonraí sin faisnéis bhreise a áireamh, amhail comhdhéanamh ábhar agus substaintí ar údar imní iad a bheith ann, ach ní áireofar ann faisnéis chun críoch díola nó margaíochta.*** |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: [cuir isteach dáta = ***18 mí*** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun lipéad comhchuibhithe agus sonraíochtaí a bhunú le haghaidh na gceanglas maidir le lipéadú agus chun formáidí a bhunú le haghaidh lipéadú pacáistíochta dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 agus lipéadú gabhdán dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 12. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a | 5. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: [Cuir isteach ***an*** dáta = ***12 mhí*** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun lipéad comhchuibhithe agus sonraíochtaí a bhunú le haghaidh na gceanglas maidir le lipéadú agus chun formáidí a bhunú le haghaidh lipéadú pacáistíochta dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 agus lipéadú gabhdán dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 12. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme |

| | |
|---|---|
| ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). | sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: ***[cuir*** isteach dáta = ***24 mhí*** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an mhodheolaíocht maidir le ***comhdhéanamh ábhar na pacáistíochta*** dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint trí teicneolaíochtaí um mharcáil digiteach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). | 6. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: ***Cuir*** isteach ***an*** dáta = ***18 mí*** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an mhodheolaíocht maidir le ***gach comhpháirt ar leith den phacáistíocht*** dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint trí teicneolaíochtaí um mharcáil digiteach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Gan dochar do cheanglais maidir le lipéid chomhchuibhithe an Aontais, ní bhainfidh oibreoirí eacnamaíocha úsáid as lipéid, marcanna, siombailí nó inscríbhinní ar dócha go gcuirfear tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile ar míthreoir nó ar strae leo maidir le ceanglais inbhuanaitheachta le haghaidh pacáistíochta, saintréithe pacáistíochta nó roghanna maidir le dramhaíl ó phacáistíocht a bhainistiú, ar ina leith a leagtar síos lipéadú comhchuibhithe leis an Rialachán seo. | 7. Gan dochar do cheanglais maidir le lipéid chomhchuibhithe an Aontais, ní bhainfidh oibreoirí eacnamaíocha úsáid as lipéid, marcanna, siombailí nó inscríbhinní ar dócha go gcuirfear tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile ar míthreoir nó ar strae leo maidir le ceanglais inbhuanaitheachta le haghaidh pacáistíochta, saintréithe pacáistíochta nó roghanna maidir le dramhaíl ó phacáistíocht a bhainistiú, ar ina leith a leagtar síos lipéadú comhchuibhithe leis an Rialachán seo. ***Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 24*** |

***mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] glacfaidh an Coimisiún treoir maidir le gnéithe ar dócha go ndéanfaidh siad tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile a chur ar míthreoir nó ar strae.***

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Pacáistíocht a ***áirítear i scéim freagrachta leathnaithe táirgeora nó a*** chumhdaítear faoi chóras éarlaise agus aisíoca seachas dá dtagraítear in Airteagal 44(1) a ***fhéadfaidh a*** shainaithint trí ***shiombail*** chomhfhreagrach ar fud na críche ina bhfuil feidhm leis an scéim nó córas sin. Beidh an tsiombail sin soiléir agus gan débhrí agus ní chuirfidh sí tomhaltóirí ná úsáideoirí ar míthreoir maidir le hin-athchúrsáilteacht nó ath-inúsáidteacht na pacáistíochta. | 8. Pacáistíocht a chumhdaítear faoi chóras éarlaise agus aisíoca seachas ***an phacáistíocht sin*** dá dtagraítear in Airteagal 44(1)***, féadfar í*** a shainaithint trí ***bhíthin siombail*** chomhfhreagrach ar fud na críche ina bhfuil feidhm leis an scéim nó ***an*** córas sin. Beidh an tsiombail sin soiléir agus gan débhrí agus ní chuirfidh sí tomhaltóirí ná úsáideoirí ar míthreoir maidir le hin-athchúrsáilteacht nó ath-inúsáidteacht na pacáistíochta. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 12a*** |
| | ***Fóram Pacáistíochta*** |
| | ***Áiritheoidh an Coimisiún, agus é i mbun a ghníomhaíochtaí, go mbeidh cothromaíocht ann i dtaobh rannpháirteachas ionadaithe na mBallstát agus gach páirtí leasmhar a bhfuil baint acu le tionscal na pacáistíochta, lena n-áirítear ionadaithe thionscal na cóireála dramhaíola, monaróirí agus soláthraithe*** |

***pacáistíochta, dáileoirí, miondíoltóirí, allmhaireoirí, FBManna, grúpaí cosanta comhshaoil agus eagraíochtaí tomhaltóirí. Rannchuideoidh na páirtithe sin go háirithe leis na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme dá bhforáiltear sa Rialachán seo a ullmhú chun na ceanglais inbhuanaitheachta a fhorbairt agus a mhionsonrú tuilleadh agus chun a áirithiú go ndíreofar go láidir ar réitigh nuálacha chun tionchar comhshaoil na pacáistíochta agus na dramhaíola ó phacáistíocht a laghdú, chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar éifeachtacht na sásraí faireachais margaidh atá bunaithe. Chuige sin, bunóidh an Coimisiún grúpa saineolaithe, dá ngairfear 'an Fóram Pacáistíochta', a mbeidh cruinniú ag na páirtithe sin ann.***

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn táirgí do dháileoir deiridh nó d'úsáideoir deiridh i bpacáistíocht ghrúpáilte, pacáistíocht iompair, nó pacáistíocht ríomhthráchtála, a áirithiú ***go bhfuil*** an cóimheas idir an spás folamh 40 % ar a mhéad. | 1. Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn táirgí do dháileoir deiridh nó d'úsáideoir deiridh i bpacáistíocht ghrúpáilte, pacáistíocht iompair, nó pacáistíocht ríomhthráchtála, a áirithiú ***gurb ionann*** an cóimheas idir an spás folamh ***agus*** 40 % ar a mhéad***, mar mheán na pacáistíochta uile den sórt sin a chuirfidh an t-oibreoir eacnamaíoch ar an margadh in aghaidh na bliana féilire***. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| Measfar gur spás folamh é spás a líonfar le hábhair líonta amhail gearrthóga páipéir, aerchúisíní, cumhdaigh bholgóideacha, líonaigh spúinse, líonaigh chúir, olann adhmaid, polaistiréin nó clocha Styrofoam. | Measfar gur spás folamh é spás a líonfar le hábhair líonta amhail gearrthóga páipéir, aerchúisíní, cumhdaigh bholgóideacha, líonaigh spúinse, líonaigh chúir, olann adhmaid, polaistiréin nó clocha Styrofoam. |
| | ***Díolmhaítear spásanna folmha má tharlaíonn siad mar gheall ar chruth táirge, i gcás ina mbeadh méid níos mó d'ábhar pacáistíochta mar thoradh ar íoslaghdú spásanna folmha.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Beidh oibreoirí eacnamaíocha a úsáideann pacáistíocht in-athúsáidte díolmhaithe ón oibleagáid a leagtar síos i mír 1.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. De mhaolú ar mhír 1, ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn V ón 1 Eanáir 2030.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| ***3. Féadfaidh na Ballstáit oibreoirí eacnamaíocha a dhíolmhú ó phointe 3 d'Iarscríbhinn V má chomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicreachuideachta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún, de réir mar is infheidhme an [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil gan pacáistíocht a úsáid nó rochtain a fháil ar bhonneagar atá riachtanach d'fheidhmiú córais athúsáide.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun Iarscríbhinn V a leasú i bhfianaise dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch leis*** an ***gcuspóir chun dramhaíl ó phacáistíocht a laghdú. Agus na gníomhartha tarmligthe sin á nglacadh aige, breithneoidh an*** Coimisiún ***acmhainneacht*** na srianta maidir le húsáid formáidí sonracha pacáistíochta chun dramhaíl ó phacáistíocht a ghintear a laghdú agus tionchar comhshaoil dearfach á áirithiú aige ***ag an am céanna***, agus cuirfidh sé san áireamh infhaighteacht ***réitigh*** pacáistíochta ***malartacha*** a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa reachtaíocht infheidhme maidir le pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de, chomh maith lena gcumas éilliú micribhitheolaíoch ***den*** táirge ***pacáistithe*** a sheachaint. | 4. ***Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach*** an ***dáta = 5 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an*** Coimisiún ***athbhreithniú ar*** na srianta maidir le húsáid formáidí sonracha pacáistíochta chun dramhaíl ó phacáistíocht a ghintear a laghdú agus tionchar comhshaoil dearfach á áirithiú aige, agus cuirfidh sé san áireamh infhaighteacht ***réiteach*** pacáistíochta ***malartach*** a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa reachtaíocht infheidhme maidir le pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de, chomh maith lena gcumas éilliú micribhitheolaíoch ***an*** táirge ***phacáistithe*** a sheachaint. ***Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ngabhfaidh togra reachtach, más iomchuí.*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ón 1 Eanáir 2030, áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha a chuireann mórfhearais tí a liostaítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2012/19/AE ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit go mbeidh 90 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht iompair in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide. | 1. Ón 1 Eanáir 2030, áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha a chuireann mórfhearais tí a liostaítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2012/19/AE ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit go mbeidh 90 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht iompair in-athúsáidte***, seachas cairtchlár,*** laistigh de chóras athúsáide. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Ón 1 Eanáir 2030 ar aghaidh, féachfaidh dáileoirí deiridh a bhfuil limistéar díolacháin níos mó ná 400 m² acu le spásanna tiomnaithe a chruthú do stáisiúin athlíonta le haghaidh táirgí bia agus táirgí neamhbhia gan dochar do cheanglais maidir le sláinte, sláinteachas agus sábháilteacht.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Maidir leis an dáileoir deiridh a chuireann pacáistíocht díolacháin le haghaidh deochanna fuara nó teo, a*** | ***scriosta*** |

***chuirtear i gcoimeádán ag an díolphointe le haghaidh 'beir leat', ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit, áiritheoidh sé an méid seo a leanas:***

***(a) ón 1 Eanáir 2030, cuirfear 20 % de na deochanna sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí sheirbhís athlíonadh a chur ar fáil;***

***(b) ón 1 Eanáir 2040, cuirfear 80 % de na deochanna sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí sheirbhís athlíonadh a chur ar fáil.***

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Áiritheoidh dáileoir deiridh atá ag déanamh a ghníomhaíochta in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna agus atá ag cur ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit pacáistíocht díolacháin le haghaidh bia réamhullmhaithe beir leat a bheartaítear le haghaidh tomhaltas láithreach gan gá a bheith le haon ullmhú breise, agus de ghnáth a itear díreach ón gcoimeádán, an méid a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) ón 1 Eanáir 2030, cuirfear 10 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide nó trí sheirbhís athlíonta a chur ar fáil;*** | |
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, cuirfear 40 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí sheirbhís athlíonta a chur ar fáil.*** | |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Féachfaidh oibreoirí eacnamaíocha leis an deis a thabhairt d'úsáideoirí deiridh a gcoimeádáin féin a úsáid chun deochanna nó bia a thabhairt leo gan dochar do na ceanglais maidir le sláinte, sláinteachas agus sábháilteacht.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, cuirfear 25 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide nó trí sheirbhís athlíonta a chur ar fáil.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 5 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, cuirfear 15 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide nó trí sheirbhís athlíonta a chur ar fáil.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 6 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, cuirfear 25 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide nó trí sheirbhís athlíonta a chur ar fáil.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 7 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, beidh 90 % de phacáistíocht den sórt sin a úsáidfear laistigh de chóras athúsáide pacáistíocht in-athúsáidte.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 8 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, beidh 50 % de phacáistíocht den sórt sin a úsáidfear ina pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 9 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, beidh 30 % de phacáistíocht den sórt sin a úsáidfear le haghaidh iompair laistigh de chóras athúsáide pacáistíocht in-athúsáidte;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 10 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht ghrúpáilte i bhfoirm boscaí, seachas cairtchlár, a úsáidtear lasmuigh de phacáistíocht díolacháin chun méid áirithe de tháirgí a ghrúpáil chun aonad chun stoc a choinneáil a chruthú, an méid a leanas: | 10. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht ghrúpáilte i bhfoirm boscaí, seachas cairtchlár, a úsáidtear lasmuigh de phacáistíocht díolacháin chun méid áirithe de tháirgí a ghrúpáil chun aonad chun stoc a choinneáil ***nó aonad dáilte*** a chruthú, an méid a leanas: |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 10 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, beidh 25 % de phacáistíocht den sórt sin a úsáidfear laistigh de chóras athúsáide pacáistíocht in-athúsáidte.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 12 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh ***pacáistíocht*** iompair a úsáideann oibreoir eacnamaíoch in-athúsáidte i gcás ina n-úsáidtear í chun táirgí a iompar: | ***Faoin 1 Eanáir 2030,*** beidh ***95 % den phacáistíocht*** iompair a úsáideann oibreoir eacnamaíoch in-athúsáidte i gcás ina n-úsáidtear í chun táirgí a iompar: |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 13 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Oibreoirí eacnamaíocha a sheachadann táirgí d'oibreoir eacnamaíoch eile laistigh ***de*** Bhallstát céanna***, ní bhainfidh siad úsáid ach amháin as pacáistíocht*** iompair in-athúsáidte chun ***críoch*** táirgí den sórt sin a iompar. | ***Faoin 1 Eanáir 2030, ní úsáidfidh*** oibreoirí eacnamaíocha a sheachadann táirgí d'oibreoir eacnamaíoch eile laistigh ***den*** Bhallstát céanna ***ach 95 % ar a laghad de phacáistíocht*** iompair in-athúsáidte chun ***críche*** táirgí den sórt sin a iompar. |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 14 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 14. Beidh oibreoirí eacnamaíocha díolmhaithe ón oibleagáid ***chun*** na spriocanna i ***míreanna 2*** go 10 a bhaint amach, le linn bliain féilire, más rud é: | 14. Beidh oibreoirí eacnamaíocha díolmhaithe ón oibleagáid na spriocanna i ***míreanna 1*** go 10 a bhaint amach, le linn bliain féilire, más rud é: |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 15. Beidh oibreoirí eacnamaíocha díolmhaithe ón oibleagáid ***chun*** na spriocanna ***i míreanna 2 go 6*** a bhaint amach***, le linn bliain féilire,*** más rud é ***go bhfuil limistéar díolacháin acu nach mó ná 100 m2, lena n-áirítear freisin gach limistéar stórála agus seolta.*** | 15. Beidh oibreoirí eacnamaíocha díolmhaithe ón oibleagáid na spriocanna ***san Airteagal seo*** a bhaint amach más rud é***:*** |
| | ***a) go bhfuil achar díolacháin nach mó ná 200 m² acu, lena n-áirítear freisin gach limistéar stórála agus seolta;*** |
| | ***b) nach ionann athúsáid agus an rogha lena mbaintear amach an toradh*** |

| | |
|---|---|
| | ***foriomlán is fearr ó thaobh an chomhshaoil de ar bhonn measúnú saolré, i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE, agus gan dochar do na ceanglais maidir le sláinte, sláinteachas agus sábháilteacht.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***15a. Díolmhófar oibreoirí eacnamaíocha ón oibleagáid faoin Airteagal seo más rud é go bhfuil ráta bailithe ar leithligh an ábhair pacáistíochta faoi seach, mar a éilítear in Airteagal 43(3) agus (4) agus mar a thuairiscítear don Choimisiún faoi Airteagal 50(1), pointe (c), os cionn 85 % de réir meáchain den phacáistíocht sin a chuirtear ar an margadh ar chríoch an Bhallstáit ina n-oibríonn siad sna blianta féilire 2026 agus 2027.*** |
| | ***I gcás ina léiríonn tuairisciú den sórt sin go bhfuil ráta bailithe ar leithligh an ábhair phacáistíochta faoi seach faoi bhun 85 %, cuireann an Ballstát plean cur chun feidhme isteach ina léirítear straitéis lena ngabhann gníomhaíochtaí nithiúla, lena n-áirítear amlíne lena n-áirithítear go mbainfear amach an ráta bailithe ar leithligh de 85 % de réir mheáchan an ábhair phacáistíochta faoi seach laistigh de 2 bhliain*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) spriocanna le haghaidh táirgí eile nach gcumhdaítear faoi mhíreanna 1 go 6 den Airteagal seo agus formáidí pacáistíochta eile seachas iad a luaitear i míreanna 7 go 10, bunaithe ar an taithí dhearfach a fuarthas ó na bearta a ghlacadh ag Ballstáit faoi Airteagal 45(2),*** | ***scriosta*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) díolúintí maidir le formáidí pacáistíochta sonracha a chumhdaítear faoi na spriocanna a leagtar síos i míreanna 2 go 6 den Airteagal seo i gcás fadhbanna tromchúiseacha sláinteachais, sábháilteachta bia nó comhshaoil a chuireann cosc ar bhaint amach na spriocanna sin.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) ceanglais maidir le measúnú saolré a ullmhú chun údar a thabhairt le díolúine faoi mhír 15, pointe b.*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 17. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = ***8 mbliana*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***,*** déanfaidh an Coimisiún ***athbhreithniú ar an gcás maidir le hathúsáid*** pacáistíochta agus, ar an mbonn sin, déanfaidh sé measúnú ar ***a oiriúnaí a bheadh sé*** bearta ***a bhunú***, athbhreithniú ar na spriocanna a leagtar síos san Airteagal seo, agus ***spriocanna nua a shocrú maidir le hathúsáid agus athlíonadh de phacáistíocht, agus i gcás inar gá,*** togra reachtach ***a chur i láthair***. | 17. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = ***8 mbliana*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] déanfaidh an Coimisiún ***measúnú ar thionchar na spriocanna athúsáide*** pacáistíochta agus, ar an mbonn sin, déanfaidh sé measúnú ar ***an ngá atá le*** bearta ***nua***, ***agus*** athbhreithniú ***á dhéanamh aige*** ar na spriocanna a leagtar síos san Airteagal seo***. Chuige sin***, ***déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa*** agus ***na Comhairle lena ngabhfaidh*** togra reachtach***, más iomchuí***. |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar córais chun foráil a dhéanamh maidir le haischur agus bailiú ar leithligh gach dramhaíola ó phacáistíocht ó na húsáideoirí deiridh chun a áirithiú go ndéanfar cóireáil uirthi i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 13 de ***Threoir 2008/98/CE***, agus chun ullmhú na dramhaíola i gcomhair athúsáide agus ***athchúrsála*** d'ardcháilíocht a éascú. | 1. ***Faoin 1 Eanáir 2029,*** áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar córais ***agus bonneagair*** chun foráil a dhéanamh maidir le haischur agus bailiú ar leithligh gach dramhaíola ó phacáistíocht ó na húsáideoirí deiridh ***le haghaidh gach formáide pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II a chuirtear ar an margadh in aon bhliain ar leith,*** chun a áirithiú go ndéanfar cóireáil uirthi i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 13 de ***Threoir 2008/98/CE***, agus chun ullmhú na dramhaíola i gcomhair athúsáide agus ***athchúrsáil*** d'ardcháilíocht a éascú. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 3 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) a bheith oscailte do rochtain ar shonraí, maidir le tuairisciú i meáchan agus costas bainistithe na sreafaí dramhaíola ó phacáistíocht, cothrom le dáta agus curtha ar fáil trí bhíthin na nithe seo a leanas:*** |
| | ***(i) suíomh gréasáin nó modhanna eile cumarsáide leictreonaí, i dteanga oifigiúil an Bhallstáit lena mbaineann;*** |
| | ***(ii) tuarascálacha poiblí i dteanga oifigiúil an Bhallstáit lena mbaineann.*** |
| | ***Ba cheart pointe (ca) a bheith gan dochar d'fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó do dhlíthe cosanta sonraí.*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Faoin 1 Eanáir 2029, áiritheoidh an dáileoir deiridh a dhéanfaidh bia agus deochanna arna líonadh agus arna dtomhailt laistigh den áitreabh in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna a chur ar fáil ar an margadh go gcuirfear córais bailithe ar leithligh ar bun do na codáin éagsúla d'ábhair dhramhaíola ó phacáistíocht, chun cabhrú leis an tomhaltóir dramhaíl ó phacáistíocht a scaradh.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | *3b.* ***Faoin 1 Eanáir 2029, áiritheoidh na Ballstáit, i spásanna poiblí, go gcuirfear córais bailithe ar leithligh ar bun do na codáin éagsúla d'ábhair dhramhaíola ó phacáistíocht.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Faoin 1 Eanáir 2029, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá lena áirithiú go mbunófar córais*** éarlaise agus aisíoca le haghaidh: | 1. ***Féadfaidh na córais dá dtagraítear in airteagal 43, mír 1, a bheith i bhfoirm córas*** éarlaise agus aisíoca le haghaidh ***na nithe seo a leanas***: |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***bhuidéil*** deochanna aon úsáide de thoilleadh suas le trí lítear; agus | (a) ***buidéil*** deochanna aon úsáide de thoilleadh ***0,1 lítear*** suas le trí lítear; agus |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) coimeádáin deochanna miotail aon úsáide de thoilleadh suas le trí lítear**.** | (b) coimeádáin deochanna miotail aon úsáide de thoilleadh ***0,1 lítear*** suas le trí lítear***;*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 –mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) buidéil ghloinne deochanna aon úsáide;*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 –mír 1 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) cartáin deochanna; agus*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – pointe b c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bc) pacáistíocht in-athúsáidte, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch.*** |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Níl feidhm ag an oibleagáid a leagtar síos i mír 1 maidir le pacáistíocht maidir leis an méid a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) fíon, táirgí fíona cumhraithe, agus deochanna biotáilleacha;*** | |
| ***(b) bainne agus táirgí bainne a liostaítear i gCuid XVI d'Iarscríbhinn I a ghabhann*** | |

***le Rialachán (AE) Uimh 1308/2013.***

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Gan dochar do mhír 1 den Airteagal seo, beidh Ballstát díolmhaithe ón oibleagáid faoi mhír 1 faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) go bhfuil ráta bhailithe deighilte na formáide pacáistíochta faoi seach, mar a éilítear in Airteagal 43(3) agus (4) agus mar a thuairiscítear don Choimisiún faoi Airteagal 50(1) pointe (c) os cionn 90 % de réir meáchain den phacáistíocht sin a chuirtear ar an margadh ar chríoch an Bhallstáit sin sna blianta féilire 2026 agus 2027. I gcás nár cuireadh tuairisciú den sórt sin faoi bhráid an Choimisiúin, cuirfidh an Ballstát údar cuí réasúnaithe ar fáil, bunaithe ar shonraí náisiúnta bailíochtaithe, agus tuairisc ar na bearta arna gcur chun feidhme, go bhfuil na coinníollacha comhlíonta don díolúine a leagtar amach sa mhír seo;*** | |
| ***(b) 24 mhí ar a dhéanaí roimh an spriocdháta a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo, tugann an Ballstát fógra don Choimisiún faoina iarraidh ar dhíolúine agus cuireann sé isteach plean chun feidhme ina léirítear straitéis lena ghabhann gníomhaíochtaí coincréiteacha lena n-áirítear amlíne lena ndéantar a áirithiú go mbainfear an ráta bailithe ar leithligh de 90 % de mheáchan na pacáistíochta dá dtagraítear i mír 1.*** | |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 44 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Laistigh de 3 mhí tar éis dó an plean cur chun feidhme a fháil arna thíolacadh de bhun mhír 3, pointe (b), féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar Bhallstát athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean sin, má mheasann sé nach gcomhlíonann an plean sin na ceanglais a leagtar amach i bpointe (c) den mhír sin. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann plean athbhreithnithe a thíolacadh laistigh de 3 mhí tar éis dó an iarraidh ón gCoimisiún a fháil.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. Má laghdaítear an ráta bailithe ar leithligh le haghaidh na pacáistíochta dá dtagraítear i mír 1 agus má fhanann sé faoi bhun 90 % de mheáchan formáide pacáistíochta áirithe arna cur ar an margadh ar feadh 3 bliana féilire as a chéile, tabharfaidh an Coimisiún fógra don Bhallstát lena mbaineann nach bhfuil feidhm ag an díolúine a thuilleadh. Bunófar an córas éarlaise agus aisíoca faoin 1 Eanáir sa dara bliain féilire tar éis na bliana inar thug an Coimisiún fógra don Bhallstát lena mbaineann nach bhfuil feidhm ag an díolúine a thuilleadh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***6. Féachfaidh na Ballstáit le córais éarlaise agus aisíoca a bhunú agus a chothabháil go háirithe le haghaidh buidéil ghloine deochanna aon úsáide, cartáin deochanna agus pacáistíocht in-athúsáidte. Féachfaidh na Ballstáit le háirithiú go mbeidh córais éarlaise agus aisíoca le haghaidh formáidí pacáistíochta aon úsáide, go háirithe le haghaidh buidéil ghloine deochanna aon úsáide, ar fáil freisin le haghaidh pacáistíocht in-athúsáidte i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Faoin 1 Eanáir 2028, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh gach córas éarlaise agus aisíoca***, lena n-áirítear iad siúd arna mbunú faoi mhír 5,*** na critéir íosta a liostaítear in Iarscríbhinn X. | 9. Faoin 1 Eanáir 2028, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh gach córas éarlaise agus aisíoca ***atá ann cheana*** na critéir íosta a liostaítear in Iarscríbhinn X ***agus áiritheoidh siad rochtain chomhionann agus chothrom d'úsáideoirí deiridh leochaileacha, go háirithe daoine faoi mhíchumas***. |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V**
*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

**<u>SRIANTA MAIDIR LE FORMÁIDÍ PACÁISTÍOCHTA A ÚSÁID</u>**

| | **Formáid phacáistíochta** | **Úsáid shrianta** | **Sampla léiritheach** |
|---|---|---|---|
| 1. | Pacáistíocht | Pacáistíocht phlaisteach a úsáidtear ar | Scannáin |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ghrúpáilte phlaisteach aon úsáide | an leibhéal miondíola chun grúpáil a dhéanamh ar earraí a dhíoltar i gcannaí, stáin, potaí, tobáin agus pacáistí a dheartar mar phacáistíocht áise chun a chumasú d'úsáideoirí deiridh níos mó ná táirge amháin a cheannach nó chun iad a spreagadh chun é sin a dhéanamh. Eisiatar leis sin pacáistíocht ghrúpáilte is gá chun láimhseáil i ndáileadh a éascú. | chomhthiomsaithe, crapchlúdach |
| ***2.*** | ***Pacáistíocht phlaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile le haghaidh torthaí agus glasraí úra*** | ***Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh níos lú ná 1,5 kg de thorthaí agus glasraí úra, mura bhfuil gá léirithe ann chun caillteanas uisce nó caillteanas borrthachta, guaiseacha micribhitheolaíocha nó suaití fisiciúla a sheachaint.*** | ***Eangacha, málaí, tráidirí, coimeádáin*** |
| ***3.*** | ***Plaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile*** | ***Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh bianna agus deochanna arna líonadh agus arna dtomhailt laistigh den áitreabh in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna, lena n-áirítear na limistéir itheacháin uile laistigh agus lasmuigh d'áit ghnó, a chumhdaítear le táblaí agus stólta, limistéir sheasaimh agus limistéir itheacháin a thairgeann oibreoirí eacnamaíocha éagsúla nó tríú páirtí i gcomhpháirt do na húsáideoirí deiridh chun críche tomhaltais bia agus deochanna*** | ***Tráidirí, plátaí agus cupáin indiúscartha, málaí, scragall, boscaí*** |
| ***4.*** | ***Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh tarsann, leasaitheach, anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin in earnáil na n-óstán, na mbialann agus*** | ***Pacáistíocht aon úsáide in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna, ina bhfuil sciartha nó riar ar leith, a úsáidtear le haghaidh tarsann, leasaitheach, anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin, seachas an phacáistíocht sin a sholáthraítear le chéile le bia réamhullmhaithe beir leat a bheartaítear le haghaidh tomhaltas láithreach gan gá a bheith le haon ullmhú breise*** | ***Saicíní, tobáin, tráidirí, boscaí*** |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | ***na gcaiféanna*** | | |
| 5. | Mionphacáistíocht óstáin aon úsáide | Le haghaidh cosmaidí, táirgí sláinteachais agus earraí níocháin is lú ná 50 ml le haghaidh táirgí leachtacha nó is lú ná 100 g le haghaidh táirgí neamhleachtacha | Buidéil seampú, buidéil lóise láimhe agus coirp, saicíní timpeall mionbharraí gallúnaí |

*Leasú*

| | **Formáid phacáistíochta** | **Úsáid shrianta** | **Sampla léiritheach** |
|---|---|---|---|
| 1. | Pacáistíocht ghrúpáilte phlaisteach aon úsáide | Pacáistíocht phlaisteach a úsáidtear ar an leibhéal miondíola chun grúpáil a dhéanamh ar earraí a dhíoltar i gcannaí, stáin, potaí, tobáin agus pacáistí a dheartar mar phacáistíocht áise chun a chumasú d'úsáideoirí deiridh níos mó ná táirge amháin a cheannach nó chun iad a spreagadh chun é sin a dhéanamh. Eisiatar leis sin pacáistíocht ghrúpáilte is gá chun láimhseáil i ndáileadh a éascú. | Scannáin chomhthiomsaithe, crapchlúdach |
| 2. | ***scriosta*** | ***scriosta*** | ***scriosta*** |
| 3. | ***scriosta*** | ***scriosta*** | ***scriosta*** |
| 4. | ***scriosta*** | ***scriosta*** | ***scriosta*** |
| 5. | Mionphacáistíocht óstáin aon úsáide | Le haghaidh cosmaidí, táirgí sláinteachais agus earraí níocháin is lú ná 50 ml le haghaidh táirgí leachtacha nó is lú ná 100 g le haghaidh táirgí neamhleachtacha | Buidéil seampú, buidéil lóise láimhe agus coirp, saicíní timpeall mionbharraí gallúnaí |

## IARSCRÍBHINN: LIST OF ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT

The following list is drawn up on a purely voluntary basis under the exclusive responsibility of the rapporteur. The rapporteur has received input from the following entities or persons in the preparation of the draft report:

| Entity and/or person |
|---|
| 360° Foodservice |
| A.I.S.E - European association representing cleaning, detergents and household maintenance products |
| AB InBev |
| ACE - The alliance for beverage cartons and the environment |
| AIM - European Brands Association |
| ALDI Nord |
| Alleanza delle Cooperative Italiane |
| ALPLA - Werke Alwin Lehner GmbH & Co KG |
| Amazon |
| APEAL - Association of European Producers of Steel for Packaging |
| APPLiA - Home Appliance Europe |
| Ball Beverage Packaging Europe |
| BDE - Bundesverband der Deutschen Entsorgungs-, Wasser- und Kreislaufwirtschaft e. V. |
| Beam Suntory |
| BGVZ - Bund Getränkeverpackungen der Zukunft |
| Braskem |
| Brown-Forman |
| Carbios |
| CEEV - Comité Européen des Entreprises Vins |
| CEFLEX - The Circular Economy for Flexible Packaging |
| Cerame-Unie |
| CITEO - French organisation in charge of recycling household packaging and graphic paper |
| Coldiretti |
| CONAI - Consorzio Nazionale Imballaggi |
| Confagricoltura |
| Confartigianato |
| Confcommercio |
| CONFIDA - Confederazione Italiana Distribuzione Automatica |
| Confindustria |

| |
|---|
| Confindustria Lecco e Sondrio |
| Danone |
| DIGITALEUROPE |
| DOW Inc. |
| EAFA - European Aluminium Foil Association |
| Eastman Chemical Company |
| ECCIA - European Cultural and Creative Industries Alliance |
| ECF - European Coffee Federation |
| Ecommerce Europe |
| EDA - European Dairy Association |
| EDANA - nonwovens and related industries |
| EEB - European Environment Bureau |
| EGMF - European Garden Machinery industry Federation |
| EGUALIA - Industrie farmaci accessibili |
| EPPA - European Paper Packaging Alliance |
| EUBP - European Bioplastics |
| EuPC - European Plastics Converters |
| EURIC - European Recycling Industries' Confederation |
| Europen - European Organisation for Packaging and the Environment |
| Farmindustria |
| FEAD - European Waste Management Association |
| Federalimentare - Federazione Italiana dell'Industria Alimentare |
| Federazione Carta e Grafica |
| Federdistribuzione |
| Federvini - Federazione Italiana Industriali Produttori, Esportatori ed Importatori di Vini, Acquaviti, Liquori, Sciroppi, Aceti ed affini |
| FEFCO - European Federation of Corrugated Board Manufacturers |
| FEICA - Association of the European Adhesive & Sealant Industry |
| FEVE - European Container Glass Federation |
| Flexible Packaging Initiative (Ferrero, Mars, Mondelez, Nestlé, Pepsico, Unilever) |
| Fondazione per lo Sviluppo Sostenibile |
| Foodanddrink Europe |
| FPE - Flexible Packaging Europe |
| GIFLEX - Gruppo Imballaggio Flessibile |
| Guala Closures S.p.A. |
| HOTREC - Association of Hotels, Restaurants, Pubs and Cafes and similar establishments in Europe |
| Huhtamaki - Food packaging supplies and materials |
| Innocent drinks |

| |
|---|
| JACOBS DOUWE EGBERTS (JDE) PEET’S |
| Kemira |
| KST - Keep Sweden Tidy |
| LEGO Group |
| LVMH - Louis Vuitton Moët Hennessy |
| McDonald's |
| Medicines for Europe |
| MedTech Europe |
| Metal Packaging Europe |
| Metsä |
| Municipal Waste Europe |
| Natural Mineral Waters Europe |
| Neste |
| Nestlé Italiana S.p.A. |
| Novamont |
| PaperFoam |
| PCEP - Polyolefin Circular Economy Platform |
| PepsiCo |
| Plastics Europe |
| Plastics Recyclers Europe |
| Polymateria Limited |
| PortionPack Group |
| Procter & Gamble |
| Profood |
| RCTP - Roundtable for reusable containers trays and pallets |
| Reloop |
| Rethink Plastic Alliance - alliance of leading European NGOs |
| RPE - Reusable Packaging Europe |
| Schwarz Group |
| SEFA - European association of steel drum manufacturers |
| SFIF - Swedish Forest Industries Federation |
| Stora Enso |
| Sulapac Ltd |
| Syctom - public service in charge of household waste management |
| Tetra Pack & Alliance for Beverage Cartons and the Environment |
| The Minderoo Foundation |
| THIE - Tea & Herbal Infusions Europe |
| TIE - Toy Industries of Europe |

| |
|---|
| TOMRA |
| UNESDA - Soft Drink Europe |
| UNILEVER |
| Unione Italiana Food |
| Unionplast - Federazione Gomma Plastica |
| UPM - The Biofore Company |
| Utilitalia - Federazione Utilities |
| VDMA - Machinery and Equipment Manufacturers Association |
| Versalis S.p.A. |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE |
| **Tagairtí** | COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>13.3.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE<br>13.3.2023 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 15.6.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Patrizia Toia<br>25.1.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 23.5.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 19.7.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 58<br>–: 11<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Nicola Beer, François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Vasile Blaga, Michael Bloss, Paolo Borchia, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Ignazio Corrao, Beatrice Covassi, Nicola Danti, Marie Dauchy, Pilar del Castillo Vera, Martina Dlabajová, Christian Ehler, Valter Flego, Niels Fuglsang, Jens Geier, Nicolás González Casares, Christophe Grudler, Henrike Hahn, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Ivars Ijabs, Romana Jerković, Seán Kelly, Zdzisław Krasnodębski, Andrius Kubilius, Thierry Mariani, Marisa Matias, Marina Mesure, Dan Nica, Niklas Nienass, Ville Niinistö, Johan Nissinen, Mauri Pekkarinen, Tsvetelina Penkova, Morten Petersen, Markus Pieper, Manuela Ripa, Robert Roos, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Grzegorz Tobiszowski, Patrizia Toia, Henna Virkkunen, Pernille Weiss, Carlos Zorrinho |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Damian Boeselager, Franc Bogovič, Francesca Donato, Matthias Ecke, Ladislav Ilčić, Elena Lizzi, Dace Melbārde, Jutta Paulus, Massimiliano Salini, Jordi Solé, Susana Solís Pérez, Ivan Štefanec, Nils Torvalds, Emma Wiesner |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Rosanna Conte, Arnaud Danjean, César Luena, Nicola Procaccini, Elżbieta Rafalska, Antonio Maria Rinaldi, Daniela Rondinelli, Nacho Sánchez Amor, Edina Tóth |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 58 | + |
|---|---|
| ECR | Ladislav Ilčić, Zdzisław Krasnodębski, Johan Nissinen, Nicola Procaccini, Elżbieta Rafalska, Robert Roos, Grzegorz Tobiszowski |
| ID | Paolo Borchia, Rosanna Conte, Marie Dauchy, Elena Lizzi, Thierry Mariani, Antonio Maria Rinaldi |
| PPE | François-Xavier Bellamy, Hildegard Bentele, Vasile Blaga, Franc Bogovič, Cristian-Silviu Buşoi, Jerzy Buzek, Maria da Graça Carvalho, Pilar del Castillo Vera, Arnaud Danjean, Christian Ehler, Seán Kelly, Andrius Kubilius, Dace Melbārde, Markus Pieper, Massimiliano Salini, Sara Skyttedal, Maria Spyraki, Ivan Štefanec, Henna Virkkunen, Pernille Weiss |
| Renew | Nicola Beer, Nicola Danti, Martina Dlabajová, Valter Flego, Ivars Ijabs, Mauri Pekkarinen, Morten Petersen, Susana Solís Pérez, Nils Torvalds, Emma Wiesner |
| S&D | Beatrice Covassi, Matthias Ecke, Niels Fuglsang, Jens Geier, Nicolás González Casares, Robert Hajšel, Ivo Hristov, Romana Jerković, César Luena, Dan Nica, Tsvetelina Penkova, Daniela Rondinelli, Nacho Sánchez Amor, Patrizia Toia, Carlos Zorrinho |

| 11 | - |
|---|---|
| The Left | Marisa Matias, Marina Mesure |
| Verts/ALE | Michael Bloss, Damian Boeselager, Ignazio Corrao, Henrike Hahn, Niklas Nienass, Ville Niinistö, Jutta Paulus, Manuela Ripa, Jordi Solé |

| 3 | 0 |
|---|---|
| NI | Francesca Donato, Edina Tóth |
| Renew | Christophe Grudler |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

20.7.2023

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM AN MARGADH INMHEÁNACH AGUS UM CHOSAINT AN TOMHALTÓRA

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Virginie Joron

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Agus an dréacht-tuairim seo á dréachtú, ní raibh cinneadh déanta fós maidir le hinniúlachtaí a leithdháileadh ar Choiste IMCO. Agus an méid sin á chur san áireamh, forchoimeádann an rapóirtéir an ceart an togra le haghaidh rialacháin a leasú ag céim níos déanaí.

Ar an gcéad dul síos, is díol sásaimh don rapóirtéir uaillmhian an togra maidir leis an ngá atá le dramhaíl a chomhrac, cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn agus geilleagar níos ciorclaí a fhorbairt. Measann sí gur cheart do mhonaróirí iarrachtaí a dhéanamh a mhéid a bhaineann le pacáistíocht, agus gur cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta agus áitiúla agus do na comhlachtaí a bhfuil baint acu le bailiú agus athchúrsáil dramhaíola bonneagar iomchuí a chur ar bun, agus tomhaltóirí a choinneáil freagrach as an méid a cheannaíonn siad agus as an gcaoi a ndéanann siad pacáistíocht a shórtáil agus a dhiúscairt.

Mar sin féin, aontaíonn sí leis na forchoimeádais a chuir an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála in iúl, dá dtagraítear sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra le haghaidh rialacháin, ar forchoimeádais iad atá ag tromlach mór na ndaoine atá ag obair san earnáil freisin.

Chun a áirithiú go bhféadfar cuspóirí níos réadúla a bhaint amach leis an togra seo le haghaidh rialacháin agus, ar an gcaoi sin, forbairt rianúil na hearnála cóireála dramhaíola ó phacáistíocht a spreagadh, mar aon le poist áitiúla san earnáil agus nuálaíocht, measann an rapóirtéir gur gá roinnt soiléirithe a sholáthar, eadhon:

- **Cosaint tomhaltóirí:** meabhraíonn an Rapóirtéir go bhfuil ról lárnach ag tomhaltóirí i mbailiú agus i sórtáil dramhaíola agus creideann sí gur cheart do na Ballstáit leanúint de thionscnaimh chun uirlisí inrochtana agus sothuigthe a chur chun cinn do thomhaltóirí chun a gcuid dramhaíola a shórtáil agus a dhiúscairt.

- **Sprioc-amanna a leagan síos chun an iliomad gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a ghlacadh:** féachann an rapóirtéir le deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar trí spriocdhátaí soiléire a leagan síos lena gceadófar do gheallsealbhóirí na forálacha a tugadh isteach a réamh-mheas i gceart, amhail na forálacha maidir le ceanglais um chion athchúrsáilte.

- **Sainghrúpa a bhunú tríd an 'bhFóram maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht':** molann an rapóirtéir go mbeadh ní hamháin ionadaithe na mBallstát ach an earnáil ar fad lena mbaineann rannpháirteach i sainiú na gcuspóirí éagsúla, na ndíolúintí, na gcritéar deartha le haghaidh athchúrsála, nó íoschéatadáin an ábhair athchúrsáilte, i measc nithe eile.

- Micrifhiontair agus FBManna: creideann an Rapóirtéir gur cheart do na Ballstáit a áirithiú nach mbeidh ualaí riaracháin agus eacnamaíocha díréireacha ar mhicrifhiontair ná ar FBManna leis na ceanglais lipéadaithe a leagtar síos in Airteagal 11.

- Íosmhéid ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach: tá an togra modhnaithe ag an rapóirtéir ionas go ndéanfar, ar choinníoll go mbeidh an bonneagar iomchuí i bhfeidhm agus oibríochtúil, an oibleagáid a ríomh mar mheán don phacáistíocht phlaisteach ar fad a chuireann gach gnóthas ar an margadh, seachas in aghaidh an aonaid pacáistíochta.
- Pacáistíocht in-athúsáidte : Cé gur féidir le pacáistíocht in-athúsáidte rannchuidiú go héifeachtach le caomhnú an chomhshaoil, tá sé tábhachtach go mbeidh slabhra soláthair iomlán na pacáistíochta in-athúsáidte a bheith inbhuanaithe freisin. Meabhraíonn an rapóirtéir gur cheart táirgeadh pacáistíochta den sórt sin a spreagadh san Aontas agus ba cheart ceannach pacáistíochta in-athúsáidte ó thríú tíortha a íoslaghdú, agus iomaíochas oibreoirí eacnamaíocha na hEorpa á áirithiú ag an am céanna. Ní mór do tháirgí ó thríú tíortha an creat rialála Eorpach a chomhlíonadh freisin.

- **Ceanglais maidir le lipéadú:** leagann an rapóirtéir béim ar a thábhachtaí atá sé na rialacha sonracha atá i bhfeidhm maidir le tásca geografacha faoi chosaint agus maoin intleachtúil a urramú. Tacaíonn sí freisin leis an mbéim atá ar chóid QR agus ar chineálacha eile iompróirí sonraí digiteacha.

- **Srianta maidir le formáidí pacáistíochta áirithe a úsáid:** molann an rapóirtéir iad a chur siar go dtí 2030 chun am, a mheasann sí a bheith riachtanach, a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha. Molann sí freisin micrifhiontair agus fiontair bheaga in earnáil Horeca a dhíolmhú ón srian ar úsáid pacáistíochta aon úsáide le haghaidh bia agus deochanna.

- **Spriocanna athúsáide:** measann an Rapóirtéir gur gá earnálacha eacnamaíocha áirithe a dhíolmhú agus spriocdhátaí chomh fada siar le 2030 a leagan síos do na hearnálacha eile. Creideann sí gur cheart an in-athúsáidteacht a bheith bunaithe ar anailís chuimsitheach saolré ar na córais éagsúla agus, dá réir sin, foráil a dhéanamh maidir le díolúine bunaithe ar an léiriú go n-eascraíonn torthaí comhshaoil, eacnamaíocha, sláinte agus sláinteachais níos fearr as formáidí malartacha

pacáistíochta agus ar bhonn phrionsabal ord na réiteach dramhaíola.

Ar deireadh, molann an rapóirtéir go gcuirfí teacht i bhfeidhm an togra seo siar chun níos mó ama a thabhairt do na Ballstáit agus d’oibreoirí eacnamaíocha oiriúnú don chreat nua seo agus don reachtaíocht thánaisteach a ghabhann leis.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (44) Is gá tomhaltóirí a chur ar an eolas agus a chur ar a gcumas dramhaíl ó phacáistíocht a dhiúscairt go hiomchuí, lena n-áirítear málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma agus an-éadroim inmhúirínithe. Is é an bealach is iomchuí chun é sin a dhéanamh córas lipéadaithe comhchuibhithe a bhunú bunaithe ar chomhdhéanamh ábhar pacáistíochta chun dramhaíl a shórtáil, agus é a phéireáil le lipéid chomhfhreagracha ar ghabhdáin dramhaíola. | (44) Is gá tomhaltóirí a chur ar an eolas ***ar bhealach soiléir sothuigthe atá inrochtana go hiomlán ag daoine faoi mhíchumas*** agus a chur ar a gcumas dramhaíl ó phacáistíocht a dhiúscairt go hiomchuí, lena n-áirítear málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma agus an-éadroim inmhúirínithe. Is é an bealach is iomchuí chun é sin a dhéanamh córas lipéadaithe ***daite*** comhchuibhithe a bhunú bunaithe ar chomhdhéanamh ábhar pacáistíochta chun dramhaíl a shórtáil, agus é a phéireáil le lipéid ***dhaite*** chomhfhreagracha ar ghabhdáin dramhaíola. ***Ba cheart go mbeadh an gá atá le córas lipéadaithe comhchuibhithe den sórt sin a bheith aitheanta ag gach saoránach, beag beann ar a gcúinsí, ina ghné treorach agus iad á ndearadh. Is féidir é seo a bhaint amach trí phicteagraim a úsáid gan gá le téacs náisiúnta. Bheadh sé seo ina íoslaghdú freisin ar na costais a bhainfeadh le haistriú teanga a bheadh ag teastáil murach sin. Ba cheart don chóras lipéadaithe tomhaltóirí a chur ar an eolas freisin faoi shubstaintí i bpacáistíocht a d'fhéadfadh a bheith guaiseach, i gcomhréir le ceanglais ábhartha lipéadaithe CLP. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit na huirlisí agus na dreasachtaí is gá a sholáthar, lena n-áirítear cinn eacnamaíocha, agus aird ar leith a thabhairt ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga.*** |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 44 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(44a) Is céim riachtanach í sórtáil chun ciorclaíocht pacáistíochta níos fearr a chinntiú. Ba cheart an cumas sórtála a fheabhsú, go háirithe trí nuálaíochtaí teicneolaíochta, chun sórtáil ar chaighdeán níos fearr a cheadú, agus, ar an gcaoi sin, cáilíocht níos fearr d'amhábhair a chur ar fáil don athchúrsáil.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 45**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (45) Chun cuidiú le tomhaltóirí dramhaíl ó phacáistíocht a shórtáil agus a dhiúscairt, ba cheart córas siombailí comhchuibhithe a thabhairt isteach agus a cheangal ar phacáistíocht agus ar ghabhdáin dramhaíola araon, rud a ligfeadh do thomhaltóirí na siombailí a mheaitseáil chun críocha diúscartha. Ba cheart do na siombailí a fhágáil gur féidir bainistiú dramhaíola iomchuí a dhéanamh mar ba cheart faisnéis a sholáthair do thomhaltóirí leis faoi airíonna múirínithe pacáistíochta den sórt sin, go háirithe ionas nach gcuirfear tomhaltóirí amú mar nach bhfuil an phacáistíocht inmhúirínithe oiriúnach mar atá lena múiríniú sa bhaile. Ba cheart leis an gcur chuige sin feabhas a chur ar bhailiú dramhaíola ó phacáistíocht ar leithligh, rud a fhágfaidh go n-athchúrsáilfear dramhaíl ó phacáistíocht ar cháilíocht níos airde, agus go dtabharfaí isteach leibhéal comhchuibhithe na gcóras | (45) Chun cuidiú le tomhaltóirí dramhaíl ó phacáistíocht a shórtáil agus a dhiúscairt, ba cheart córas siombailí comhchuibhithe a thabhairt isteach agus a cheangal ar phacáistíocht agus ar ghabhdáin dramhaíola araon, rud a ligfeadh do thomhaltóirí na siombailí a mheaitseáil chun críocha diúscartha. Ba cheart do na siombailí a fhágáil gur féidir bainistiú dramhaíola iomchuí a dhéanamh mar ba cheart faisnéis a sholáthair do thomhaltóirí leis faoi airíonna múirínithe pacáistíochta den sórt sin, go háirithe ionas nach gcuirfear tomhaltóirí amú mar nach bhfuil an phacáistíocht inmhúirínithe oiriúnach mar atá lena múiríniú sa bhaile. Ba cheart ***an lipéad ar an bpacáistíocht a thuiscint go héasca agus gan gá le téacs náisiúnta. Ba cheart*** leis an gcur chuige sin feabhas a chur ar bhailiú dramhaíola ó phacáistíocht ar leithligh, rud a fhágfaidh go n-athchúrsáilfear dramhaíl ó phacáistíocht ar |

| | |
|---|---|
| bailithe dramhaíola ó phacáistíocht ar an margadh inmheánach. Is gá freisin na siombailí atá bainteach leis na córais shainordaitheacha éarlaise agus aisíoca a chomhchuibhiú. Ós rud é nach mbailítear é trí chórais bailithe dramhaíola cathrach, níor cheart úsáid na siombailí sin a bheith sainordaitheach do phacáistíocht iompair cé is moite den phacáistíocht ríomhthráchtála. | cháilíocht níos airde, agus go dtabharfaí isteach leibhéal comhchuibhithe na gcóras bailithe dramhaíola ó phacáistíocht ar an margadh inmheánach. Is gá freisin ***measúnú a dhéanamh ar*** na ***féidearthachtaí atá ann chun na*** siombailí atá bainteach leis na córais shainordaitheacha éarlaise agus aisíoca a chomhchuibhiú. Ós rud é nach mbailítear é trí chórais bailithe dramhaíola cathrach, níor cheart úsáid na siombailí sin a bheith sainordaitheach do phacáistíocht iompair cé is moite den phacáistíocht ríomhthráchtála***, agus den phacáistíocht in-athúsáidte***. ***Ar an gcaoi chéanna, ba cheart pacáistíocht atá faoi réir córais éarlaise agus aisíoca a shainaithint trí bhíthin rannpháirtíochta sa chóras a shonrú gan gá le comhdhéanamh ábhartha a léiriú.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 46**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (46) ***Níor*** cheart é a bheith sainordaitheach ábhar athchúrsáilte a lipéadú i bpacáistíocht toisc ***nach bhfuil an fhaisnéis sin ríthábhachtach chun cóireáil cheart dheireadh shaolré na pacáistíochta a áirithiú***. Beidh sé de cheangal ar mhonaróirí spriocanna maidir le hábhar athchúrsáilte a bhaint amach faoin Rialachán seo***, áfach,*** agus d'fhéadfadh sé gur mhaith leo an fhaisnéis sin a thaispeáint ar a bpacáistíocht chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi. Chun a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis sin in iúl ar bhealach comhchuibhithe ar fud an Aontais, ba cheart lipéad a thaispeánann an t-ábhar athchúrsáilte a chomhchuibhiú. | (46) ***Ba*** cheart é a bheith sainordaitheach ábhar athchúrsáilte a lipéadú i bpacáistíocht toisc ***go bhféadfadh tionchar a bheith ag an bhfaisnéis sin ar chinntí ceannaigh na dtomhaltóirí***. Beidh sé de cheangal ar mhonaróirí spriocanna maidir le hábhar athchúrsáilte a bhaint amach faoin Rialachán seo agus d'fhéadfadh sé gur mhaith leo an fhaisnéis sin a thaispeáint ar a bpacáistíocht chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoi. Chun a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis sin in iúl ar bhealach comhchuibhithe ar fud an Aontais, ba cheart lipéad a thaispeánann an t-ábhar athchúrsáilte a chomhchuibhiú. |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) Chun úsáideoirí deiridh a chur ar an eolas maidir le hin-athúsáidteacht, infhaighteacht córas le haghaidh athúsáide agus suíomh na bpointí bailithe a mhéid a bhaineann le pacáistíocht in-athúsáidte, ba cheart cód ***QR*** nó meán eile sonraí a sholáthraíonn faisnéis den sórt sin a bheith ar an bpacáistíocht sin***. Ba*** cheart ***leis an gcód QR*** freisin rianú agus ríomh turas agus rothlú a éascú. Ina theannta sin, ba cheart pacáistíocht díolacháin in-athúsáidte a shainaithint go soiléir ag an díolphointe. | (47) Chun úsáideoirí deiridh a chur ar an eolas maidir le hin-athúsáidteacht, infhaighteacht córas le haghaidh athúsáide agus suíomh na bpointí bailithe a mhéid a bhaineann le pacáistíocht in-athúsáidte, ba cheart cód ***atá inléite go leictreonach*** nó meán eile sonraí a sholáthraíonn faisnéis den sórt sin a bheith ar an bpacáistíocht sin***, rud ar*** cheart freisin rianú agus ríomh turas agus rothlú a éascú. Ina theannta sin, ba cheart pacáistíocht díolacháin in-athúsáidte a shainaithint go soiléir ag an díolphointe. ***Chuige sin, ba cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit na dreasachtaí a sholáthar, lena n-áirítear cinn eacnamaíocha, go háirithe do mhicrifhiontair agus do FBManna.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 49**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (49) Chun tacú le cur chun feidhme chuspóirí an Rialacháin sin, ba cheart tomhaltóirí a chosaint ar fhaisnéis mhíthreorach agus mhearbhlach faoi shaintréithe na pacáistíochta agus faoin gcóireáil iomchuí maidir le deireadh a saolré, a bhfuil lipéid chomhchuibhithe bunaithe ina leith faoin Rialachán sin. Ba cheart é a bheith indéanta pacáistíocht a áirítear sa scéim freagrachta leathnaithe táirgeora a shainaithint trí bhíthin siombail chreidiúnaithe ar fud chríoch an chórais sin. Ba cheart an tsiombail sin a bheith soiléir agus gan athbhrí do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí maidir le hin-athchúrsáilteacht na pacáistíochta. ***Chuige sin, d'fhéadfaí a*** | (49) Chun tacú le cur chun feidhme chuspóirí an Rialacháin sin, ba cheart tomhaltóirí a chosaint ar fhaisnéis mhíthreorach agus mhearbhlach faoi shaintréithe na pacáistíochta agus faoin gcóireáil iomchuí maidir le deireadh a saolré, a bhfuil lipéid chomhchuibhithe bunaithe ina leith faoin Rialachán sin. Ba cheart é a bheith indéanta pacáistíocht a áirítear sa scéim freagrachta leathnaithe táirgeora a shainaithint trí bhíthin siombail chreidiúnaithe ar fud chríoch an chórais sin. Ba cheart an tsiombail ***chomhchuibhithe*** sin a bheith soiléir agus gan athbhrí do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí maidir le hin-athchúrsáilteacht na |

***mheas go bhféadfadh an tsiombail 'Ponc Glas', a úsáidtear i roinnt Ballstát chun a chur in iúl go bhfuil ranníocaíocht airgeadais déanta ag táirgeoir do chóras náisiúnta um aisghabháil phacáistíochta[58], tomhaltóirí a chur amú chun a chreidiúint gur féidir pacáistíocht a bhfuil siombail den sórt sin uirthi a athchúrsáil i gcónaí.***

[58] ***https://www.pro-e.org/the-green-dot-trademark***

pacáistíochta.

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 58**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (58) Aon ***allmhaireoir nó dáileoir*** a chuireann pacáistíocht ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc féin, nó a mhodhnaíonn táirge den sórt sin ar bhealach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíontacht an Rialacháin seo, ba cheart a mheas gurb é an monaróir é agus ba cheart dó oibleagáidí an mhonaróra a ghlacadh air féin. | (58) Aon ***oibreoir eacnamaíoch seachas monaróir*** a chuireann pacáistíocht ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc féin, nó a mhodhnaíonn táirge den sórt sin ar bhealach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíontacht an Rialacháin seo, ba cheart a mheas gurb é an monaróir é agus ba cheart dó oibleagáidí an mhonaróra a ghlacadh air féin. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 98**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (98) Leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle rialacha maidir le hinrianaitheacht trádálaithe, rialacha ina bhfuil oibleagáidí sonracha do sholáthraithe ardáin ar líne a ligeann do thomhaltóirí cianchonarthaí a dhéanamh le ***táirgeoirí*** a thairgeann pacáistíocht do | (98) Leagtar síos i Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle rialacha maidir le hinrianaitheacht trádálaithe, rialacha ina bhfuil oibleagáidí sonracha do sholáthraithe ardáin ar líne a ligeann do thomhaltóirí cianchonarthaí a dhéanamh le ***trádálaithe*** a thairgeann pacáistíocht do |

thomhaltóirí atá lonnaithe san Aontas. Chun saorthairbhiú de bharr na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a chosc, ba cheart a shonrú conas ba cheart do sholáthraithe ***ardáin*** ar líne den sórt sin na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh i ndáil le cláir na dtáirgeoirí pacáistíochta a bhunaítear de bhun an Rialacháin seo. Sa chomhthéacs sin, ***maidir le soláthraithe ardáin*** ar líne***, a thagann faoi raon feidhme Roinn 4 de Chaibidil 3 de Rialachán (AE) 2022/2065, ardáin a chuireann ar chumas tomhaltóirí cianchonarthaí a dhéanamh le táirgeoirí, ba cheart dóibh faisnéis a fháil ó na táirgeoirí sin*** maidir ***leis an mbealach a gcomhlíonann siad na rialacha maidir*** le freagracht leathnaithe táirgeora a leagtar amach sa Rialachán seo. Tá na rialacha maidir le hinrianaitheacht trádálaithe a dhíolann pacáistíocht ar líne faoi réir rialacháin forfheidhmiúcháin a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/2065.

[66] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

thomhaltóirí atá lonnaithe san Aontas. Chun saorthairbhiú de bharr na n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a chosc, ba cheart a shonrú conas ba cheart do sholáthraithe ***margaí*** ar líne ***agus soláthraithe seirbhíse comhlíonta*** den sórt sin na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh i ndáil le cláir na dtáirgeoirí pacáistíochta a bhunaítear de bhun an Rialacháin seo. Sa chomhthéacs sin, ***ba cheart go gceanglófaí*** ar ***sholáthraithe margaí ar*** líne ***agus ar sholáthraithe seirbhísí comhlíonta ceanglais*** maidir le freagracht leathnaithe táirgeora a ***chomhlíonadh, ach amháin más féidir leo a chruthú go bhfuil na trádálaithe a thairgeann pacáistíocht do thomhaltóirí atá lonnaithe san Aontas ag comhlíonadh na gceanglas is infheidhme a*** leagtar amach sa Rialachán seo ***roimh na táirgí sin a chur ar an margadh nó na táirgí sin a láimhseáil***. Tá na rialacha maidir le hinrianaitheacht trádálaithe a dhíolann pacáistíocht ar líne faoi réir rialacháin forfheidhmiúcháin a leagtar amach i Rialachán (AE) 2022/2065.

[66] Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 110**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (110) Le Treoir 94/62/CE, ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna athchúrsála 2030 le haghaidh pacáistíochta chun iad a choinneáil ar bun, nó chun iad a mhéadú i gcás inarb iomchuí. | (110) Le Treoir 94/62/CE, ceanglaítear ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar spriocanna athchúrsála 2030 le haghaidh pacáistíochta chun iad a choinneáil ar bun, nó chun iad a mhéadú i gcás inarb iomchuí. |

| | |
|---|---|
| Níl sé iomchuí na spriocanna atá socraithe do 2030 a leasú go fóill, áfach, toisc go léirítear leis an bhfianaise go bhfuil deacrachtaí ag roinnt Ballstát na spriocanna reatha a chomhlíonadh fós. Mar gheall air sin, ba cheart bearta lena dtugtar dreasacht do mhonaróirí pacáistíocht atá níos in-athchúrsáilte a chur ar an margadh a shocrú, rud a chabhróidh leis na Ballstáit a spriocanna athchúrsála a bhaint amach. Ba cheart pacáistíocht níos in-athchúrsáilte, chomh maith le níos mó gráinneachta ó thaobh shonraí na sreafaí pacáistíochta, a thuairisciú don Choimisiún amach anseo. Cuirfidh sé seo ar chumas an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna agus an fhéidearthacht ann go gcoinneoidh sé nó go méadóidh sé iad. Chun éifeacht na mbeart, arb é is aidhm dóibh in-athchúrsáilteacht na pacáistíochta a fheabhsú, a chur san áireamh, níor cheart an t-athbhreithniú a dhéanamh níos luaithe ná meastóireacht ghinearálta bheartaithe an Rialacháin, i.e. ***8 mbliana*** tar éis dó teacht i bhfeidhm. Le linn an athbhreithnithe sin, ba cheart aird a thabhairt ar an bhféidearthacht a bhaineann le spriocanna nua a thabhairt isteach ar bhonn níos gráinní ná na spriocanna atá ann faoi láthair. | Níl sé iomchuí na spriocanna atá socraithe do 2030 a leasú go fóill, áfach, toisc go léirítear leis an bhfianaise go bhfuil deacrachtaí ag roinnt Ballstát na spriocanna reatha a chomhlíonadh fós. Mar gheall air sin, ba cheart bearta lena dtugtar dreasacht do mhonaróirí pacáistíocht atá níos in-athchúrsáilte a chur ar an margadh a shocrú, rud a chabhróidh leis na Ballstáit a spriocanna athchúrsála a bhaint amach. Ba cheart pacáistíocht níos in-athchúrsáilte, chomh maith le níos mó gráinneachta ó thaobh shonraí na sreafaí pacáistíochta, a thuairisciú don Choimisiún amach anseo. Cuirfidh sé seo ar chumas an Choimisiúin athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna agus an fhéidearthacht ann go gcoinneoidh sé nó go méadóidh sé iad. Chun éifeacht na mbeart, arb é is aidhm dóibh in-athchúrsáilteacht na pacáistíochta a fheabhsú, a chur san áireamh, níor cheart an t-athbhreithniú a dhéanamh níos luaithe ná meastóireacht ghinearálta bheartaithe an Rialacháin, i.e. ***6 mbliana*** tar éis dó teacht i bhfeidhm. Le linn an athbhreithnithe sin, ba cheart aird a thabhairt ar an bhféidearthacht a bhaineann le spriocanna nua a thabhairt isteach ar bhonn níos gráinní ná na spriocanna atá ann faoi láthair. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 123 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(123a) Agus cinneadh á ndéanamh maidir leis na seiceálacha atá le déanamh, ba cheart do na húdaráis um fhaireachas margaidh cur chuige riosca-bhunaithe a leanúint lena chuirtear san áireamh fachtóirí amhail na rioscaí a bhaineann le himchéimniú na gceanglas sa Rialachán seo, cineál agus comhdhéanamh ábhartha na paicáistíochta, fad agus castacht slabhra*** |

| | |
|---|---|
| | ***luacha na pacáistíochta, taifead neamhchomhlíonta an oibreora eacnamaíoch san am atá caite, nó gearáin ó thomhaltóirí agus faisnéis eile a fuarthas ó údaráis eile, ó oibreoirí eacnamaíocha, ó na meáin agus ó fhoinsí eile a d'fhéadfadh neamhchomhlíonadh a léiriú.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 124**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (124) Níor cheart pacáistíocht a chur ar an margadh ach amháin mura gcuireann sí comhshaol ná sláinte an duine i mbaol. Chun ailíniú níos fearr le cineál sonrach na gceanglas inbhuanaitheachta agus chun a áirithiú go ndíreofar sna hiarrachtaí maidir le faireachas margaidh ar neamhchomhlíonadh i ndáil leis na ceanglais sin, ba cheart, chun críocha an Rialacháin seo, pacáistíocht a bhfuil riosca ag baint léi a shainiú mar phacáistíocht a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don chomhshaol nó do leasanna eile de chuid an phobail a chosnaítear leis na ceanglais ábhartha, toisc nach gcomhlíonann sí ceanglas inbhuanaitheachta nó toisc nach gcomhlíonann oibreoir eacnamaíoch freagrach ceanglas inbhuanaitheachta. | (124) Níor cheart pacáistíocht a chur ar an margadh ach amháin mura gcuireann sí comhshaol ná sláinte an duine ***ná sláinte ainmhithe*** i mbaol. Chun ailíniú níos fearr le cineál sonrach na gceanglas inbhuanaitheachta agus chun a áirithiú go ndíreofar sna hiarrachtaí maidir le faireachas margaidh ar neamhchomhlíonadh i ndáil leis na ceanglais sin, ba cheart, chun críocha an Rialacháin seo, pacáistíocht a bhfuil riosca ag baint léi a shainiú mar phacáistíocht a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don chomhshaol nó do leasanna eile de chuid an phobail a chosnaítear leis na ceanglais ábhartha, toisc nach gcomhlíonann sí ceanglas inbhuanaitheachta nó toisc nach gcomhlíonann oibreoir eacnamaíoch freagrach ceanglas inbhuanaitheachta. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 125**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (125) Ba cheart nós imeachta a bheith ann faoina gcuirtear páirtithe leasmhara ar an eolas faoi bhearta a bheartaítear a ghlacadh | (125) Ba cheart nós imeachta a bheith ann faoina gcuirtear páirtithe leasmhara ar an eolas faoi bhearta a bheartaítear a ghlacadh |

| | |
|---|---|
| i ndáil le pacáistíocht a bhfuil riosca ag baint léi. Chomh maith leis sin, ba cheart dó ligean do na húdaráis um fhaireachas margaidh sna Ballstáit, i gcomhar leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha, gníomhú ag céim luath maidir le pacáistíocht den sórt sin. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil bonn cirt le bearta náisiúnta i leith táirgí neamhchomhlíontacha. | i ndáil le pacáistíocht a bhfuil riosca ag baint léi. ***Ba cheart ceart éisteachta an oibreora eacnamaíoch agus prionsabal an phróisis chuí a urramú i gcónaí.*** Chomh maith leis sin, ba cheart dó ligean do na húdaráis um fhaireachas margaidh sna Ballstáit, i gcomhar leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha, gníomhú ag céim luath maidir le pacáistíocht den sórt sin. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil bonn cirt le bearta náisiúnta i leith táirgí neamhchomhlíontacha. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 127**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (127) I gcás ábhar imní maidir le sláinte an duine, ní dhéanfaidh an faireachas margaidh meastóireacht ar riosca do shláinte an duine ná do shláinte ainmhithe, riosca de thionscnamh an ábhair pacáistíochta, má aistrítear é ón ábhar pacáistíochta chuig an ábhar pacáistithe, ach cuirfidh faireachas margaidh fios ar na húdaráis atá inniúil maidir le rialú na rioscaí a ceapadh de bhun Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***[74], Rialachán (AE) 2017/745, Rialachán (AE) 2017/746, Treoir 2001/83/CE nó Rialachán (AE) 2019/6. | (127) I gcás ábhar imní maidir le sláinte an duine, ní dhéanfaidh an faireachas margaidh meastóireacht ar riosca do shláinte an duine ná do shláinte ainmhithe, riosca de thionscnamh an ábhair pacáistíochta, má aistrítear é ón ábhar pacáistíochta chuig an ábhar pacáistithe, ach cuirfidh faireachas margaidh fios ***gan mhoill mhíchuí*** ar na húdaráis atá inniúil maidir le rialú na rioscaí a ceapadh de bhun Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle***, Rialachán (AE) 2017/745, Rialachán (AE) 2017/746, Treoir 2001/83/CE nó Rialachán (AE) 2019/6. |
| [74] Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i | [74] Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i |

| | |
|---|---|
| bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1). | bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1). |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' monaróirí, soláthraithe pacáistíochta, allmhaireoirí, dáileoirí, dáileoirí deiridh ***agus*** soláthraí seirbhíse comhlíonta; | (8) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' monaróirí, soláthraithe pacáistíochta, allmhaireoirí, dáileoirí, dáileoirí deiridh***,*** soláthraí seirbhíse comhlíonta ***agus ionadaithe údaraithe***; |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) ciallaíonn 'táirgeoir' aon ***mhonaróir***, allmhaireoir nó dáileoir, gan beann ar an teicníc dhíolta a úsáideann sé, lena n-áirítear trí bhíthin cianchonarthaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(7) de Threoir 2011/83/AE, a chuireann pacáistíocht ***ar fáil*** den chéad uair, laistigh de chríoch Ballstáit, ar bhonn gairmiúil faoina ainm nó a thrádmharc féin; | (10) ciallaíonn 'táirgeoir' aon ***duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach***, ***monaróir, líontóir,*** allmhaireoir nó dáileoir, gan beann ar an teicníc dhíolta a úsáideann sé, lena n-áirítear trí bhíthin cianchonarthaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(7) de Threoir 2011/83/AE, a chuireann pacáistíocht ***nó táirge pacáistithe*** den chéad uair, laistigh de chríoch Ballstáit, ar bhonn gairmiúil faoina ainm nó a thrádmharc féin; |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 59**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (59) ciallaíonn '***ardán*** ar líne' ***ardán*** ar líne mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3, pointe (i)*** de Rialachán (AE) ***2022/2065***; | (59) ciallaíonn '***soláthraithe margaí*** ar líne' ***soláthraithe margaí*** ar líne mar a shainmhínítear in ***Airteagal 3 pointe 14*** de Rialachán (AE) ***2023/988***; |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = ***42 mhí*** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfear lipéad ar phacáistíocht ina mbeidh faisnéis ***maidir*** lena ***comhdhéanamh ábhair***. Níl feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pacáistíocht iompair. Ach tá feidhm aici maidir le pacáistíocht ríomhthráchtála. | Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = ***36 mhí*** tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ***nó má tá moill le glacadh na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5***, ***24 mhí tar éis ghlacadh na ngníomhartha cur chun feidhme sin,*** cuirfear lipéad ar phacáistíocht ***a bheidh sothuigthe chun sórtáil tomhaltóirí a éascú,*** ina mbeidh faisnéis ***faoina chomhdhéanamh ábhair, faoina in-athchúrsáilte, agus faoi láithreacht substaintí ar údar imní iad.*** |

***Beidh an lipéad seo mar fhaisnéis aonfhoirmeach agus intuigthe do na tomhaltóirí uile,*** lena ***n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas***. Níl feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pacáistíocht ***a cumhdaítear le córas éarlaise nó aisíoca taisce nó fillte nó le pacáistíocht*** iompair***, ná maidir le pacáistiú ath-inúsáidte a chuirtear ar an margadh roimh 36 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***. Ach tá feidhm aici maidir le pacáistíocht ríomhthráchtála.

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Marcálfar pacáistíocht faoi réir córais éarlaise agus aisíoca dá dtagraítear in Airteagal 44(1), anuas ar an bpacáistíocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír, le lipéad comhchuibhithe a ***chuireadh*** ar bun sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha a ***ghlacadh*** de bhun mhír 5. | ***Mar mhaolú,*** marcálfar pacáistíocht faoi réir córais éarlaise agus aisíoca dá dtagraítear in Airteagal 44(1) ***agus a mbunófar tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo***, anuas ar an bpacáistíocht dá dtagraítear sa chéad fhomhír, le lipéad comhchuibhithe ***daite*** a ***cuireadh*** ar bun sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha a ***glacadh*** de bhun mhír 5. ***Oibreoidh an fhaisnéis lipéadaithe a bhaineann le pacáistíocht de réir na gceanglas maidir le lipéadú CLP a bhaineann le guais agus le sábháilteacht. Dá bhrí sin, beidh sé soiléir cén lipéadú a thagraíonn don phacáistíocht agus cén lipéadú a bhaineann leis an táirge laistigh den phacáistíocht. Beidh gach lipéadú sofheicthe, inléite agus inrochtana go hiomlán do dhaoine faoi mhíchumas.*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2 Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = ***48 mí*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], beidh lipéad ar phacáistíocht maidir le hath-inúsáidteachta na pacáistíochta ***agus cód*** QR nó cineál eile d'iompróir sonraí digiteacha lena dtugtar tuilleadh faisnéise maidir le hath-inúsáidteachta na pacáistíochta lena n-áirítear infhaighteacht de chóras i gcomhar athúsáide agus pointí bailithe, agus lena n-éascaítear rianú a dhéanamh ar an bpacáistíocht agus na turais agus na huainíochta a ríomh. Ina theannta sin, beidh pacáistíocht díolacháin atá in-athúsáidte inaitheanta go soiléir agus éagsúil le pacáistíocht aon úsáide ag an díolphointe. | 2 Ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = ***42 mhí*** tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] ***nó má tá moill le glacadh na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 5***, ***30 mí tar éis ghlacadh na ngníomhartha cur chun feidhme sin,*** beidh lipéad ar phacáistíocht ***a cuirtear ar an mhargadh*** maidir le hath-inúsáidteachta na pacáistíochta***. Féadfar tuilleadh faisnéise maidir le hath-inúsáidteachta a chur ar fáil trí chód*** QR nó cineál eile d'iompróir sonraí digiteacha lena dtugtar tuilleadh faisnéise maidir le hath-inúsáidteachta ***agus in-athchúrsáilteacht*** na pacáistíochta lena n-áirítear infhaighteacht de chóras i gcomhar athúsáide agus pointí bailithe, agus lena n-éascaítear rianú a dhéanamh ar an bpacáistíocht agus na turais agus na huainíochta a ríomh ***chomh maith le ráitis staidrimh a úsáid atá bunaithe ar shonraí fardail***. Ina theannta sin, beidh pacáistíocht díolacháin atá in-athúsáidte inaitheanta go soiléir agus éagsúil le pacáistíocht aon úsáide ag an díolphointe. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás ina marcáiltear aonad de phacáistíocht a chumhdaítear le hAirteagal 7 le lipéad ina bhfuil faisnéis maidir leis an gcion d'ábhar athchúrsáilte, comhlíonfaidh an lipéad sin leis an sonraíochtaí a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha de bhun Airteagal 11(5) agus beidh sé bunaithe ar an modheolaíocht de bhun Airteagal 7(7). I gcás ina marcáiltear aonad de phacáistíocht phlaisteach le lipéad ina bhfuil faisnéis maidir leis an gcion de phlaisteach | 3. I gcás ina marcáiltear aonad de phacáistíocht a chumhdaítear le hAirteagal 7 le lipéad ina bhfuil faisnéis ***ábhartha do thomhaltóirí*** maidir leis an gcion d'ábhar athchúrsáilte ***ó dhramhaíl plaisteach iar-thomhaltóra***, comhlíonfaidh an lipéad sin ***agus cód QR nó cineál eile d'iompróir sonraí digiteacha*** leis an sonraíochtaí a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha de bhun Airteagal 11(5) agus beidh sé bunaithe ar an modheolaíocht de bhun Airteagal 7(7). |

| | |
|---|---|
| bithbhunaithe, comhlíonfaidh an lipéad sin leis an sonraíochtaí a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha de bhun Airteagal 11(5). | ***Soláthrófar leis an ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 11(5) creat sonrach faoina gcuirfear cion athchúrsáilte arna rianú trí mhaischothromaíocht in iúl.*** I gcás ina marcáiltear aonad de phacáistíocht phlaisteach le lipéad ina bhfuil faisnéis maidir leis an gcion de phlaisteach bithbhunaithe, comhlíonfaidh an lipéad sin leis an sonraíochtaí a leagtar síos sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha de bhun Airteagal 11(5). |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Féadfar pacáistíocht dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 3, agus a mhonaraítear nó a allmhairítear roimh na spriocdhátaí sin, a chur ar an margadh go dtí deireadh a saolré.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar lipéid dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 agus an cód QR nó cineál iompróra sonraí eile dá dtagraítear i mír 2**,** a chur, a phriontáil nó a ghreanadh go sofheicthe, go hinléite agus go doscriosta ar an bpacáistíocht. Murab indéanta sin nó nach mbeidh údar leis sin mar gheall ar chineál nó ar mhéid na pacáistíochta, greamófar iad ar an bpacáistíocht ghrúpáilte. | Déanfar lipéid dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 agus an cód QR nó cineál iompróra sonraí eile dá dtagraítear i mír 2 ***go 3*** a chur, a phriontáil nó a ghreanadh go sofheicthe, go hinléite agus go doscriosta ar an bpacáistíocht***, nó lipéad greamaitheach le fanacht ar an bpacáistíocht go dtí go ndéanfar í a athchóiriú***. Murab indéanta sin nó nach mbeidh údar leis sin mar gheall ar chineál nó ar mhéid na pacáistíochta, ***nó de bharr ceanglais lipéadaithe shainordaitheacha eile a leagtar síos i reachtaíocht eile de*** |

| | |
|---|---|
| | ***chuid an AE,*** greamófar iad ar an bpacáistíocht ghrúpáilte ***nó soláthrófar iad trí mhodhanna digiteacha***. |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 4 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás ina gcuirtear faisnéis ar fáil trí mheán leictreonach i gcomhréir le míreanna 2 go 3, beidh feidhm ag na ceanglais seo a leanas:*** |
| | ***(a) ní fhéadfar sonraí pearsanta leordhóthanacha ábhartha a bhailiú ach chun na críche teoranta rochtain a thabhairt don úsáideoir ar fhaisnéis ábhartha faoi chomhlíonadh dá dtagraítear i míreanna 2 go 3 (i leith 2016/679/AE Airteagal 5(1)).*** |
| | ***(b) ní thaispeánfar an fhaisnéis le faisnéis eile atá ceaptha chun críoch díolacháin nó margaíochta;*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 4 – fomhír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh micrea-chuideachtaí mar atá sainmhínithe in Airt. 22(3), díolmhaithe ó oibleagáidí na míre seo.*** |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta = ***18*** mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun lipéad comhchuibhithe agus sonraíochtaí a bhunú le haghaidh na gceanglas maidir le lipéadú agus chun formáidí a bhunú le haghaidh lipéadú pacáistíochta dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 agus lipéadú gabhdán dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 12. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). | 5. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta = ***12*** mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun lipéad comhchuibhithe agus sonraíochtaí a bhunú le haghaidh na gceanglas maidir le lipéadú agus chun formáidí a bhunú le haghaidh lipéadú pacáistíochta dá dtagraítear i míreanna 1 go 3 agus lipéadú gabhdán dramhaíola dá dtagraítear in Airteagal 12. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta = ***24*** mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an mhodheolaíocht maidir le comhdhéanamh ábhar na pacáistíochta dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint trí teicneolaíochtaí um mharcáil digiteach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). | 6. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta = ***12*** mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme chun an mhodheolaíocht maidir le comhdhéanamh ábhar na pacáistíochta dá dtagraítear i mír 1 a shainaithint trí teicneolaíochtaí um mharcáil digiteach. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Gan dochar do cheanglais maidir le lipéid chomhchuibhithe an Aontais, ní bhainfidh oibreoirí eacnamaíocha úsáid as lipéid, marcanna, siombail nó inscríbhinní ar dócha go gcuirfear tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile ar míthreoir nó ar strae maidir le ceanglais inbhuanaitheachta le haghaidh pacáistíochta, saintréithe pacáistíochta nó roghanna maidir le dramhaíl ó phacáistíocht a bhainistiú, ar ina leith a leagtar síos lipéadú comhchuibhithe leis an Rialachán seo. | 7. Gan dochar do cheanglais maidir le lipéid chomhchuibhithe ***eile*** an Aontais, ní ***cheanglóidh na Ballstáit ná ní*** bhainfidh oibreoirí eacnamaíocha úsáid as lipéid, marcanna, siombail nó inscríbhinní ar dócha go gcuirfear tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile ar míthreoir nó ar strae maidir le ceanglais inbhuanaitheachta le haghaidh pacáistíochta, saintréithe pacáistíochta nó roghanna maidir le dramhaíl ó phacáistíocht a bhainistiú, ar ina leith a leagtar síos lipéadú comhchuibhithe leis an Rialachán seo.<br>***Ón ... [24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] glacfaidh an Coimisiún treoir maidir le gnéithe ar dócha go ndéanfaidh siad tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile a chur amú nó go gcuirfidh na gnéithe mearbhall orthu.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Pacáistíocht a áirítear i scéim freagrachta leathnaithe táirgeora nó a chumhdaítear faoi chóras éarlaise agus aisíoca seachas dá dtagraítear in Airteagal 44(1) a ***fhéadfaidh a*** shainaithint trí ***shiombail chomhfhreagrach ar fud na críche ina bhfuil feidhm leis an scéim nó córas sin***. Beidh an tsiombail sin soiléir agus gan débhrí agus ní chuirfidh sí tomhaltóirí ná úsáideoirí ar míthreoir maidir le hin-athchúrsáilteacht nó ath-inúsáidteacht na pacáistíochta. | 8. Pacáistíocht a áirítear i scéim freagrachta leathnaithe táirgeora nó a chumhdaítear faoi chóras éarlaise agus aisíoca seachas dá dtagraítear in Airteagal 44(1) ***nach bhféadfar*** a shainaithint ***ach*** trí ***bhíthin picteagraim comhchuibhithe de chuid an Aontais, a fhéadfar a thaispeáint trí lipéad digiteach, amhail cód QR, iompróir sonraí nó i ndoiciméid tionlacain eile***. Beidh an tsiombail sin soiléir agus gan débhrí agus ní chuirfidh sí tomhaltóirí ná úsáideoirí ar míthreoir maidir le hin-athchúrsáilteacht nó ath-inúsáidteacht na pacáistíochta. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 11a*** |
| | ***Fóram maidir le Pacáistiú*** |
| | ***Chun na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa Chaibidil seo, áiritheoidh an Coimisiún rannpháirtíocht leathan agus chothrom ina mbeidh ionadaithe ó na Ballstáit agus ó pháirtithe ábhartha uile a bhfuil baint acu le tionscal na pacáistíochta, lena n-áirítear ionadaithe ó thionscal na cóireála dramhaíola, monaróirí agus soláthróirí pacáistíochta, dáileoirí, miondíoltóirí, allmhaireoirí, FBManna, grúpaí cosanta comhshaoil, Eagraíochtaí um Fhreagracht Táirgeoirí agus eagraíochtaí tomhaltóirí. Chuige sin, bunóidh an Coimisiún grúpa saineolaithe, dá ngairtear Fóram maidir le Pacáistíocht, ar a dtiocfaidh na páirtithe sin le chéile go tráthrialta, i bhfianaise na gcuspóirí atá leagtha síos i mír 2 d'Airteagal 1.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Coimeádfaidh monaróirí an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII agus an dearbhú comhréireachta AE ar feadh 10 mbliana tar éis don phacáistíocht a bheith curtha ar an margadh. | 3. Coimeádfaidh monaróirí an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII agus an dearbhú comhréireachta AE ar feadh 10 mbliana tar éis don phacáistíocht a bheith curtha ar an margadh ***agus an doiciméadacht sin a chur ar fáil d'údaráis inniúla i gcomhréir le mír 9 den Airteagal seo***. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh nósanna imeachta ann chun go bhfanfaidh an táirgeadh sraithe pacáistíochta i gcomhréir leis an Rialachán seo. Athruithe ar dhearadh nó ar shaintréithe na pacáistíochta, chomh maith le hathruithe ar na caighdeáin chomhchuibhithe nó na sonraíochtaí teicniúla eile ar trína mbíthin a dhearbhaítear a comhréireacht nó trína bhfeidhmiú a bhfíoraítear a chomhréireacht, déanfaidh na monaróirí na hathruithe sin a chur san áireamh go leormhaith. I gcás ina bhfeiceann na monaróirí go bhféadfaidh difear a bheith déanta do chomhréireacht na pacáistíochta, déanfaidh siad athbhreithniú i gcomhréir leis an nós imeachta um measúnú comhréireachta a shonraítear in Airteagal 33 agus in Iarscríbhinn VII, nó socróidh go ndéanfar ar a son é. | 4. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh nósanna imeachta ann chun go bhfanfaidh an táirgeadh sraithe pacáistíochta i gcomhréir leis an Rialachán seo. Athruithe ar dhearadh nó ar shaintréithe na pacáistíochta, chomh maith le hathruithe ar na caighdeáin chomhchuibhithe nó na sonraíochtaí teicniúla eile ar trína mbíthin a dhearbhaítear a comhréireacht nó trína bhfeidhmiú a bhfíoraítear a chomhréireacht, déanfaidh na monaróirí na hathruithe sin a chur san áireamh go leormhaith. I gcás ina bhfeiceann na monaróirí go bhféadfaidh difear a bheith déanta do chomhréireacht na pacáistíochta, déanfaidh siad athbhreithniú ***gan mhoill iomchuí*** i gcomhréir leis an nós imeachta um measúnú comhréireachta a shonraítear in Airteagal 33 agus in Iarscríbhinn VII, nó socróidh go ndéanfar ar a son é. |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh uimhir chineáil, baiscuimhir nó sraithuimhir, nó eilimint eile lena gceadaítear iad a aithint, ar an bpacáistíocht, nó, i gcás nach féidir é sin de bharr mhéid nó chineál na pacáistíochta, áiritheoidh monaróirí go soláthrófar an fhaisnéis riachtanach i ndoiciméad a ghabhann leis an ***táirge pacáistithe***. | 5. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh uimhir chineáil, baiscuimhir nó sraithuimhir, nó eilimint eile lena gceadaítear iad a aithint, ar an bpacáistíocht, nó, i gcás nach féidir é sin de bharr mhéid nó chineál na pacáistíochta, áiritheoidh monaróirí go soláthrófar an fhaisnéis riachtanach i ndoiciméad a ghabhann leis an ***phacáistíocht***. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. I ndáil leis an Rialachán seo, maidir le táirgí íocshláinte, mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (2), de Threoir 2001/83/CE, beidh sealbhóir an údaraithe margaíochta freagrach as an bhfaisnéis a sholáthraítear, i gcomhréir le hAirteagal 6(1a) de Threoir 2001/83/CE.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Áireoidh na monaróirí go mbeidh faisnéis a sholáthraítear i gcomhréir le míreanna 5 agus 6 soiléir, intuigthe agus inléite, agus nach ngabhfaidh sí in ionad faisnéis eile, nó nach bhféadfar leis sin faisnéis eile a dhoiléiriú nó a mheascadh suas le faisnéis a cheanglaítear le reachtaíocht eile an Aontais maidir le lipéadú an táirge phacáistithe. | 7. Áireoidh na monaróirí go mbeidh faisnéis a sholáthraítear i gcomhréir le míreanna 5 agus 6 soiléir, intuigthe agus inléite, agus ***inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, agus*** nach ngabhfaidh sí in ionad faisnéis eile, nó nach bhféadfar leis sin faisnéis eile a dhoiléiriú nó a mheascadh suas le faisnéis a cheanglaítear le reachtaíocht eile an Aontais maidir le lipéadú an táirge phacáistithe. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Déanfaidh monaróirí, a mheasann nó a bhfuil údar acu chun a chreidiúint nach bhfuil pacáistíocht atá curtha ar an margadh acu i gcomhréir le ceann amháin nó níos mó de na ceanglais is infheidhme a | 8. Déanfaidh monaróirí, a mheasann nó a bhfuil údar acu chun a chreidiúint nach bhfuil pacáistíocht atá curtha ar an margadh acu ***tar éis theacht*** i ***bhfeidhm an Rialacháin seo i*** gcomhréir le ceann |

leagtar amach in Airteagail 5 go 11, na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an phacáistíocht sin a thabhairt chun comhréireachta, chun an phacáistíocht a tharraingt siar nó í a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Cuirfidh monaróirí údarás um fhaireachas margaidh an Bhallstáit inar chuir siad an phacáistíocht ar fáil ar an eolas láithreach faoin neamhchomhlíonadh amhrasta agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh.

amháin nó níos mó de na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an phacáistíocht sin a thabhairt chun comhréireachta, chun an phacáistíocht a tharraingt siar nó í a aisghairm, de réir mar is iomchuí. Cuirfidh monaróirí ***a ndáileoirí agus*** údarás um fhaireachas margaidh an Bhallstáit inar chuir siad an phacáistíocht ar fáil ar an eolas láithreach faoin neamhchomhlíonadh amhrasta agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh.

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9a. Bunóidh monaróirí bealaí cumarsáide a bheidh ar fáil don phobal amhail uimhir theileafóin, seoladh leictreonach nó roinn thiomnaithe ar a suíomh gréasáin, agus riachtanais inrochtaineachta do dhaoine atá faoi mhíchumas á gcur san áireamh, chun go mbeidh úsáideoirí deiridh in ann gearáin nó ábhair imní a chur isteach maidir le neamhchomhréireacht fhéideartha táirgí.*** <br><br> ***Déanfaidh monaróirí bearta iomchuí nuair a mheasann siad nach bhfuil na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán sin á gcomhlíonadh, agus cuirfidh siad na húdaráis um fhaireachas margaidh ar an eolas. Coinneoidh monaróirí clár de ghearáin agus ní bhaineann sé ach le fad is gá chun críche an Rialacháin sin agus cuirfidh siad ar fáil é arna iarraidh sin d'údarás um fhaireachais margaidh. Ní bheidh sna sonraí pearsanta a stóráiltear i gclár inmheánach na ngearán ach na sonraí pearsanta sin atá riachtanach don mhonaróir chun an gearán a imscrúdú.*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 9 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9b. Má mhainníonn monaróirí comhoibriú le húdaráis um faireachas margaidh nó más léir go bhfuil an fhaisnéis agus an doiciméadacht a sholáthraítear neamhiomlán nó mícheart, féadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh gach beart iomchuí agus comhréireach a ghlacadh chun an phacáistíocht ábhartha a tharraingt siar ón margadh go dtí go gcomhoibreoidh an monaróir nó go dtí go gcuirfidh an monaróir faisnéis iomlán cheart ar fáil;*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 9 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***9c. Ní bheidh feidhm ag forálacha mhíreanna 1 go 6 maidir le pacáistíocht saincheaptha iompair le haghaidh feistí agus córais inchumraithe, atá le húsáid i dtimpeallachtaí tionsclaíocha agus cúram sláinte.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Feidhmeoidh ionadaí údaraithe na cúraimí arna sonrú sa sainordú a gheofar ón monaróir. ***Ceadófar*** leis an sainordú don ionadaí údaraithe ***na nithe*** seo a leanas ***a dhéanamh*** ar a laghad: | 2. Feidhmeoidh ionadaí údaraithe na cúraimí arna sonrú sa sainordú a gheofar ón monaróir. ***Cuirfidh sé cóip den sainordú ar fáil do na húdaráis um fhaireachas margaidh arna iarraidh sin.*** |

| | |
|---|---|
| | Leis an sainordú ***sin, ligfear*** don ionadaí údaraithe ***an méid*** seo a leanas***,*** ar a laghad***, a dhéanamh***: |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) an monaróir a chur ar an eolas más léir go bhfuil cúis ag an ionadaí údaraithe a chreidiúint nach bhfuil an pacáistiú i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11;*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) an sainordú a fhoirceannadh má ghníomhaíonn an monaróir ar neamhréir lena oibleagáidí faoin Rialachán seo. | (e) an sainordú a fhoirceannadh má ghníomhaíonn an monaróir ar neamhréir lena oibleagáidí faoin Rialachán seo ***agus údarás um fhaireachas margaidh an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe a chur ar an eolas gan mhoill mhíchuí***. |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní chuirfidh allmhaireoirí pacáistíocht ar an margadh ach an phacáistíocht a bheidh i gcomhréir le ceanglais Airteagail 5 go 11. | 1. Ní chuirfidh allmhaireoirí pacáistíocht ar an margadh ach an phacáistíocht a bheidh i gcomhréir le ceanglais ***is infheidhme*** Airteagail 5 go 11. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Áireoidh na hallmhaireoirí go mbeidh faisnéis a sholáthraítear i gcomhréir le mír 3 soiléir, intuigthe agus inléite, agus nach ngabhfaidh sí ionad faisnéis eile, nó nach bhféadfar leis sin faisnéis eile a dhoiléiriú nó í a mheascadh suas le faisnéis a cheanglaítear le reachtaíocht eile an Aontais maidir le lipéadú an táirge phacáistithe. | 4. Áireoidh na hallmhaireoirí go mbeidh faisnéis a sholáthraítear i gcomhréir le mír 3 soiléir, intuigthe agus inléite, agus ***inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas, agus*** nach ngabhfaidh sí ionad faisnéis eile, nó nach bhféadfar leis sin faisnéis eile a dhoiléiriú nó í a mheascadh suas le faisnéis a cheanglaítear le reachtaíocht eile an Aontais maidir le lipéadú an táirge phacáistithe. |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Cuirfidh allmhaireoirí údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar chuir siad an phacáistíocht ar fáil ar an eolas láithreach faoin neamhchomhlíonadh amhrasta agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh. | 7. Cuirfidh allmhaireoirí údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar chuir siad an phacáistíocht ar fáil ***chomh maith leis an monaróir agus i gcás inarb infheidhme, an t-ionadaí údaraithe*** ar an eolas láithreach faoin neamhchomhlíonadh amhrasta agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Rachaidh na hallmhaireoirí i gcomhar leis an údarás náisiúnta inniúil maidir le haon ghníomhaíocht a rinneadh chun aon chás maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas a leagtar | 10. Rachaidh na hallmhaireoirí i gcomhar leis an údarás náisiúnta inniúil maidir le haon ghníomhaíocht a rinneadh chun aon chás maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas ***is*** |

| | |
|---|---|
| amach in Airteagail 5 go 11 a réiteach. | ***infheidhme*** a leagtar amach in Airteagail 5 go 11 a réiteach. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10a. Fíoróidh allmhaireoirí an bhfuil na bealaí cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 13(9a) ar fáil go poiblí do thomhaltóirí, rud a ligfidh dóibh gearáin nó ábhair imní a thíolacadh maidir le neamhchomhréireacht ionchasach pacáistíochta. Mura bhfuil bealaí den sórt sin ar fáil, déanfaidh an t-allmhaireoir foráil dóibh, agus riachtanais inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh.*** |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 10 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10 b. Ní bheidh sna sonraí pearsanta a stóráiltear i gclár inmheánach na ngearán ach na sonraí pearsanta sin atá riachtanach don mhonaróir chun an gearán a imscrúdú.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 10 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10 c. Má mhainníonn allmhaireoirí comhoibriú le húdaráis um faireachas margaidh ar shlí shuntasach nó má tá an*** |

***fhaisnéis agus an doiciméadacht a sholáthraítear neamhiomlán nó mícheart, féadfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh gach beart iomchuí chun cosc nó srian a chur ar a bpacáistíocht a bheith ar fáil ar an margadh, chun í a tharraingt siar ón margadh nó chun í a aisghairm go dtí go gcomhoibreoidh na hallmhaireoirí nó go dtí go gcuirfidh na hallmhaireoirí faisnéis iomlán cheart ar fáil;***

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) go bhfuil an táirgeoir, atá faoi réir na n-oibleagáidí maidir le freagracht leathnaithe táirgeora don phacáistíocht, cláraithe i gclár na dtáirgeoirí dá dtagraítear in ***Airteagal 40***; | (a) go bhfuil an táirgeoir, atá faoi réir na n-oibleagáidí maidir le freagracht leathnaithe táirgeora don phacáistíocht, cláraithe i gclár na dtáirgeoirí dá dtagraítear in ***Airteagal 39***; |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás ina measann dáileoir, roimh dó pacáistíocht a chur ar fáil ar an margadh, nó go bhfuil údar aige chun a chreidiúint nach bhfuil an phacáistíocht i gcomhréir le haon cheann de na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, nó nach bhfuil na ceanglais is infheidhme á gcomhlíonadh ag an monaróir, ní chuirfidh an t-allmhaireoir an phacáistíocht ar an margadh go dtí go dtabharfar an phacáistíocht sin chun comhréireachta nó go dtí go bhfuil an monaróir á chomhlíonadh. | I gcás ina measann dáileoir, roimh dó pacáistíocht a chur ar fáil ar an margadh, nó go bhfuil údar aige chun a chreidiúint nach bhfuil an phacáistíocht i gcomhréir le haon cheann de na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, nó nach bhfuil na ceanglais is infheidhme á gcomhlíonadh ag an monaróir, ní chuirfidh an t-allmhaireoir an phacáistíocht ar an margadh go dtí go dtabharfar an phacáistíocht sin chun comhréireachta nó go dtí go bhfuil an monaróir á chomhlíonadh. ***Ní úsáidfidh an dáileoir aon fhaisnéis a nochtfaidh an monaróir*** |

***don dáileoir chun aon chríocha eile seachas comhlíonadh na gceanglas is infheidhme a fhíorú.***

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 4 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuirfidh dáileoirí údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar chuir siad an phacáistíocht ar fáil ar an eolas láithreach faoin neamhchomhlíonadh amhrasta agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh. | Cuirfidh dáileoirí údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar chuir siad an phacáistíocht ar fáil ***chomh maith leis an monaróir agus i gcás inarb infheidhme, an t-ionadaí údaraithe*** ar an eolas láithreach faoin neamhchomhlíonadh amhrasta agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh. |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh soláthraithe seirbhíse comhlíonta, le haghaidh na pacáistíochta a láimhseálann siad, nach ndéanfaidh na dálaí le linn ollstórála, láimhseála agus pacáistiú, seoladh a chur ar an bpacáistíocht nó é a sheoladh, comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach in Airteagail 5 go 11 a chur i mbaol i ndáil leis an bpacáistíocht. | Áiritheoidh soláthraithe seirbhíse comhlíonta, le haghaidh na pacáistíochta a láimhseálann siad, nach ndéanfaidh na dálaí le linn ollstórála, láimhseála agus pacáistiú, seoladh a chur ar an bpacáistíocht nó é a sheoladh, comhlíonadh na gceanglas ***is infheidhme*** a leagtar amach in Airteagail 5 go 11 a chur i mbaol i ndáil leis an bpacáistíocht. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 18a*** |

| | |
|---|---|
| | ***Oibleagáidí soláthraithe margaí ar líne*** |
| | ***Comhlíonfaidh soláthraithe margaí ar líne gan aon mhoill mhíchuí ceanglais ábhartha Rialachán (AE) 2022/2065 maidir le rialáil pacáistíochta, agus áiritheoidh siad go bhfuil próisis inmheánacha i bhfeidhm acu maidir le comhlíonadh.*** |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cás ina ***bhfuil*** feidhm ag oibleagáidí monaróirí maidir le ***hallmhaireoirí agus dáileoirí*** | Cás ina ***mbíonn*** feidhm ag oibleagáidí ***na*** monaróirí maidir le ***hoibreoirí eacnamaíocha eile*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Measfar ***allmhaireoir*** nó dáileoir a bheith ina mhonaróir chun críocha an Rialacháin seo, agus beidh sé faoi réir oibleagáidí an mhonaróra faoi Airteagal 14, i gcás ina gcuirfidh sé pacáistíocht ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc, nó ina modhnóidh sé pacáistíocht a cuireadh ar an margadh cheana sa tslí go bhféadfaí cur isteach ar na ceanglais ábhartha den Rialachán seo. | Measfar ***oibreoir eacnamaíoch seachas an monaróir*** nó dáileoir a bheith ina mhonaróir chun críocha an Rialacháin seo, agus beidh sé faoi réir oibleagáidí an mhonaróra faoi Airteagal 14, i gcás ina gcuirfidh sé pacáistíocht ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc, nó ina modhnóidh sé pacáistíocht a cuireadh ar an margadh cheana sa tslí go bhféadfaí cur isteach ar na ceanglais ábhartha den Rialachán seo. |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 34 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Tríd an dearbhú comhréireachta de chuid AE a tharraingt suas, gabhann an monaróir freagracht air féin go gcomhlíonfaidh an phacáistíocht na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo. | 4. Tríd an dearbhú comhréireachta de chuid AE a tharraingt suas, gabhann an monaróir freagracht air féin go gcomhlíonfaidh an phacáistíocht na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo ***agus ghníomhartha uile an Aontais is infheidhme***. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Soláthraithe ***ardáin*** ar líne, a ***thagann faoi raon feidhme Roinn 4 de Chaibidil 3 de Rialachán (AE) 2022/2065, ardáin a chuireann ar chumas tomhaltóirí cianchonarthaí a dhéanamh le táirgeoirí, gheobhaidh siad an fhaisnéis a leanas ó na táirgeoirí a chuireann*** pacáistíocht ar fáil do thomhaltóirí atá laistigh den Aontas: | 3. ***Comhlíonfaidh*** soláthraithe ***margaí*** ar líne, ***chomh maith le soláthraithe seirbhísí comhlíonta, na ceanglais maidir le freagracht leathnaithe táirgeoirí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, ach amháin más féidir leo*** a ***chruthú go bhfuil trádálaithe, sula gceadaítear do na soláthraithe sin díolacháin a thabhairt i gcrích ar a n-ardán nó a gcuid seirbhísí a úsáid, ar seirbhísí iad lena gcuirtear*** pacáistíocht ar fáil do thomhaltóirí atá laistigh den Aontas***, ag comhlíonadh na gceanglas sin tríd an méid seo a leanas a fháil***: |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***féindeimhniúchán*** ón táirgeoir ina ngabhann sé air féin gan a thairiscint ach pacáistíocht a chomhlíonann na ceanglais maidir le freagracht leathnaithe táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1 agus 2 den Airteagal seo sa Bhallstát ina bhfuil an tomhaltóir | (b) ***faisnéis maidir le comhlíonadh féindeimhniúcháin*** ón táirgeoir ina ngabhann sé air féin gan a thairiscint ach pacáistíocht a chomhlíonann na ceanglais maidir le freagracht leathnaithe táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1 agus 2 den Airteagal |

suite.

seo sa Bhallstát ina bhfuil an tomhaltóir suite.

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 40 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a fháil agus sula gceadaítear don táirgeoir lena mbaineann a sheirbhísí a úsáid, déanfaidh soláthraí na margaí ar líne a mheasúnú an bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) iontaofa agus iomlán.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gan dochar d'Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2019/1020, i gcás ina bhfuil cúis leormhaith ag údaráis um fhaireachas margaidh Ballstáit amháin chun a chreidiúint go mbaineann riosca don chomhshaol nó do shláinte an duine le pacáistíocht a chumhdaítear leis an Rialachán seo, déanfaidh siad meastóireacht i ndáil leis an bpacáistíocht lena mbaineann lena gcumhdófar gach ceanglas ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo. De réir mar is gá, comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha leis na húdaráis um fhaireachas margaidh. | Gan dochar d'Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2019/1020, i gcás ina bhfuil cúis leormhaith ag údaráis um fhaireachas margaidh Ballstáit amháin chun a chreidiúint go mbaineann riosca don chomhshaol nó do shláinte an duine ***nó do shláinte ainmhithe*** le pacáistíocht a chumhdaítear leis an Rialachán seo, déanfaidh siad meastóireacht ***gan mhoill mhíchuí*** i ndáil leis an bpacáistíocht lena mbaineann lena gcumhdófar gach ceanglas ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo. De réir mar is gá, comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha leis na húdaráis um fhaireachas margaidh. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Le linn na meastóireachta, breithneoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na hagóidí a ardóidh na hoibreoirí eacnamaíocha.*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 52 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. De mhaolú ó mhír 1, i gcás faoi riosca do shláinte an duine i ndáil le pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de atá faoi réir reachtaíocht shonrach atá dírithe ar shláinte an duine a chosaint, ní dhéanfaidh na húdaráis faireacháin measúnú ar riosca do shláinte an duine ná do shláinte ainmhithe de thionscnamh an ábhair phacáistíochta, má aistrítear í ón ábhar pacáistithe chuig an ábhar pacáistíochta, ach cuirfidh siad fios ar na húdaráis atá inniúil maidir leis na rioscaí sin a rialú. Is éard a bheidh sna húdaráis sin na húdaráis inniúla dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2017/625, Rialachán (AE) 2017/745, Rialachán (AE) 2017/746, Treoir 2001/83/CE nó Rialachán (AE) 2019/6. | 2. De mhaolú ó mhír 1, i gcás faoi riosca do shláinte an duine i ndáil le pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de atá faoi réir reachtaíocht shonrach atá dírithe ar shláinte an duine a chosaint, ní dhéanfaidh na húdaráis faireacháin measúnú ar riosca do shláinte an duine ná do shláinte ainmhithe de thionscnamh an ábhair phacáistíochta, má aistrítear í ón ábhar pacáistithe chuig an ábhar pacáistíochta, ach cuirfidh siad fios ***gan moill mhíchuí*** ar na húdaráis atá inniúil maidir leis na rioscaí sin a rialú. Is éard a bheidh sna húdaráis sin na húdaráis inniúla dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2017/625, Rialachán (AE) 2017/745, Rialachán (AE) 2017/746, Treoir 2001/83/CE nó Rialachán (AE) 2019/6. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Más rud é, tar éis meastóireacht arna déanamh faoi Airteagal 52, go bhfaighidh Ballstát amach, cé go gcomhlíonann pacáistíocht na ceanglais | 1. Más rud é, tar éis meastóireacht arna déanamh faoi Airteagal 52, go bhfaighidh Ballstát amach, cé go gcomhlíonann pacáistíocht na ceanglais |

| | |
|---|---|
| infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, go mbaineann riosca léi don chomhshaol nó do shláinte an duine, cuirfidh sé de cheangal, gan mhoill, ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart iomchuí a dhéanamh, laistigh de thréimhse réasúnta arna forordú ag na húdaráis um fhaireachas margaidh agus ar cóimhéid le cineál an riosca, chun a áirithiú nach mbainfidh an riosca sin leis an bpacáistíocht lena mbaineann a thuilleadh nuair chuirtear í ar an margadh, chun an phacáistíocht a tharraingt siar ón margadh nó chun í a aisghairm. | infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, go mbaineann riosca léi don chomhshaol nó do shláinte an duine ***agus sláinte ainmhithe***, cuirfidh sé de cheangal, gan mhoill, ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart iomchuí a dhéanamh, laistigh de thréimhse réasúnta arna forordú ag na húdaráis um fhaireachas margaidh agus ar cóimhéid le cineál an riosca, chun a áirithiú nach mbainfidh an riosca sin leis an bpacáistíocht lena mbaineann a thuilleadh nuair chuirtear í ar an margadh, chun an phacáistíocht a tharraingt siar ón margadh nó chun í a aisghairm.<br><br>***Le linn na meastóireachta, breithneoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh na hagóidí a ardóidh na hoibreoirí eacnamaíocha.*** |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. De mhaolú ó mhír 1, i gcás faoi riosca do shláinte an duine i ndáil le pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de atá faoi réir reachtaíocht shonrach atá dírithe ar shláinte an duine a chosaint, ní dhéanfaidh na húdaráis faireacháin measúnú ar riosca do shláinte an duine ná do shláinte ainmhithe de thionscnamh an ábhair phacáistíochta, má aistrítear í ón ábhar pacáistithe chuig an ábhar pacáistíochta, ach cuirfidh siad fios ar na húdaráis atá inniúil maidir leis na rioscaí sin a rialú. Is éard a bheidh sna húdaráis sin na húdaráis inniúla dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2017/625, Rialachán (AE) 2017/745, Rialachán (AE) 2017/746, Treoir 2001/83/CE nó Rialachán (AE) 2019/6. | 2. De mhaolú ó mhír 1, i gcás faoi riosca do shláinte an duine i ndáil le pacáistíocht atá íogair ó thaobh teagmhála de atá faoi réir reachtaíocht shonrach atá dírithe ar shláinte an duine a chosaint, ní dhéanfaidh na húdaráis faireacháin measúnú ar riosca do shláinte an duine ná do shláinte ainmhithe de thionscnamh an ábhair phacáistíochta, má aistrítear í ón ábhar pacáistithe chuig an ábhar pacáistíochta, ach cuirfidh siad fios ***gan moill mhíchuí*** ar na húdaráis atá inniúil maidir leis na rioscaí sin a rialú. Is éard a bheidh sna húdaráis sin na húdaráis inniúla dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2017/625, Rialachán (AE) 2017/745, Rialachán (AE) 2017/746, Treoir 2001/83/CE nó Rialachán (AE) 2019/6. |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 54 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 54a*** |
| | ***Gníomhaíochtaí na n-údarás faireachais margaidh*** |
| | ***Déanfaidh údaráis um fhaireachas margaidh seiceálacha iomchuí laistigh dá gcríocha maidir le pacáistíocht agus bunóidh siad nósanna imeachta le haghaidh obair leantach a dhéanamh ar ghearáin nó ar thuairiscí i leith saincheisteanna a bhaineann le rioscaí nó cásanna maidir le neamhchomhlíonadh an Rialacháin seo, i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/1020.*** |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 63 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin ***[Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = [8 mbliana*** tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus ar a mhéid a chuir sé le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ar inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí a fheabhsú. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le príomhthorthaí na meastóireachta sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú. | Faoin ***... [6 mbliana*** tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus ar a mhéid a chuir sé le feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ar inbhuanaitheacht comhshaoil táirgí a fheabhsú. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le príomhthorthaí na meastóireachta sin a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú. |

## NÓS IMEACHTA - COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE |
| **Tagairtí** | COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>13.3.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | IMCO<br>13.3.2023 |
| **Coistí comhlachaithe - dáta a fógraíodh sa suí iomlánach** | 15.6.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Virginie Joron<br>9.2.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 23.5.2023 28.6.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 18.7.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 32<br>–: 3<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Andrus Ansip, Pablo Arias Echeverría, Alessandra Basso, Brando Benifei, Adam Bielan, Biljana Borzan, Vlad-Marius Botoş, Markus Buchheit, Anna Cavazzini, Deirdre Clune, David Cormand, Alexandra Geese, Sandro Gozi, Svenja Hahn, Krzysztof Hetman, Virginie Joron, Eugen Jurzyca, Kateřina Konečná, Maria-Manuel Leitão-Marques, Antonius Manders, Leszek Miller, Anne-Sophie Pelletier, René Repasi, Christel Schaldemose, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Róża Thun und Hohenstein, Tom Vandenkendelaere, Kim Van Sparrentak, Marion Walsmann |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marco Campomenosi, Pilar del Castillo Vera, Claude Gruffat, Ivars Ijabs, Karen Melchior, Tsvetelina Penkova, Kosma Złotowski |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Eric Minardi, Paulo Rangel |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 32 | + |
|---|---|
| ID | Virginie Joron, Eric Minardi |
| EPP | Pablo Arias Echeverría, Pilar del Castillo Vera, Deirdre Clune, Krzysztof Hetman, Antonius Manders, Paulo Rangel, Andreas Schwab, Tomislav Sokol, Ivan Štefanec, Tom Vandenkendelaere, Marion Walsmann |
| Renew | Andrus Ansip, Sandro Gozi, Ivars Ijabs, Karen Melchior, Róża Thun und Hohenstein |
| S&D | Brando Benifei, Biljana Borzan, Maria-Manuel Leitão-Marques, Leszek Miller, Tsvetelina Penkova, René Repasi, Christel Schaldemose |
| An Chlé | Kateřina Konečná, Anne-Sophie Pelletier |
| Na Glasaigh/SCE | Anna Cavazzini, David Cormand, Alexandra Geese, Claude Gruffat, Kim Van Sparrentak |

| 3 | - |
|---|---|
| ECR | Adam Bielan, Eugen Jurzyca, Kosma Złotowski |

| 5 | 0 |
|---|---|
| ID | Alessandra Basso, Markus Buchheit, Marco Campomenosi |
| Renew | Vlad-Marius Botoş, Svenja Hahn |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

20.7.2023

**TUAIRIM ÓN gCOISTE UM THALMHAÍOCHT AGUS UM FHORBAIRT TUAITHE**

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE (COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Salvatore De Meo

## RÉASÚNÚ GEARR

A bhuí le forbairt an mhargaidh inmheánaigh, is féidir le táirgí agraibhia gluaiseacht faoi lánsaoirse laistigh den Aontas Eorpach, rud a thugann deis do shaoránaigh ó na Ballstáit go léir bia agus sainbhianna ó thíortha eile a chaitheamh. Is é tagarmharc cáilíochta na dtáirgí Eorpacha, a mbaineann táirgí bia ardcháilíochta agus scoth na cócaireachta leis, an tsainghné de mhargadh bia na hEorpa,

Is fiú tacaíocht a thabhairt do chuspóirí an togra le haghaidh rialacháin maidir le pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht agus comhfhreagraíonn siad do na spriocanna inbhuanaitheachta a bhfuil Coiste AGRI ag tacú leo.

Tá agraibhia agus go háirithe torthaí agus glasraí ar na réimsí ina bhféadfadh an rialachán nua seo an pacáistiú a fheabhsú agus a dhéanamh níos éifeachtúla, agus an cur amú a laghdú freisin.

Mar sin féin, i bhfianaise saintréithe agus cineál leochaileach na dtáirgí a bhíonn i gceist, ní mór an-aird a thabhairt go sonrach ar an earnáil seo chun nach mbeidh tionchar diúltach ar na gníomhaithe uile sa slabhra soláthair agus ar na táirgí féin.

Bíonn mór-ról ag an bpacáistíocht chun cáilíocht bhia a chaomhnú, lena n-áirítear a airíonna orgánaileipteacha, trí tháirgí a chosaint ar dhamáiste meicniúil agus/nó suaití fisiciúla, éilliú miocróbach nó caillteanas téagair, bolaidh, datha nó blais, agus seilfré níos faide a áirithiú, go háirithe i gcás táirgí úra a d'fhéadfadh lobhadh in achar gearr.

Rannchuidíonn pacáistiú agraibhianna go díreach chun cur amú bia a shrianadh. Áirithítear leis freisin go mbeidh rochtain níos fearr ag tomhaltóirí ar ghlasraí agus torthaí úra, rud a spreagfaidh a gcaitheamh agus nósanna itheacháin sláintiúla, i gcomhréir le cuspóirí an Aontais Eorpaigh.

Déantar dea-rialú ar leibhéal an Aontais ar na hábhair as a ndéantar an phacáistíocht a bhíonn i dteagmháil le táirgí agraibhia, agus is den tábhacht ar an ábhar sin a áirithiú nach ndéanfadh an rialachán seo difear diúltach dóibh ar na cúiseanna thuasluaite.

Go háirithe, caithfear féachaint lena áirithiú maidir leis na spriocanna le haghaidh ábhar

plaisteach in-athchúrsáilte sa phacáistíocht bhia nach gcuirfear cáilíocht an bhia a mbaol leo, i bhfianaise na srianta atá roimh fhormhór na slabhraí athchúrsála san Eoraip agus a theoranta atá soláthar an ábhair sin sa mhargadh, rud a d’fhéadfadh ardú a chur ar phraghsanna amhábhar. Chuige sin, ba cheart an athchúrsáil cheimiceach a áireamh ina modh comhlántach ar an athchúrsáil mheicniúil, chun gur féidir í a fhorbairt agus chun tairbhiú dá húsáid shuntasach arna cur i bhfeidhm ar ábhair teagmhála bia.

Baineann roinnt céimeanna agus gníomhaithe leis an slabhra agraibhia. Tá an baol ann le cuid de na cuspóirí sa rialachán seo go bhféadfaí dochar a dhéanamh dá dhea-fheidhmiú trí oibleagáidí neamhréalaíocha a fhorchur ar mhaithe le feidhmiú earnála a bhfuil infheistíochtaí ollmhóra sa nuálaíocht agus sa taighde déanta aici cheana féin, faoina bhfuil a hinbhuanaitheacht á feabhsú aici agus í ina samhail óir maidir leis an athchúrsáil.

Agus ar deireadh, is fiú a thabhairt dár n-aire go gceanglóidh na spriocanna athúsáide uaillmhianacha orainn méideanna ollmhóra fuinnimh agus uisce, acmhainn luachmhar, a ídiú – agus d’fhéadfadh ganntanas uisce deacrachtaí a chruthú do tháirgeadh na hEorpa agus dá slándáil bia agus dá neamhthuilleamaíocht i gcúrsaí bia. B’fhiú do na Ballstáit ar an ábhar sin a bheith in ann a samhail táirgthe féin a chur in oiriúint d’infhaighteacht na hacmhainne sin.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Bíonn pacáistíocht ag teastáil chun táirgí a chosaint agus chun gurb éasca iad a iompar ón áit a dtáirgtear iad go dtí an áit a n-úsáidtear nó a dtomhlaítear iad. Tá sé ríthábhachtach d'fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh do tháirgí go ndéanfaí bacainní ar an margadh inmheánach do phacáistíocht a chosc. Bíonn rialacha ilroinnte agus ceanglais dhoiléire ina gcúis le costais bhreise d'oibreoirí eacnamaíocha. | (1) Bíonn pacáistíocht ***iomchuí*** ag teastáil chun táirgí a chosaint agus chun gurb éasca iad a iompar ón áit a dtáirgtear iad go dtí an áit a n-úsáidtear nó a dtomhlaítear iad ***Ba cheart an phacáistíocht a úsáidtear a bheith in oiriúint do shaintréithe táirgí.*** Tá sé ríthábhachtach d'fheidhmiú ***éifeachtúil*** an mhargaidh inmheánaigh do tháirgí go ndéanfaí bacainní ***agus aon chonstaicí*** ar an margadh inmheánach do phacáistíocht a chosc. Bíonn rialacha ilroinnte agus ceanglais dhoiléire ina gcúis le ***héiginnteacht agus*** costais bhreise d'oibreoirí eacnamaíocha. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3 a) Maidir le pacáistíocht a rialú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, ba cheart na difríochtaí idir na bonneagair bailithe, sórtála agus athchúrsála dramhphacáistíochta ar leibhéal na mBallstát a chur san áireamh.*** |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| (5) I gcomhréir leis an gComhaontú Glas[33], tugtar gealltanas sa Phlean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach (CEAP)[34] go ndéanfar na ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le pacáistíocht a atreisiú d'fhonn an phacáistíocht go léir a dhéanamh in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte faoi 2030, agus bearta eile a bhreithniú chun laghdú ar an (ró)phacáistiú agus ar an dramhphacáistíocht, an dearadh a spreagadh ar mahithe le hathúsáid agus in-athchúrsáilteacht pacáistíochta, ábhair phacáistíochta a shimpliú agus ceanglais maidir le hábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach a thabhairt isteach. ***Cuirtear de cheangal*** ar an gCoimisiún ann measúnú a dhéanamh ar a indéanta ar fud an Aontais a bheidh lipéadú lena n-éascófar deighilt iomchuí na dramhphacáistíochta ag an bhfoinse. | (5) I gcomhréir leis an gComhaontú Glas[33], tugtar gealltanas sa Phlean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach (CEAP)[34] go ndéanfar na ceanglais fhíor-riachtanacha maidir le pacáistíocht a atreisiú d'fhonn an phacáistíocht go léir a dhéanamh in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte faoi 2030, agus bearta eile a bhreithniú chun laghdú ar an (ró)phacáistiú agus ar an dramhphacáistíocht, an dearadh a spreagadh ar mahithe le hathúsáid agus in-athchúrsáilteacht pacáistíochta, ábhair phacáistíochta a shimpliú agus ceanglais maidir le hábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach a thabhairt isteach. ***Déantar gealltanas ann dramhaíl bia a laghdú agus spreagtar cur chuige ciorclach maidir le húsáid uisce. Leagtar mar chúram*** ar an gCoimisiún ann measúnú a dhéanamh ar a indéanta ar fud an Aontais a bheidh lipéadú lena n-éascófar deighilt iomchuí na dramhphacáistíochta ag an bhfoinse. |
| [33] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM%3A2019%3A640%3AFIN<br>[34] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM:2020:98:FIN&WT.mc_id=Twitter | [33] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM%3A2019%3A640%3AFIN<br>[34] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM:2020:98:FIN&WT.mc_id=Twitter |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(6a) Ar an iomlán, is é an plaisteach an t-ábhar is mó a úsáidtear i bpacáistiú táirgí agraibhia, toisc go n-áirithítear a sábháilteacht leis agus, ag an am céanna,*** |

***go ndéantar a gcáilíocht agus a gcomhréireacht a choimeád ar fud an tslabhra soláthair, lena n-áirítear le linn iompair, agus go gcuireann sé le seilfré táirgí úra somheata. Faoi láthair, ní chumhdaítear formhór na n-ábhar neamhphlaisteach a bhíonn i dteagmháil le bia le reachtaíocht shonrach Eorpach agus leis na teicneolaíochtaí athchúrsála atá ar fáil faoi láthair ní ráthaítear go mbeidh an plaisteach athchúrsáilte ar ardchaighdeán i gcónaí. Ar an gcúis sin, ba cheart aon tionscnamh atá dírithe ar ionadú na pacáistíochta aon úsáide, lena n-áirítear táirgí plaisteacha, in earnáil an bhia, a dhéanamh ar bhealach a bheidh indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch. Tá an athchúrsáil cheimiceach ina rogha chomhlántach ar an athchúrsáil mheicniúil chun na spriocanna a leagtar síos sa Rialachán seo a bhaint amach, go háirithe i gcás pacáistíocht phlaisteach a bhíonn i dteagmháil le bia.***

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6 b) Chun na spriocanna a leagtar síos sa Rialachán seo a bhaint amach agus gan dochar don sainmhíniú in Airteagal 3(17) den Treoir Réime Dramhaíola 2008/98/CE, is iomchuí prionsabal na neodrachta ó thaobh na teicneolaíochta de a chur i bhfeidhm ar an athchúrsáil, lena gcumhdaítear aon phróiseas meicniúil nó ceimiceach a mbaintear leas as chun aon ábhar dramhaíola a chlaochlú ina dtáirgí, ina n-ábhair nó ina substaintí athchúrsáilte.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6 c) Tríd an dramhaíl ó phlaisteach a athchúrsáil ar bhealaí meicniúla agus ceimiceacha araon agus trí bhíthin plaistigh bhithbhunaithe in-athnuaite inbhuanaithe ba cheart go mbeidh fáil ar phlaistigh athchúrsáilte ar ardchaighdeán.*** |

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6 d) Trí bhithgheilleagar inbhuanaithe a chothú, is féidir rannchuidiú le laghdú a dhéanamh ar spleáchas na hEorpa ar amhábhair allmhairithe. A bhuí le dálaí margaidh feabhsaithe le haghaidh pacáistíocht in-athchúrsáilte bhithbhunaithe agus pacáistíocht bhithdhíghrádaithe inmhúirínithe agus le hathbhreithniú an dlí atá ann cheana trína gcuirtear bac le húsáid na n-ábhar sin, d'fhéadfaí breis taighde agus nuálaíochta a spreagadh a chabhródh leis an aistriú i dtreo foinsí athnuaite chun pacáistíocht a tháirgeadh sa chás go mbeidh buntáistí léi ó pheirspictíocht chomhshaoil de.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Chuir an Chomhairle i dtábhacht go | (7) Chuir an Chomhairle i dtábhacht go |

| | |
|---|---|
| láidir ina Conclúidí i mí na Nollag 2020[38], gur cheart go ndéanfadh an t-athbhreithniú ar Threoir 94/62/CE forálacha níos nithiúla, níos éifeachtaí agus níos éasca le cur chun feidhme a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta chun pacáistíocht inbhuanaithe a éascú sa mhargadh inmheánach agus an phacáistíocht a shimpliú chun réitigh a bheidh indéanta go heacnamaíoch a chothú, feabhas a chur ar an ath-inúsáidteacht agus in-athchúrsáilteacht chomh maith le substaintí ar údar imní iad in ábhair phacáistíochta a íoslaghdú, go háirithe maidir le hábhair phacáistithe bia, agus foráil a dhéanamh maidir le pacáistíocht a lipéadú ar bhealach sothuigthe chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina hin-athchúrsáilteacht agus cén áit ba cheart an dramhaíl a dhiúscairt chun sórtáil agus athchúrsáil a éascú. | láidir ina Conclúidí i mí na Nollag 2020[38], gur cheart go ndéanfadh an t-athbhreithniú ar Threoir 94/62/CE forálacha níos nithiúla, níos éifeachtaí agus níos éasca le cur chun feidhme a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta chun pacáistíocht inbhuanaithe a éascú sa mhargadh inmheánach agus an phacáistíocht a shimpliú chun réitigh a bheidh indéanta go heacnamaíoch a chothú, feabhas a chur ar an ath-inúsáidteacht agus in-athchúrsáilteacht chomh maith le substaintí ar údar imní iad in ábhair phacáistíochta a íoslaghdú, go háirithe maidir le hábhair phacáistithe bia, agus foráil a dhéanamh maidir le pacáistíocht a lipéadú ar bhealach sothuigthe chun tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina hin-athchúrsáilteacht agus cén áit ba cheart an dramhaíl a dhiúscairt chun sórtáil agus athchúrsáil a éascú. ***Ag an am céanna, thug sí dá haire nár mhór caighdeáin sláinteachais agus sábháilteachta bia a chomhlíonadh agus chuir sí i dtreis maidir le haon chur i bhfeidhm féideartha i gcás plaistigh bhithbhunaithe, "bhith-dhíghrádaithe" nó "inmhúirínithe", gur cheart é a bheith bunaithe ar mheasúnuithe saolré ar na tionchair ar an gcomhshaol, agus ról na n-ábhar inathnuaite sa mhaolú ar an athrú aeráide, i gcaomhnú na bithéagsúlachta agus i slándáil an tsoláthair bia á gcur san áireamh ina n-iomláine.*** |
| 38 https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-13852-2020-INIT/ga/pdf | 38 https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-13852-2020-INIT/ga/pdf |

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa an | (8) Sa Rún ó Pharlaimint na hEorpa an |

| | |
|---|---|
| 10 Feabhra 2021 maidir leis an bPlean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach[39] athdhearbhaíodh an cuspóir go mbeidh an phacáistíocht go léir in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte ar bhealach a bheidh inmharthana go heacnamaíoch faoi 2030 agus iarradh ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh lena n-áirítear bearta agus spriocanna chun dramhaíl a laghdú agus ceanglais fhíor-riachtanacha uaillmhianacha sa Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht chun pacáistiú iomarcach a laghdú, lena n-áirítear sa ríomhthráchtáil, feabhas a chur ar an in-athchúrsáilteacht agus an phacáistíocht a shimpliú, ábhar athchúrsáilte a mhéadú, deireadh a chur le substaintí guaiseacha agus díobhálacha de réir a chéile, agus an athúsáid a chur chun cinn. | 10 Feabhra 2021 maidir leis an bPlean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach[39] athdhearbhaíodh an cuspóir go mbeidh an phacáistíocht go léir in-athúsáidte nó in-athchúrsáilte ar bhealach a bheidh inmharthana go heacnamaíoch faoi 2030 agus iarradh ar an gCoimisiún togra reachtach a thíolacadh lena n-áirítear bearta agus spriocanna chun dramhaíl a laghdú agus ceanglais fhíor-riachtanacha uaillmhianacha sa Treoir maidir le Pacáistíocht agus Dramhaíl ó Phacáistíocht chun pacáistiú iomarcach a laghdú, lena n-áirítear sa ríomhthráchtáil, feabhas a chur ar an in-athchúrsáilteacht agus an phacáistíocht a shimpliú, ábhar athchúrsáilte a mhéadú, deireadh a chur le substaintí guaiseacha agus díobhálacha de réir a chéile, agus an athúsáid a chur chun cinn. ***Cuireadh i dtreis ann freisin nár cheart caighdeáin sábháilteachta bia ná sláinteachais a chur i mbaol.*** |
| ___________________ | ___________________ |
| 39 https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0040_GA.html | 39 https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2021-0040_GA.html |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) I rún an 15 Meán Fómhair 2022 uaithi maidir le hiarmhairtí triomaigh, dóiteáin agus feiniméin eile adhaimsire: iarrachtaí AE a mhéadú chun an t-athrú aeráide a chomhrac[39a], chuir Parlaimint na hEorpa i bhfáth gur acmhainn thar a bheith luachmhar é an t-uisce ach go bhfuil sé ag éirí gann agus chuir sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá bainistiú inbhuanaithe uisce chun slándáil bia a ráthú, á iarraidh ar an gCoimisiún gan reachtaíocht bhreise AE a mholadh trína gcuirfí slándáil bia AE i*** |

***mbaol nó a mbeadh baol ann go gcuirfí slándáil bia AE i mbaol léi. I bhfianaise a ghainne atá uisce, ba cheart tús áite a thabhairt dá úsáid in earnálacha ina bhfuil sé riachtanach, amhail an talmhaíocht.***

***39a https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/TA-9-2022-0330_EN.html***

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Comhlánaíonn an Rialachán seo Rialachán [Éicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe][40], agus ní dhírítear ar an bpacáistíocht mar chatagóir shonrach táirgí faoin rialachán sin. Ba cheart a mheabhrú, áfach, maidir le táirgí sonracha, go bhféadfadh gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ar bhonn Rialachán [Éicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe] ceanglais bhreise nó ceanglais níos mionsonraithe a bhunú maidir lena bpacáistiú, go háirithe i ndáil le híoslaghdú pacáistíochta nuair is féidir pacáistíocht ar lú a tionchar ar an gcomhshaol a eascairt as dearadh nó athdhearadh táirgí. | (9) Comhlánaíonn an Rialachán seo Rialachán [Éicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe][40], agus ní dhírítear ar an bpacáistíocht mar chatagóir shonrach táirgí faoin rialachán sin. Ba cheart a mheabhrú, áfach, maidir le táirgí sonracha, go bhféadfadh gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ar bhonn Rialachán [Éicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe] ceanglais bhreise nó ceanglais níos mionsonraithe a bhunú maidir lena bpacáistiú, go háirithe i ndáil le híoslaghdú pacáistíochta nuair is féidir pacáistíocht ar lú a tionchar ar an gcomhshaol a eascairt as dearadh nó athdhearadh táirgí. ***Sa Rialachán atá beartaithe [Éicidhearthóireacht do Tháirgí Inbhuanaithe] díolmhaítear, i measc nithe eile, ábhair bhia ós rud é gur léir cheana féin nach mbeadh ceanglais éicidhearthóireachta, lena n-áirítear íoslaghdú pacáistíochta, oiriúnach.*** |

[40] https://ec.europa.eu/info/energy-climate-change-environment/standards-tools-and-labels/products-labelling-rules-and-requirements/sustainable-products/ecodesign-sustainable-

[40] https://ec.europa.eu/info/energy-climate-change-environment/standards-tools-and-labels/products-labelling-rules-and-requirements/sustainable-products/ecodesign-sustainable-

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis an bpacáistíocht go léir a chuirtear ar an margadh san Aontas agus maidir leis an dramhphacáistíocht go léir, gan beann ar an gcineál pacáistíochta nó ar an ábhar a úsáidtear. Ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart an sainmhíniú ar phacáistíocht faoi Threoir 94/62/CE roimhe seo a athstruchtúrú gan an tsubstaint a athrú. Ba cheart pacáistíocht díolacháin, pacáistíocht ghrúpáilte agus pacáistíocht iompair a shainiú ar leithligh chun dúbailt téarmaíochta a sheachaint. Dá dhroim sin, freagraíonn pacáistíocht díolacháin do phríomh-phacáistíocht, pacáistíocht ghrúpáilte do phacáistíocht thánaisteach agus pacáistíocht iompair do phacáistíocht threasach. | (10) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis an bpacáistíocht go léir a chuirtear ar an margadh san Aontas agus maidir leis an dramhphacáistíocht go léir, gan beann ar an gcineál pacáistíochta nó ar an ábhar a úsáidtear. ***Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an tionscal agraibhia, chun cur chuige cothrom ó thaobh na gcúinsí socheacnamaíocha a dhéanann difear don earnáil sin a áirithiú.*** Ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil, ba cheart an sainmhíniú ar phacáistíocht faoi Threoir 94/62/CE roimhe seo a athstruchtúrú gan an tsubstaint a athrú. Ba cheart pacáistíocht díolacháin, pacáistíocht ghrúpáilte agus pacáistíocht iompair a shainiú ar leithligh chun dúbailt téarmaíochta a sheachaint. Dá dhroim sin, freagraíonn pacáistíocht díolacháin do phríomh-phacáistíocht, pacáistíocht ghrúpáilte do phacáistíocht thánaisteach agus pacáistíocht iompair do phacáistíocht threasach. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Níor cheart mír, atá ina cuid dhílis de tháirge agus a bhfuil gá léi chun an táirge sin a choinneáil, chun tacú leis nó é a chaomhnú ar feadh a shaolré agus i gcás ina mbeartaítear na heilimintí go léir a | (11) Níor cheart mír, atá ina cuid dhílis de tháirge agus a bhfuil gá léi chun an táirge sin a choinneáil, chun tacú leis nó é a chaomhnú ar feadh a shaolré agus i gcás ina mbeartaítear na heilimintí go léir a |

úsáid, a thomhailt nó a dhiúscairt le chéile, níor cheart í a mheas mar phacáistíocht ós rud é go bhfuil a feidhmiúlacht nasctha go dlúth lena bheith mar chuid den táirge. I bhfianaise iompraíocht dhiúscartha na dtomhaltóirí maidir le málaí tae agus caife chomh maith le haonaid aon fhreastail de chuid an chórais caife nó tae, a dhiúscraítear sa chleachtas mar aon leis an iarmhar táirge as a n-eascraíonn éilliú sruthanna inmhúirínithe agus athchúrsála, ba cheart déileáil leis na míreanna sonracha sin mar phacáistíocht, áfach. Tá sé sin i gcomhréir leis an gcuspóir chun an bailiú ar leithligh de bhithdhramhaíl a mhéadú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 22 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41]. ***Thairis sin, chun comhleanúnachas a áirithiú maidir le hoibleagáidí airgeadais agus oibriúcháin deiridh ré, ba cheart déileáil freisin mar phacáistíocht leis na haonaid aon fhreastail go léir de chuid an chórais caifé nó tae is gá chun caife nó tae a choinneáil.***

[41] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

úsáid, a thomhailt nó a dhiúscairt le chéile, níor cheart í a mheas mar phacáistíocht ós rud é go bhfuil a feidhmiúlacht nasctha go dlúth lena bheith mar chuid den táirge. I bhfianaise iompraíocht dhiúscartha na dtomhaltóirí maidir le málaí tae agus caife a dhiúscraítear sa chleachtas mar aon leis an iarmhar táirge as a n-eascraíonn éilliú sruthanna inmhúirínithe agus athchúrsála, ba cheart déileáil leis na míreanna sonracha sin mar phacáistíocht, áfach. Tá sé sin i gcomhréir leis an gcuspóir chun an bailiú ar leithligh de bhithdhramhaíl a mhéadú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 22 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

[41] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) I gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola a leagtar amach in Airteagal 4(2) de Threoir 2008/98/CE, agus i gcomhréir le smaointeoireacht saolré chun an toradh foriomlán is fearr ó thaobh an chomhshaoil de a sholáthar, tá sé d'aidhm ag na bearta dá bhforáiltear faoin Rialachán seo an méid pacáistíochta a | (12) I gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola a leagtar amach in Airteagal 4(2) de Threoir 2008/98/CE, agus i gcomhréir le smaointeoireacht saolré chun an toradh foriomlán is fearr ó thaobh an chomhshaoil de a sholáthar, tá sé d'aidhm ag na bearta dá bhforáiltear faoin Rialachán seo an méid pacáistíochta a |

| | |
|---|---|
| chuirtear ar an margadh i dtéarmaí toirte agus meáchain a laghdú, agus giniúint dramhphacáistíochta a chosc, go háirithe trí íoslaghdú na pacáistíochta, chun pacáistíocht nach dteastaíonn a sheachaint, agus athúsáid pacáistíochta a mhéadú. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag na bearta úsáid ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht a mhéadú, go háirithe i bpacáistíocht phlaisteach, i gcás ina bhfuil an glacadh le hábhar athchúrsáilte an-íseal, chomh maith le rátaí athchúrsála níos airde don phacáistíocht go léir agus ardcháilíocht na n-amhábhar tánaisteach mar thoradh air sin agus cineálacha eile aisghabhála agus diúscartha deiridh a laghdú ag an am céanna. | chuirtear ar an margadh i dtéarmaí toirte agus meáchain a laghdú, agus giniúint dramhphacáistíochta a chosc, go háirithe trí ***mhéadú ar an athchúrsáil,*** íoslaghdú na pacáistíochta, chun pacáistíocht nach dteastaíonn a sheachaint, agus athúsáid pacáistíochta a mhéadú ***agus an toradh comhshaoil is fearr a sholáthar agus gan a bheith ina chúis le bia a chur amú ná le méadú ar an gcur amú bia, ná sábháilteacht bia a chur i mbaol***. Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag na bearta úsáid ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht a mhéadú, go háirithe i bpacáistíocht phlaisteach, i gcás ina bhfuil an glacadh le hábhar athchúrsáilte an-íseal, chomh maith le rátaí athchúrsála níos airde don phacáistíocht go léir agus ardcháilíocht na n-amhábhar tánaisteach mar thoradh air sin agus cineálacha eile aisghabhála agus diúscartha deiridh a laghdú ag an am céanna. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Meastar go ngintear 88 milliún tona de dhramhaíl bhia san Aontas gach bliain agus meastar gurb iad teaghlaigh agus tomhaltóirí is cúis le breis agus 50 % den dramhaíl bhia. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag pacáistíocht chun dramhaíl bia a laghdú toisc go gcaomhnaíonn sí eilimintí riachtanacha bia, chun nach gcuirtear isteach ar a chomhdhéanamh ná ar a airíonna orgánaileipteacha, agus toisc go n-áirithítear léi go gcosnófar bia ar dhamáiste meicniúil agus ar shuaití fisiciúla, agus is bac éifeachtach í ar dhíghrádú micribhitheolaíoch, ocsaigin nó caillteanas bolaidh, rud a mhéadaíonn seilfré táirgí agraibhia dá bhrí sin. A bhuí le pacáistíocht glasraí agus torthaí úra, is*** |

***féidir a áirithiú go mbeidh rochtain ag tomhaltóirí ar tháirgí úra sláintiúla a mhaireann níos faide, rud a spreagtar a dtomhailt mar aon le nósanna itheacháin sláintiúla. De réir na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Bia (EFSA), trí phacáistiú bia, cosnaítear bia ar mhiocrorgánaigh, éascaítear stóráil bia agus cuirtear fad le seilfré bia. A bhuí le pacáistíocht agus earraí eile amhail coimeádáin, feabhsaítear an sláinteachas freisin agus bíonn sé níos éasca do dhaoine bia a cheannach, a dhíol agus a láimhseáil. Maidir le haon tionscnamh chun laghdú ar an méid pacáistíochta a chuirtear ar an margadh agus ar an dramhphacáistíocht, níor cheart go ndéanfadh sé dochar d'uaillmhianta an Aontais an cur amú bia a laghdú.***

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Ba cheart pacáistíocht a dhearadh, a mhonarú agus a thráchtálú ar bhealach a fhágann gur féidir í a athúsáid nó athchúrsáil ar ardcháilíocht a dhéanamh uirthi, agus chun a tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú le linn a saolré iomláine agus le linn shaolré na dtáirgí ar lena n-aghaidh ar dearadh í. | (13) Ba cheart pacáistíocht a dhearadh, a mhonarú agus a thráchtálú ar bhealach a fhágann gur féidir í a athúsáid nó athchúrsáil ar ardcháilíocht a dhéanamh uirthi, agus chun a tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú le linn a saolré iomláine agus le linn shaolré na dtáirgí ar lena n-aghaidh ar dearadh í. ***D'fhéadfadh sé sin a bheith ina údar maith le dialltaí ó ord na réiteach dramhaíola i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Threoir 2008/98/CE, mar shampla maidir le húsáid pacáistíochta aon úsáide in-athchúrsáilte agus pacáistíochta in-athúsáidte.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (14) I gcomhréir le cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach[42] agus na Straitéise Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht[43], agus chun ceimiceáin a bhainistiú ar bhealach fónta ar feadh a saolré agus an t-aistriú go geilleagar ciorclach saor ó thocsainí a áirithiú, agus ábharthacht na pacáistíochta sa saol laethúil á meas, is den riachtanas go dtabharfaidh an Rialachán seo aghaidh ar thionchair ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol agus ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta níos leithne, lena n-áirítear ciorclaíocht, mar thoradh ar thionchair substaintí ar cúis imní iad ar shaolré iomlán na pacáistíochta, ó mhonarú go húsáid go deireadh ré, lena n-áirítear bainistiú dramhaíola. | (14) I gcomhréir le cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach[42] agus na Straitéise Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht[43], agus chun ceimiceáin a bhainistiú ar bhealach fónta ar feadh a saolré agus an t-aistriú go geilleagar ciorclach saor ó thocsainí a áirithiú, agus ábharthacht na pacáistíochta sa saol laethúil á meas, is den riachtanas go dtabharfaidh an Rialachán seo aghaidh ar thionchair ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol agus ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta níos leithne, lena n-áirítear ciorclaíocht, mar thoradh ar thionchair substaintí ar cúis imní iad ar shaolré iomlán na pacáistíochta, ó mhonarú go húsáid go deireadh ré, lena n-áirítear bainistiú dramhaíola. ***Ba cheart an Rialachán seo a bheith ag díriú freisin ar an tionchar ar shlándáil bia agus FBManna, arb ionann iad agus 99 % d'earnáil an bhia agus na ndeochanna san Aontas Eorpach.*** |
| [42] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe [Plean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach chun Eoraip níos glaine agus níos iomaíche a bhaint amach] COM/2020/98 final. | [42] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal A new Circular Economy Action Plan For a cleaner and more competitive Europe [Plean Gníomhaíochta nua um an nGeilleagar Ciorclach chun Eoraip níos glaine agus níos iomaíche a bhaint amach] COM/2020/98 final. |
| [43] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Chemicals Strategy for Sustainability: Towards a Toxic-Free Environment [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht: i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] COM/2020/667 final. | [43] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Chemicals Strategy for Sustainability: Towards a Toxic-Free Environment [Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht: i dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí] COM/2020/667 final. |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) De réir Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[43a] chun cur chuige a bheidh cuimsitheach agus comhtháite go leor maidir le sábháilteacht bia a áirithiú, ba cheart sainmhíniú leathan a bheith ann ar dhlí an bhia lena gcumhdaítear raon leathan forálacha a bhfuil éifeacht dhíreach nó indíreach acu ar shábháilteacht bia agus beatha, lena n-áirítear forálacha maidir le hábhair agus earraí a bhíonn i dteagmháil le bia, beatha ainmhithe agus ionchuir talmhaíochta eile ar leibhéal an táirgthe phríomhúil. Thairis sin, sonraítear i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 gur gá bearta a ghlacadh arb é is aidhm dóibh a ráthú nach gcuirfear bia neamhshábháilte ar an margadh agus go mbeidh gach beart lena rialaítear bia agus beatha bunaithe ar anailís riosca, lena n-áirítear measúnuithe riosca, toisc go n-éascaíonn siad seachaint na mbacainní gan údar ar shaorghluaiseacht earraí bia. Sonraítear sa Rialachán sin freisin gur cheart dul i gcomhairle le EFSA sula nglacfar, faoi bhearta sonracha, forálacha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don tsláinte phoiblí.*** |
| | ***[43a] Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002).*** |

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14 b) Is cuidiú dearfach iad ábhair pacáistithe bia chun caillteanas bia agus cur amú bia a chosc feadh an tslabhra soláthair, mar shampla, a bhuí le bia a phacáistiú is lú an caillteanas bia le linn bia a iompar, a stóráil agus a dháileadh, caomhnaítear cáilíocht agus sláinteachas bia níos faide agus cuirtear fad lena sheilfré.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Agus an dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch á chur san áireamh, ba cheart pacáistíocht a dhearadh agus a mhonarú ar bhealach a chuirfeadh teorainn le láithreacht miotal trom áirithe agus substaintí eile ar údar imní iad ina comhdhéanamh. Mar atá ráite sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht, déanfar substaintí ar údar imní iad a íoslaghdú agus a ionadú a mhéid is féidir, agus cuirfear deireadh de réir a chéile leis na cinn is díobhálaí d’úsáid shochaíoch neamhriachtanach, go háirithe i dtáirgí tomhaltais. Dá réir sin, ba cheart substaintí ar údar imní iad mar chomhábhair d’ábhar pacáistíochta nó d’aon cheann de na comhpháirteanna pacáistíochta a íoslaghdú chun a áirithiú nach mbeidh drochthionchar ag an bpacáistíocht, agus ag ábhair a athchúrsáiltear ó phacáistíocht, ar shláinte an duine ná ar an gcomhshaol, ar feadh a | (15) Agus an dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch á chur san áireamh, ba cheart pacáistíocht a dhearadh agus a mhonarú ar bhealach a chuirfeadh teorainn le láithreacht miotal trom áirithe agus substaintí eile ar údar imní iad ***nó substaintí a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do chaighdeáin cháilíochta táirge*** ina comhdhéanamh. Mar atá ráite sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht, déanfar substaintí ar údar imní iad a íoslaghdú agus a ionadú a mhéid is féidir, agus cuirfear deireadh de réir a chéile leis na cinn is díobhálaí d’úsáid shochaíoch neamhriachtanach, go háirithe i dtáirgí tomhaltais. Dá réir sin, ba cheart substaintí ar údar imní iad mar chomhábhair d’ábhar pacáistíochta nó d’aon cheann de na comhpháirteanna pacáistíochta a íoslaghdú chun a áirithiú nach mbeidh drochthionchar ag an bpacáistíocht, agus ag ábhair a |

| | |
|---|---|
| saolré. | athchúrsáiltear ó phacáistíocht, ar shláinte an duine***, ar shlándáil bia*** ná ar an gcomhshaol, ar feadh a saolré. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta um Thruailliú Nialasach[44], ba cheart beartais an Aontais a bheith bunaithe ar an bprionsabal gur cheart gníomhaíocht choisctheach a dhéanamh ag an bhfoinse. Cuireann an Coimisiún i dtábhacht sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht gur cheart Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45] agus Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46] a atreisiú mar bhunchloch chun ceimiceáin a rialáil san Aontas agus gur cheart iad a chomhlánú le cuir chuige chomhleanúnacha chun ceimiceáin a mheasúnú agus a bhainistiú sa reachtaíocht earnálach atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, cuirtear srian ar shubstaintí i bpacáistíocht agus i gcomhpháirteanna pacáistíochta ag an bhfoinse agus tugtar aghaidh orthu go príomha faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar amach faoi Theideal VIII dá chuid, chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint, feadh gach céime de shaolré na substainte, lena n-áirítear céim na dramhaíola. Dá bhrí sin, ba cheart a mheabhrú go bhfuil feidhm ag forálacha an Rialacháin sin maidir le srianta a ghlacadh nó a leasú ar shubstaintí a mhonaraítear lena n-úsáid nó a úsáidtear i dtáirgeadh pacáistíochta nó comhpháirteanna pacáistíochta chomh maith le substaintí atá i bpacáistíocht nó i | (16) I gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta um Thruailliú Nialasach[44], ba cheart beartais an Aontais a bheith bunaithe ar an bprionsabal gur cheart gníomhaíocht choisctheach a dhéanamh ag an bhfoinse. Cuireann an Coimisiún i dtábhacht sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht gur cheart Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45] agus Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[46] a atreisiú mar bhunchloch chun ceimiceáin a rialáil san Aontas agus gur cheart iad a chomhlánú le cuir chuige chomhleanúnacha chun ceimiceáin a mheasúnú agus a bhainistiú sa reachtaíocht earnálach atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, cuirtear srian ar shubstaintí i bpacáistíocht agus i gcomhpháirteanna pacáistíochta ag an bhfoinse agus tugtar aghaidh orthu go príomha faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar amach faoi Theideal VIII dá chuid, chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint, feadh gach céime de shaolré na substainte, lena n-áirítear céim na dramhaíola. Dá bhrí sin, ba cheart a mheabhrú go bhfuil feidhm ag forálacha an Rialacháin sin maidir le srianta a ghlacadh nó a leasú ar shubstaintí a mhonaraítear lena n-úsáid nó a úsáidtear i dtáirgeadh pacáistíochta nó comhpháirteanna pacáistíochta chomh maith le substaintí atá i bpacáistíocht nó i |

gcomhpháirteanna pacáistíochta a chur ar an margadh. Maidir le pacáistíocht a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47], ba cheart a mheabhrú go bhfuil feidhm ag an Rialachán sin chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do thomhaltóirí bia phacáistithe.

gcomhpháirteanna pacáistíochta a chur ar an margadh. Maidir le pacáistíocht a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[47], ba cheart a mheabhrú go bhfuil feidhm ag an Rialachán sin chun ardleibhéal cosanta a áirithiú do thomhaltóirí bia phacáistithe. ***Dá réir sin, maidir le haon ábhar nó aon earra atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil go díreach nó go hindíreach le bia, lena n-áirítear pacáistíocht, ba cheart go gcuirfidís cosc ar shubstaintí a bheith á n-aistriú chuig bia i gcainníochtaí atá mór go leor chun sláinte an duine a chur i mbaol nó chun bheith ina gcúis le hathrú do-ghlactha ar chomhdhéanamh an bhia nó meath ar a airíonna orgánaileipteacha. Sonraítear freisin i Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 gur cheart go n-áiritheofaí inrianaitheacht ábhar agus earraí atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia ag gach céim chun rialú, aistarraingt táirgí lochtacha, faisnéis do thomhaltóirí agus sannadh freagrachta a éascú.***

---

[44] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil' [Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách: 'I dTreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú'] – COM(2021) 400 final.

[45] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE)

[44] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: 'Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil' [Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách: 'I dTreo Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú'] – COM(2021) 400 final.

[45] Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE)

| | |
|---|---|
| Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1). | Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1). |
| [46] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1). | [46] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1). |
| [47] Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus earraí atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/590/CEE agus 89/109/CEE (IO L 338, 13.11.2004, lgh. 4–17). | [47] Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus earraí atá beartaithe lena dteacht i dteagmháil le bia agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/590/CEE agus 89/109/CEE (IO L 338, 13.11.2004, lgh. 4–17). |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(16a) Tá córas cuimsitheach inrianaitheachta maidir le hearraí bia agus beatha riachtanach ag gach céim den táirgeadh, den phróiseáil agus den dáileadh chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh i mbia nó i mbeatha a áirithiú, ionas gur féidir aistarraingtí spriocdhírithe agus cruinne a dhéanamh nó faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí nó d'oifigigh rialaithe, agus ar an gcaoi sin cur isteach féideartha níos leithne gan ghá a sheachaint i gcás fadhbanna sábháilteachta bia. Sa mhéid sin, tá pacáistíocht, lena n-áirítear lipéid ghreamaitheacha, thar a bheith*** |

***tábhachtach agus níl a hathsholáthar ar fáil ós rud é go n-áirithítear léi go mbeidh an bia nó an bheatha a chuirtear ar an margadh á lipéadú nó á shainaithint go leordhóthanach, agus dá bhrí sin go mbeidh siad inrianaithe. I gcás fadhbanna, bíonn ríthábhacht le hinrianaitheacht earraí bia agus beatha ainmhithe trína bpacáistiú freisin chun freagrachtaí gach oibreora a aithint agus, dá bhrí sin, tá tábhacht léi mar ghné chun obair feirmeoirí agus gnólachtaí agraibhia a chosaint.***

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Tá dearadh pacáistíochta d'fhonn í a athchúrsáil a luaithe a bheidh sí ina dramhphacáistíocht ar na bearta is éifeachtúla chun ciorclaíocht na pacáistíochta a fheabhsú agus chun cur le rátaí athchúrsála pacáistíochta agus le húsáid ábhar athchúrsáilte sa phacáistíocht. Tá critéir maidir le dearadh pacáistíochta le haghaidh athchúrsála bunaithe le haghaidh roinnt formáidí pacáistíochta faoi scéimeanna deonacha tionscail nó ag roinnt Ballstát chun críche táillí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a mhodhnú. Chun bacainní ar an margadh inmheánach a chosc agus cothroime iomaíochta a sholáthar don tionscal, agus é de chuspóir aige sin inbhuanaitheacht na pacáistíochta a chur chun cinn, tá sé tábhachtach ceanglais shainordaitheacha a leagan síos maidir le hin-athchúrsáilteacht na pacáistíochta, trí na critéir agus an mhodheolaíocht a chomhchuibhiú chun measúnú a dhéanamh ar in-athchúrsáilteacht na pacáistíochta bunaithe ar mhodheolaíocht deartha le haghaidh athchúrsála ar leibhéal an Aontais. Chun an cuspóir a leagtar amach sa Phlean | (20) Tá dearadh pacáistíochta d'fhonn í a athchúrsáil a luaithe a bheidh sí ina dramhphacáistíocht ar na bearta is éifeachtúla chun ciorclaíocht na pacáistíochta a fheabhsú agus chun cur le rátaí athchúrsála pacáistíochta agus le húsáid ábhar athchúrsáilte sa phacáistíocht ***agus chun a áirithiú ag an am céanna go gcomhlíonfaidh an phacáistíocht a feidhmeanna mar a leagtar amach in Airteagal 3(1) den Rialachán seo. Ba cheart ardchaighdeán cáilíochta, lena n-áirítear ardchaighdeán sláinteachais agus sábháilteachta bia, cosaint maoine intleachtúla agus cumas tomhaltóirí táirgí a shainaithint a ráthú le dearadh pacáistíochta, ós rud é go bhfuil tábhacht leo go léir chun dea-cháil táirgí ón Aontas a chosaint ar an margadh domhanda agus a n-aithris agus a dtabhairt chun cuimhne a chosc, go háirithe maidir le tásca geografacha***. Tá critéir maidir le dearadh pacáistíochta le haghaidh athchúrsála bunaithe le haghaidh roinnt formáidí pacáistíochta faoi scéimeanna deonacha tionscail nó ag roinnt Ballstát chun críche táillí um fhreagracht |

Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach a chomhlíonadh, ba cheart, faoi 2030, gach pacáistíocht a bheith in-athchúrsáilte nó in-athúsáidte, ar bhealach a bheidh inmharthana ó thaobh an gheilleagair de, ba cheart gráid feidhmíochta in-athchúrsáilteachta pacáistíochta a bhunú bunaithe ar na critéir maidir le dearadh le haghaidh athchúrsála do chatagóirí pacáistíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn II. Is ***amhail ón 1 Eanáir 2030*** amháin ba cheart an phacáistíocht a bheith i gcomhréir leis na critéir sin, áfach, chun am leordhóthanach a thabhairt do na hoibreoirí eacnamaíocha oiriúnú a dhéanamh.

leathnaithe táirgeoirí a mhodhnú. Chun bacainní ar an margadh inmheánach a chosc agus cothroime iomaíochta a sholáthar don tionscal, agus é de chuspóir aige sin inbhuanaitheacht na pacáistíochta a chur chun cinn, tá sé tábhachtach ceanglais shainordaitheacha a leagan síos maidir le hin-athchúrsáilteacht na pacáistíochta, trí na critéir agus an mhodheolaíocht a chomhchuibhiú chun measúnú a dhéanamh ar in-athchúrsáilteacht na pacáistíochta bunaithe ar mhodheolaíocht deartha le haghaidh athchúrsála ar leibhéal an Aontais. Chun an cuspóir a leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach a chomhlíonadh, ba cheart, faoi 2030, gach pacáistíocht a bheith in-athchúrsáilte nó in-athúsáidte, ar bhealach a bheidh inmharthana ó thaobh an gheilleagair de, ba cheart gráid feidhmíochta in-athchúrsáilteachta pacáistíochta a bhunú bunaithe ar na critéir maidir le dearadh le haghaidh athchúrsála do chatagóirí pacáistíochta mar a liostaítear in Iarscríbhinn II. Níor cheart an phacáistíocht a bheith i gcomhréir leis na critéir sin ***go ceann 5 bliana tar éis teacht i bhfeidhm do na gníomhartha tarmligthe ábhartha***, áfach, chun am leordhóthanach a thabhairt do na hoibreoirí eacnamaíocha oiriúnú a dhéanamh.

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Toisc nach n-áirithíonn dearadh le haghaidh measúnú athchúrsála ann féin go ndéantar athchúrsáil ar phacáistíocht sa chleachtas, is gá modheolaíocht agus critéir aonfhoirmeacha a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar in-athchúrsáilteacht na pacáistíochta sa chleachtas bunaithe ar na próisis úrscothacha ar leithligh um bailiú, | (21) Toisc nach n-áirithíonn dearadh le haghaidh measúnú athchúrsála ann féin go ndéantar athchúrsáil ar phacáistíocht sa chleachtas, is gá modheolaíocht agus critéir aonfhoirmeacha a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar in-athchúrsáilteacht na pacáistíochta sa chleachtas bunaithe ar na próisis úrscothacha ar leithligh um bailiú, |

sórtáil agus athchúrsáil agus ar an mbonneagar iarbhír atá ar fáil san Aontas. Ba cheart an tuairisciú gaolmhar ó na Ballstáit agus, i gcás inarb ábhartha, ó oibreoirí eacnamaíocha, a bheith ag tacú le bunú na dtairseach in-athchúrsáilteachta "ar scála" agus, ar an mbonn sin, na gráid feidhmíochta in-athchúrsáilteachta maidir leis na hábhair agus na catagóirí sonracha pacáistíochta a thabhairt cothrom le dáta.

sórtáil agus athchúrsáil agus ar an mbonneagar iarbhír atá ar fáil san Aontas. ***Ba cheart an mhodheolaíocht agus na critéir sin a bhunú ar fhianaise eolaíoch agus go ndéanfaí an tairbhe iarbhír don chomhshaol, caighdeáin chosanta do thomhaltóirí, agus sainaithint táirgí, slándáil bia agus sláinteachas agus sábháilteacht bia a chur san áireamh.*** Ba cheart an tuairisciú gaolmhar ó na Ballstáit agus, i gcás inarb ábhartha, ó oibreoirí eacnamaíocha, a bheith ag tacú le bunú na dtairseach in-athchúrsáilteachta "ar scála" ***ar bhealach comhréireach agus le hidirthréimhse réasúnach*** agus, ar an mbonn sin, na gráid feidhmíochta in-athchúrsáilteachta maidir leis na hábhair agus na catagóirí sonracha pacáistíochta a thabhairt cothrom le dáta.

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(22) Chun rialacha comhchuibhithe a bhunú maidir le dearadh pacáistíochta chun a hin-athchúrsáilteacht a áirithiú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun critéir mhionsonraithe a leagan amach maidir le dearadh pacáistíochta lena hathchúrsáil de réir ábhair phacáistíochta agus de réir catagóirí, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar in-athchúrsáilteacht na pacáistíochta ar scála lena n-áirítear catagóirí pacáistíochta nach liostaítear sa Rialachán seo. Chun am leordhóthanach a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha agus do na Ballstáit na sonraí riachtanacha a bhailiú agus a thuairisciú chun an mhodheolaíocht athchúrsála "ar scála" a bhunú, ba cheart do na monaróirí a áirithiú go ndéanfar an phacáistíocht a athchúrsáil ar an mórchóir amhail ó 2035. Ba cheart a áirithiú leis sin

*Leasú*

(22) Chun rialacha comhchuibhithe a bhunú maidir le dearadh pacáistíochta chun a hin-athchúrsáilteacht a áirithiú ***gan cur isteach ar a feidhmiúlacht***, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun critéir mhionsonraithe a leagan amach maidir le dearadh pacáistíochta lena hathchúrsáil de réir ábhair phacáistíochta agus de réir catagóirí, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar in-athchúrsáilteacht na pacáistíochta ar an mórchóir lena n-áirítear catagóirí pacáistíochta nach liostaítear sa Rialachán sin. Chun am leordhóthanach a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha agus do na Ballstáit na sonraí riachtanacha a bhailiú agus a thuairisciú chun an mhodheolaíocht athchúrsála "ar scála" a bhunú, ba cheart do na monaróirí a áirithiú go ndéanfar an phacáistíocht a athchúrsáil ar an mórchóir

| | |
|---|---|
| go gcomhlíonfaidh an phacáistíocht na critéir maidir le dearadh le haghaidh athchúrsála, agus go ndéanfar í a athchúrsáil sa chleachtas freisin ar bhonn na bpróiseas úrscothach ar leithligh um bailiú, sórtáil agus athchúrsáil. | amhail ó 2035. Ba cheart a áirithiú leis sin go gcomhlíonfaidh an phacáistíocht na critéir maidir le dearadh le haghaidh athchúrsála, agus go ndéanfar í a athchúrsáil sa chleachtas freisin ar bhonn na bpróiseas úrscothach ar leithligh um bailiú, sórtáil agus athchúrsáil ***amhail a leagtar síos sa phlean gníomhaíochta nua um an ngeilleagar ciorclach (COM/2020/98)***. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Chun nuálaíocht i bpacáistíocht a spreagadh, is iomchuí a cheadú go dtabharfar teorainn ama breise ***5 bliana*** do phacáistíocht, a léiríonn gnéithe nuálacha as a dtagann feabhas suntasach ar chroí-fheidhm na pacáistíochta agus a bhfuil sochair chomhshaoil inléirithe aici, chun na ceanglais in-athchúrsáilteachta a chomhlíonadh. Ba cheart na gnéithe nuálacha a mhíniú sa doiciméadacht theicniúil a ghabhann leis an bpacáistíocht. | (23) Chun nuálaíocht i bpacáistíocht a spreagadh, is iomchuí a cheadú go dtabharfar teorainn ama breise ***8 mbliana*** do phacáistíocht, a léiríonn gnéithe nuálacha as a dtagann feabhas suntasach ar chroí-fheidhm na pacáistíochta agus a bhfuil sochair chomhshaoil inléirithe aici, chun na ceanglais in-athchúrsáilteachta a chomhlíonadh. Ba cheart na gnéithe nuálacha a mhíniú sa doiciméadacht theicniúil a ghabhann leis an bpacáistíocht. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Chun sláinte agus sábháilteacht an duine agus ainmhithe a chosaint, de bharr chineál na dtáirgí pacáistithe agus na gceanglas gaolmhar, is iomchuí nach mbeadh feidhm ag na ceanglais in-athchúrsáilteachta maidir le neasphacáistiú mar a shainmhínítear in Airteagal 1 de Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] agus in | (24) Chun sláinte agus sábháilteacht an duine agus ainmhithe a chosaint, de bharr chineál na dtáirgí pacáistithe agus na gceanglas gaolmhar, is iomchuí nach mbeadh feidhm ag na ceanglais in-athchúrsáilteachta maidir le neasphacáistiú mar a shainmhínítear in Airteagal 1 de Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] agus in |

Airteagal 4(25) de Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51], atá i dteagmháil dhíreach leis an táirge íocshláinte, ***chomh maith*** le pacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair na bhfeistí leighis a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52] agus maidir le feistí leighis diagnóisic *in vitro* a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53]. ***Ba cheart feidhm a bheith ag na díolúintí sin go dtí an 1 Eanáir 2035***.

[50] Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

[51] Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirge íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

[52] Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).

[53] Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).

Airteagal 4(25) de Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[51], atá i dteagmháil dhíreach leis an táirge íocshláinte, ***maidir*** le pacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair na bhfeistí leighis a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[52] agus maidir le feistí leighis diagnóisic *in vitro* a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[53] ***chomh maith le pacáistíocht le haghaidh bia atá beartaithe chun críocha speisialta míochaine agus le haghaidh grúpaí leochaileacha, amhail naíonáin agus leanaí óga mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013***[53a].

[50] Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67).

[51] Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirge íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43).

[52] Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoracha 90/385/CEE agus 93/42/CEE ón gComhairle (IO L 117, 5.5.2017, lch. 1).

[53] Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro* agus lena n-aisghairtear Treoir 98/79/CE agus Cinneadh 2010/227/AE ón gCoimisiún (IO L 117, 5.5.2017, lch. 176).

***[53a] Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le bia a cheaptar lena úsáid mar bhia do naíonáin agus do leanaí óga, maidir le bia chun críocha speisialta míochaine, agus maidir le hathsholáthar an aiste bhia iomláin ar mhaithe le rialú meáchain agus lena n-aisghairtear Treoir 92/52/CEE ón gComhairle, Treoracha 96/8/CE, 1999/21/CE, 2006/125/CE agus 2006/141/CE ón gCoimisiún, Treoir 2009/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 41/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 953/2009 ón gCoimisiún agus ón gComhairle (IO L 181, 29.6.2013, lch. 35).***

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Tá roinnt Ballstát i mbun gníomhaíochta chun in-athchúrsáilteacht na pacáistíochta a spreagadh trí tháillí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a mhodhnú; féadfaidh tionscnaimh den sórt sin a ghlactar ar an leibhéal náisiúnta éiginnteacht rialála a chruthú do na hoibreoirí eacnamaíocha, go háirithe i gcás ina soláthraíonn siad pacáistíocht i roinnt Ballstát. An tráth céanna, is ionstraim eacnamaíoch éifeachtach é táillí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a mhodhnú chun dearadh pacáistíochta níos inbhuanaithe a dhreasú as a dtagann pacáistíocht in-athchúrsáilte níos fearr agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú ag an am céanna. Ní mór dá bhrí sin, comhchuibhiú a dhéanamh ar na critéir maidir le táillí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a mhodhnú bunaithe ar an ngrád feidhmíochta in-athchúrsáilteachta a fhaightear trí mheasúnú in- | (25) Tá roinnt Ballstát i mbun gníomhaíochta chun in-athchúrsáilteacht na pacáistíochta a spreagadh trí tháillí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a mhodhnú; féadfaidh tionscnaimh den sórt sin a ghlactar ar an leibhéal náisiúnta éiginnteacht rialála a chruthú do na hoibreoirí eacnamaíocha, go háirithe i gcás ina soláthraíonn siad pacáistíocht i roinnt Ballstát. An tráth céanna, is ionstraim eacnamaíoch éifeachtach é táillí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a mhodhnú chun dearadh pacáistíochta níos inbhuanaithe a dhreasú as a dtagann pacáistíocht in-athchúrsáilte níos fearr agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú ag an am céanna. ***Chun creat comhsheasmhach agus intuartha a áirithiú d'oibreoirí eacnamaíochta,*** ní mór, dá bhrí sin, comhchuibhiú a dhéanamh ar na critéir maidir le táillí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí a |

| | |
|---|---|
| athchúrsáilteachta, agus gan méideanna iarbhír na dtáillí sin a shocrú. Ós rud é gur cheart baint a bheith ag na critéir leis na critéir maidir le hin-athchúrsáilteacht na pacáistíochta, is iomchuí cumhacht a thabhairt don Choimisiún critéir chomhchuibhithe den sórt sin a ghlacadh an tráth céanna lena mbunófar an dearadh mionsonraithe le haghaidh na gcritéar athchúrsála de réir catagóirí pacáistíochta. | mhodhnú bunaithe ar an ngrád feidhmíochta in-athchúrsáilteachta a fhaightear trí mheasúnú in-athchúrsáilteachta, agus gan méideanna iarbhír na dtáillí sin a shocrú. Ós rud é gur cheart baint a bheith ag na critéir leis na critéir maidir le hin-athchúrsáilteacht na pacáistíochta, is iomchuí cumhacht a thabhairt don Choimisiún critéir chomhchuibhithe den sórt sin a ghlacadh an tráth céanna lena mbunófar an dearadh mionsonraithe le haghaidh na gcritéar athchúrsála de réir catagóirí pacáistíochta. |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe a áirithiú i gcomhréir le ceanglais i reachtaíocht an Aontais agus chun aon riosca do shlándáil an tsoláthair agus do shábháilteacht leigheasanna agus feistí leighis a sheachaint, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisiamh ón oibleagáid d'íosmhéid ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach le haghaidh neasphacáistiú mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 23, de Threoir 2001/83/CE agus in Airteagal 4, pointe 25, de Rialachán (AE) 2019/6, ***chomh maith*** le pacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair d'fheistí leighis a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/745 agus pacáistíocht teagmhála íogair d'fheistí leighis diagnóisic *in vitro* a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/746. Ba cheart feidhm a bheith ag an eisiamh sin freisin maidir le pacáistíocht sheachtrach táirgí íocshláinte don duine agus táirgí íocshláinte tréidliachta mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 24, de Threoir 2001/83/CE agus in Airteagal 4, pointe 26, de Rialachán (AE) 2019/6 i | (28) Chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe a áirithiú i gcomhréir le ceanglais i reachtaíocht an Aontais agus chun aon riosca do shlándáil an tsoláthair agus do shábháilteacht leigheasanna agus feistí leighis a sheachaint, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisiamh ón oibleagáid d'íosmhéid ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach le haghaidh neasphacáistiú mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 23, de Threoir 2001/83/CE agus in Airteagal 4, pointe 25, de Rialachán (AE) 2019/6, le ***haghaidh*** pacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair d'fheistí leighis a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/745 agus ***le haghaidh*** pacáistíocht teagmhála íogair d'fheistí leighis diagnóisic *in vitro* a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2017/746***, chomh maith le pacáistíocht do bhia atá ceaptha chun críocha speisialta míochaine agus grúpaí leochaileacha, amhail naíonáin agus leanaí óga mar a shainmhínítear faoi Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 agus le haghaidh pacáistíocht do tháirgí neamh-*** |

gcásanna ina gcaithfidh sé ceanglais shonracha a chomhlíonadh chun cáilíocht an táirge íocshláinte a chaomhnú.

***mhíochaine arna monarú i gcomhréir le caighdeán ISO 15378***. Ba cheart feidhm a bheith ag an eisiamh sin freisin maidir le pacáistíocht sheachtrach táirgí íocshláinte don duine agus táirgí íocshláinte tréidliachta mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe 24, de Threoir 2001/83/CE agus in Airteagal 4, pointe 26, de Rialachán (AE) 2019/6 i gcásanna ina gcaithfidh sé ceanglais shonracha a chomhlíonadh chun cáilíocht an táirge íocshláinte a chaomhnú.

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Chun bacainní ar an margadh inmheánach a chosc agus cur chun feidhme éifeachtúil na n-oibleagáidí a áirithiú, ba cheart d’oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú go mbeidh íoschéatadán áirithe d’ábhar athchúrsáilte a aisghabhadh ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais ***sa chuid phlaisteach de gach aonad pacáistíochta***. | (29) Chun bacainní ar an margadh inmheánach a chosc agus cur chun feidhme éifeachtúil na n-oibleagáidí a áirithiú, ba cheart d’oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú ***i gcás pacáistíocht arb é plaisteach an príomhábhar inti*** go mbeidh íoschéatadán áirithe ***inti*** d’ábhar athchúrsáilte a aisghabhadh ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais ***arna ríomh mar mheán den phacáistíocht phlaisteach go léir a chuireann táirgeoir ar mhargadh an Aontais in aghaidh na bliana***. ***Níor cheart feidhm a bheith aige maidir le pacáistíocht phlaisteach a bheadh i dteagmháil le bia nó beatha i gcás ina mbeidh an t-ábhar athchúrsáilte ina riosca do bhia, do shábháilteacht an duine nó do shábháilteacht ainmhithe nó i gcás ina mbaineann riosca leis go gcuirfí saintréithe orgánaileipteacha táirgí i mbaol.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme na rialacha maidir le ríomh agus fíorú***, in aghaidh an aonaid de dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais sa phacáistíocht,*** an sciar atá ann d'ábhar athchúrsáilte atá aisghafa ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais agus lena mbunaítear an fhormáid le haghaidh doiciméadacht theicniúil, ba cheart é a thabhairt de chumhacht don Choimisiún forálacha cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55]. | (31) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme na rialacha maidir le ríomh agus fíorú an sciar atá ann d'ábhar athchúrsáilte atá aisghafa ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais agus lena mbunaítear an fhormáid le haghaidh doiciméadacht theicniúil, ba cheart é a thabhairt de chumhacht don Choimisiún forálacha cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[55]. ***Ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún modh comhchuibhithe cothroime maise a mheasúnú freisin mar chuid de na gníomhartha cur chun feidhme sin.*** |
| [55] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). | [55] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13). |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 34 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34 a) Tá ról bunúsach ag an mbithmhais talmhaíochta i monarú na pacáistíochta inmhúirínithe. D'fhéadfadh pacáistíocht a deimhníodh a bheith inmhúirínithe, agus a dearadh agus a lipéadaíodh le haghaidh athchúrsáil orgánach, a bheith ina cabhair chun dramhaíl orgánach a bhailiú ar leithligh agus chun laghdú ar an éilliú*** |

***bithdhramhaíola ó ghnáthábhair amhail plaisteach agus ar deireadh chun laghdú ar na micreaphlaistigh ó ghnáthpholaiméirí iontaise sa mhúirín. Tá an athchúrsáil orgánach ina bun-chomhchuid den bhainistiú dramhaíola, dá bhrí sin ba cheart go spreagfadh na Ballstáit laghdú an éillithe i sruthanna dramhaíola orgánaí agus teicneolaíocht na hathchúrsála orgánaí a chur chun cinn i gcomhréir le cuspóirí am Rialacháin seo.***

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Is minic a bhíonn an sruth dramhaíola ó bhithdhramhaíl éillithe le gnáthphlaistigh agus is minic a bhíonn na sruthanna athchúrsála ábhair éillithe le plaistigh inmhúirínithe. Bíonn cur amú acmhainní agus amhábhair thánaisteacha ar cháilíocht níos ísle mar thoradh ar an tras-éilliú sin agus ba cheart é a chosc ag an bhfoinse. Toisc go bhfuil an bealach diúscartha ceart do phacáistíocht phlaisteach inmhúirínithe ag éirí níos mearbhlaí do thomhaltóirí, tá údar maith, agus gá, le rialacha soiléire agus comhchoiteanna a leagan síos maidir le húsáid pacáistíochta plaistí inmhúirínithe, ***agus gan í a shainordú ach amháin nuair a thugann a húsáid leas soiléir don chomhshaol nó do shláinte an duine***. Is fíor é sin go háirithe i gcás ina gcuidíonn úsáid pacáistíochta inmhúirínithe le bithdhramhaíl a bhailiú nó a ***dhiúscairt***. | (35) Is minic a bhíonn an sruth dramhaíola ó bhithdhramhaíl éillithe le gnáthphlaistigh agus is minic a bhíonn na sruthanna athchúrsála ábhair éillithe le plaistigh inmhúirínithe. Bíonn ***tionchair chomhshaoil agus eacnamaíocha agus*** cur amú acmhainní agus amhábhair thánaisteacha ar cháilíocht níos ísle mar thoradh ar an éilliú sin agus ba cheart é a chosc ag an bhfoinse. Toisc go bhfuil an bealach diúscartha ceart do phacáistíocht phlaisteach inmhúirínithe ag éirí níos mearbhlaí do thomhaltóirí, tá údar maith, agus gá, le rialacha soiléire agus comhchoiteanna a leagan síos maidir le húsáid pacáistíochta plaistigh inmhúirínithe. Tá sé sin fíor go háirithe i gcás ina gcuidíonn úsáid pacáistíochta inmhúirínithe chun bithdhramhaíl a bhailiú nó a ***athchúrsáil***. ***I gcaighdeáin chomhchuibhithe Eorpacha, lena n-áirítear caighdeán EN 13432, a bhaineann le pacáistíocht inghnóthaithe trí mhúiríniú, bithdhíghrádú agus díleá anaeróbach, leagtar síos na ceanglais agus nósanna imeachta lena gcinnteofar inmhúirínitheacht agus inchóiritheacht anaeróbach na pacáistíochta agus ábhair*** |

| | |
|---|---|
| | ***an phacáistithe faoi dhálaí arna rialú go tionsclaíoch agus is iad an creat maidir leis an gcineal pacáistíochta a mheasfar a bheith inmhúirínithe agus in-bhithdhígrádaithe go tionsclaíoch ar fud na mBallstát. Mar sin féin ní fhoráiltear d'aon chaighdeán maidir leis an múiríniú baile ós rud é go bhféadfadh éagsúlacht shonrach a bheith ag baint leis na dálaí ansin.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Maidir le feidhmeanna ***teoranta*** pacáistíochta i gcás pacáistíocht a dhéantar as polaiméirí plaisteacha in-bhithmhillte, is léir go bhfuil sochar comhshaoil ag baint le húsáid pacáistíochta inmhúirínithe a théann isteach i ngléasraí múirínithe, lena n-áirítear áiseanna ina ndéantar díleá anaeróbach faoi dhálaí rialaithe. Thairis sin, i gcás ina bhfuil scéimeanna iomchuí bailithe dramhaíola agus bonneagair cóireála dramhaíola ar fáil i mBallstát, ba cheart solúbthacht ***theoranta*** a bheith ann maidir le cinneadh a dhéanamh ar cheart úsáid plaisteach inmhúirínithe do mhálaí siopadóireachta plaisteacha éadroma ina chríoch a shainordú. Chun nach gcuirfear mearbhall ar thomhaltóirí maidir leis an diúscairt cheart, agus an sochar comhshaoil a bhaineann le ciorclaíocht an charbóin á chur san áireamh, ba cheart úsáid a bhaint as gach pacáistíocht phlaisteach eile chun críche athchúrsála ábhair agus ba cheart a áirithiú le dearadh pacáistíocht den sórt sin nach ndéanfaidh sé difear d'in-athchúrsáilteacht sruthanna dramhaíola eile. | (36) Maidir le feidhmeanna ***sonracha*** pacáistíochta i gcás pacáistíocht a dhéantar as polaiméirí plaisteacha in-bhithmhillte, ***go háirithe na feidhmeanna sin atá nasctha le bia agus le cur amú bia a chosc,*** is léir go bhfuil sochar comhshaoil ag baint le húsáid pacáistíochta inmhúirínithe a théann isteach i ngléasraí múirínithe, lena n-áirítear áiseanna ina ndéantar díleá anaeróbach faoi dhálaí rialaithe. Thairis sin, i gcás ina bhfuil scéimeanna iomchuí bailithe dramhaíola agus bonneagair cóireála dramhaíola ar fáil i mBallstát, ba cheart solúbthacht a bheith ann maidir le cinneadh a dhéanamh ar cheart úsáid plaisteach inmhúirínithe do mhálaí siopadóireachta plaisteacha éadroma ina chríoch a shainordú. Chun nach gcuirfear mearbhall ar thomhaltóirí maidir leis an diúscairt cheart, agus an sochar comhshaoil a bhaineann le ciorclaíocht an charbóin á chur san áireamh, ba cheart úsáid a bhaint as gach pacáistíocht phlaisteach eile chun críche athchúrsála ábhair agus ba cheart a áirithiú le dearadh pacáistíocht den sórt sin nach ndéanfaidh sé difear d'in-athchúrsáilteacht sruthanna dramhaíola eile. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Chun éascaíocht a dhéanamh ar an measúnú comhréireachta le ceanglais maidir le pacáistíocht inmhúirínithe, is gá foráil do thoimhde comhréireachta le haghaidh pacáistíocht inmhúirínithe a bheidh i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56] chun sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe na gceanglas sin a chur in iúl agus chun a chur san áireamh, i gcomhréir leis na forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha is déanaí, na paraiméadair, lena n-áirítear amanna ***múirínithe*** agus leibhéil inghlactha an éillithe***, ar léiriú iad ar dhálaí iarbhír i saoráidí cóireála bithdhramhaíola, lena n-áirítear próisis díleá anaeróbach***. | (38) Chun éascaíocht a dhéanamh ar an measúnú comhréireachta le ceanglais maidir le pacáistíocht inmhúirínithe, is gá foráil do thoimhde comhréireachta le haghaidh pacáistíocht inmhúirínithe a bheidh i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[56] chun sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe na gceanglas sin a chur in iúl agus chun a chur san áireamh, i gcomhréir leis na forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha is déanaí, na paraiméadair, lena n-áirítear ***cáilíocht an aschuir,*** amanna ***próiseála cuí*** agus leibhéil inghlactha an éillithe. |
| [56] Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoacha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12). | [56] Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoacha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12). |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) Ba cheart an phacáistíocht a dhearadh sa chaoi go n-íoslaghdófar a toirt agus a meáchan agus chun go mbeidh ar a cumas na feidhmeanna pacáistíochta a chur i gcrích freisin. Ba cheart do mhonaróir na pacáistíochta an phacáistíocht a mheasúnú in aghaidh na gcritéar feidhmíochta, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV den Rialachán seo iad. I bhfianaise chuspóir an Rialacháin seo chun laghdú ar an bpacáistíocht agus ar ghiniúint dramhphacáistíochta agus feabhas a chur ar chiorclaíocht na pacáistíochta ar fud an mhargaidh inmheánaigh, is iomchuí na critéir atá ann faoi láthair a shonrú tuilleadh agus iad a dhéanamh níos déine. Ba cheart, dá bhrí sin, liosta na gcritéar feidhmíochta pacáistíochta, mar a liostaítear sa chaighdeán comhchuibhithe EN 13428:2000[57] atá ann faoi láthair, a mhodhnú. Cé go bhfuil margaíocht agus glacadh tomhaltóirí fós ábhartha maidir le dearadh pacáistíochta, níor cheart iad ***a bheith ina gcuid de chritéir*** feidhmíochta a thugann údar, ina n-aonar, do mheáchan agus do thoirt bhreise phacáistíochta. Mar sin féin, níor cheart go gcuirfeadh sé sin isteach ar shonraíochtaí táirgí le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíochta agus le haghaidh ***táirgí*** bia agus talmhaíochta ***atá*** cláraithe ***agus*** atá cosanta ***faoi scéim*** an Aontais um chosaint tásc geografach, mar chuid de chuspóir an Aontais ***an*** oidhreacht chultúrtha agus fios gnó traidisiúnta a chosaint. Ar an taobh eile, féadfaidh in-athchúrsáilteacht, úsáid ábhar athchúrsáilte, agus athúsáid ábhar údar a thabhairt do mheáchan nó toirt bhreise phacáistíochta, agus ba cheart iad a chur leis na critéir feidhmíochta. Níor cheart pacáistíocht le ballaí dúbailte, íochtair bhréige agus tréithe eile a bhfuil sé d'aidhm acu toirt bhraite an | (40) Ba cheart an phacáistíocht a dhearadh sa chaoi go n-íoslaghdófar a toirt agus a meáchan agus chun go mbeidh ar a cumas na feidhmeanna pacáistíochta a chur i gcrích freisin, ***lena n-áirítear na feidhmeanna sin dá dtagraítear in Airteagal 3(1) den Rialachán seo, agus gan dochar a dhéanamh d'ardchaighdeán cáilíochta, lena n-áirítear sláinteachas agus sábháilteacht bia, cosaint cearta cláraithe maoine intleachtúla agus tomhaltóir a bheith in ann táirgí a aithint***. Ba cheart do mhonaróir na pacáistíochta an phacáistíocht a mheasúnú in aghaidh na gcritéar feidhmíochta, mar a liostaítear in Iarscríbhinn IV den Rialachán seo iad. I bhfianaise chuspóir an Rialacháin seo chun laghdú ar an bpacáistíocht agus ar ghiniúint dramhphacáistíochta agus feabhas a chur ar chiorclaíocht na pacáistíochta ar fud an mhargaidh inmheánaigh, ***gan a bheith ina chúis le bia a chur amú sa phróiseas,*** is iomchuí na critéir atá ann faoi láthair a shonrú tuilleadh agus iad a dhéanamh níos déine. Ba cheart, dá bhrí sin, liosta na gcritéar feidhmíochta pacáistíochta, mar a liostaítear sa chaighdeán comhchuibhithe EN 13428:2000[57] atá ann faoi láthair, a mhodhnú. Cé go bhfuil margaíocht agus glacadh tomhaltóirí fós ábhartha maidir le cur i láthair agus dearadh pacáistíochta agus chun gur féidir í a idirdhealú, níor cheart ***gurb*** iad ***na príomhchritéir*** feidhmíochta ***iad*** a thugann údar, ina n-aonar, do mheáchan agus do thoirt bhreise phacáistíochta. Mar sin féin, ***mar a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán seo,*** níor cheart go gcuirfeadh sé sin isteach ar shonraíochtaí***, ar dhearadh ná ar chruthanna*** táirgí ***nó pacáistíochta*** le haghaidh táirgí ceardaíochta agus tionsclaíochta agus le haghaidh bia***, fíona,*** |

táirge a mhéadú a chur ar an margadh, toisc nach gcomhlíonann sí an ceanglas maidir le híoslaghdú pacáistíochta. Ba cheart feidhm a bheith ag an riail chéanna maidir le pacáistíocht iomarcach nach bhfuil gá léi chun feidhmiúlacht na pacáistíochta a áirithiú.

***deochanna biotáilleacha, deochanna alcólacha eile*** agus ***táirgí*** talmhaíochta ***ar tásca geografacha*** cláraithe ***de chuid AE iad, nó*** atá cosanta ***ar bhealach eile le dlí maoine intleachtúla an Aontais nó le comhaontuithe an Aontais idir an tAontas agus tríú tíortha a thugann aitheantas do scéimeanna*** an Aontais um chosaint tásc geografach, mar chuid de chuspóir an Aontais ***maoin intleachtúil,*** oidhreacht chultúrtha agus fios gnó traidisiúnta***, ceardaíochta nó tuaithe*** a chosaint. Ar an taobh eile, féadfaidh in-athchúrsáilteacht, úsáid ábhar athchúrsáilte, agus athúsáid ábhar údar a thabhairt do mheáchan nó toirt bhreise phacáistíochta, agus ba cheart iad a chur leis na critéir feidhmíochta. Níor cheart pacáistíocht le ballaí dúbailte, íochtair bhréige agus tréithe eile a bhfuil sé d'aidhm acu toirt bhraite an táirge a mhéadú a chur ar an margadh, toisc nach gcomhlíonann sí an ceanglas maidir le híoslaghdú pacáistíochta. Ba cheart feidhm a bheith ag an riail chéanna maidir le pacáistíocht iomarcach nach bhfuil gá léi chun feidhmiúlacht na pacáistíochta a áirithiú. ***Níor cheart go gcuirfeadh íoslaghdú na pacáistíochta teorainn le formáid an phacáistithe i gcás ábhair bhia, ós rud é gur den riachtanas an pacáistiú chun iad a chosaint ar shuaiti fisiciúla, éilliú agus miocróib.***

[57] Pacáistíocht - Ceanglais a bhaineann go sonrach le monaraíocht agus comhdhéanamh - Cosc trí laghdú ag an bhfoinse.

[57] Pacáistíocht - Ceanglais a bhaineann go sonrach le monaraíocht agus comhdhéanamh - Cosc trí laghdú ag an bhfoinse.

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 42**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (42) Chun éascaíocht a dhéanamh ar an measúnú comhréireachta le ceanglais | (42) Chun éascaíocht a dhéanamh ar an measúnú comhréireachta le ceanglais |

| | |
|---|---|
| maidir le híoslaghdú pacáistíochta, is gá toimhde comhréireachta a sholáthar le haghaidh pacáistíocht a bheidh i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 chun críche sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe a chur in iúl maidir leis na ceanglais sin agus critéir dearaidh intomhaiste a shonrú, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí, uasteorainneacha meáchain nó uasteorainneacha spáis fholaimh i gcás formáidí sonracha pacáistíochta chomh maith le dearaí pacáistíochta réamhshocraithe agus caighdeánaithe a chomhlíonann an ceanglas maidir le híoslaghdú pacáistíochta. | maidir le híoslaghdú pacáistíochta, is gá toimhde comhréireachta a sholáthar le haghaidh pacáistíocht a bheidh i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 chun críche sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe a chur in iúl maidir leis na ceanglais sin agus critéir dearaidh intomhaiste a shonrú, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí, uasteorainneacha meáchain nó uasteorainneacha spáis fholaimh i gcás formáidí sonracha pacáistíochta chomh maith le dearaí pacáistíochta réamhshocraithe agus caighdeánaithe a chomhlíonann an ceanglas maidir le híoslaghdú pacáistíochta. ***Níor cheart go gcuirfeadh dearadh pacáistíochta agus a híoslaghdú isteach ar na ceanglais ná ar an tsábháilteacht a shonraítear faoi rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le hábhair a bhíonn i dteagmháil le bia agus níor cheart go ndéanfaidís difear d'airíonna orgánaileipteacha bia.*** |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Chun ciorclaíocht agus úsáid inbhuanaithe na pacáistíochta a chur chun cinn, ba cheart pacáistíocht in-athúsáidte agus córais le haghaidh athúsáide a dhreasú. Chun na críche sin, is gá coincheap na pacáistíochta in-athúsáidte a shoiléiriú agus a áirithiú go nascfar é ní hamháin le dearadh na pacáistíochta, faoinar cheart go gcumasófaí uaslíon turas nó uainíochtaí agus na ceanglais sábháilteachta, cháilíochta agus sláinteachais a bheith ann i gcónaí le linn í a fholmhú, a dhíluchtú, a athlíonadh nó a athlódáil, ach freisin le córais le haghaidh athúsáide a chur ar bun i leith na n-íoscheanglas mar a leagtar amach sa | (43) Chun ciorclaíocht agus úsáid inbhuanaithe pacáistíochta a chur chun cinn, ba cheart pacáistíocht in-athúsáidte agus córais le haghaidh athúsáide a dhreasú ***gan dochar d'Airteagal 4(2) de Threoir 2008/98/CE agus i gcás nach gcruthaíonn an athúsáid rioscaí do cháilíocht an bhia***. Chun na críche sin, is gá coincheap na pacáistíochta in-athúsáidte a shoiléiriú agus a áirithiú go nascfar é ní hamháin le dearadh na pacáistíochta, faoinar cheart go gcumasófaí uaslíon turas nó uainíochtaí agus na ceanglais sábháilteachta, cháilíochta agus sláinteachais a bheith ann i gcónaí le linn í a fholmhú, a dhíluchtú, a athlíonadh nó a athlódáil, ach freisin le |

| | |
|---|---|
| Rialachán seo iad. Chun éascaíocht a dhéanamh ar an measúnú comhréireachta leis na ceanglais maidir le pacáistíocht in-athúsáidte, is gá foráil do thoimhde comhréireachta le haghaidh pacáistíochta a bheidh i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 chun críche sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe a chur in iúl maidir leis na ceanglais sin agus critéir agus formáidí pacáistíochta in-athúsáidte a shainiú, lena n-áirítear íoslíon turas nó uainíochtaí, dearaí caighdeánaithe, chomh maith le ceanglais maidir le córais le haghaidh athúsáide, lena n-áirítear ceanglais sláinteachais. | córais le haghaidh athúsáide a chur ar bun i leith na n-íoscheanglas mar a leagtar amach sa Rialachán seo iad. Chun éascaíocht a dhéanamh ar an measúnú comhréireachta leis na ceanglais maidir le pacáistíocht in-athúsáidte, is gá foráil do thoimhde comhréireachta le haghaidh pacáistíochta a bheidh i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe arna nglacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 chun críche sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe a chur in iúl maidir leis na ceanglais sin agus critéir agus formáidí pacáistíochta in-athúsáidte a shainiú, lena n-áirítear íoslíon turas nó uainíochtaí, dearaí caighdeánaithe, chomh maith le ceanglais maidir le córais le haghaidh athúsáide, lena n-áirítear ceanglais sláinteachais. ***I bhfianaise an mhéid mhóir uisce a theastaíonn chun córas athúsáide a chur chun feidhme ar leibhéal tionsclaíoch, ba cheart do na Ballstáit a bheith réasúnta solúbtha agus an fhoráil sin á glacadh acu. Ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún measúnú riosca ar chur chun feidhme na pacáistíochta in-athúsáidte i dtaca le straitéis an Aontais um bainistiú uisce agus spriocanna na hEorpa um chur amú uisce a laghdú.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) Chun úsáideoirí deiridh a chur ar an eolas faoi in-athúsáidteacht, infhaighteacht córas le haghaidh athúsáide agus suíomh na bpointí bailithe a mhéid a bhaineann le pacáistíocht in-athúsáidte, ba cheart cód QR nó meán eile sonraí a sholáthraíonn faisnéis den sórt sin a bheith ar an bpacáistíocht sin. Ba cheart rianú agus ríomh turas agus uainíochtaí a éascú leis an gcód QR freisin. Ina theannta sin, ba cheart pacáistíocht díolacháin in-athúsáidte a | (47) Chun úsáideoirí deiridh a chur ar an eolas faoi in-athúsáidteacht, infhaighteacht córas le haghaidh athúsáide agus suíomh na bpointí bailithe a mhéid a bhaineann le pacáistíocht in-athúsáidte, ba cheart cód QR nó meán eile sonraí a sholáthraíonn faisnéis den sórt sin a bheith ar an bpacáistíocht sin. Ba cheart rianú agus ríomh turas agus uainíochtaí a éascú leis an gcód QR freisin. ***Ba cheart an fhaisnéis go léir a bhféadfadh na tomhaltóirí teacht*** |

| | |
|---|---|
| shainaithint go soiléir ag an díolphointe. | ***uirthi trí bhíthin an chóid QR a bheith ar fáil i dteangacha na mBallstát go léir a bhfuil an phacáistíocht ar fáil ar an margadh iontu, chun go bhfaighidh na tomhaltóirí an fhaisnéis cheart.*** Ina theannta sin, ba cheart pacáistíocht díolacháin in-athúsáidte a shainaithint go soiléir ag an díolphointe. ***I gcás pacáistíocht a úsáidtear le haghaidh earraí bia, ba cheart tionscnamh cóid QR, nó sonraí eile maidir le hin-athchúrsáilteacht, a bheith so-idirdhealaithe agus níor cheart go ndéanfadh sé difear don soláthar faisnéise cothúcháin ar phacáistíocht mar atá leagtha amach i Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí[57a].*** <br> ___________________ <br> ***[57a] Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1924/2006 agus 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011).*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 54**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (54) Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a choimirciú, is gá a áirithiú go mbeidh ***pacáistíocht*** a bheidh ag teacht | (54) Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a choimirciú ***agus chun go mbeidh cothrom na Féinne ann***, is gá a |

isteach i margadh an Aontais ó thríú tíortha i gcomhréir leis an Rialachán seo, ***bíodh sí*** á ***hallmhairiú*** mar phacáistíocht neamhspleách nó i dtáirge pacáistíochta. Is gá, go háirithe, a áirithiú go mbeidh nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta curtha i gcrích ag monaróirí maidir leis an bpacáistíocht sin. Ba cheart d'allmhaireoirí a áirithiú, dá bhrí sin, go mbeidh an phacáistíocht a chuirfidh siad ar an margadh i gcomhréir leis na ceanglais sin agus go mbeidh doiciméadacht arna tarraingt suas ag monaróirí ar fáil lena scrúdú ag na húdaráis inniúla náisiúnta.

áirithiú go mbeidh ***táirgí*** a bheidh ag teacht isteach i margadh an Aontais ó thríú tíortha i gcomhréir leis an Rialachán seo, ***bídís*** á ***n-allmhairiú*** mar phacáistíocht neamhspleách nó i dtáirge pacáistíochta. Is gá, go háirithe, a áirithiú go mbeidh nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta curtha i gcrích ag monaróirí maidir leis an bpacáistíocht sin. Ba cheart d'allmhaireoirí a áirithiú, dá bhrí sin, go mbeidh an phacáistíocht a chuirfidh siad ar an margadh i gcomhréir leis na ceanglais sin agus go mbeidh doiciméadacht arna tarraingt suas ag monaróirí ar fáil lena scrúdú ag na húdaráis inniúla náisiúnta.

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 60**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (60) Ní leor oibleagáidí maidir le dearadh pacáistíochta a leagan síos chun dul i ngleic go hiomlán le fadhb róghiniúint na dramhphacáistíochta. I gcás cineálacha áirithe pacáistíochta, ba cheart oibleagáidí chun an spás folamh a laghdú a leagan ar oibreoirí eacnamaíocha i dtaca leis an spás folamh a laghdú nuair a bheidh leas á bhaint as an bpacáistíocht sin. I gcás pacáistíocht ghrúpáilte, pacáistíocht iompair agus pacáistíocht ríomhthráchtála a úsáidtear chun táirgí a sholáthar do dháileoirí deiridh nó don úsáideoir deiridh, níor cheart an chiondáil spáis fholaimh a bheith níos mó ná 40 %. I gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola, ba cheart go bhféadfaí díolúine ón oibleagáid sin a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha a úsáideann pacáistíocht díolacháin mar phacáistíocht ríomhthráchtála. | (60) Ní leor oibleagáidí maidir le dearadh pacáistíochta a leagan síos chun dul i ngleic go hiomlán le fadhb róghiniúint na dramhphacáistíochta. I gcás cineálacha áirithe pacáistíochta, ba cheart oibleagáidí chun an spás folamh a laghdú a leagan ar oibreoirí eacnamaíocha i dtaca leis an spás folamh a laghdú nuair a bheidh leas á bhaint as an bpacáistíocht sin.***gan difear a dhéanamh do cháilíocht an táirge phacáistithe***. I gcás pacáistíocht ghrúpáilte, pacáistíocht iompair agus pacáistíocht ríomhthráchtála a úsáidtear chun táirgí a sholáthar do dháileoirí deiridh nó don úsáideoir deiridh, níor cheart an chiondáil spáis fholaimh a bheith níos mó ná 40 %, ***mura rud é, i gcás earraí bia, go bhfuil an baol ann go ndéanfaidh oibleagáid den sórt sin táirgí a nochtadh do shuaití fisiceacha, rud a chuirfeadh a gcáilíocht i mbaol agus a dhéanfadh bia a chur amú***. ***Níor cheart aer idir ábhar bia pacáilte nó laistigh de nó gáis chosantacha a áireamh mar spás folamh.*** I gcomhréir le hord na |

réiteach dramhaíola, ba cheart go bhféadfaí díolúine ón oibleagáid sin a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha a úsáideann pacáistíocht díolacháin mar phacáistíocht ríomhthráchtála.

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 61**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (61) Chun ardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú sa mhargadh inmheánach chomh maith le hardleibhéal sábháilteachta agus sláinteachais bia, agus chun na spriocanna um chosc dramhphacáistíochta a éascú, níor cheart ***pacáistíocht neamhriachtanach ná inseachanta*** a cheadú lena ***cur*** ar an margadh. Soláthraítear liosta na bhformáidí pacáistíochta sin in Iarscríbhinn V den Rialachán seo. Chun an liosta a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an liosta a leasú. | (61) Chun ardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú sa mhargadh inmheánach chomh maith le hardleibhéal sábháilteachta agus sláinteachais bia, ***chun cur amú bia a chosc, chun ceanglais AE maidir le hinrianaitheacht bhia a chomhlíonadh*** agus chun na spriocanna um chosc dramhphacáistíochta a éascú, níor cheart ***formáidí pacáistíochta nach rannchuidíonn leis na haidhmeanna sin*** a cheadú lena ***gcur*** ar an margadh. ***Níor cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin le pacáistiú earraí bia i gcás ina bhfeidhmíonn sé mar bhacainn ar an díghrádú micribhitheolaíoch, ar ocsaigin nó ar chailleadh cumhraí chun comhshuíomh agus airíonna orgánaileipteacha táirgí a chaomhnú, agus chun cosaint ar dhamáiste meicniúil a áirithiú, agus sa tslí sin cur le seilfré táirgí, go háirithe i gcás táirgí agraibhia.*** Tugtar liosta na bhformáidí pacáistíochta sin in Iarscríbhinn V den Rialachán seo. ***Nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi na formáidí pacáistíochta ar cheart a shrianadh le hIarscríbhinn V, ba cheart dó cuimhneamh arbh fhéidir go dtabharfadh réitigh phacáistíochta eile torthaí níos fearr ó thaobh an chomhshaoil de, agus tionchar shaolré iomlán na pacáistíochta ar an gcomhshaol i gcoitinne á cur san áireamh.*** Chun an liosta a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a |

ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an liosta a leasú***, ar choinníoll go mbeidh údar eolaíoch leis na leasuithe sin agus go gcuirfear infhaighteacht roghanna oiriúnacha san áireamh leo***.

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 61 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(61 a) Beidh feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013[1a] le táirgí ón earnáil torthaí agus glasraí a bheartaítear a dhíol leis an tomhaltóir agus iad úr agus nach féidir a mhargú gan iad a bheith de cháilíocht shlán, chóir, indíolta agus sa chás go sonraítear an tír tionscnaimh. Ba cheart na caighdeáin mhargaithe sin dá dtagraítear i mír 1 a bheith i bhfeidhm ag gach céim den mhargú lena n-áirítear pacáistiú.*** |
| | ___ |
| | ***[1a] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lgh. 671–854).*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 63**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (63) Ní mór pacáistíocht in-athúsáidte a bheith sábháilte dá húsáideoirí. Dá bhrí sin, ní mór d'oibreoirí eacnamaíocha a thairgeann a gcuid táirgí i bpacáistíocht in-athúsáidte a áirithiú, sula n-úsáidtear pacáistíocht in-athúsáidte arís, go mbeidh sí faoi réir próisis athriochtaithe, ar cheart ceanglais a leagan síos ina leith. | (63) Ní mór pacáistíocht in-athúsáidte a bheith sábháilte dá húsáideoirí ***agus ba cheart a ráthú léi nach gcuirfear saintréithe orgánaileipteacha ná ceanglais chomhréireachta na n-earraí bia i mbaol***. Dá bhrí sin, ní mór d'oibreoirí eacnamaíocha a thairgeann a gcuid táirgí i bpacáistíocht in-athúsáidte a áirithiú, sula n-úsáidtear pacáistíocht in-athúsáidte arís, go mbeidh sí faoi réir próisis athriochtaithe, ar cheart ceanglais a leagan síos ina leith. ***Ach faisnéis faoin bpróiseas athriochtaithe a chur ar fáil d'fhéadfaí cur le tuiscint tomhaltóirí agus táirge i bpacáistíocht in-athúsáidte á cheannach acu.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 67**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (67) Chun laghdú ar an gcion méadaitheach pacáistíochta aon úsáide agus ar na méideanna méadaitheacha dramhphacáistíochta a ghintear, is gá spriocanna cainníochtúla athúsáide agus athlíonacháin maidir le pacáistíocht a bhunú in earnálacha ar measúnaíodh gurb iontu is mó a bhféadfaí laghdú ar an dramhphacáistíocht, ***is é sin bia agus deochanna beir leat,*** earraí bána móra agus pacáistíocht iompair. Rinneadh an breithmheas sin bunaithe ar fhachtóirí amhail na córais le haghaidh athúsáide atá ann faoi láthair, a riachtanaí atá sé pacáistíocht a úsáid agus an fhéidearthacht na ceanglais fheidhmiúla a chomhlíonadh i dtéarmaí srianadh, slachta, sláinte, sláinteachais agus sábháilteachta. Cuireadh difríochtaí na dtáirgí agus a gcórais táirgthe agus dáileacháin san áireamh freisin. Meastar go dtacóidh leagan amach na | (67) Chun laghdú ar an gcion méadaitheach pacáistíochta aon úsáide agus ar na méideanna méadaitheacha dramhphacáistíochta a ghintear, is gá spriocanna cainníochtúla athúsáide agus athlíonacháin maidir le pacáistíocht a bhunú in earnálacha ar measúnaíodh gurb iontu is mó a bhféadfaí laghdú ar an dramhphacáistíocht, earraí bána móra agus pacáistíocht iompair. Rinneadh an breithmheas sin bunaithe ar fhachtóirí amhail na córais le haghaidh athúsáide atá ann faoi láthair, a riachtanaí atá sé pacáistíocht a úsáid agus an fhéidearthacht na ceanglais fheidhmiúla a chomhlíonadh i dtéarmaí srianadh, slachta, sláinte, sláinteachais agus sábháilteachta. Cuireadh difríochtaí na dtáirgí agus a gcórais táirgthe agus dáileacháin san áireamh freisin. Meastar go dtacóidh leagan amach na spriocanna leis an nuálaíocht agus go |

| | |
|---|---|
| spriocanna leis an nuálaíocht agus go méadófar ar chion na réiteach athúsáide agus athlíonacháin. ***Níor*** cheart úsáid pacáistíochta aon úsáide ***a cheadú le haghaidh bia agus deochanna a líontar agus a thomhlaítear laistigh den áitreabh*** in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna (HORECA). | méadófar ar chion na réiteach athúsáide agus athlíonacháin. ***Chun ardleibhéal cosanta comhshaoil a áirithiú sa mhargadh inmheánach chomh maith le hardleibhéal sábháilteachta agus sláinteachais bia, agus chun na spriocanna um chosc dramhphacáistíochta a éascú, níor cheart pacáistíocht neamhriachtanach ná inseachanta a cheadú lena cur ar an margadh. Ba*** cheart úsáid pacáistíochta aon úsáide in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna (HORECA) ***a ráthú le haghaidh na dtáirgí sin nach féidir sábháilteacht bia a ráthú ina leith trí athúsáid agus athlíonadh, nó i gcás ina dtugann pacáistíocht aon úsáide in-athchúrsáilte toradh comhshaoil níos fearr a bhfuil údar leis mar thoradh ar smaointeoireacht saolré agus nach mbeadh na tionchair ar shláinte agus ar shábháilteacht á gcur i mbaol leis, i gcomhréir le hAirteagal 4, mír 2 de Threoir 2008/98/CE***. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 68**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (68) Chun a n-éifeachtacht a mhéadú agus chun cóir chomhionann oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú, ba cheart na spriocanna athúsáide agus athlíonacháin a chur ar na hoibreoirí eacnamaíocha***. I gcás spriocanna maidir le deochanna, ba cheart iad a chur ar na monaróirí freisin, toisc go bhfuil na gníomhaithe sin in ann na formáidí pacáistíochta a úsáidtear do na táirgí a thairgeann siad a rialú***. Ba cheart na spriocanna a ríomh mar chéatadán de na díolacháin i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide nó trí athlíonadh nó, i gcás pacáistíocht iompair, mar chéatadán úsáidí. Ba cheart na spriocanna a bheith neodrach | (68) Chun a n-éifeachtacht a mhéadú agus chun cóir chomhionann oibreoirí eacnamaíocha a áirithiú, ba cheart na spriocanna athúsáide agus athlíonacháin a chur ar na hoibreoirí eacnamaíocha. Ba cheart na spriocanna a ríomh mar chéatadán de na díolacháin i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide nó trí athlíonadh nó, i gcás pacáistíocht iompair, mar chéatadán úsáidí. Ba cheart na spriocanna a bheith neodrach ó thaobh ábhair de. ***Ba cheart measúnú mionsonraithe a dhéanamh chun a áirithiú go bhféadfar spriocanna athúsáide a chur chun feidhme go sábháilte, ar bhealach a bheadh*** |

ó thaobh ábhair de. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na spriocanna athúsáide agus athlíonacháin, ba cheart a tharmligean chuig an gCoimisiún an chumhacht chun gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh maidir leis an modheolaíocht chun iad a ríomh.

***marthanach ar bhonn eacnamaíoch agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, agus a thabharfadh tairbhí nithiúla i gcomparáid le roghanna in-athchúrsáilte***. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme na spriocanna athúsáide agus athlíonacháin, ba cheart a tharmligean chuig an gCoimisiún an chumhacht chun gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 291 den Chonradh maidir leis an modheolaíocht chun iad a ríomh.

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 69**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (69) Tá úsáidí áirithe d'fhormáidí pacáistíochta iompair aon úsáide nach bhfuil gá leo, toisc go bhfuil raon leathan roghanna malartacha in-athúsáidte ann a fheidhmíonn go maith. Chun a áirithiú go n-úsáidfear roghanna malartacha den sórt sin go héifeachtach, is iomchuí a cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha, agus táirgí á n-iompar acu idir láithreáin éagsúla an oibreora eacnamaíoch chéanna nó idir an t-oibreoir eacnamaíoch agus na fiontair nasctha nó chomhpháirtíochta, gan ach pacáistíocht iompair in-athúsáidte a úsáid i leith formáidí pacáistíochta, cuir i gcás pailléid, boscaí plaisteacha infhillte, cliathbhoscaí plaisteacha, coimeádáin idirmheánacha builc, idir dhocht agus solúbtha, nó drumaí. Ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid chéanna, ar na cúiseanna céanna, maidir le hoibreoirí eacnamaíocha a iompraíonn táirgí laistigh d'aon Bhallstát amháin. | (69) Tá úsáidí áirithe d'fhormáidí pacáistíochta iompair aon úsáide nach bhfuil gá leo, toisc go bhfuil raon leathan roghanna malartacha in-athúsáidte ann a fheidhmíonn go maith. Chun a áirithiú go n-úsáidfear roghanna malartacha den sórt sin go héifeachtach, is iomchuí a cheangal ar oibreoirí eacnamaíocha, agus táirgí á n-iompar acu idir láithreáin éagsúla an oibreora eacnamaíoch chéanna nó idir an t-oibreoir eacnamaíoch agus na fiontair nasctha nó chomhpháirtíochta, gan ach pacáistíocht iompair in-athúsáidte a úsáid i leith formáidí pacáistíochta, cuir i gcás pailléid, boscaí plaisteacha infhillte, cliathbhoscaí plaisteacha, coimeádáin idirmheánacha builc, idir dhocht agus solúbtha, nó drumaí. Ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid chéanna, ar na cúiseanna céanna, maidir le hoibreoirí eacnamaíocha a iompraíonn táirgí laistigh d'aon Bhallstát amháin. ***De bhun Airteagal 4(2) de Threoir 2008/98/CE, caithfear a bheith in ann eisceachtaí a dhéanamh más rud é, de réir measúnú saolré, gur oiriúnaí úsáid pacáistíochta aon úsáide so-athchúrsáilte ná úsáid pacáistíochta in-athúsáidte, go háirithe maidir le*** |

| | |
|---|---|
| | ***hiompar táirgí agraibhia.*** |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 70**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (70) D'fhéadfadh spriocanna athúsáide agus athlíonacháin a bheith dúshlánach d'oibreoirí eacnamaíocha nach bhfuil chomh mór sin. Dá bhrí sin, ba cheart oibreoirí eacnamaíocha áirithe a dhíolmhú ón oibleagáid na spriocanna le haghaidh athúsáid pacáistíochta a chomhlíonadh i gcás ina gcuireann siad níos lú ná toirt áirithe pacáistíochta ar an margadh, nó ina gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicrifhiontar faoi Mholadh 2003/361[60] ón gCoimisiún, nó ina bhfuil a limistéar díolacháin, lena n-áirítear gach limistéar stórála agus seolta, faoi bhun teorainn áirithe ó thaobh dromchla de. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún ***chun spriocanna athúsáide agus athlíonacháin a bhunú do tháirgí eile,*** chun díolúintí breise a leagan síos d'oibreoirí eacnamaíocha eile nó chun formáidí sonracha pacáistíochta a chumhdaítear leis na spriocanna athúsáide nó athlíonacháin a dhíolmhú i gcás fadhbanna tromchúiseacha sláinteachais, sábháilteachta bia nó comhshaoil a chuireann cosc ar na spriocanna sin a bhaint amach. | (70) D'fhéadfadh spriocanna athúsáide agus athlíonacháin a bheith dúshlánach d'oibreoirí eacnamaíocha nach bhfuil chomh mór sin. Dá bhrí sin, ba cheart oibreoirí eacnamaíocha áirithe a dhíolmhú ón oibleagáid na spriocanna le haghaidh athúsáid pacáistíochta a chomhlíonadh i gcás ina gcuireann siad níos lú ná toirt áirithe pacáistíochta ar an margadh, nó ina gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicrifhiontar faoi Mholadh 2003/361[60] ón gCoimisiún, nó ina bhfuil a limistéar díolacháin, lena n-áirítear gach limistéar stórála agus seolta, faoi bhun teorainn áirithe ó thaobh dromchla de. Ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun díolúintí breise a leagan síos d'oibreoirí eacnamaíocha eile nó chun formáidí sonracha pacáistíochta a chumhdaítear leis na spriocanna athúsáide nó athlíonacháin a dhíolmhú i gcás fadhbanna tromchúiseacha sláinteachais, sábháilteachta bia nó comhshaoil a chuireann cosc ar na spriocanna sin a bhaint amach. ***Ba cheart go leagfaí síos leis an ngníomh tarmligthe sin na ceanglais maidir le measúnuithe saolré a ullmhú a bhféadfaí údar a thabhairt dá réir le díolúintí ón oibleagáid maidir le pacáistíocht in-athúsáidte de bhun Airteagal 4(2) de Threoir 2008/98/CE.*** |
| [60] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (fógartha faoi dhoiciméad | [60] Moladh ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (fógartha faoi dhoiciméad |

C(2003) 1422) (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

C(2003) 1422) (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 84**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (84) Ba cheart feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola san Aontas d'fhonn cáilíocht an chomhshaoil a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, sláinte an duine a chosaint, úsáid stuama, éifeachtúil agus réasúnach acmhainní nádúrtha a áirithiú, prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn, úsáid an fhuinnimh in-athnuaite a fheabhsú, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, spleáchas an Aontais ar acmhainní allmhairithe a laghdú, deiseanna eacnamaíocha nua a sholáthar agus cur le hiomaíochas fadtéarmach. Trí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní, bhainfí amach freisin glanchoigiltis shubstaintiúla do ghnólachtaí, d'údaráis phoiblí agus do thomhaltóirí an Aontais agus, ag an am céanna, laghdófaí iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. | (84) Ba cheart feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola san Aontas d'fhonn cáilíocht an chomhshaoil a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, sláinte an duine a chosaint, úsáid stuama, éifeachtúil agus réasúnach acmhainní nádúrtha a áirithiú, prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur chun cinn, úsáid an fhuinnimh in-athnuaite a fheabhsú, éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, spleáchas an Aontais ar acmhainní allmhairithe a laghdú, ***cur le slándáil bia san Aontas agus le héifeachtúlacht maidir le húsáid agus athúsáid acmhainní teoranta amhail uisce,*** deiseanna eacnamaíocha nua a sholáthar agus cur le hiomaíochas fadtéarmach. Trí úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní, bhainfí amach freisin glanchoigiltis shubstaintiúla do ghnólachtaí, d'údaráis phoiblí agus do thomhaltóirí an Aontais agus, ag an am céanna, laghdófaí iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 90**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (90) Is é cosc ar dhramhaíl an bealach is éifeachtúla chun éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú agus chun tionchar dramhaíola ar an gcomhshaol a laghdú. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha bearta iomchuí | (90) Is é cosc ar dhramhaíl an bealach is éifeachtúla chun éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú agus chun tionchar dramhaíola ar an gcomhshaol a laghdú. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, go ndéanfaidh oibreoirí eacnamaíocha bearta iomchuí |

chun an ghiniúint dramhaíola a laghdú trí dheireadh a chur le róphacáistíocht agus srianta a chur ar úsáid formáidí pacáistíochta áirithe, saolré pacáistíochta a leathnú, táirgí a athdhearadh ionas gur féidir gan pacáistíocht ar bith nó níos lú pacáistíochta a úsáid, lena n-áirítear díolacháin i mbulc, agus aistriú ó phacáistíocht aon úsáide go pacáistíocht in-athúsáidte.

chun an ghiniúint dramhaíola a laghdú trí dheireadh a chur le róphacáistíocht agus srianta a chur ar úsáid formáidí pacáistíochta áirithe, saolré pacáistíochta a leathnú, táirgí a athdhearadh ionas gur féidir gan pacáistíocht ar bith nó níos lú pacáistíochta a úsáid, lena n-áirítear díolacháin i mbulc, agus aistriú ó phacáistíocht aon úsáide go pacáistíocht in-athúsáidte. ***Maidir leis na bearta go léir a dhíríonn ar úsáid pacáistíochta áirithe a shrianadh, a dearadh a athrú, agus aistriú ó phacáistíocht aon úsáide go pacáistíocht in-athúsáidte, níor cheart iad a chur i bhfeidhm ach sa chás go ndéanann siad tairbhe don chomhshaol agus gur den riachtanas an phacáistíocht chun cur amú bia a chosc nó sábháilteacht bia a áirithiú. Ba cheart go measúnódh an Coimisiún an nasc idir na bearta sin agus socrú spriocanna AE chun laghdú ar an gcur amú bia.***

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 100**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(100) ***Ba cheart do*** na Ballstáit córais a bhunú chun dramhphacáistíocht a thabhairt ar ais agus a bhailiú***, ionas go mbeidís ag dul faoin mbainistiú dramhaíola malartach is iomchuí, de réir ord na réiteach dramhaíola***. Ba cheart na córais a bheith oscailte chun gur féidir leis na páirtithe leasmhara go léir a bheith rannpháirteach, go háirithe oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis phoiblí agus ba cheart an comhshaol agus sláinte, sábháilteacht agus sláinteachas tomhaltóirí a chur san áireamh nuair a bhunaítear iad. ***Ba cheart*** feidhm a bheith ag na córais tabhairt ar ais agus bailithe maidir le pacáistíocht táirgí allmhairithe faoi fhorálacha neamh-idirdhealaitheacha.

*Leasú*

(100) ***Féadfaidh*** na Ballstáit córais a bhunú chun dramhphacáistíocht a thabhairt ar ais agus a bhailiú. Ba cheart na córais a bheith oscailte chun gur féidir leis na páirtithe leasmhara go léir a bheith rannpháirteach, go háirithe oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis phoiblí agus ba cheart an comhshaol agus sláinte, sábháilteacht agus sláinteachas tomhaltóirí a chur san áireamh nuair a bhunaítear iad. ***Féadfaidh*** feidhm a bheith ag na córais tabhairt ar ais agus bailithe maidir le pacáistíocht táirgí allmhairithe faoi fhorálacha neamh-idirdhealaitheacha.

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 101**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (101) Ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit bearta freisin chun athchúrsáil, a chomhlíonann na caighdeáin cháilíochta maidir le húsáid ábhar athchúrsáilte in earnálacha ábhartha, a chur chun cinn. Is oibleagáid an-ábhartha é i bhfianaise an íoschéatadáin arna shocrú don chion d'ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach. | (101) Ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit bearta freisin chun athchúrsáil, a chomhlíonann na caighdeáin cháilíochta maidir le húsáid ábhar athchúrsáilte in earnálacha ábhartha, a chur chun cinn ***agus a spreagadh***. Is oibleagáid an-ábhartha é i bhfianaise an íoschéatadáin arna shocrú don chion d'ábhar athchúrsáilte i bpacáistíocht phlaisteach. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 102**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (102) ***Léiríodh go n-áirithítear ráta bailiúcháin an-ard le*** córais éarlaise agus fillte ***dea-fheidhmiúla***, go háirithe a mhéid a bhaineann le buidéil agus cannaí dí. Chun tacú le baint amach na sprice bailithe ar leithligh maidir le buidéil dí ar táirgí plaisteacha aon úsáide iad a leagtar síos i dTreoir (AE) 2019/904 agus chun rátaí arda bailithe coimeádán miotail dí a spreagadh tuilleadh, ***is iomchuí go ndéanfadh*** na Ballstáit córais éarlaise agus fillte a chur ar bun. ***Cuirfidh*** na córais sin le méadú an tsoláthair d'amhábhar tánaisteach ar dhea-cháilíocht a bheidh oiriúnach d'athchúrsáil lúbiata agus ***laghdófar*** ar an mbruscar ó choimeádáin dí. | (102) ***D'fhéadfadh*** córais éarlaise agus fillte ***tacú le ráta bailithe an-ard***, go háirithe a mhéid a bhaineann le buidéil agus cannaí dí. Chun tacú le baint amach na sprice bailithe ar leithligh maidir le buidéil dí ar táirgí plaisteacha aon úsáide iad a leagtar síos i dTreoir (AE) 2019/904 agus chun rátaí arda bailithe coimeádán miotail dí a spreagadh tuilleadh, ***d'fhéadfadh*** na Ballstáit córais éarlaise agus fillte a chur ar bun. ***D'fhéadfadh*** na córais sin ***cur*** le méadú an tsoláthair d'amhábhar tánaisteach ar dhea-cháilíocht a bheidh oiriúnach d'athchúrsáil lúbiata agus ***laghdú*** ar an mbruscar ó choimeádáin dí. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 103**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (103) ***Ba cheart córais éarlaise agus fillte a bheith éigeantach le haghaidh buidéil dí ar táirgí plaisteacha aon úsáide iad agus le haghaidh coimeádáin mhiotail dí.*** D'fhéadfadh Ballstáit a chinneadh pacáistíocht eile a áireamh sna córais sin freisin, go háirithe buidéil ghloine aon úsáide, agus ba cheart dóibh a áirithiú maidir le córais éarlaise agus fillte le haghaidh formáidí pacáistíochta aon úsáide, go háirithe i gcás buidéal gloine aon úsáide dí, go mbeidh siad ar fáil le haghaidh pacáistíocht in-athúsáidte freisin, i gcás ina mbeidh sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch. Ba cheart dóibh bunú córas éarlaise agus fillte le haghaidh pacáistíocht in-athúsáidte a mheas freisin. I gcásanna den sórt sin, ba cheart cead a bheith ag Ballstát, fad a chloíonn sé leis na rialacha ginearálta a leagtar síos sa Chonradh agus é ag comhlíonadh na bhforálacha a leagtar amach sa Rialachán seo, forálacha a sháraíonn na ceanglais íosta a leagtar amach sa Rialachán seo a ghlacadh. | (103) D'fhéadfadh Ballstáit a chinneadh pacáistíocht eile a áireamh sna córais sin freisin, go háirithe buidéil ghloine aon úsáide, agus ba cheart dóibh a áirithiú maidir le córais éarlaise agus fillte le haghaidh formáidí pacáistíochta aon úsáide, go háirithe i gcás buidéal gloine aon úsáide dí, go mbeidh siad ar fáil le haghaidh pacáistíocht in-athúsáidte freisin, i gcás ina mbeidh sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch. Ba cheart dóibh bunú córas éarlaise agus fillte le haghaidh pacáistíocht in-athúsáidte a mheas freisin. I gcásanna den sórt sin, ba cheart cead a bheith ag Ballstát, fad a chloíonn sé leis na rialacha ginearálta a leagtar síos sa Chonradh agus é ag comhlíonadh na bhforálacha a leagtar amach sa Rialachán seo, forálacha a sháraíonn na ceanglais íosta a leagtar amach sa Rialachán seo a ghlacadh. |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 104**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (104) I bhfianaise chineál na dtáirgí agus na ndifríochtaí i ndáil leis na córais táirgthe agus dáileacháin a bhaineann leo, níor cheart córais éarlaise agus fillte ***a bheith éigeantach*** áfach maidir leis an bpacáistíocht d'fhíon, do tháirgí fíona cumhraithe, do dheochanna biotáilleacha agus do bhainne agus do tháirgí bainne a liostaítear i gCuid XVI d'Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó | (104) I bhfianaise chineál na dtáirgí agus na ndifríochtaí i ndáil leis na córais táirgthe agus dáileacháin a bhaineann leo, níor cheart ***feidhm a bheith ag na*** córais éarlaise agus fillte áfach maidir leis an bpacáistíocht d'fhíon, do tháirgí fíona cumhraithe, do dheochanna biotáilleacha agus do bhainne agus do tháirgí bainne a liostaítear i gCuid XVI d'Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó |

| | |
|---|---|
| Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[67]. ***Féadfaidh Ballstáit córais éarlaise agus fillte faoina gcumhdítear pacáistíocht eile a bhunú freisin.*** | Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[67]. |
| ___________________ | ___________________ |
| [67] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671). | [67] Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 671). |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 107**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(107) Maidir le Ballstáit a bhaineann amach ráta bailithe 90 % de na cineálacha pacáistíochta a ndírítear orthu gan córas éarlaise agus fillte ar feadh 2 bhliain féilire as a chéile roimh theacht i bhfeidhm na hoibleagáide seo, féadfaidh siad a iarraidh nach mbeadh orthu córas éarlaise agus fillte a bhunú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 108**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (108) Mar bheart sonrach chun giniúint dramhphacáistíochta a chosc, ba cheart do na Ballstáit réitigh athúsáide agus athlíonacháin a chur chun cinn go gníomhach. Ba cheart dóibh tacú le bunú na gcóras le haghaidh athúsáide agus athlíonacháin agus ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar a bhfeidhmiú | (108) Mar bheart sonrach chun giniúint dramhphacáistíochta a chosc, ba cheart do na Ballstáit réitigh athúsáide agus athlíonacháin a chur chun cinn go gníomhach***, i gcás ina bhfuil sé indéanta go heacnamaíoch, agus sainiúlachtaí bia á gcur san áireamh, agus sa chás nach léirítear gurb í úsáid pacáistíochta aon*** |

| | |
|---|---|
| agus a gcomhlíonadh i ndáil leis na caighdeáin sláinteachais. Moltar do na Ballstáit bearta eile a dhéanamh freisin, amhail córais éarlaise agus fillte lena gcumhdaítear formáidí pacáistíochta in-athúsáidte a bhunú, trí bhíthin dreasachtaí eacnamaíocha nó ceanglais a bhunú lena gceanglófar ar dháileoirí deiridh céatadán áirithe de tháirgí eile, seachas na cinn a chumhdaítear faoi spriocanna athúsáide agus athlíonacháin, a chur ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte nó i bpacáistíocht is féidir a athlíonadh ar choinníoll nach gcruthófaí ilroinnt sa mhargadh aonair ná bacainní trádála leis na ceanglais sin. | ***úsáide so-athchúrsáilte an rogha is fearr de réir measúnú saolré***. Ba cheart dóibh tacú le bunú na gcóras le haghaidh athúsáide agus athlíonacháin agus ba cheart dóibh faireachán a dhéanamh ar a bhfeidhmiú agus a gcomhlíonadh i ndáil leis na caighdeáin sláinteachais. Moltar do na Ballstáit bearta eile a dhéanamh freisin, amhail córais éarlaise agus fillte lena gcumhdaítear formáidí pacáistíochta in-athúsáidte a bhunú, trí bhíthin dreasachtaí eacnamaíocha nó ceanglais a bhunú lena gceanglófar ar dháileoirí deiridh céatadán áirithe de tháirgí eile, seachas na cinn a chumhdaítear faoi spriocanna athúsáide agus athlíonacháin, a chur ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte nó i bpacáistíocht is féidir a athlíonadh ar choinníoll nach gcruthófaí ilroinnt sa mhargadh aonair ná bacainní trádála leis na ceanglais sin. |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 117**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (117) Ba cheart táirgeoirí agus eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí a bheith rannpháirteach go gníomhach i soláthar na faisnéise d’úsáideoirí deiridh, go háirithe tomhaltóirí, maidir le cosc agus bainistiú na dramhphacáistíochta. Ba cheart a áireamh ar an bhfaisnéis sin infhaighteacht na socruithe athúsáide le haghaidh pacáistíochta, brí na lipéad a thaispeántar ar phacáistíocht agus treoracha eile maidir le diúscairt dramhphacáistíochta. Ba cheart go ndéanfadh na táirgeoirí na húsáideoirí deiridh a chur ar an eolas faoin ról tábhachtach atá acu maidir lena áirithiú go mbainistítear dramhphacáistíocht ar an mbealach is fearr ó thaobh an chomhshaoil de. Ba cheart teicneolaíochtaí faisnéise comhaimseartha a úsáid agus faisnéis á | (117) Ba cheart táirgeoirí agus eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí a bheith rannpháirteach go gníomhach i soláthar na faisnéise d’úsáideoirí deiridh, go háirithe tomhaltóirí, maidir le cosc agus bainistiú na dramhphacáistíochta. Ba cheart a áireamh ar an bhfaisnéis sin infhaighteacht na socruithe athúsáide le haghaidh pacáistíochta, brí na lipéad a thaispeántar ar phacáistíocht agus treoracha eile maidir le diúscairt dramhphacáistíochta. Ba cheart go ndéanfadh na táirgeoirí na húsáideoirí deiridh a chur ar an eolas faoin ról tábhachtach atá acu maidir lena áirithiú go mbainistítear dramhphacáistíocht ar an mbealach is fearr ó thaobh an chomhshaoil de. Ba cheart teicneolaíochtaí faisnéise comhaimseartha a úsáid agus faisnéis á |

| | |
|---|---|
| nochtadh do na húsáideoirí deiridh go léir agus sa tuairisciú maidir le pacáistíocht. Ba cheart an fhaisnéis a chur ar fáil ar an ngnáthbhealach, amhail póstaeir lasmuigh agus laistigh agus feachtas ar na meáin shóisialta, nó ar bhealaí níos nuálaí, amhail rochtain leictreonach ar shuíomhanna gréasáin le cóid QR a ghreamaítear den phacáistíocht. | nochtadh do na húsáideoirí deiridh go léir agus sa tuairisciú maidir le pacáistíocht ***agus níor cheart tionchar diúltach a bheith aige ar cheanglais lipéadaithe eile ná ar sholáthar faisnéise bia do thomhaltóirí faoi dhlí an Aontais***. Ba cheart an fhaisnéis a chur ar fáil ar an ngnáthbhealach, amhail póstaeir lasmuigh agus laistigh agus feachtas ar na meáin shóisialta, nó ar bhealaí níos nuálaí, amhail rochtain leictreonach ar shuíomhanna gréasáin le cóid QR a ghreamaítear den phacáistíocht. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 136**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (136) Ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo. De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar chúig chritéar mar atá éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach Aontais agus ba cheart í a bheith mar bhonn le measúnuithe tionchair ar bhearta féideartha amach anseo. Ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus a thionchar ar inbhuanaitheacht na pacáistíochta ó thaobh an chomhshahoil de agus ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. | (136) Ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo. De bhun mhír 22 den Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart an mheastóireacht sin a bhunú ar chúig chritéar mar atá éifeachtúlacht, éifeachtacht, ábharthacht, comhleanúnachas agus breisluach Aontais agus ba cheart í a bheith mar bhonn le measúnuithe tionchair ar bhearta féideartha amach anseo. ***Sa mheastóireacht, ba cheart cuid di a bheith tiomnaithe, inter alia, do thionchar an Rialacháin seo ar an gcóras agraibhia agus ar chur amú bia.*** Ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo agus a thionchar ar inbhuanaitheacht na pacáistíochta ó thaobh an chomhshahoil de agus ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 137**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (137) Is den riachtanas foráil d'am leordhóthanach a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha ***a n-oibleagáidí faoin*** Rialachán seo ***a chomhlíonadh***, agus ag na Ballstáit le haghaidh bhunú an bhonneagair riaracháin a theastaíonn chun é a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí dáta a bhféadfadh bailchríoch a bheith curtha ar na hullmhúcháin sin le réasún. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar éascaíocht a dhéanamh do FBManna a n-oibleagáidí agus a gceanglais faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí threoraíocht a bheidh le soláthar ag an gCoimisiún chun comhlíontacht oibreoirí eacnamaíocha a éascú, ag díriú ar FBManna. | (137) Is gá foráil d'am leordhóthanach a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha ***agus gnólachtaí chun dul in oiriúint do na ceanglais arna mbunú leis an*** Rialachán seo, agus ag na Ballstáit le haghaidh bhunú an bhonneagair riaracháin a theastaíonn chun é a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí dáta a bhféadfadh bailchríoch a bheith curtha ar na hullmhúcháin sin le réasún. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar éascaíocht a dhéanamh do FBManna a n-oibleagáidí agus a gceanglais faoin Rialachán seo a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí threoraíocht a bheidh le soláthar ag an gCoimisiún chun comhlíontacht oibreoirí eacnamaíocha a éascú, ag díriú ar FBManna. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 139**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (139) Chun deis a thabhairt do na Ballstáit na bearta riaracháin riachtanacha a dhéanamh maidir le heagrú na nósanna imeachta údarúcháin ag na húdaráis inniúla, agus leanúnachas a choinneáil le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha, ba cheart cur i bhfeidhm na Treorach seo a chur siar. | (139) Chun deis a thabhairt do na Ballstáit na bearta riaracháin riachtanacha a dhéanamh maidir le heagrú na nósanna imeachta údarúcháin ag na húdaráis inniúla, agus leanúnachas á choinneáil le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha ***a bhfuil idirthréimhse de dhíth orthu chun dul in oiriúint do na bearta nua a leagtar síos***, ba cheart cur i bhfeidhm na Treorach sin a chur siar. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1– mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunaítear leis an Rialachán seo ceanglais le haghaidh shaolré iomlán na pacáistíochta a mhéid a bhaineann le hinbhuanaitheacht ó thaobh comhshaoil de agus le lipéadú, ionas gur féidir í a chur ar an margadh, agus le haghaidh freagracht leathnaithe táirgeoití i ndáil le bailiú, cóireáil agus athchúrsáil dramhphacáistíochta. | 1. Bunaítear leis an Rialachán seo ceanglais le haghaidh shaolré iomlán na pacáistíochta a mhéid a bhaineann le hinbhuanaitheacht ó thaobh comhshaoil de agus le lipéadú, ionas gur féidir í a chur ar an margadh, agus le haghaidh freagracht leathnaithe táirgeoirí i ndáil le ***cosc,*** bailiú, cóireáil agus athchúrsáil dramhphacáistíochta. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Leis an Rialachán seo, cuirtear leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach, trí bhíthin bearta atá i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2008/98/CE a leagan síos. | 3. Leis an Rialachán sin, cuirtear leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach ***agus neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050***, trí bhíthin bearta atá i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola i gcomhréir le hAirteagal 4 de Threoir 2008/98/CE a leagan síos ***agus féidearthachtaí geilleagair bhithbhunaithe a chur san áireamh***. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tá feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do cheanglais rialála an Aontais maidir le pacáistíocht amhail iad siúd a bhaineann le sábháilteacht, cáilíocht, cosaint na sláinte agus sláinteachas na | 2. Tá feidhm ag an Rialachán seo gan dochar do cheanglais rialála an Aontais maidir le pacáistíocht amhail iad siúd a bhaineann le sábháilteacht, cáilíocht, cosaint na sláinte agus sláinteachas na |

dtáirgí pacáistithe, nó do cheanglais iompair, agus gan dochar d'fhorálacha Threoir 2008/98/CE a mhéid a bhaineann le bainistiú na dramhaíola guaisí.

dtáirgí pacáistithe, nó do cheanglais iompair, agus gan dochar d'fhorálacha Threoir 2008/98/CE a mhéid a bhaineann le bainistiú na dramhaíola guaisí ***agus a mhéid a bhaineann le ceanglais ord na réiteach dramhaíola a leagtar amach in Airteagal 4(2) de Threoir 2008/98/CE***.

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) málaí tae ***nó*** caife a theastaíonn chun táirge tae ***nó*** caife a ghabháil agus a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid agus a dhiúscairt in éineacht leis an táirge; | (f) málaí tae***,*** caife ***nó insiltí luibhe agus torthaí*** a theastaíonn chun táirge tae***,*** caife ***nó luibhe nó torthaí*** a ghabháil agus a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid agus a dhiúscairt in éineacht leis an táirge; |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(g) dáileog aonair a bhaineann le córas caife nó tae, a theastaíonn chun táirge caife nó tae a ghabháil agus a bhfuil sé beartaithe a úsáid agus a dhiúscairt in éineacht leis an táirge;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) ciallaíonn 'táirgeoir' aon mhonaróir, allmhaireoir nó dáileoir, gan beann ar an teicníc dhíolacháin atá in úsáid, lena n-áirítear trí bhíthin | (10) ciallaíonn 'táirgeoir' aon mhonaróir, allmhaireoir nó dáileoir, gan beann ar an teicníc dhíolacháin atá in úsáid, lena n-áirítear trí bhíthin |

| | |
|---|---|
| cianchonarthaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(7) de Threoir 2011/83/AE, a chuireann pacáistíocht ar fáil den chéad uair, laistigh de ***chríoch Ballstáit***, ar bhonn gairmiúil faoina ainm nó a thrádmharc féin; | cianchonarthaí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(7) de Threoir 2011/83/AE, a chuireann pacáistíocht ar fáil den chéad uair, laistigh de ***mhargadh an Aontais***, ar bhonn gairmiúil faoina ainm nó a thrádmharc féin; |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) ciallaíonn 'pacáistíocht ilchodach' aonad pacáistíochta atá comhdhéanta de dhá ábhar éagsúla nó níos mó, seachas ábhair a úsáidtear le haghaidh lipéad, dúntóirí agus séalú, ar ábhair iad nach féidir a dheighilt ó chéile de láimh agus ar aonad comhtháite amháin iad dá bhrí sin; | (19) ciallaíonn 'pacáistíocht ilchodach' aonad pacáistíochta atá comhdhéanta de dhá ábhar éagsúla nó níos mó, seachas ábhair a úsáidtear le haghaidh lipéad, ***cumhdach, líneálacha, péinteanna, dúch, greamachán,*** dúntóirí agus séalú, ar ábhair iad ***a mheastar a bheith ina gcuid de mheáchan an phríomhábhair pacáistíochta agus*** nach féidir a dheighilt ó chéile de láimh agus ar aonad comhtháite amháin iad dá bhrí sin***, seachas ábhar ar leith nach bhfuil ann ach cuid gan tábhacht den aonad pacáistíochta, agus in aon chás nach mó é ná 15 % de mhais iomlán an aonaid pacáistíochta***; |

**Leasú 69**

**Proposal for a regulation**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 24 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(24a) ciallaíonn 'inrianaitheacht' an cumas bia, beatha, ainmhí óna dtáirgtear bia nó substaint atá ceaptha a chur i mbia nó i mbeatha, nó a mbeifí ag súil go gcuirfí i mbia nó i mbeatha í, a rianú trí gach céim den táirgeadh, den phróiseáil agus den dáileadh;*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26 a) ciallaíonn 'athchúrsáil ardcháilíochta' aon phróiseas mar a shainmhínítear in Airteagal 3(17) de Threoir 2008/98/CE trina ndéantar go héifeachtach ábhair a bhailiú, a shórtáil agus a thiontú ina n-ábhair athchúrsáilte a mbeidh íoschaillteanas cainníochta, cáilíochta nó feidhme ag baint lena mbunairíonna, lena ráthaítear ardtáirgeadh agus chun go mbeidh na hábhair athchúrsáilte a bheidh mar thoradh ar an bpróiseas ar cháilíocht leordhóthanach chun amhábhair a ionadú i bhfeidhmeanna amach anseo;*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) ciallaíonn 'athlíonadh' oibríocht ina líonann úsáideoir deiridh ***a choimeádán féin***, a chomhlíonann an fheidhm phacáistíochta, le táirge nó le roinnt táirgí ***arna dtairiscint ag an dáileoir*** deiridh ***i gcomhthéacs idirbheart tráchtála***; | (28) ciallaíonn 'athlíonadh' oibríocht ***a mbaineann córas athlíonacháin léi*** ina líonann úsáideoir deiridh ***coimeádán***, a chomhlíonann an fheidhm phacáistíochta, le táirge nó le roinnt táirgí ***a ceannaíodh trí dháileoir*** deiridh; |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) ciallaíonn 'dearadh le haghaidh athchúrsála' pacáistíocht, lena n-áirítear comhpháirteanna aonair na pacáistíochta, a | (31) ciallaíonn 'dearadh le haghaidh athchúrsála' pacáistíocht, lena n-áirítear comhpháirteanna aonair na pacáistíochta, a |

| | |
|---|---|
| dhearadh chun a áirithiú go mbeidh sí in-athchúrsáilte trí bhíthin próisis bhailithe, sórtála agus athchúrsála ***úrscothacha***; | dhearadh chun a áirithiú go mbeidh sí in-athchúrsáilte trí bhíthin próisis ***chruthaithe*** bhailithe, sórtála agus athchúrsála; |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) ciallaíonn 'athchúrsáilte ar scála' go ndéantar an bailiú, an tsórtáil agus an athchúrsáil le bonneagar suiteáilte úrscothach agus próisis úrscothacha***, faoina gcumhdaítear 75 % ar a laghad de dhaonra an Aontais, lena n-áirítear dramhphacáistíocht a onnmhairítear ón Aontas agus a chomhlíonann ceanglais Airteagal 47(5)***; | (32) ciallaíonn 'athchúrsáilte ar scála' go ndéantar an bailiú, an tsórtáil agus an athchúrsáil ***i gcomhréir le ceanglais Airteagal 6(2)(e)*** le bonneagar suiteáilte úrscothach agus próisis úrscothacha; |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) ciallaíonn 'comhpháirt ar leithligh' comhpháirt pacáistíochta atá difriúil le cuid phríomha an aonaid pacáistíochta, a bhféadfadh ábhar difriúil a bheith ann, comhpháirt ***nach mór*** í a bhaint ina hiomláine agus go buan den phríomh-aonad pacáistíochta chun rochtain a fháil ar an táirge, agus a dhiúscraítear de ghnáth roimh an ***aonad*** pacáistíochta agus ar bhealach ar leithligh; | (35) ciallaíonn 'comhpháirt ar leithligh' comhpháirt pacáistíochta atá difriúil le cuid phríomha an aonaid pacáistíochta, a bhféadfadh ábhar difriúil a bheith ann, comhpháirt ***ar furasta don tomhaltóir deiridh*** í a bhaint ***de láimh*** ina hiomláine agus go buan den phríomh-aonad pacáistíochta chun rochtain a fháil ar an táirge, agus a dhiúscraítear de ghnáth roimh an ***bpríomh-aonad*** pacáistíochta agus ar bhealach ar leithligh; |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (40) ciallaíonn ‘pacáistíocht teagmhála íogair’ pacáistíocht a bhfuil sé beartaithe í a úsáid in aon fheidhm phacáistíochta faoi raon feidhme na Rialachán a leanas: (CE) Uimh. 1831/2003, (CE) Uimh. 1935/2004,(CE) Uimh. 767/2009, (CE) Uimh. 2009/1223, (AE) 2017/745, (AE) 2017/746, (AE) 2019/4, (AE) 2019/6, Treoir 2001/83/CE, nó Treoir 2008/68/CE; | (40) ciallaíonn ‘pacáistíocht teagmhála íogair’ pacáistíocht a bhfuil sé beartaithe í a úsáid in aon fheidhm phacáistíochta faoi raon feidhme na Rialachán a leanas: (CE) Uimh. 1831/2003, (CE) Uimh. 1935/2004,(CE) Uimh. 767/2009, (CE) Uimh. 2009/1223, (AE) 2017/745, (AE) 2017/746, (AE) 2019/4, (AE) 2019/6, Treoir 2001/83/CE, nó Treoir 2008/68/CE, ***nó le haghaidh táirgí mar a shainmhínítear in Airteagal 1 de Chinneadh (2014/763/AE)***; |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) ciallaíonn ‘pacáistíocht inmhúirínithe’ pacáistíocht ar féidir léi dianscaoileadh go fisiceach, go ceimiceach, go teirmeach nó go bitheolaíoch ar bhealach ina ndianscaoiltear an chuid is mó den mhúirín críochnaithe ina dhé-ocsaíd charbóin, ina shalainn mhianracha, ina bhithmhais agus ina uisce, de réir Airteagal 47(4), agus nach gcuireann bac ar an mbailiú ar leithligh nó ar an bpróiseas nó gníomhaíocht mhúirínithe ina gcuirtear é faoi dhalaí arna rialú go tionsclaíoch; | (41) ciallaíonn ‘pacáistíocht inmhúirínithe’ pacáistíocht ***a margaíodh le hintinn í a aisghnóthú le sruth bainistithe bithdramhaíola agus*** ar féidir léi dianscaoileadh go fisiceach, go ceimiceach, go teirmeach nó go bitheolaíoch ar bhealach ina ndianscaoiltear an chuid is mó den mhúirín críochnaithe ina dhé-ocsaíd charbóin, ina shalainn mhianracha, ina bhithmhais agus ina uisce agus nach gcuireann bac ar an mbailiú ar leithligh nó ar an bpróiseas nó gníomhaíocht mhúirínithe ina gcuirtear é faoi dhálaí arna rialú go tionsclaíoch***, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i gcaighdeáin chomhchuibhithe Eorpacha do phacáistíocht atá inghnóthaithe trí mhúiríniú agus díleá anaeróbach***; |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 43 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(43 a) ciallaíonn 'pacáistíocht phlaisteach' pacáistíocht atá déanta go hiomlán nó go príomha as plaisteach.*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 56 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(56a) ciallaíonn 'seilfré' an tréimhse a chomhfhreagraíonn don tréimhse roimh an dáta faoinar cheart é a úsáid nó roimh an dáta íosmharthanachta a gcoimeádann an t-earra bia a airíonna sonracha go dtí sin nuair a stóráiltear i gceart é;*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Maidir le pacáistíocht a chomhlíonann na ceanglais inbhuanaitheachta a leagtar amach in Airteagail 5 go 10 den Rialachán seo, ní thoirmiscfidh Ballstáit í a chur ar an margadh, ní chuirfidh siad srian leis an méid sin ná ní chuirfidh siad isteach air. | 2. Maidir le pacáistíocht a chomhlíonann na ceanglais inbhuanaitheachta a leagtar amach in Airteagail 5 go 10 den Rialachán seo, ní thoirmiscfidh Ballstáit í a chur ar an margadh ***ná í a úsáid***, ní chuirfidh siad srian leis an méid sin ná ní chuirfidh siad isteach air. |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Maidir le pacáistíocht a | 3. Maidir le pacáistíocht a |

| | |
|---|---|
| chomhlíonann na ceanglais maidir le lipéadú agus faisnéis a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán seo, ní dhéanfaidh na Ballstáit a cur ar an margadh a thoirmeasc, ní chuirfidh siad srian leis an méid sin ná ní chuirfidh siad isteach air. | chomhlíonann na ceanglais maidir le lipéadú agus faisnéis a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán seo, ní dhéanfaidh na Ballstáit a cur ar an margadh ***ná a húsáid*** a thoirmeasc, ní chuirfidh siad srian leis an méid sin ná ní chuirfidh siad isteach air. |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 4 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Anuas ar na ceanglais maidir le lipéadú a leagtar síos in Airteagal 11, féadfaidh Ballstáit foráil a dhéanamh le haghaidh ceanglais bhreise maidir le lipéadú, chun an scéim um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí nó córas éarlaise agus fillte atá difriúil leis na cinn siúd dá dtagraítear in Airteagal 44(1) a shainaithint. | 5. Anuas ar na ceanglais maidir le lipéadú a leagtar síos in Airteagal 11, féadfaidh Ballstáit foráil a dhéanamh le haghaidh ceanglais bhreise maidir le lipéadú, chun an scéim um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí nó córas éarlaise agus fillte atá difriúil leis na cinn siúd dá dtagraítear in Airteagal 44(1) a shainaithint. ***Cuimseofar sna ceanglais sin rogha chun micrifhiontair agus fiontair bheaga mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún a dhíolmhú.*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 5 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Chun sláinte agus sábháilteacht an duine a áirithiú, ba cheart toirmeasc Eorpach a chur ar phacáistíocht a d'fhéadfadh dúigh chontúirteacha agus olaí mianrúla agus carcanaiginí eile a sceitheadh.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Beidh an phacáistíocht go léir in-athchúrsáilte. | 1. Beidh an phacáistíocht uile in-athchúrsáilte.***i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo***. |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) dearfar í lena hathchúrsáil; | (a) dearfar í lena hathchúrsáil ***nó, i gcás pacáistíocht inmhúirínithe, beidh sí i gcomhréir le pointí a), b) agus c) d'Iarscríbhinn III***; |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe i (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***i) déantar í a bhailiú ar leithligh go héifeachtach éifeachtúil i gcomhréir le hAirteagal 43(1) agus (2);*** |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe ii (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***ii) déantar í a shórtáil ina sruthanna dramhaíola sainithe gan dochar a dhéanamh d'in-athchúrsáilteacht sruthanna dramhaíola eile;*** |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe e – pointe iii (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***iii) féadfar í a athchúrsáil ionas go mbeidh na hamhábhair thánaisteacha a thagann aisti ar cháilíocht leordhóthanach chun iad a úsáid mar amhábhair i bpróiseas déantúsaíochta;*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh feidhm ag pointe (a) ón 1 Eanáir 2030 agus beidh feidhm ag pointe (e) ón 1 Eanáir 2035. | Beidh feidhm ag pointe (a) ón 1 Eanáir 2030 ***maidir leis an bpacáistíocht go léir a chuirfear ar an margadh*** agus beidh feidhm ag pointe (e) ón 1 Eanáir 2035 ***maidir leis an bpacáistíocht go léir a chuirfear ar an margadh***. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall chun deireadh a chur le diúscairt dramhphacáistíochta trí líonadh talún agus/nó loscadh, i gcomhlíonadh Airteagal 6(2).*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Ón 1 Eanáir 2030, comhlíonfaidh*** pacáistíocht in-athchúrsáilte ***na critéir 'dearadh le haghaidh athchúrsála' mar a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun mhír 4 agus, ón 1 Eanáir 2035, comhlíonfaidh sí na ceanglais maidir le hin-athchúrsáilteacht 'ar scála' a leagtar síos sna gníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun mhír 6. I gcás ina gcomhlíonann pacáistíocht den sórt sin na gníomhartha tarmligthe sin, measfar go gcomhlíonann sí mír 2, pointí (a) agus (e).*** | 3. ***Maidir le*** pacáistíocht in-athchúrsáilte ***a chuirfear ar an margadh;*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) tar éis 5 bliana ó theacht i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun mhír 4, beidh na critéir maidir le 'dearadh le haghaidh athchúrsála' á gcomhlíonadh aici agus,*** |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – pointe b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) tar éis 5 bliana ó theacht i bhfeidhm na ngníomhartha tarmligthe a glacadh de bhun mhír 6, beidh na ceanglais maidir le hinathchúrsáilteacht ar scála á gcomhlíonadh aici.*** |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 3 – fomhír 1 (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás ina gcomhlíonann pacáistíocht den sórt sin na gníomhartha tarmligthe sin, measfar go gcomhlíonann sí mír 2, pointí (a) agus (e).*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún*** gníomhartha tarmligthe ***a ghlacadh*** i gcomhréir le hAirteagal 58 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun critéir maidir le 'dearadh le haghaidh athchúrsála' a bhunú, chomh maith le gráid maidir le feidhmíocht athchúrsála bunaithe ar na critéir agus na paraiméadair a liostaítear i dTábla 2 d'Iarscríbhinn II maidir le catagóirí pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 den Iarscríbhinn sin, chomh maith le rialacha maidir le modhnú na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag táirgeoirí chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí, a leagtar amach in Airteagal 40(1), a chomhlíonadh, bunaithe ar ghrád na pacáistíochta maidir le feidhmíocht athchúrsála, agus ar an gcéatadán d'ábhar athchúrsáilte i gcás pacáistíocht phlaisteach. Faoi na critéir 'dearadh le haghaidh athchúrsála' breithneofar ***próisis bailithe, sórtála agus athchúrsála úrscothacha agus cumhdófar leo na comhpháirteanna pacáistíochta go léir***. | ***Faoi 12 mhí tar éis ghlacadh an Rialcháin seo glacfaidh an Coimisiún*** gníomhartha tarmligthe***, i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí agus*** i gcomhréir le hAirteagal 58 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun critéir madiir le 'dearadh le haghaidh athchúrsála' a bhunú, chomh maith le gráid maidir le feidhmíocht athchúrsála bunaithe ar na critéir agus na paraiméadair a liostaítear i dTábla 2 d'Iarscríbhinn II maidir le catagóirí pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 den Iarscríbhinn sin, chomh maith le rialacha maidir le modhnú na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag táirgeoirí chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí, a leagtar amach in Airteagal 40(1), a chomhlíonadh, bunaithe ar ghrád na pacáistíochta maidir le feidhmíocht athchúrsála, agus ar an gcéatadán d'ábhar athchúrsáilte i gcás pacáistíocht phlaisteach. Faoi na critéir 'dearadh le haghaidh athchúrsála' breithneofar ***an méid seo a leanas:*** |

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 1 – pointe a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(a) próisis bhailithe úrscothacha;*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 1 – pointe b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(b) próisis sórtála agus athchúrsála lena n-áiritheofar go mbeidh an phacáistiocht in ann a gnéithe agus a feidhmíochtaí a chomhlíonadh mar a leagtar amach in Airteagal 3(1), agus cumhdófar leis na comhpháirteanna pacáistíochta go léir. agus*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 1 – pointe c (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(c) critéir a bheidh ag teastáil chun go n-aithneoidh tomhaltóirí táirgí.*** |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 – fomhír 2**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun Tábla 1 ***den Iarscríbhinn*** a leasú chun é a chur in oiriúint don fhorbairt eolaíoch agus theicniúil ar dhearadh ábhair agus táirgí, | Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh***, i ndlúthchomhar le geallsealbhóirí agus*** i gcomhréir le hAirteagal 58 chun Tábla 1 ***d'Iarscríbhinn II*** a leasú chun é a chur in oiriúint don fhorbairt eolaíoch agus |

agus bonneagar bailithe, sórtála agus athchúrsála.

theicniúil ar dhearadh ábhair agus táirgí, agus bonneagar bailithe, sórtála agus athchúrsála.

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ón*** 1 Eanáir 2030, ní mheasfar pacáistíocht a bheith in-athchúrsáilte má chomhfhreagraíonn sí do ghrád feidhmíochta E faoi na critéir 'dearadh le haghaidh athchúrsála' arna mbunú sa ghníomh tarmligthe ***a glacadh de bhun mhír 4*** don chatagóir phacáistíochta lena mbaineann an phacáistíocht sin. | ***Ó 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm don ghníomh tarmligthe a glacadh de bhun mhír 4 agus in aon chás tráth nach luaithe ná*** 1 Eanáir 2030, ní mheasfar pacáistíocht a bheith in-athchúrsáilte má chomhfhreagraíonn sí do ghrád feidhmíochta E faoi na critéir 'dearadh le haghaidh athchúrsála' arna mbunú sa ghníomh tarmligthe ***réamhluaite*** don chatagóir phacáistíochta lena mbaineann an phacáistíocht sin. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Maidir le gach cineál pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II, bunóidh an Coimisiún an mhodheolaíocht chun a mheas an bhfuil an phacáistíocht in-athchúrsáilte ar scála. Bunófar an measúnú sin ar na heilimintí seo a leanas ar a laghad: | 6. ***Laistigh de 12 mhí tar éis ghlacadh an Rialacháin seo,*** maidir le gach cineál pacáistíochta a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn II, bunóidh an Coimisiún an mhodheolaíocht chun a mheas an bhfuil an phacáistíocht in-athchúrsáilte ar scála. Bunófar an measúnú sin ar na heilimintí seo a leanas ar a laghad: |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 7 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) an bealach chun toradh an mheasúnaithe in-athchúrsáilteachta a léiriú sna gráid feidhmíochta in-athchúrsáilteachta ó A go E, mar a thuairiscítear i dTábla ***3*** d'Iarscríbhinn II, bunaithe ar chéatadán an aonaid pacáistíochta, ó thaobh meáchain de, a bheidh in-athchúrsáilte de réir mhír 1; | (a) an bealach chun toradh an mheasúnaithe in-athchúrsáilteachta a léiriú sna gráid feidhmíochta in-athchúrsáilteachta ó A go E, mar a thuairiscítear i dTábla ***2*** d'Iarscríbhinn II, bunaithe ar chéatadán an aonaid pacáistíochta, ó thaobh meáchain de, a bheidh in-athchúrsáilte de réir mhír 1; |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 9 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ón 1 Eanáir 2030, agus de mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3, féadfar pacáistíocht nuálach a chur ar an margadh ar feadh uastréimhse ***5 bliana*** tar éis dheireadh na bliana féilire ar cuireadh ar an margadh í. | Ón 1 Eanáir 2030, agus de mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3, féadfar pacáistíocht nuálach a chur ar an margadh ar feadh uastréimhse ***8 mbliana*** tar éis dheireadh na bliana féilire ar cuireadh ar an margadh í. |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 10 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal sin maidir leis an méid a leanas ***go dtí an 31 Nollaig 2034***: | 10. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal sin maidir leis an méid a leanas: |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 10 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) pacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair d'fheistí leighis a chumhdaítear faoi | (b) pacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair d'fheistí leighis a chumhdaítear faoi |

| | |
|---|---|
| Rialachán (AE) 2017/745; | Rialachán (AE) 2017/745 ***agus faoi Rialachán (AE) 2019/6***; |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 10 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) earraí a dhíoltar in éineacht leis an táirge d'fhonn go n-úsáidfidh an t-úsáideoir deiridh iad chun an táirge a chur i bhfeidhm nó a dháileadh agus a bheidh i dteagmháil, dá bhrí sin, leis na táirgí a chumhdaítear faoi phointí (a), (b) nó (c);*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 10 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) pacáistiú le haghaidh bia atá beartaithe chun críocha speisialta míochaine agus le haghaidh grúpaí leochaileacha amhail naíonáin agus leanaí óga mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013.*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 11. Na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag táirgeoirí chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí dá dtagraítear in Airteagal 40 a chomhlíonadh, déanfar iad a mhodhnú ar | 11. Na ranníocaíochtaí airgeadais a bheidh le híoc ag táirgeoirí chun a n-oibleagáidí um fhreagracht leathnaithe táirgeoirí dá dtagraítear in Airteagal 40 a chomhlíonadh, déanfar iad a mhodhnú ar |

| | |
|---|---|
| bhonn an ghráid feidhmíochta in-athchúrsáilteachta, arna chinneadh i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i míreanna 4 agus 6 den Airteagal seo agus, a mhéid a bhaineann le pacáistíocht phlaisteach, i gcomhréir le hAirteagal 7(6) freisin. | bhonn an ghráid feidhmíochta in-athchúrsáilteachta, arna chinneadh i gcomhréir leis na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i míreanna 4 agus 6 den Airteagal seo agus, a mhéid a bhaineann le pacáistíocht phlaisteach, i gcomhréir le hAirteagal 7(6) freisin. ***Cuirfear ranníocaíochtaí airgeadais i leataobh chun maoiniú a dhéanamh ar ghlanchostas bhonneagair bailithe, sórtála agus athchúrsála an chineál pacáistíochta a bhfuiltear á íoc as, de réir na gcatagóirí a leagtar síos in Iarscríbhinn II, Tábla 1.*** |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ón 1 Eanáir 2030, beidh an céatadán íosta d'ábhar athchúrsáilte a leanas, a bheidh asighafa ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais, ***sa chuid phlaisteach de phacáistíocht***, ***in aghaidh an aonaid*** pacáistíochta: | 1. Ón 1 Eanáir 2030, beidh an céatadán íosta d'ábhar athchúrsáilte a leanas, a bheidh aisghafa ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais, ***i bpacáistíocht arb é plaisteach an príomhábhar inti, arna ríomh mar mheán na*** pacáistíochta ***plaistí go léir a bheidh curtha ar mhargadh an Aontais, in aghaidh na bliana, ag monaróir***: |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) 30 % i gcás pacáistíocht teagmhála íogair de theireataláit phoileitléine (TPE), arb í sin an mhór-chomhpháirt; | (a) 30 % i gcás pacáistíocht ***phlaisteach*** teagmhála íogair de theireataláit phoileitléine (TPE), arb i sin an mhór-chomhpháirt; |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) 10 % i gcás pacáistíocht teagmhála íogair d'ábhair phlaisteacha nach TPE iad, seachas buidéil dí ar táirgí plaisteacha aon úsáide iad;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) 35 % i gcás ***pacáistíochta*** seachas an phacáistíocht dá dtagraítear i bpointí (a)***, (b)*** agus (c). | (d) 35 % i gcás ***pacáistíocht phlaisteach*** seachas an phacáistíocht dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c)***, ach amháin pacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair a dhéantar as ábhair phlaisteacha nach TPE iad***. |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ón 1 Eanáir 2040, beidh an céatadán íosta d'ábhar athchúrsáilte a leanas, a bheidh asighafa ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais, ***sa chuid phlaisteach de phacáistíocht***, ***in aghaidh an aonaid*** pacáistíochta: | 2. Ón 1 Eanáir 2040, beidh an céatadán íosta d'ábhar athchúrsáilte a leanas, a bheidh aisghafa ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais, ***i bpacáistíocht arb é plaisteach an príomhábhar inti, arna ríomh mar mheán na*** pacáistíochta ***plaistí go léir a bheidh curtha ar mhargadh an Aontais ag monaróir***: |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) 65 % i gcás pacáistíocht phlaisteach seachas an phacáistíocht dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b); | (c) 65 % i gcás pacáistíocht phlaisteach seachas ***pacáistíocht teagmhála íogair a dhéantar as ábhar plaisteach seachas TPE agus*** an phacáistíocht dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b). |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) pacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair d'fheistí leighis a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2017/745; | (b) pacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair d'fheistí leighis a chumhdaítear faoi Rialachán (AE) 2017/745 ***agus faoi Rialachán (AE) 2019/6***; |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d a) earraí a dhíoltar in éineacht leis an táirge d'fhonn go n-úsáidfidh an t-úsáideoir deiridh iad chun an táirge a úsáid nó a dháileadh agus a bheidh i dteagmháil, dá bhrí sin, leis na táirgí a chumhdaítear faoi phointí (a), (b), (c);*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d b) pacáistiú le haghaidh bia atá beartaithe chun críocha speisialta*** |

***míochaine agus le haghaidh grúpaí leochaileacha amhail naíonáin agus leanaí óga mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013.***

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 3 – pointe d c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d c) pacáistiú le haghaidh táirgí neamh-mhíochaine ar cheart iad a mhonarú i gcomhréir le caighdeán 15378 ISO chun sábháilteacht agus cáilíocht an táirge le haghaidh sláinte tomhaltóirí a áirithiú.*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le pacáistíocht phlaisteach inmhúirínithe. | 4. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le pacáistíocht phlaisteach inmhúirínithe ***agus maidir le pacáistíocht phlaisteach neamh-iontaise, dúigh, greamacháin, vearnaisí agus cumhdaigh a úsáidtear ar phacáistíocht, go háirithe pacáistíocht a bheidh i dteagmháil le bia***. |

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 agus 2 maidir le pacáistíocht phlaisteach a bheartaítear a bheith i dteagmháil le bia*** |

| | |
|---|---|
| | ***nó beatha ar fhaitíos go mbeadh cion an ábhair athchúrsáilte ina bhagairt do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe agus go mbeadh rioscaí ann go gcuirfí airíonna orgánaileipteacha agus ceanglais chomhlíontachta táirgí i mbaol.*** |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Faoin 31 Nollaig 2026, ***beidh de chumhacht ag an gCoimisiún*** gníomhartha cur chun feidhme ***a ghlacadh*** lena mbunófar an mhodheolaíocht le haghaidh ríomh agus dheimhniú an chéatadáin d'ábhar athchúrsáilte a ghnóthaítear ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais, ***in aghaidh an aonaid pacáistíochta plaistí,*** agus an fhormáid le haghaidh na doiciméadachta teicniúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII. ***Déanfar*** na gníomhartha cur chun feidhme sin a ***ghlacadh*** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). | 7. Faoin 31 Nollaig 2026, ***glacfaidh an Coimisiún*** gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar an mhodheolaíocht le haghaidh ríomh agus dheimhniú an chéatadáin d'ábhar athchúrsáilte a ghnóthaítear ó dhramhaíl phlaisteach iarthomhaltais, agus an fhormáid le haghaidh na doiciméadachta teicniúla dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII. ***Ba cheart modh comhchuibhithe cothroime maise de chuid AE a mheasúnú mar chuid de*** na gníomhartha cur chun feidhme sin a ***ghlacfar*** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 59(3). |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 9 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoin 1 Eanáir 2030, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar a infhaighte, ar scála, sa mhargadh a bheidh ábhair athchúrsáilte ardcháilíochta le haghaidh pacáistíocht phlaisteach teagmhála íogair.*** |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 9 – fomhír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoin 1 Eanáir 2036, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá le maoluithe ar an íoschéatadán arna leagan síos i mír 2, pointí a, b agus c i gcás pacáistíocht phlaisteach shonrach, nó le hathbhreithniú a dhéanamh ar an maolú arna bhunú faoi mhír 3 i gcás pacáistíocht phlaisteach shonrach.*** |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 9 – fomhír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Beidh na measúnuithe sin bunaithe ar infhaighteacht na bplaisteach athchúrsáilte sa mhargadh agus ar na praghsanna orthu, ar bhonn bliantúil ó bhliain theacht i bhfeidhm don Rialachán seo. Leis na measúnuithe sin, cuirfear san áireamh sonraí Eurostat maidir le leibhéil athchúrsála na pacáistíochta plaistí a baineadh amach le haghaidh AE-27, innéacsanna praghsanna maidir le plaisteach athchúrsáilte agus rátaí bliantúla athraithe praghsanna bunaithe ar uirlis faireacháin atá le cur ar bun ag an gCoimisiún Eorpach, agus bunófar iad ar an nglacadh teicneolaíochtaí athchúrsála nua agus a dtionchar ar mhéideanna a bheidh ar fáil sa mhargadh.*** |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 9 – fomhír 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoin 1 Eanáir 2028, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an bhféidearthacht spriocanna nua beatha ainmhithe bithbhunaithe a thabhairt isteach le haghaidh pacáistíocht phlaisteach, i bhfianaise a mhéid a d’fhéadfaidís a dhéanamh chun na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 7(1) agus (2) a bhaint amach.*** |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 9 – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunaithe ar ***an measúnú*** sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun an Rialachán seo a leasú d’fhonn na nithe a leanas a dhéanamh: | Bunaithe ar ***na measúnuithe*** sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun an Rialachán seo a leasú d’fhonn na nithe a leanas a dhéanamh: |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 9 – fomhír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) foráil a dhéanamh maidir le maoluithe ar raon feidhme, uainiú nó leibhéal an íoschéatadáin a leagtar síos i mír 1, pointí b agus d, le haghaidh pacáistíocht phlaisteach shonrach, agus, de réir mar is iomchuí, | (a) foráil a dhéanamh maidir le maoluithe ar raon feidhme, uainiú nó leibhéal an íoschéatadáin a leagtar síos i mír 1, pointí b agus d, ***agus i mír 2, pointí a, b agus c*** le haghaidh pacáistíocht phlaisteach shonrach, agus, de réir mar is iomchuí, |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 7 – mír 9 – fomhír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| sa chás nach mbeidh teicneolaíochtaí athchúrsála oiriúnacha ar fáil chun pacáistíocht phlaisteach a athchúrsáil toisc nár údaraíodh iad faoi rialacha ábhartha an Aontais nó toisc nár suiteáladh go leordhóthanach iad sa chleachtas. | sa chás nach mbeidh teicneolaíochtaí athchúrsála oiriúnacha ar fáil chun pacáistíocht phlaisteach a athchúrsáil toisc nár údaraíodh iad faoi rialacha ábhartha an Aontais nó toisc nár suiteáladh go leordhóthanach iad sa chleachtas ***nó sa chás nach mbeidh aon infhaighteacht leordhóthanach de phlaisteach athchúrsáilte sa mhargadh a oireann chun a bheith i dteagmháil le bia***. |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Faoin [OP: cuir isteach an dáta = 24 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]***, maidir le pacáistíocht dá dtagraítear in Airteagal 3(1), ***pointí*** (f) ***agus (g), lipéid ghreamaitheacha, a chuirfear ar thorthaí agus glasraí*** agus málaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom, beidh siad inmhúirínithe i saoráidí cóireála bithdhramhaíola faoi dhálaí arna rialú go tionsclaíoch. | 1. ***Faoi 2030***, maidir le pacáistíocht dá dtagraítear in Airteagal 3(1), ***pointe*** (f) agus málaí siopadóireachta plaisteacha an-éadrom***, lena n-áirítear málaí le haghaidh torthaí agus glasraí a bheidh ag teastáil ar chúiseanna sláinteachais agus chun nach gcuirfear bia amú,*** beidh siad inmhúirínithe i saoráidí cóireála bithdhramhaíola faoi dhálaí arna rialú go tionsclaíoch***, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos i gcaighdeáin chomhchuibhithe AE le haghaidh pacáistíocht a bheidh inghnóthaithe trí mhúiríniú, bithdhíghrádú agus díleá anaeróbach***. |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***I gcás inarb ann do*** scéimeanna | 2. ***Tá de chumhacht ag Ballstáit ag a*** |

iomchuí um bailiú dramhaíola agus ***do bhonneagar*** um chóireáil dramhaíola ***chun a áirithiú go rachaidh an phacáistíocht dá dtagraítear i mír 1 isteach sa sruth um bainistiú dramhaíola orgánaí, tá de chumhacht ag Ballstáit*** a cheangal ***nach gcuirfear*** málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma ***ar fáil*** ar a margadh ***den chéad uair ach amháin más féidir a léiriú gur monaraíodh na málaí siopadóireachta plaisteacha éadroma sin, ina n-iomláine, as polaiméirí plaisteacha in-bhithdhíghrádaithe atá*** inmhúirínithe faoi dhálaí arna rialú go tionsclaíoch.

***bhfuil*** scéimeanna iomchuí um bailiú dramhaíola agus ***bonneagar*** um choireáil dramhaíola a cheangal ***maidir le*** malaí siopadóireachta plaisteacha éadroma ***a chuirfear*** ar a margadh***, go mbeidh siad*** inmhúirínithe faoi dhálaí arna rialú go tionsclaíoch. ***Beidh feidhm ag an bhforáil chéanna maidir le formáidí pacáistíochta inmhúirínithe a luaitear in Iarscríbhinn V, pointí 1 agus 4.***

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Faoin*** [OP: Cuir isteach an dáta= 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ***beifear in ann*** pacáistíocht seachas an phacáistíocht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, ***lena n-áirítear*** pacáistíocht déanta de pholaiméirí plaisteacha in-bhithdhíghrádaithe***,*** a athchúrsáil mar ábhar gan difear a dhéanamh d'in-athchúrsáilteacht sruthanna dramhaíola eile. | 3. ***Faoi 2030*** [OP: Cuir isteach an dáta = 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], ***maidir le*** pacáistíocht ***arna lipéadú mar phacáistíocht inmhúirínithe*** seachas an phacáistíocht dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, ***comhlíonfaidh sí na critéir arna liostú in Iarscríbhinn III. Beifear in ann*** pacáistíocht déanta de pholaiméirí plaisteacha in-bhithdhíghrádaithe a athchúrsáil mar ábhar gan difear a dhéanamh d'in-athchúrsáilteacht sruthanna dramhaíola eile. |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. ***Tabharfar*** de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun | 5. ***Tugtar*** de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun |

| | |
|---|---|
| míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a leasú trí bhíthin cineálacha eile pacáistíochta a chur leis na cineálacha pacáistíochta a chumhdaítear faoi na míreanna sin nuair atá bonn cirt leis sin agus nuair is iomchuí de bharr forbairtí teicneolaíocha agus rialála a dhéanann difear do dhiúscairt pacáistíochta inmhúirínithe agus faoi na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III. | míreanna 1 agus 2 den Airteagal seo a leasú trí bhíthin cineálacha eile pacáistíochta a chur leis na cineálacha pacáistíochta a chumhdaítear faoi na míreanna sin nuair atá bonn cirt leis sin agus nuair is iomchuí de bharr forbairtí teicneolaíocha agus rialála a dhéanann difear do dhiúscairt pacáistíochta inmhúirínithe agus faoi na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III. ***Ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún clár poiblí ina mbeidh liostaí de na hiarratais sin a bhunú agus a nuashonrú.*** |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 8 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5 a. Tráth nach déanaí ná {OP: cuir isteach an dáta= 24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] iarrfaidh an Coimisiún ar na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú nuashonrú a dhéanamh ar an gcaighdeán comhchuibhithe maidir leis na ceanglais le haghaidh pacáistíochta is inghnóthaithe trí mhúiríniú agus bith-dhíghrádú - scéimeanna tástála agus critéir mheastóireachta. Déanfar breithniú leis an gcaighdeán sin ar amanna múirínithe, leibhéil inghlactha éillithe ó amharc agus ceanglais eile is gá chun na dálaí iarbhír sna saoráidí cóireála bithdhramhaíola a léiriú, lena n-áirítear próisis díleá anaeróbach, i gcomhréir leis na forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha.*** |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Dearfar pacáistíocht ionas go laghdófar a meáchan agus a toirt go dtí an meáchan agus an toirt is lú is gá chun a ***feidhmiúlacht*** a áirithiú, agus ***an t-ábhar as a bhfuil an phacáistíocht déanta*** á chur san áireamh. | 1. Dearfar pacáistíocht ionas go laghdófar a meáchan agus a toirt go dtí an meáchan agus an toirt is lú is gá chun a ***feidhmeanna mar a leagtar síos in Airteagal 3(1) den Rialachán seo*** a áirithiú, agus ***an méid a leanas*** á chur san áireamh: |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) an t-ábhar as a ndéantar an phacáistíocht;*** |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) cruth nó dearadh ar leith atá á chosaint ag cearta maoine intleachtúla;*** |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c) ardchaighdeán cáilíochta a chaomhnú chun sábháilteacht tomhaltóirí a áirithiú; agus*** |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 1 – pointe d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d) aitheantas tomhaltóirí ar tháirgí go háirithe i gcás na dtáirgí sin a bhfuil tásca geografacha tionscnaimh nó scéimeanna cáilíochta eile ag baint leo a chosnaítear faoi dhlí an Aontais.*** |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Pacáistíocht nach bhfuil gá léi chun aon cheann de na critéir feidhmíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a chomhlíonadh agus pacáistíocht ag a bhfuil saintréithe nach bhfuil gá leo ach amháin chun toirt bhraite an táirge a mhéadú, lena n-áirítear ballaí dúbailte, ***íochtair bhréige,*** agus sraitheanna nach bhfuil gá leo, ní chuirfear ar an margadh iad, ach amháin má ***tá dearadh na pacáistíochta faoi réir tásca geografacha tionscnaimh atá á gcosaint*** faoi reachtaíocht an Aontais**.** | 2. Pacáistíocht nach bhfuil gá léi chun aon cheann de na critéir feidhmíochta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a chomhlíonadh agus pacáistíocht ag a bhfuil saintréithe nach bhfuil gá leo ach amháin chun toirt bhraite an táirge a mhéadú, lena n-áirítear ballaí dúbailte, agus sraitheanna nach bhfuil gá leo, ní chuirfear ar an margadh iad, ach amháin má ***bhaineann sí le táirge ar bronnadh sainaitheantas táirge air nó má tá sí á cosaint*** faoi reachtaíocht an Aontais ***ag:*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) cearta maoine intleachtúla cláraithe;*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 – pointe b (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***(b) tásca geografacha tionscnaimh nó scéimeanna cáilíochta eile a bhaineann le táirgí AE agus le táirgí tríú tíortha.*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 2 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***2 a. Gan dochar do mhír 1, déanfaidh monaróirí táirgí a chumhdaítear faoi phointí (a) agus (b) de mhír 2 a sárdhícheall chun dearadh a bpacáistíochta a optamú i gcomhréir leis an Airteagal seo agus leis na critéir feidhmíochta a liostaítear in Iarscríbhinn IV.*** |

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 – fomhír 2**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| Chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na míre seo, measfar gur spás folamh é spás a líonfar le gearrthóga páipéir, aerchúisíní, cumhdaigh bholgóideacha, líonaigh spúinse, líonaigh chúir, olann adhmaid, polaistiréin, clocha Styrofoam nó ábhair líonta eile. | Chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na míre seo, measfar gur spás folamh é spás a líonfar le gearrthóga páipéir, aerchúisíní, cumhdaigh bholgóideacha, líonaigh spúinse, líonaigh chúir, olann adhmaid, polaistiréin, clocha Styrofoam nó ábhair líonta eile. ***Maidir le pacáistíocht díolacháin na dtáirgí bia a bhíonn faoi réir a socraithe le linn iompair nó i gcás ina dteastaíonn spás cinn chun an táirge a chosaint, is ag an bpointe líonta a dhéanfar comhlíonadh na míre seo a mheasúnú.*** |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Beidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 gan dochar a dhéanamh do phacáistíocht bhia chun gur féidir sábháilteacht, cáilíocht agus seilfré an táirge phacáistithe a áirithiú léi, agus táirgí a chosaint ar shuaití fisiciúla agus sa tslí sin cur amú bia a chosc a oiread agus is féidir, gan beann ar mhéid nó meáchan an táirge a phacáistítear. Measfar aer idir earraí bia pacáistithe nó iontu, nó gáis chosantacha, mar spás folamh.*** |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) sainaithint na gceanglas deartha, lena gcoisctear tuilleadh laghdaithe ar mheáchan nó toirt na pacáistíochta, i gcás gach ceann de na critéir feidhmíochta sin; | (b) sainaithint na gceanglas deartha***, lena n-áirítear na ceanglais sin atá nasctha le maoin intleachtúil chláraithe,*** lena gcoisctear tuilleadh laghdaithe ar mheáchan nó toirt na pacáistíochta, i gcás gach ceann de na critéir feidhmíochta sin; |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 9 – mír 4 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tá diolúine ag micrifhiontair agus fiontair bheaga mar a shainmhínítear iad i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún ó na ceanglais an doiciméadacht theicniúil a leagtar amach sa mhír seo a sholáthar.*** |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) is féidir í a fholmhú, a dhíluchtú, a athlíonadh nó a athluchtú fad a choinnítear cáilíocht agus sábháilteacht an táirge phacáistithe agus is féidir lipéid a chur uirthi, chomh maith le faisnéis maidir le hairíonna an táirge sin agus na pacáistíochta féin, lena n-áirítear aon treoir nó faisnéis ábhartha chun sábháilteacht, úsáid leormhaith, inrianaitheacht agus seilfré an táirge a áirithiú; | (f) is féidir í a fholmhú, a dhíluchtú, a athlíonadh nó a athluchtú fad a choinnítear cáilíocht agus sábháilteacht an táirge phacáistithe***, lena n-áirítear ábhair bhia,*** agus is féidir lipéid a chur uirthi, chomh maith le faisnéis maidir le hairíonna an táirge sin agus na pacáistíochta féin, lena n-áirítear aon treoir nó faisnéis ábhartha chun sábháilteacht, úsáid leormhaith, inrianaitheacht agus seilfré an táirge a áirithiú; |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Léireofar*** comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i mír 1 san fhaisnéis theicniúil a bhaineann leis an bpacáistíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII. | 2. ***Ní bhainfidh*** comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i mír 1 ***ach le pacáistíocht a chuirtear ar an margadh den chéad uair tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus léireofar é*** san fhaisnéis theicniúil a bhaineann leis an bpacáistíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII. |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 10 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2 a. Tá diolúine ag micrifhiontair agus fiontair bheaga mar a shainmhínítear iad i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún ó na*** |

***ceanglais an doiciméadacht theicniúil a leagtar amach sa mhír seo a sholáthar.***

**Leasú 149**
9
**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ón [OP: Cuir isteach an dáta = ***42*** mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfear lipéad ar phacáistíocht ina mbeidh faisnéis maidir le comhdhéanamh a hábhair. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pacáistíocht iompair. Ach beidh feidhm aici maidir le pacáistíocht ríomhthráchtála. | Ón [OP: Cuir isteach an dáta = ***48*** mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], maidir le pacáistíocht a chuirfear ar an margadh beidh lipéad uirthi ina mbeidh faisnéis maidir le comhdhéanamh a hábhair. ***Is lipéad sothuigthe a bheidh ar an bpacáistíocht.*** Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pacáistíocht iompair. Ach beidh feidhm aici maidir le pacáistíocht ríomhthráchtála. |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Marcálfar pacáistíocht faoi réir na gcóras éarlaise agus fillte dá dtagraítear in Airteagal 44(1)***, de bhreis ar an lipéadú dá dtagraítear sa chéad fhomhír,*** le lipéad comhchuibhithe a bunaíodh sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha a glacadh de bhun mhír 5. | Marcálfar pacáistíocht faoi réir na gcóras éarlaise agus fillte dá dtagraítear in Airteagal 44(1) le lipéad comhchuibhithe a bunaíodh sa ghníomh cur chun feidhme ábhartha a glacadh de bhun mhír 5. |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Ón [OP: Cuir isteach an dáta = 48 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an | 2. Ón [OP: Cuir isteach an dáta = 48 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an |

| | |
|---|---|
| Rialacháin seo], beidh lipéad ar ***phacáistíocht*** maidir le hath-inúsáidteacht na pacáistíochta agus cód QR nó cineál eile iompróra sonraí digiteacha lena dtabharfar tuilleadh faisnéise maidir le hath-inúsáidteacht na pacáistíochta lena n-áirítear a infhaighte a bheidh córas i gcomhair athúsáide, agus pointí bailithe, agus lena n-éascófar rianú na pacáistíochta agus ríomh turas agus uainíochtaí. Ina theannta sin, déanfar pacáistíocht díolacháin in-athúsáidte a shainaithint go soiléir agus a idirdhealú ó phacáistíocht aon úsáide ag an díolphointe. | Rialacháin seo], ***maidir le pacáistíocht in-athúsáidte a chuirfear ar an margadh*** beidh lipéad ***sothuigthe uirthi*** maidir le hath-inúsáidteacht na pacáistíochta agus cód QR nó cineál eile iompróra sonraí digiteacha lena dtabharfar tuilleadh faisnéise maidir le hath-inúsáidteacht na pacáistíochta lena n-áirítear a infhaighte a bheidh córas i gcomhair athúsáide, agus pointí bailithe, agus lena n-éascófar rianú na pacáistíochta agus ríomh turas agus uainíochtaí. ***Déanfar an lipéad sin agus an fhaisnéis a sholáthrófar tríd an gcód QR a chur ar fáil i dteangacha na mBallstát go léir ina mbeidh an phacáistíocht ar fáil sa mhargadh.*** Ina theannta sin, déanfar pacáistíocht díolacháin in-athúsáidte a shainaithint go soiléir agus a idirdhealú ó phacáistíocht aon úsáide ag an díolphointe. |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Gan dochar do cheanglais maidir le lipéid chomhchuibhithe eile ón Aontas Eorpach, ní sholáthróidh oibreoirí eacnamaíocha, ná ní léireoidh siad, lipéid, marcanna, siombailí nó inscríbhinní ar dócha go gcuirfear tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile ar míthreoir nó ar strae leo maidir le ceanglais inbhuanaitheachta le haghaidh pacáistíochta, saintréithe eile na pacáistíochta nó roghanna maidir le bainistiú dramhphacáistíochta, a leagtar síos lipéadú comhchuibhithe ina leith leis an Rialachán seo. | 7. Gan dochar do cheanglais maidir le lipéid chomhchuibhithe eile ón Aontas Eorpach, ní sholáthróidh oibreoirí eacnamaíocha, ná ní léireoidh siad, lipéid, marcanna, siombailí nó inscríbhinní ar dócha go gcuirfear tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile ar míthreoir nó ar strae leo maidir le ceanglais inbhuanaitheachta le haghaidh pacáistíochta, saintréithe eile na pacáistíochta nó roghanna maidir le bainistiú dramhphacáistíochta, a leagtar síos lipéadú comhchuibhithe ina leith leis an Rialachán seo. ***I gcás pacáistíocht a úsáidtear le haghaidh earraí bia, ba cheart an lipéad agus an cód QR a bheith in-idirdhealaithe go soiléir agus gan difear á dhéanamh acu do sholáthar faisnéise cothúcháin ar an bpacáistíocht, go háirithe i bhfianaise na bhforálacha maidir le híoslaghdú pacáistíochta dá*** |

| | |
|---|---|
| | ***dtagraítear in Airteagal 9.*** |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 11 – mír 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***8 a. Féadfar pacáistíocht a chuirtear ar an margadh roimh na dátaí a luaitear san airteagal seo a mhargú go dtí deireadh a ré.*** |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 – mír 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Ní bhainfidh na hoibleagáidí dá dtagraítear i míreanna 1 go 9 le micrifhiontair mar a shainmhínítear iad in Airteagal 22(3), an chéad leathabairt.*** |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Déanfaidh monaróirí, a ***mheasann nó a bhfuil údar acu chun a chreidiúint nach*** bhfuil pacáistíocht ***atá*** curtha ar an margadh acu**,** i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an phacáistíocht sin a thabhairt chun comhréireachta, chun an phacáistíocht a tharraingt siar nó í a aisghairm, de réir mar is iomchuí. | 6. Déanfaidh monaróirí, a bhfuil pacáistíocht curtha ar an margadh acu ***nach bhfuil*** i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach in Airteagail 5 go 11, na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an phacáistíocht sin a thabhairt chun comhréireachta, chun an phacáistíocht a tharraingt siar nó í a aisghairm, de réir mar is iomchuí. |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 17 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) gur chomhlíon an monaróir agus an t-allmhaireoir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 13(5) agus (6) agus in Airteagal 16(3) faoi seach. | (c) gur chomhlíon an monaróir agus an t-allmhaireoir na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 13(5) agus (6) agus in Airteagal 16(3) faoi seach. ***Ní bhaineann na hoibleagáidí cigireachta sin le micrifhiontair mar a shainmhínítear iad in Airteagal 22(3), an chéad leathabairt.*** |

*Réasúnú*

*Díolúine do mhicrifhiontair, go háirithe do mhargóirí díreacha, ar choinníoll go bhfuil d'oibleagáid orthu cigireachtaí mar "dháileoirí" pacáistíochta a dhéanamh de bhun Airteagal 3(13) den dréachtrialachán. Níor cheart an ceanglas cigireachta a bheith i bhfeidhm le haghaidh micrifhiontar.*

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 21 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Measfar gur spás folamh é spás a líonfar le hábhair líonta amhail gearrthóga páipéir, aerchúisíní, cumhdaigh bholgóideacha, líonaigh spúinse, líonaigh chúir, olann adhmaid, polaistiréin nó clocha Styrofoam. | Measfar gur spás folamh é spás a líonfar le hábhair líonta amhail gearrthóga páipéir, aerchúisíní, cumhdaigh bholgóideacha, líonaigh spúinse, líonaigh chúir, olann adhmaid, polaistiréin nó clocha Styrofoam. ***Rud eile de, más amhlaidh go gcruthaíonn cruth an táirge staid ina mbeadh breis ábhair pacáistíochta ag teastáil mar thoradh ar an spás folamh a íoslaghdú, is féidir imeacht ó phrionsabal an spáis fholaimh trí mhéid an ábhair pacáistíochta a íoslaghdú.*** |

*Réasúnú*

*Mar thoradh ar chruth go leor de na táirgí agraibhia, beidh breis is 40 % spáis fholaimh sa phacáistíocht, i gcartán uibheacha mar shampla.*

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear in Iarscríbhinn V. | 1. ***Ón 1 Eanáir 2030*** ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear in Iarscríbhinn V. |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Beidh feidhm le comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i mír 1 gan dochar do na forálacha a leagtar síos in Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE agus i gcomhréir le raon feidhme an Rialacháin seo mar a shainmhínítear in Airteagal 2 agus leis na ceanglais a leagtar síos le reachtaíocht AE maidir le sábháilteacht bia, lena n-áirítear inrianaitheacht mar a leagtar síos in Airteagal 76 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002.*** |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. De mhaolú ar mhír 1, ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn V ón 1 Eanáir 2030.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh na Ballstáit oibreoirí eacnamaíocha a dhíolmhú ó phointe ***3*** d’Iarscríbhinn V má chomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicreachuideachta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún, de réir mar is infheidhme an [OP: Cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil gan pacáistíocht a úsáid nó rochtain a fháil ar an mbonneagar atá riachtanach d’fheidhmiú córais athúsáide. | 3. Féadfaidh na Ballstáit oibreoirí eacnamaíocha a dhíolmhú ó phointe ***4*** d’Iarscríbhinn V má chomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicreachuideachta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún, de réir mar is infheidhme an [OP: Cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil gan pacáistíocht a úsáid nó rochtain a fháil ar an mbonneagar atá riachtanach d’fheidhmiú córais athúsáide. |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Ní bhaineann comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach san airteagal seo le pacáistíocht táirgí a mbaineann tásca geografacha tionscnaimh nó scéimeanna cáilíochta eile leo a chosnaítear faoi reachtaíocht an Aontais.*** |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 b. Faoin 1 Eanáir 2027 ar a dhéanaí, beidh de chumhacht ag an gCoimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun liosta a bhunú d’eisceachtaí ar fhormáidí agus*** |

| | |
|---|---|
| | ***críocha pacáistíochta a liostaítear in Iarscríbhinn V ar pacáistíocht í a mbeidh feidhmeanna teicniúla sainaitheanta go soiléir aici a bhaineann le cosaint sláinte, sláine táirgí nó iompar nó mar mheán chun faisnéis rialála a sheoladh. Bunófar an gníomh tarmligthe sin ar mheasúnú tionchair lena gcuirfear san áireamh a infhaighte a bheidh réitigh phacáistíochta mhalartacha, leibhéil an chur amú bia a ghintear mar thoradh ar olldíolacháin, agus inbhuanaitheacht eacnamaíoch.*** |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. ***Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58 chun Iarscríbhinn V a leasú i bhfianaise dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch leis an gcuspóir an dramhphacáistíocht a laghdú. Agus na gníomhartha tarmligthe sin á nglacadh aige,*** breithneoidh an Coimisiún ***acmhainneacht*** na srianta maidir le húsáid formáidí sonracha pacáistíochta chun laghdú ar an dramhphacáistíocht ***a ghintear*** agus tionchar ***dearfach*** ar an gcomhshsaol i gcoitinne ***a áirithiú freisin***, agus cuirfidh sé san áireamh a infhaighte a bheidh réitigh phacáistíochta mhalartacha a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa reachtaíocht is infheidhme maidir le pacáistíocht teagmhála íogair, chomh maith lena gcumas éilliú micribhitheolaíoch an táirge phacáistithe a chosc. | 4. ***Faoin [OP: Cuir isteach an dáta = 8 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]*** breithneoidh an Coimisiún ***tionchar*** na srianta maidir le húsáid formáidí sonracha pacáistíochta chun laghdú ar an dramhphacáistíocht agus ***ar a*** tionchar ar an gcomhshaol i gcoitinne agus cuirfidh sé ***tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Déanfar tionchar na srianta ar úsáid formáidí pacáistíochta áirithe, a mhéid a thugann siad dea-thorthaí soiléire comhshaoil, a chur i láthair sa tuarascáil, agus saolré iomlán na bhformáidí pacáistíochta á cur san áireamh. Cuirfear*** san áireamh ***sa tuarascáil freisin*** a infhaighte a bheidh réitigh phacáistíochta mhalartacha ***agus amhábhair*** a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach sa reachtaíocht is infheidhme maidir le pacáistíocht teagmhála íogair, chomh maith lena gcumas éilliú micribhitheolaíoch***, traséilliú le hailléirginí agus saintréithe tais-scópacha*** an táirge phacáistithe***, agus a chur amú mar bhia,*** a chosc. |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 22 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Maidir le Ballstáit a bhfuil scéimeanna um bailiú dramhaíola agus bonneagair um chóireáil dramhaíola iomchuí acu, féadfaidh siad pacáistíocht inmhúirínithe a chomhlíonann Iarscríbhinn III maidir leis na formáidí agus chun na gcríoch a liostaítear i bpointí 1 agus 4 d'Iarscríbhinn V a dhíolmhú ó na forálacha a leagtar síos san Airteagal seo.*** |

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 25 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Ní bheidh aon dliteanas ar oibreoirí eacnamaíocha i leith sláinteachais nó fadhbanna sábháilteachta bia a d'fhéadfadh eascairt as úsáid coimeádán arna soláthar ag an tomhaltóir deiridh.*** |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ón 1 Eanáir 2030, áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha a chuireann mórfhearais tí a liostaítear i bpointe ***2*** d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2012/19/AE ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit go gcuirfear 90 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht iompair in-athúsáidte laistigh | 1. Ón 1 Eanáir 2030, áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha a chuireann mórfhearais tí a liostaítear i bpointe ***1*** d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2012/19/AE ar fáil ar an margadh den chéad uair laistigh de chríoch Ballstáit go gcuirfear 90 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht iompair in-athúsáidte laistigh |

| | |
|---|---|
| de chóras athúsáide. | de chóras athúsáide. |

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid a leagtar síos i mír 1 maidir le pacáistíocht chairtchláir.*** |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Maidir leis an dáileoir deiridh a dhéanann pacáistíocht díolacháin ina mbeidh deochanna fuara nó teo, a chuirtear i gcoimeádán ag an díolphointe le haghaidh 'beir leat', a chur ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit, áiritheoidh sé an méud seo a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) ón 1 Eanáir 2030, go mbeidh 20 % de na deochanna sin á gcur ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú;*** | |
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, go mbeidh 80 % de na deochanna sin á gcur ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú.*** | |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| ***3. Maidir le dáileoir deiridh a dhéanann a ghníomhaíocht ghnó in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna agus atá á cur ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit pacáistíocht díolacháin le haghaidh bia réamhullmhaithe beir leat a bheartaítear le haghaidh tomhaltas láithreach gan aon ullmhú breise ag teastáil, agus a thomhailtear díreach ón gcoimeádán de ghnáth, áiritheoidh sé an méid a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) ón 1 Eanáir 2030, go gcuirfear 10 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú;*** | |
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, go gcuirfear 40 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú.*** | |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 4 – an chuid réamhráiteach**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| 4. Áiritheoidh ***an monaróir agus*** an dáileoir deiridh a chuireann ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Bhallstáit, i bpacáistíocht díolacháin, deochanna meisciúla i bhfoirm beorach, deochanna meisciúla carbónáitithe, deochanna coipthe nach ***fíonta iad, táirgí fíona cumhraithe agus*** fíon ***torthaí, táirgí de bhun deochanna biotáilleacha, fíon,*** nó deochanna coipthe eile measctha le deochanna, deoch shóide, ceirtlis nó sú, an méid a leanas: | 4. Áiritheoidh an dáileoir deiridh a chuireann ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Bhallstáit, i bpacáistíocht díolacháin, deochanna meisciúla i bhfoirm beorach, deochanna meisciúla carbónáitithe, deochanna coipthe eile ***seachas táirgí atá faoi chóid Ainmníochta 2204 (***fíon ***ó fhíonchaora úra lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor, faoi choipeadh agus a bhfuil a neart alcóil iarbhír de réir toirte > 0,5 % nó úrfhíon fíonchaor agus alcól curtha leis a bhfuil a neart alcóil iarbhír de réir toirte > 0,5 %), 2205 (fíon mormónta agus fíon eile ó fhíonchaora úra, a bhfuil*** |

| | |
|---|---|
| | ***substaintí aramatacha nó plandaí curtha leo mar bhlaistiú) agus 2208 (alcól eitile neamh-dhínádúraithe a bhfuil a neart alcóil < 80 %; biotáille, licéir agus deochanna biotáilleacha eile),*** nó deochanna coipthe eile atá measctha le deochanna, deoch shóide, ceirtlis nó sú, an méid a leanas: |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, cuirfear 25 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. Áiritheoidh an monaróir agus an dáileoir deiridh a chuireann ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Bhallstáit, i bpacáistíocht díolacháin, deochanna meisciúla i bhfoirm fíona, cé is moite d'fhíon súilíneach, an méid a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) ón 1 Eanáir 2030, cuirfear 5 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú;*** | |
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, cuirfear 15 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú.*** | |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 6 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Áiritheoidh ***an monaróir agus*** an dáileoir deiridh, a chuireann ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Bhallstáit, i bpacáistíocht díolacháin, deochanna neamh-mheisciúla i bhfoirm uisce, uisce a bhfuil siúcra nó ábhar milsiúcháin eile curtha leis, uisce blaistithe, deochanna boga, líomanáid sóide, tae oighrithe agus deochanna den sórt sin atá díreach réidh lena n-ól, ***fíorshú, sú nó úrfhíon torthaí nó glasraí agus caoineoga gan bhainne*** agus deochanna neamh-mheisciúla a bhfuil saill bhainne iontu, an méid a leanas: | 6. Áiritheoidh ***an monaróir agus*** an dáileoir deiridh, a chuireann ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Bhallstáit, i bpacáistíocht díolacháin, deochanna neamh-mheisciúla i bhfoirm uisce, uisce a bhfuil siúcra nó ábhar milsiúcháin eile curtha leis, uisce blaistithe, deochanna boga, líomanáid sóide, tae oighrithe agus deochanna den sórt sin atá díreach réidh lena n-ól, ***fíorshú, sú nó úrfhíon torthaí nó glasraí agus caoineoga gan bhainne agus deochanna neamh-mheisciúla a bhfuil saill bhainne iontu***, an méid a leanas: |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 6 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, go gcuirfear 25 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide nó trí athlíonadh a chumasú.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6 a. Díolmhófar Ballstáit ón oibleagáid faoi mhíreanna 4 agus 6 i gcás ina bhfuil na coinníollacha a leanas i bhfeidhm:*** |
| | ***(a) go bhfuil an ráta athchúrsála os cionn*** |

| | |
|---|---|
| | ***80 % de réir mheáchan na pacáistíochta sin a chuirtear ar an margadh i gcríoch an Bhallstáit sin sna blianta féilire 2026 agus 2027. Sa chás nár cuireadh an tuairisciú sin faoi bhráid an Choimisiúin go fóill, cuirfidh an Ballstát údar cuí réasúnaithe ar fáil, bunaithe ar shonraí náisiúnta agus lena n-áirítear an tuairisc ar na bearta a cuireadh chun feidhme, chun a léiriú gur comhlíonadh na coinníollacha don díolúine a leagtar amach sa mhír sin;*** |
| | ***(b) 24 mhí ar a dhéanaí roimh an spriocdháta a leagtar síos i míreanna 2 agus 4 den Airteagal seo, go dtabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún go bhfuil díolúine á hiarraidh aige, agus go gcuirfidh sé plean cur chun feidhme faoina bhráid ina léireofar straitéis a ngabhann gníomhaíochtaí nithiúla léi, lena n-áirítear amlíne trína n-áirithítear go ndéanfar an ráta athchúrsála 80 % de réir mheáchán na pacáistíochta a bhaint amach.*** |
| | ***(c) go mbeidh córas náisiúnta éarlaise agus fillte curtha ar bun, mar a shainítear in Airteagal 3(51), agus ráta bailithe 85 % ar a laghad ag baint leis;*** |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 7 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht iompair i bhfoirm pailléad, cliathbhoscaí plaisteacha, boscaí plaisteacha infhillte, buicéad agus drumaí chun earraí a iompar nó a phacáistiú i ndálaí seachas dá ndéantar foráil faoi mhíreanna 12 agus 13, an méid a leanas: | 7. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht iompair ***laistigh den Aontas*** i bhfoirm pailléad, cliathbhoscaí plaisteacha, boscaí plaisteacha infhillte, buicéad agus drumaí chun earraí a iompar nó a phacáistiú i ndálaí seachas dá ndéantar foráil faoi mhíreanna 12 agus 13, ***agus nach mbeidh i dteagmháil dhíreach le bia*** an méid a leanas: |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 7 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ón 1 Eanáir 2030, ***go mbeidh 30 % den phacáistíocht sin a úsáidfear ina pacáistíocht*** in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide; | (a) ón 1 Eanáir 2030, ***go gcuirfear*** 30 % ***de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht*** in-athúsáidte ***iompair*** laistigh de chóras le haghaidh athúsáide; |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 7 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, go nbeidh 90 % den phacáistíocht den sórt sin a úsáidfear ina pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7 a. Ní bheidh feidhm ag na hoibleagáidí a leagtar síos i mír 7 maidir le gnólachtaí bia mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (2), de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 atá ag gabháil do lóistíocht agus dáileadh mórdhíola B2B agus táirgeadh agus próiseáil thionsclaíoch ar mhórscála.*** |

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 8 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ón 1 Eanáir 2030, ***beidh*** 10 % ***den phacáistíocht*** sin ***a úsáidfear ina pacáistíocht*** in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide; | (a) ón 1 Eanáir 2030, ***cuirfear*** 10 % ***de na táirgí*** sin ***ar fáil i bpacáistíocht iompair*** in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide; |

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 8 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, beidh 50 % den phacáistíocht sin a úsáidfear ina pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 9 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ón 1 Eanáir 2030, ***beidh*** 10 % ***den phacáistíocht*** sin ***a úsáidfear ina pacáistíocht*** in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide; | (a) ón 1 Eanáir 2030, ***cuirfear*** 10 % ***de na táirgí*** sin ***ar fáil i bpacáistíocht iompair*** in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide; |

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 9 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, beidh 30 % den phacáistíocht sin a úsáidfear le haghaidh iompair ina pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 10 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 10. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht ghrúpáilte i bhfoirm boscaí, gan boscaí cairtchláir san áireamh, a úsáidtear i gcomhthéacs seachas pacáistíocht díolacháin chun líon áirithe táirgí a ghrúpáil chun aonad coinneála stoic a chruthú, an méid a leanas: | 10. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht ghrúpáilte i bhfoirm boscaí, gan boscaí cairtchláir san áireamh, a úsáidtear i gcomhthéacs seachas pacáistíocht díolacháin chun líon áirithe táirgí a ghrúpáil chun aonad coinneála stoic ***nó aonad dáilte*** a chruthú, an méid a leanas: |

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 10 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ón 1 Eanáir 2030, ***beidh*** 10 % ***den phacáistíocht*** sin ***a úsáidfear ina pacáistíocht*** in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide; | (a) ón 1 Eanáir 2030, ***go cuirfear*** 10 % ***de na táirgí*** sin ***ar fáil i bpacáistíocht*** in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide; |

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 10 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) ón 1 Eanáir 2040, gur pacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras le haghaidh athúsáide ab ea 25 % den phacáistíocht sin a bhí in úsáid acu.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 12 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pailléid, boscaí, ***gan boscaí cairtchláir san áireamh,*** tráidirí, cliathbhoscaí plaisteacha, coimeádáin idirmheánacha builc, drumaí agus ceanastair, de gach méid agus ábhair, lena n-áirítear formáidí solúbtha. | Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pailléid, boscaí, tráidirí, cliathbhoscaí plaisteacha, coimeádáin idirmheánacha builc, drumaí agus ceanastair, de gach méid agus ábhar***, agus*** lena n-áirítear formáidí solúbtha***, nach mbíonn i dteagmháil dhíreach le táirgí bia, agus gan cairtchlár san áireamh***. |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 13 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pailléid, boscaí, ***gan boscaí cairtchláir san áireamh,*** cliathbhoscaí plaisteacha, coimeádáin idirmheánacha builc, agus drumaí, de gach méid agus ábhar, lena n-áirítear formáidí solúbtha. | Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir le pailléid, boscaí, cliathbhoscaí plaisteacha, coimeádáin idirmheánacha builc, agus drumaí, de gach méid agus ábhar, ***agus*** lena n-áirítear formáidí solúbtha ***nach mbíonn i dteagmháil dhíreach le táirgí bia, agus gan cairtchlár san áireamh***. |

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***14a. Díolmhófar oibreoirí eacnamaíocha ón oibleagáid na spriocanna i míreanna 7, 12 agus 13 a chomhlíonadh sa chás gur as ábhair a bheidh athchúrsáilte go huile agus in-athchúrsáilte go huile i gcóras lúibe a dhéantar pacáistíocht iompair a chuirtear ar an margadh.*** |

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 15. ***Díolmhófar*** oibreoirí eacnamaíocha ón oibleagáid na spriocanna i míreanna 2 ***go*** 6 a bhaint amach más rud é***, le linn bliain féilire, go bhfuil limistéar díolacháin acu nach mó ná 100 m2, lena n-áirítear freisin na limistéir stórála agus seolta go léir.*** | 15. ***Díolmhóidh na Ballstáit*** oibreoirí eacnamaíocha ón oibleagáid na spriocanna i míreanna 2 ***agus*** 6 a bhaint amach más rud é***:*** |

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 15 – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) le linn bliain féilire, go bhfuil limistéar díolacháin acu nach mó ná 100 m2, lena n-áirítear freisin na limistéir stórála agus seolta go léir.*** |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 15 – pointe b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) nach í an athúsáid an rogha a thabharfaidh an toradh ginearálta is fearr ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal 4 de Threoir 2008/98/CE nó go léirítear nach bhfuil an athúsáid indéanta go teicniúil.*** |

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 15 – pointe c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c) go bhfuil an táirge faoi réir tásca geografacha tionscnaimh a chosnaítear faoi reachtaíocht an Aontais.*** |

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***15 a. Déanfar na spriocanna a leagtar síos san Airteagal seo a bhaint amach gan dochar do reachtaíocht ábhartha a bhaineann leis na nithe a leanas:*** |
| | ***(a) sláinte agus sláinteachas táirgí;*** |
| | ***(b) slándáil sláinte tomhaltóirí;*** |
| | ***(c) sábháilteacht bia;*** |
| | ***(d) cur amú bia a chosc;*** |
| | ***(e) cosaint an chomhshaoil agus, go háirithe, an uisce agus úsáid éifeachtúil acmhainní fuinnimh agus ámhábhar.*** |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 16. ***Tabharfar de chumhacht don Choimisiún*** gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun na nithe seo a leanas a bhunú: | 16. ***Faoin 1 Eanáir 2028 déanfaidh an Coimisiún*** gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 58, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh chun na nithe a leanas a bhunú: |

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) spriocanna le haghaidh táirgí eile seachas iad sin a chumhdaítear faoi mhíreanna 1 go 6 den Airteagal seo agus formáidí pacáistíochta eile seachas iad sin a luaitear i míreanna 7 go 10, bunaithe ar an taithí dhearfach a fuarthas ó bhearta arna nglacadh ag na Ballstáit faoi Airteagal 45(2),*** | ***scriosta*** |

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) díolúintí d'oibreoirí eacnamaíocha sa bhreis ar na cinn a liostaítear i bpointí (a) ***go (c)*** de mhír 14 den Airteagal seo, | (b) díolúintí d'oibreoirí eacnamaíocha sa bhreis ar na cinn a liostaítear i bpointí (a) ***agus (b)*** de mhír 14 den Airteagal seo, |

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) díolúintí maidir le formáidí pacáistíochta sonracha a chumhdaítear faoi na spriocanna a leagtar síos i míreanna 2 go 6 den Airteagal seo i gcás fadhbanna tromchúiseacha sláinteachais, sábháilteachta bia nó comhshaoil a chuireann cosc ar bhaint amach na spriocanna sin. | (c) díolúintí maidir le formáidí pacáistíochta sonracha a chumhdaítear faoi na spriocanna a leagtar síos i míreanna 2 go 6 den Airteagal seo i gcás fadhbanna tromchúiseacha sláinteachais, sábháilteachta bia***, slándála bia, riosca cur amú bia*** nó comhshaoil a chuireann cosc ar bhaint amach na spriocanna sin. |

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 16 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***16 a. Ar a dhéanaí nuair a bheidh meastóireacht ar an Rialachán seo á dhéanamh mar a fhorordaítear in Airteagal 63, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle chun fianaise a chur i láthair go ndéanann na hoibleagáidí dá dtagraítear i míreanna 1 go 13 sochair chomhshaoil, go bhfuil siad sábháilte agus inmharthana go heacnamaíoch, agus lóistíocht iompair, glantachán agus an ráta aisfhillte agus athúsáide á chur san áireamh agus más gá a bheith ina údar le riachtanas spriocanna athúsáide nua a mholadh.*** |

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 17. Faoin [OP: Cuir isteach an dáta = 8 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcás maidir le hathúsáid pacáistíochta agus, ar an mbonn sin, déanfaidh sé measúnú ar a oiriúnaí a bheadh sé bearta a bhunú, athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna a leagtar síos san Airteagal seo, agus spriocanna nua a shocrú le haghaidh athúsáid agus athlíonadh pacáistíochta, agus i gcás inar gá, togra reachtach a chur i láthair. | 17. Faoin [OP: Cuir isteach an dáta = 8 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcás maidir le hathúsáid pacáistíochta agus, ar an mbonn sin, déanfaidh sé measúnú ar a oiriúnaí a bheadh sé bearta a bhunú, athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna a leagtar síos san Airteagal seo, agus spriocanna nua a shocrú***, lena n-áirítear maidir le formáidí pacáistíochta eile,*** le haghaidh athúsáid agus athlíonadh pacáistíochta, agus i gcás inar gá, togra reachtach a chur i láthair. |

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun a léiriú go ndearnadh na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 26***(2) go*** (6) a bhaint amach, déanfaidh an dáileoir deiridh***, nó an monaróir, de réir mar is iomchuí,*** a chuireann táirgí den sórt sin ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit, ríomh ar leithligh ar na nithe a leanas: | 2. Chun a léiriú go ndearnadh na spriocanna a leagtar síos in Airteagal 26***(4) agus*** (6) a bhaint amach, déanfaidh an dáileoir deiridh a chuireann táirgí den sórt sin ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit, ríomh ar leithligh ar na nithe a leanas: |

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 4 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin 31 Nollaig ***2028***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar rialacha mionsonraithe maidir le ríomh agus modheolaíocht maidir leis na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 26. | Faoin 31 Nollaig ***2026***, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunófar rialacha mionsonraithe maidir le ríomh agus modheolaíocht maidir leis na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 26. ***Beidh feidhm ag na spriocanna sin 5 bliana tar éis ghlacadh na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear sa mhír seo.*** |

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 27 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. In éagmais gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear rialacha mionsonraithe maidir le ríomh agus modheolaíocht maidir leis na spriocanna a leagtar amach in Airteagal 26, déanfar na spriocanna a fhionraí go dtí go soláthróidh an Coimisiún na gníomhartha cur chun feidhme dá bhforáiltear i mír 4.*** |

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 38 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Maidir le Ballstáit a mbeidh tacaíocht bhreise ag teastáil uathu san aistriú go dtí na rialacha comhchuibhithe a bhaineann le dramhphacáistíocht, ba cheart ardán agus/nó bosca uirlisí a bheith á chruthú ag an gCoimisiún mar chabhair do na Ballstáit an laghdú dramhphacáistíochta a chumasú.*** |

**Leasú 206**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 8 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) déanfaidh sé faireachán ar chumas micrifhiontar agus fiontar beag mar a shainmhínítear i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún chun na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo a chomhlíonadh chun a áirithiú go mbeidh siad comhréireach;*** |

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 39 – mír 8 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) féadfaidh sé módúlachtaí a leagan síos i leith cheanglais agus phróiseas an chlárúcháin gan ceanglais shubstainteacha a chur isteach de bhreis ar na cinn a leagtar síos i míreanna 5 agus 6; | (c) féadfaidh sé módúlachtaí a leagan síos i leith cheanglais agus phróiseas an chlárúcháin gan ceanglais shubstainteacha a chur isteach de bhreis ar na cinn a leagtar síos i míreanna 5 agus 6***, go háirithe i gcás micrifhiontar agus fiontair bheaga***; |

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh córais ar bun chun foráil a dhéanamh maidir leis an dramhphacáistíocht ***go léir*** ó na húsáideoirí deiridh a aischur agus a bhailiú ar leithligh chun a áirithiú go gcóireálfar i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 13 de Threoir 2008/98/CE í, agus chun a hullmhú i gcomhair athúsáide agus athchúrsáil ardcháilíochta a éascú. | 1. ***Faoi 2030,*** áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh córais ar bun chun foráil a dhéanamh maidir leis an dramhphacáistíocht ó na húsáideoirí deiridh a aischur agus a bhailiú ar leithligh chun a áirithiú go gcóireálfar i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 13 de Threoir 2008/98/CE í, agus chun a hullmhú i gcomhair athúsáide agus athchúrsáil ardcháilíochta a éascú. |

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1 a. Déanfaidh an Coimisiún bosca uirlisí a chur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit maidir le córais agus bonneagair a chur ar bun chun an dramhphacáistíocht ó úsáideoirí deiridh a aischur agus a bhailiú ar leithligh.*** |

**Leasú 210**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Féadfaidh na Ballstáit maoluithe ar mhír 1 a cheadú ar choinníoll nach ndéanann bailiú pacáistíochta nó codán dramhphacáistíochta i dteannta a chéile nó in éinacht le dramhaíl eile difear don fhéidearthacht an phacáistíocht sin nó na codáin dramhphacáistíochta sin a ullmhú i | 2. Féadfaidh na Ballstáit maoluithe ar mhír 1 a cheadú ar choinníoll nach ndéanann bailiú pacáistíochta nó codán dramhphacáistíochta i dteannta a chéile nó in éinacht le dramhaíl eile difear don fhéidearthacht an phacáistíocht sin nó na codáin dramhphacáistíochta sin a ullmhú i |

gcomhair athúsáide, athchúrsála nó oibríochtaí aisghabhála eile i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 13 de Threoir 2008/98/CE agus go ngintear aschur ó na hoibríochtaí sin ar cháilíocht inchomparáide leis an aschur a ghintear trí bhailiú ar leithligh.

gcomhair athúsáide, athchúrsála nó oibríochtaí aisghabhála eile i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 13 de Threoir 2008/98/CE agus go ngintear aschur ó na hoibríochtaí sin ar cháilíocht inchomparáide leis an aschur a ghintear trí bhailiú ar leithligh. ***Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i leith aon mhaolú ar mhír 1.***

**Leasú 211**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 a. Faoin 1 Eanáir 2030, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh córais ar leithligh curtha ar bun i spáis phoiblí le haghaidh na gcodán éagsúil d'ábhair dramhphacáistíochta chun cabhrú leis an tomhaltóir an dramhphacáistíocht a dheighilt.*** |

**Leasú 212**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 43 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4 b. Faoin 1 Eanáir 2030, áiritheoidh dáileoir deiridh a dhéanfaidh bia agus deochanna arna líonadh agus arna gcaitheamh laistigh d'áitreabh in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna go gcuirfear córais bailithe ar leithligh ar bun do na codáin éagsúla d'ábhair dramhphacáistíochta. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach agus na Ballstáit treoirlínte a fhorbairt agus tacaíocht airgeadais a chur ar fáil mar threoir agus mar thacaíocht do dháileoirí deiridh chun córais bailithe ar leithligh a shuiteáil.*** |

**Leasú 213**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***Faoin 1 Eanáir 2029, déanfaidh*** na Ballstáit na bearta is gá ***lena áirithiú go mbunófar*** córais éarlaise agus fillte le haghaidh: | 1. ***Chun baint amach na spriocanna athchúrsála a leagtar amach in Airteagal 46 a éascú, féadfaidh*** na Ballstáit na bearta is gá ***a dhéanamh chun go mbeidh na córais dá dtagraítear in Airteagal 43(1) i bhfoirm*** corais éarlaise agus fillte le haghaidh: |

**Leasú 214**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Níl feidhm ag ***an oibleagáid*** a leagtar síos i mír 1 maidir le pacáistíocht sna cásanna a leanas: | 2. Níl feidhm ag ***na forálacha*** a leagtar síos i mír 1 maidir le pacáistíocht sna cásanna a leanas: |

**Leasú 215**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ***fíon,*** táirgí ***fíona cumhraithe, agus deochanna biotáilleacha***; | (a) táirgí ***a thagann faoi chóid Ainmníochta 2204 (fíon ó fhíonchaora úra lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor, faoi choipeadh agus a bhfuil a neart alcóil iarbhír de réir toirte > 0,5 % nó úrfhíon fíonchaor agus alcól curtha leis a bhfuil a neart alcóil iarbhír de réir toirte > 0,5 %), 2205 (fíon mormónta agus fíon eile ó fhíonchaora úra, a bhfuil substaintí aramatacha nó plandaí curtha leo mar bhlaistiú) agus 2208 (alcól eitile neamh-dhínádúraithe a bhfuil a neart alcóil < 80 %; biotáille,*** |

| | |
|---|---|
| | ***licéir agus deochanna biotáilleacha eile);*** |

**Leasú 216**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 –mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b a) ola olóige;*** |

**Leasú 217**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 2 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b b) bia atá beartaithe chun críocha speisialta míochaine agus le haghaidh grúpaí leochaileacha amhail naíonáin agus leanaí óga mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointí (a), (b) agus (c) de Rialachán (AE) Uimh. 609/2013.*** |

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Gan dochar do mhír 1 den Airteagal seo, beidh Ballstát díolmhaithe ón oibleagáid faoi mhír 1 faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) go bhfuil ráta bhailithe ar leithligh na formáide pacáistíochta faoi seach, mar a cheanglaítear in Airteagal 43(3) agus (4) agus mar a thuairiscítear don Choimisiún faoi Airteagal 50(1) pointe (c) os cionn 90 % de réir meáchain den phacáistíocht sin a chuirtear ar an margadh ar chríoch an Bhallstáit sin sna blianta féilire 2026 agus 2027. I gcás nár*** | |

***cuireadh tuairisciú den sórt sin faoi bhráid an Choimisiúin, cuirfidh an Ballstát údar cuí réasúnaithe ar fáil, bunaithe ar shonraí náisiúnta bailíochtaithe, agus tuairisc ar na bearta a cuireadh chun feidhme, go ndearnadh na coinníollacha don díolúine a leagtar amach sa mhír seo a chomhlíonadh;***

***(b) 24 mhí ar a dhéanaí roimh an spriocdháta a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo, go dtabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún faoina iarraidh ar dhíolúine agus go dtíolacfaidh sé plean cur chun feidhme ina léirítear straitéis lena ngabhann gníomhaíochtaí nithiúla, lena n-áirítear amlíne, lena n-áiritheofar go ndéanfar an ráta bailithe ar leithligh de 90 % de mheáchan na pacáistíochta dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach.***

**Leasú 219**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Laistigh de 3 mhí tar éis dó an plean cur chun feidhme a fháil arna thíolacadh de bhun mhír 3, pointe (b), féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar Bhallstát athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean sin, má mheasann sé nach gcomhlíonann an plean sin na ceanglais a leagtar amach i bpointe (c) den mhír sin. Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann plean athbhreithnithe a thíolacadh laistigh de 3 mhí tar éis dó an iarraidh ón gCoimisiún a fháil.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 220**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***5. Má laghdaítear an ráta bailithe ar leithligh le haghaidh na pacáistíochta dá dtagraítear i mír 1 agus má fhanann sé faoi bhun 90 % d'fhormáid phacáistíochta áirithe de réir meáchain arna cur ar an margadh ar feadh 3 bliana féilire as a chéile, tabharfaidh an Coimisiún fógra don Bhallstát lena mbaineann nach bhfuil feidhm ag an díolúine a thuilleadh. Bunófar an córas éarlaise agus fillte faoin 1 Eanáir sa dara bliain féilire tar éis na bliana inar thug an Coimisiún fógra don Bhallstát lena mbaineann nach bhfuil feidhm ag an díolúine a thuilleadh.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 221**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***6. Féachfaidh na Ballstáit le córais éarlaise agus fillte a bhunú agus a chothabháil go háirithe le haghaidh buidéil ghloine aon úsáide dí, cartáin dí agus pacáistíocht in-athúsáidte. Déanfaidh na Ballstáit a ndícheall chun a áirithiú go mbeidh córais éarlaise agus fillte le haghaidh formáidí pacáistíochta aon úsáide, go háirithe le haghaidh buidéil ghloine aon úsáide dí, ar fáil freisin le haghaidh pacáistíocht in-athúsáidte i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 44 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***9. Faoin 1 Eanáir 2028, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh gach córas éarlaise agus fillte, lena n-áirítear iad siúd arna mbunú faoi mhír 5, na híoschritéir a liostaítear in Iarscríbhinn X.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 223**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 47 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Maidir le pacáistíocht ilchodach agus pacáistíocht eile atá comhdhéanta de níos mó ná ábhar amháin déanfar ríomh agus tuairisciú uirthi in aghaidh an ábhair atá sa phacáistíocht. ***Féadfaidh Ballstáit maolú ar an gceanglas sin*** i gcás ina bhfuil ábhar áirithe ina chuid neamhshuntasach den aonad pacáistíochta, agus nach mó ná ***5*** % den aonad pacáistíochta é in aon chás. | 4. Maidir le pacáistíocht ilchodach agus pacáistíocht eile atá comhdhéanta de níos mó ná ábhar amháin déanfar ríomh agus tuairisciú uirthi in aghaidh an ábhair atá sa phacáistíocht***, ach amháin*** i gcás ina bhfuil ábhar áirithe ina chuid neamhshuntasach den aonad pacáistíochta, agus nach mó ná ***15*** % den aonad pacáistíochta é in aon chás. |

**Leasú 224**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 49 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(3a) Beidh micrifhiontair mar a shainmhínítear iad in Airteagal 22(3), an chéad leathabhairt, díolmhaithe ó na hoibleagáidí a leagtar amach i míreanna 1 go 3.*** |

*Réasúnú*

*Díolúine do mhicrifhiontair, go háirithe do mhargóirí díreacha, ar choinníoll gur "dáileoirí" pacáistíochta iad de bhun Airteagal 3(10) den dréachtrialachán. Níor cheart na ceanglais faisnéise a bheith i bhfeidhm le haghaidh micrifhiontar.*

**Leasú 225**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 55 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Chun feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a choimirciú, agus chun go mbeidh cothrom na Féinne ann, is gá a áirithiú go mbeidh pacáistíocht a bheidh ag teacht isteach i margadh an Aontais ó thríú tíortha i gcomhréir leis an Rialachán seo, bíodh sí á hallmhairiú mar phacáistíocht neamhspleách nó i dtáirge pacáistithe. Is gá, go háirithe, a áirithiú go mbeidh nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta curtha i gcrích ag monaróirí maidir leis an bpacáistíocht sin. Ba cheart d'allmhaireoirí a áirithiú, dá bhrí sin, go mbeidh an phacáistíocht a chuirfidh siad ar an margadh i gcomhréir leis na ceanglais sin agus go mbeidh doiciméadacht arna tarraingt suas ag monaróirí ar fáil lena scrúdú ag na húdaráis inniúla náisiúnta.*** |

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Potaí bláthanna nach mbeartaítear a úsáid ach chun plandaí a dhíol agus a iompar ***agus nach mbeartaítear a fhágáil leis an bplanda ar feadh a shaolré*** | ***Tráidirí iompair agus pacáistí iompair le haghaidh*** potaí bláthanna nach mbeartaítear a úsáid ach chun plandaí a dhíol agus a iompar |

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Capsúil córais deochanna (e.g. caife, cacó, | Capsúil córais deochanna (e.g. caife, cacó, |

| | |
|---|---|
| bainne) | bainne) ***a bheartaítear a dhiúscairt folamh tar éis a n-úsáide*** |

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn I – mír 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Potaí bláthanna a bheartaítear ***a fhágáil*** leis an bplanda ***ar feadh a shaolré*** | Potaí bláthanna***, lena n-áirítear pacáistí plandaí ceapaí atá inlíonta go díreach, a úsáidtear ar feadh chéimeanna éagsúla an táirgthe nó*** a bheartaítear ***a dhíol*** leis an bplanda |

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Coinníollacha a bheidh le meas agus úsáid formáide pacáistíochta inmhúirínithe á sainordú: | Coinníollacha a bheidh le meas agus úsáid formáide pacáistíochta inmhúirínithe á sainordú ***nó á tionscnamh sa mhargadh***: |

**Leasú 230**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn III – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) is de chineál in-bhithdhíghrádaithe í, rud a fhágann gur féidir leis an bpacáistíocht dul faoi dhianscaoileadh fisiciúil, ceimiceach, teirmeach nó bitheolaíoch, lena n-áirítear díleá anaeróbach, as a dtagann ar deireadh tiontú ina dé-ocsaíd charbóin nó ina meatán, in éagmais ocsaigine, salainn mhianracha, bithmhaise agus uisce, | (c) is de chineál in-bhithdhíghrádaithe í, rud a fhágann gur féidir leis an bpacáistíocht dul faoi dhianscaoileadh fisiciúil, ceimiceach, teirmeach nó bitheolaíoch, lena n-áirítear díleá anaeróbach, as a dtagann ar deireadh tiontú ina dé-ocsaíd charbóin nó ina meatán, in éagmais ocsaigine, salainn mhianracha, bithmhaise agus uisce, ***i gcomhréir le caighdeán EN 13432:2000 nó aon chaighdeán ábhartha eile de chuid AE;*** |

**Leasú 231**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – Cuid I – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Cosaint táirge: leis an dearadh pacáistíochta áiritheofar cosaint an táirge ón bpointe pacáistithe nó líonta go dtí an úsáid deiridh, d’fhonn cosc a chur le damáiste suntasach don táirge, lena chailliúint, lena mheathlú nó lena chur amú. Is é is féidir a bheith i gceist le ceanglais cosaint ar dhamáiste meicniúil nó ceimiceach agus orthu seo a leanas: creathadh, comhbhrú, bogthaise, solas, ocsaigin, ionfhabhtú micribhitheolaíoch, lotnaidí, meathlú ar thréithe orgánaileipteacha etc. agus is féidir go n-áireofar orthu tagairtí do reachtaíocht shonrach lena leagtar amach ceanglais maidir le cáilíocht táirgí. | 1. Cosaint táirge: leis an dearadh pacáistíochta áiritheofar cosaint an táirge ón bpointe pacáistithe nó líonta go dtí an úsáid deiridh, d’fhonn cosc a chur le damáiste suntasach don táirge, lena chailliúint, lena mheathlú nó lena chur amú ***agus chun a áirithiú go gcaomhnaítear cáilíocht an táirge***. Is é is féidir a bheith i gceist le ceanglais cosaint ar dhamáiste meicniúil nó ceimiceach agus orthu seo a leanas: creathadh, comhbhrú, bogthaise***, cailliúint taise***, solas, ocsaigin, ionfhabhtú micribhitheolaíoch, lotnaidí, meathlú ar thréithe orgánaileipteacha etc. agus is féidir go n-áireofar orthu tagairtí do reachtaíocht shonrach lena leagtar amach ceanglais maidir le cáilíocht táirgí. |

**Leasú 232**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – Cuid I – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ceanglais dlí: áiritheofar leis an dearadh pacáistíochta gur féidir leis an bpacáistíocht agus leis an táirge pacáistithe an reachtaíocht is infheidhme a chomhlíonadh. | 6. Ceanglais dlí: áiritheofar leis an dearadh pacáistíochta gur féidir leis an bpacáistíocht agus leis an táirge pacáistithe an reachtaíocht is infheidhme a chomhlíonadh ***lena n-áirítear cosaint do thásca geografacha agus do chearta maoine intleachtúla cláraithe ábhartha a chosnaítear faoi reachtaíocht an Aontais***. |

**Leasú 233**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn IV – Cuid II a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***II a Cuid III*** |
| | ***Critéir deartha*** |
| | ***1. Gnéithe den dearadh a cheanglaítear chun tionscnamh geografach a chur in iúl nó chun idirdhealú idir táirgí difriúla, mar shampla deochanna, amhail fíon, i mbuidéil ghloine a idirdhealú ó tháirgí eile;*** |
| | ***2. Feidhmiúlacht na pacáistíochta, lena n-áirítear critéir chun go n-aithneoidh tomhaltóirí táirgí.*** |

**Leasú 234**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | | |
|---|---|---|
| Pacáistíocht ghrúpáilte phlaisteach aon úsáide | Pacáistíocht phlaisteach a úsáidtear ar an leibhéal miondíola chun grúpáil a dhéanamh ar earraí a dhíoltar i gcannaí, stáin, potaí, tobáin agus pacáistí a dheartar mar phacáistíocht áise chun a chumasú d'úsáideoirí deiridh níos mó ná táirge amháin a cheannach nó chun iad a spreagadh chun é sin a dhéanamh. Eisiatar leis sin pacáistíocht ghrúpáilte is gá chun an láimhseáil a éascú le linn dáileadh. | Scannáin chomhthiomsaithe, ***crapchlúdach*** |
| *Leasú* | | |
| Pacáistíocht ghrúpáilte phlaisteach aon úsáide | Pacáistíocht phlaisteach a úsáidtear ar an leibhéal miondíola chun grúpáil a dhéanamh ar earraí a dhíoltar i gcannaí, stáin, potaí, tobáin agus pacáistí a dheartar mar phacáistíocht áise chun a chumasú d'úsáideoirí deiridh níos mó ná táirge amháin a cheannach nó chun iad a spreagadh chun é sin a dhéanamh. Eisiatar leis sin pacáistíocht ghrúpáilte is gá chun | Scannáin chomhthiomsaithe |

| | | |
|---|---|---|
| | an láimhseáil a éascú le linn dáileadh. | |

**Leasú 235**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | | |
|---|---|---|
| ***Pacáistíocht phlaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile le haghaidh torthaí agus glasraí úra*** | ***Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh níos lú ná 1,5 kg de thorthaí agus glasraí úra, mura bhfuil gá léirithe ann chun caillteanas uisce nó caillteanas borrthachta, guaiseacha micribhitheolaíocha nó suaití fisiciúla a sheachaint.*** | ***Eangacha, málaí, tráidirí, coimeádáin*** |
| *Leasú* | | |
| ***scriosta*** | ***scriosta*** | ***scriosta*** |

**Leasú 236**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | | |
|---|---|---|
| ***Plaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile*** | ***Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh bianna agus deochanna a líontar agus a thomhailtear laistigh den áitreabh in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna, lena n-áirítear na limistéir itheacháin go léir laistigh d'áit ghnó agus lasmuigh di, a mbíonn táblaí agus stólta iontu, limistéir sheasaimh agus limistéir itheacháin, arna dtairiscint do na húsáideoirí deiridh ag oibreoirí eacnamaíocha éagsúla nó tríú páirtí i gcomhpháirt, chun críche bia agus deochanna a chaitheamh.*** | ***Tráidirí, plátaí agus cupáin indiúscartha, málaí, scragall, boscaí*** |
| *Leasú* | | |
| ***scriosta*** | ***scriosta*** | ***scriosta*** |

**Leasú 237**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V – pointe 4**

| | | |
|---|---|---|
| | *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | |
| Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh tarsann, leasaitheach, anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna | Pacáistíocht aon úsáide in earnáil na n-ósán, na mbialann agus na gcaiféanna, ina mbíonn míreanna nó dáileoga aonair, a úsáidtear le haghaidh tarsann, ***leasaitheach,*** anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin, seachas an phacáistíocht sin arna soláthar in éineacht le bia réamhullmhaithe beir leat atá beartaithe lena chaitheamh láithreach gan aon ullmhú breise ag teastáil | Saicíní, tobáin, tráidirí, boscaí |
| | *Leasú* | |
| Pacáistíocht aon úsáide le haghaidh tarsann, leasaitheach, anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna | Pacáistíocht aon úsáide in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna, ina mbíonn míreanna nó dáileoga aonair, a úsáidtear le haghaidh tarsann, anlann, uachtar bréige caife, siúcra agus blastáin, seachas ***sna cásanna a leanas:*** | Saicíní, tobáin, tráidirí, boscaí |
| | ***(a)*** an phacáistíocht sin arna soláthar in éineacht le bia réamhullmhaithe beir leat atá beartaithe lena chaitheamh láithreach gan aon ullmhú breise asg teastáil | |
| | ***(b) i gcás inar deacair iad a ionadú le coimeádáin a bhfuil toilleadh níos mó iontu, amhail ar mhodhanna iompair (e.g. traenacha agus eitiltí) áit ar deacair gnáthchoimeádáin a úsáid mar gheall ar an easpa cobhsaitheachta agus na srianta ar shoghluaisteacht úsáideoirí; agus*** | |
| | ***(c) in ionaid ina mbíonn freastal agus fónamh aonair ag teastáil, amhail ospidéil, clinicí agus tithe altranais;*** | |
| | ***(d) i gcás feirmeacha agus gnólachtaí talmhaíochta a dhéanann gníomhaíochtaí*** | |

| | | |
|---|---|---|
| | ***díolacháin go díreach i margaí feirmeoirí arna rialáil ag an dlí náisiúnta nó réigiúnach*** | |

**Leasú 238**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Iarscríbhinn V a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Iarscríbhinn Va*** |
| | ***Ceadófar pacáistíocht phlaisteach aon úsáide, pacáistíocht ilchodach aon úsáide nó pacáistíocht aon úsáide eile le haghaidh torthaí agus glasraí úra, gan beann ar an gcainníocht, agus is den riachtanas í le haghaidh gníomhaiochtaí gnó agus inmharthanach táirgeoirí, comharchumainn agus trádálaithe Eorpacha, ach freisin go gcuireann sí le luach an táirge lena mbaineann, mar shampla trí sheilfré táirge a dhifreálú agus trí chur leis an tseilfré sin;*** |

# NÓS IMEACHTA – COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE |
| **Tagairtí** | COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD) |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>13.3.2023 |
| **Tuairim ó**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | AGRI<br>13.3.2023 |
| **Rapóirtéir don tuairim**<br>Dáta an cheapacháin | Salvatore De Meo<br>16.2.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 28.2.2023 24.4.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 19.7.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 38<br>–: 7<br>0: 2 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Ivan David, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, José Manuel Fernandes, Luke Ming Flanagan, Paola Ghidoni, Dino Giarrusso, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Elsi Katainen, Camilla Laureti, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Elena Lizzi, Chris MacManus, Colm Markey, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Juozas Olekas, Daniela Rondinelli, Bronis Ropė, Anne Sander, Veronika Vrecionová, Sarah Wiener |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Franc Bogovič, Christophe Clergeau, Rosanna Conte, Pär Holmgren, Peter Jahr, Alin Mituța, Nicola Procaccini, Michaela Šojdrová, Tom Vandenkendelaere, Achille Variati, Emma Wiesner |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 38 | + |
|---|---|
| ECR | Mazaly Aguilar, Nicola Procaccini, Veronika Vrecionová |
| ID | Rosanna Conte, Ivan David, Paola Ghidoni, Gilles Lebreton, Elena Lizzi |
| NI | Dino Giarrusso |
| PPE | Asim Ademov, Franc Bogovič, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, José Manuel Fernandes, Peter Jahr, Norbert Lins, Colm Markey, Marlene Mortler, Anne Sander, Michaela Šojdrová, Tom Vandenkendelaere |
| Renew | Atidzhe Alieva-Veli, Asger Christensen, Elsi Katainen, Alin Mituța, Ulrike Müller, Emma Wiesner |
| S&D | Clara Aguilera, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Carvalhais, Christophe Clergeau, Camilla Laureti, Juozas Olekas, Daniela Rondinelli, Achille Variati |

| 7 | - |
|---|---|
| The Left | Luke Ming Flanagan, Chris MacManus |
| Verts/ALE | Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Pär Holmgren, Bronis Ropė, Sarah Wiener |

| 2 | 0 |
|---|---|
| ECR | Krzysztof Jurgiel |
| Renew | Martin Hlaváček |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2019/904, agus lena n-aisghairtear Treoir 94/62/CE |
| **Tagairtí** | COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 1.12.2022 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ENVI<br>13.3.2023 |
| **Coistí ar iarradh tuairim orthu**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE 13.3.2023; IMCO 13.3.2023; AGRI 13.3.2023; JURI 13.3.2023 |
| **Gan tuairim a thabhairt**<br>Dáta an chinnidh | JURI<br>31.1.2023 |
| **Coistí comhlachaithe**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | ITRE 15.6.2023; IMCO 15.6.2023 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Frédérique Ries<br>11.1.2023 |
| **Pléite sa choiste** | 4.5.2023 |
| **Dáta an ghlactha** | 24.10.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 56<br>–: 23<br>0: 5 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | João Albuquerque, Catherine Amalric, Mathilde Androuët, Maria Arena, Traian Băsescu, Alexander Bernhuber, Malin Björk, Michael Bloss, Delara Burkhardt, Pascal Canfin, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Nathalie Colin-Oesterlé, Maria Angela Danzì, Esther de Lange, Christian Doleschal, Bas Eickhout, Cyrus Engerer, Pietro Fiocchi, Heléne Fritzon, Malte Gallée, Gianna Gancia, Andreas Glueck, Teuvo Hakkarainen, Anja Hazekamp, Martin Hojsík, Pär Holmgren, Jan Huitema, Adam Jarubas, Karin Karlsbro, Petros Kokkalis, Ewa Kopacz, Joanna Kopcińska, Peter Liese, Sylvia Limmer, Javi López, César Luena, Marian-Jean Marinescu, Lydie Massard, Liudas Mažylis, Marina Mesure, Dolors Montserrat, Alessandra Moretti, Ljudmila Novak, Grace O'Sullivan, Nikos Papandreou, Jutta Paulus, Francesca Peppucci, Stanislav Polčák, Jessica Polfjärd, Erik Poulsen, Frédérique Ries, Silvia Sardone, Christine Schneider, Ivan Vilibor Sinčić, Maria Spyraki, Nils Torvalds, Edina Tóth, Achille Variati, Alexandr Vondra, Mick Wallace, Pernille Weiss, Michal Wiezik, Tiemo Wölken, Anna Zalewska |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Mercedes Bresso, Christophe Clergeau, Jens Gieseke, Martin Häusling, Stelios Kympouropoulos, Max Orville, Massimiliano Salini, Christel Schaldemose, Andrey Slabakov, Annalisa Tardino, Róża Thun und Hohenstein, Grzegorz Tobiszowski, Marie Toussaint, Nikolaj Villumsen, Sarah Wiener |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marie Dauchy, Carlo Fidanza, Georg Mayer, Maria Noichl |

| | |
|---|---|
| **Dáta don chur síos** | 6.11.2023 |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 56 | + |
|---|---|
| NI | Maria Angela Danzì |
| PPE | Traian Băsescu, Alexander Bernhuber, Adam Jarubas, Ewa Kopacz, Stelios Kympouropoulos, Esther de Lange, Peter Liese, Liudas Mažylis, Ljudmila Novak, Stanislav Polčák, Maria Spyraki, Pernille Weiss |
| Renew | Catherine Amalric, Pascal Canfin, Martin Hojsík, Jan Huitema, Karin Karlsbro, Max Orville, Erik Poulsen, Frédérique Ries, Róża Thun und Hohenstein, Nils Torvalds, Michal Wiezik |
| S&D | João Albuquerque, Maria Arena, Mercedes Bresso, Delara Burkhardt, Sara Cerdas, Mohammed Chahim, Christophe Clergeau, Cyrus Engerer, Heléne Fritzon, Javi López, César Luena, Alessandra Moretti, Maria Noichl, Nikos Papandreou, Christel Schaldemose, Tiemo Wölken |
| The Left | Malin Björk, Anja Hazekamp, Petros Kokkalis, Marina Mesure, Nikolaj Villumsen, Mick Wallace |
| Verts/ALE | Michael Bloss, Bas Eickhout, Malte Gallée, Martin Häusling, Pär Holmgren, Lydie Massard, Grace O'Sullivan, Jutta Paulus, Marie Toussaint, Sarah Wiener |

| 23 | - |
|---|---|
| ECR | Carlo Fidanza, Pietro Fiocchi, Teuvo Hakkarainen, Joanna Kopcińska, Andrey Slabakov, Grzegorz Tobiszowski, Alexandr Vondra, Anna Zalewska |
| ID | Mathilde Androuët, Marie Dauchy, Gianna Gancia, Sylvia Limmer, Georg Mayer, Silvia Sardone, Annalisa Tardino |
| NI | Edina Tóth |
| PPE | Marian-Jean Marinescu, Dolors Montserrat, Francesca Peppucci, Jessica Polfjärd, Massimiliano Salini, Christine Schneider |
| Renew | Andreas Glueck |

| 5 | 0 |
|---|---|
| NI | Ivan Vilibor Sinčić |
| PPE | Nathalie Colin-Oesterlé, Christian Doleschal, Jens Gieseke |
| S&D | Achille Variati |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh